Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**15076/22**

**SOC 640**
**EMPL 441**
**ECOFIN 1188**
**EDUC 399**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Samhain 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | TOGRA LE hAGHAIDH TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH AR FHOSTAÍOCHT ÓN gCOIMISIÚN AGUS ÓN gCOMHAIRLE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 783 final.

Faoi iamh: COM(2022) 783 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 22.11.2022
COM(2022) 783 final

**TOGRA LE hAGHAIDH TUARASCÁIL CHOMHPHÁIRTEACH AR FHOSTAÍOCHT
ÓN gCOIMISIÚN AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

# Clár Ábhar


**TEACHTAIREACHTAÍ RÍTHÁBHACHTACHA** .......... 1

**CAIBIDIL 1. ACHOIMRE AR AN MARGADH SAOTHAIR AGUS AR THREOCHTAÍ SÓISIALTA SAN AONTAS EORPACH, PRÍOMHSPRIOCANNA AGUS SRACFHÉACHAINTÍ ÓN SCÓRCHLÁR SÓISIALTA** .......... 25

**1.1 Treochtaí an mhargaidh saothair** .......... 25

**1.2 Treochtaí sóisialta** .......... 29

**1.3 Príomhspriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta faoi 2030** .......... 33

**1.4 Forbhreathnú ar dhúshláin bunaithe ar an Scórchlár Sóisialta** .......... 38

**CAIBIDIL 2. FOSTAÍOCHT AGUS LEASUITHE SÓISIALTA – FEIDHMÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NA MBALLSTÁT** .......... 45

**2.1 Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar** .......... 45

**2.2 Treoirlíne 6: An soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí** .......... 67

**2.3 Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta** .......... 111

**2.4 Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac** .......... 142

# TEACHTAIREACHTAÍ RÍTHÁBHACHTACHA

**Sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht (TCF) de chuid an Choimisiúin Eorpaigh agus na Comhairle, déantar faireachán ar an staid fostaíochta san Aontas agus ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 148 de CFAE.** Soláthraítear forbhreathnú bliantúil sa Tuarascáil ar phríomhfhorbairtí fostaíochta agus sóisialta san Aontas Eorpach, agus ar bhearta beartais na mBallstát le déanaí, i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Beartais Fostaíochta na mBallstát[1]. Sainaithnítear réimsí tosaíochta gaolmhara i gcomhair gníomhaíocht beartais sa tuarascáil freisin. Ar bhonn thogra an Choimisiúin, agus tar éis malartuithe sna coistí comhairleacha ábhartha de chuid na Comhairle, glacfaidh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) an téacs críochnaitheach. Ach aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a shainaithnítear sa tuarascáil, rannchuideofar leis an gcóineasú sóisialta aníos a bhaint amach, neartófar iarracht an Aontais i dtreo an aistrithe glais chóir agus an aistrithe dhigitigh chóir agus rannchuideofar le haghaidh a thabhairt ar an athrú déimeagrafach, mar aon leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

**Dírítear go láidir i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023 ar chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta ó mhí an Mhárta 2021 ar chuir ceannairí an Aontais fáilte roimhe ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta in Porto.** An faireachán treisithe a dhéantar ar chur chun feidhme phrionsabail an Cholúin i réimsí an chomhionannais deiseanna agus na rochtana ar an margadh saothair, na ndálaí córa oibre agus na cosanta sóisialta agus an chuimsithe shóisialta, leantar den fhaireachán sin san eagrán seo den tuarascáil. Déantar sin go háirithe trí bhoscaí téamacha lena gcumhdaítear príomhdhúshláin sna réimsí sin, i bhfianaise an ionchais shocheacnamaíoch agus na dtionscnamh beartais is déanaí. Comhtháthaítear sa tuarascáil príomhspriocanna an Aontais do 2030 maidir le fostaíocht, scileanna, agus laghdú na bochtaineachta, spriocanna ar chuir ceannairí an Aontais fáilte rompu in Porto agus ag an gComhairle Eorpach i mí an Mheithimh 2021. Den chéad uair, cumhdaítear freisin sa tuarascáil na spriocanna náisiúnta a chuir na Ballstáit ar aghaidh, mar a cuireadh i láthair agus a pléadh i gComhairle EPSCO i mí an Mheithimh 2022, tar éis próisis de phléití déthaobhacha le seirbhísí an Choimisiúin agus athbhreithnithe iltaobhacha leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta. Cuimsítear cuspóirí straitéisí Aontas an Chomhionannais tuilleadh sa tuarascáil[2] agus cumhdaítear na dúshláin a bhíonn roimh ghrúpaí dá ndéanann an neamhionannas dochar.

**Leis na spriocanna náisiúnta do 2030 a chuir na Ballstáit ar aghaidh, cuirtear ardleibhéal uaillmhéine in iúl ar leibhéal comhiomlán an Aontais, rud lena bhfuil coinne an cóineasú sóisialta aníos a chothú san Aontas sa deacáid amach romhainn.** Nuair a chuirtear na spriocanna fostaíochta náisiúnta le chéile, sáraítear uaillmhian phríomhsprioc chomhfhreagrach an Aontais de 78 % ar a laghad faoi 0.5 pc. An tráth céanna, gheall na Ballstáit le chéile 600 000 duine breise a thabhairt slán ón mbochtaineacht ná mar a iarradh le príomhsprioc an Aontais, is é sin, 15 mhilliún duine níos lú i mbaol bochtaineachta nó

[1] Ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh leis an nuashonrú deireanach ar na Treoirlínte Fostaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2021 (IO L 379, 26.10.2021, lgh. 1–5).

[2] An Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025, Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Frithchiníochas 2020-2025, Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach le haghaidh 2020-2030, An Straitéis um Chomhionannas LGBTIQ, agus an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030.

eisiamh sóisialta[3]. Leagadh spriocanna náisiúnta maidir le scileanna síos ar leibhéil uaillmhéine éagsúla, i gcomhréir leis an ngá rannchuidiú le príomhspriocanna an Aontais do 2030, is é sin, go mbeidh 60 % ar a laghad de dhaoine fásta i mbun na hoiliúna gach bliain, arb é gealltanas comhiomlán de 57.6 % é sin agus iad á n-áireamh le chéile. Beidh príomhról ag na spriocanna náisiúnta do 2030 maidir le gníomhaíocht beartais a chothú i dtreo an chóineasaithe shóisialta aníos.

**In éineacht le cistí an bheartais chomhtháthaithe, tacaíonn cur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta (PTAnna) na mBallstát, le téarnamh cóir, cuimsitheach agus inbhuanaithe**. Anuas ar an tacaíocht a sholáthraítear le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus leis an gCiste um Aistriú Cóir in imeacht 2021-27, leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), cuirtear comhtháthú críochach, sóisialta agus eacnamaíoch an Aontais chun cinn trí feabhas a chur ar an athléimneacht, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, acmhainn choigeartaithe, agus acmhainneacht fáis na mBallstát agus cothaítear cruthú na fostaíochta ardcháilíochta trí athchóirithe agus trí infheistíocht ábhartha. Ar an mbealach sin, rannchuidíonn an tSaoráid freisin le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, agus aird ar leith ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a aithnítear sna moltaí tírshonracha.[4] Tá ceithre cinn de na sé cholún lena sainmhínítear raon feidhme na Saoráide ábhartha chuige sin, eadhon: (i) fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach; (ii) comhtháthú sóisialta agus críochach; (iii) sláinte, agus athléimneacht eacnamaíoch, sóisialta agus institiúide, agus (iv) beartais don chéad ghlúin eile, do leanaí agus don óige. Go dtí seo, rinne an Coimisiún breis agus EUR 137 billiún a eisíoc faoin tSaoráid i ndeontais agus in iasachtaí araon mar aon le réamh- mhaoiniú[5]. Ó 15 mí na Samhna, comhlíonadh 106 garsprioc agus sprioc a cuireadh i leith na gcatagóirí sóisialta, as 357 san iomlán (i.e. thart ar 30 %).[6] Thart ar 30 % de gharspriocanna agus de spriocanna atá comhlíonta ag na Ballstáit go dtí seo, cuirtear i leith na gceithre cholún thuasluaite den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta iad. Mar chuid den anailís ar an bhfreagairt bheartais, áirítear leis an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht freisin rogha beart a bhfuil tacaíocht acu ó chistiú an Aontais, go háirithe ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste um Aistriú Cóir. Tacóidh siad sin uile le hionchais fáis agus fostaíochta mar aon leis an gcomhtháthú sóisialta agus eacnamaíoch agus leis an athléimneacht san Aontas.

**Tacaíonn an Scórchlár Sóisialta leis an anailís i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023.** Mar chuid de Phlean Gníomhaíochta an Cholúin ó mhí an Mhárta 2021, mhol an Coimisiún go ndéanfaí athbhreithniú ar an Scórchlár Sóisialta, ionas go mbeifí in ann faireachán níos fearr a dhéanamh ar phrionsabail an Cholúin le tacar athbhreithnithe de tháscairí príomhsprice, a d'fhormhuinigh EPSCO i mí an Mheithimh 2021. Áirítear leis sin táscairí nua maidir le príomhghnéithe beartais amhail foghlaim aosach,[7] comhtháthú daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair, an riosca bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta do

[3] Gan an Ghearmáin, an Danmhairg, ná Málta a áireamh, a bhfuil a gcuid spriocanna náisiúnta leagtha síos acu agus táscairí á n-úsáid acu atá difriúil leis an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta, ar táscairí iad sin a úsáidtear chun príomhsprioc an Aontais a shainiú.

[4] Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/241 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.

[5] Ón 15 Samhain 2022.

[6] Déantar catagóirí sóisialta a shainiú agus a chur i bhfeidhm bunaithe ar an modheolaíocht a ghlac an Coimisiún i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis na Ballstáit sa Rialachán Tarmligthe 2021/2105.

[7] Beidh sonraí le haghaidh tháscair príomhsprice an Scórchláir Shóisialta maidir leis an bhfoghlaim aosach le fáil in 2023 den chéad uair.

leanaí, agus ró- ualach maidir le costas tithíochta. Le tacar athbhreithnithe na dtáscairí príomhsprice , bítear in ann príomhdhúshláin fostaíochta, scileanna agus sóisialta a shainaithint ar bhealach níos cruinne san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit mar aon le faireachán níos dlúithe a dhéanamh ar an gcóineasú sóisialta aníos mar a leagtar amach san fhior thíos. Tar éis an tsainordaithe ó Uachtaránacht na Seicia, cruthaíodh Meitheal *ad- hoc* chun creat measúnúcháin breisithe féideartha a phlé maidir leis an gcóineasú sóisialta i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus tá an mheitheal ag tuairisciú faoina cuid oibre do choistí comhairleacha Chomhairle EPSCO.

**Dúshláin fostaíochta, scileanna agus sóisialta ar fud Bhallstáit an Aontais de réir phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta**




*Nótaí*: 1) Níl sonraí le haghaidh an táscaire maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim ar fáil fós; 2) Tá sonraí ar iarraidh i gcás táscairí áirithe le haghaidh tíortha áirithe – féach Nóta le haghaidh Thábla 1.4.1 i roinn 1.4. Cuirtear na heochracha le haghaidh gach táscaire i láthair sna hIarscríbhinní.

**Tar éis téarnamh láidir in 2021 agus sa chéad leath de 2022, tá neamhchinnteachtaí roimh mhargaí saothair an Aontais a bhaineann le tionchar chogadh ionsaithe na Rúise in aghaidh na hÚcráine agus le brúnna boilscitheacha láidre.** Bhí feidhmíocht mhargaí saothair an Aontais láidir in 2021, i ndiaidh phaindéim COVID- 19 agus deireadh a bheith curtha leis na bearta imshrianta ba ghá. Lean na margaí saothair den fheabhsú sa chéad leath de 2022, nuair a shroich an ráta fostaíochta ceann de na leibhéil ab airde riamh (74.8 % agus 74.3 % san Aontas agus i limistéar an euro faoi seach in R2-2022, 1.6 pc agus 1.4 pc os cionn na leibhéal roimh an ngéarchéim). I mí Mheán Fómhair 2022, shroich ráta dífhostaíochta an Aontais ceann de na leibhéil ab ísle riamh san Aontas, eadhon, 6 % (agus ag 6.6 % i limistéar an euro), anuas ó 6.7 % agus 7.3 % faoi seach 1 bhliain amháin roimhe sin. An tráth céanna, chuaigh ráta NEET i laghad go dtí 11.7 % ó 13.3 % 1 bhliain amháin roimhe sin san Aontas, agus shroich dífhostaíocht i measc na hóige 14.4 %, síos ó 17.5 %. Chuaigh an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí in airde de bheagán in 2021. Dá ainneoin sin, ó lár 2021, chuaigh an boilsciú in airde chuig pointí arda ó thaobh na staire de, rud a chuaigh i bhfeidhm go láidir ar chumhacht cheannaigh na dteaghlach agus ar bhrabúsacht na ngnólachtaí. Leasaíodh an fás eacnamaíoch le haghaidh 2022 agus 2023 síos sna réamhaisnéisí is déanaí de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, agus tionchar suntasach ag cogadh ionsaithe na Rúise in aghaidh na hÚcráine ar an ionchas. Réamh- mheastar go dtiocfaidh méadú 1.7 % ar an bhfás fostaíochta in 2022, sula ndéanfaidh an fás lánstad in 2023 agus é ag dul i méid de bheagán suas go dtí 0.4 % in 2024. Rinneadh idirghabhálacha beartais eisceachtúla ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát chun freagairt don ghéarchéim fuinnimh leanúnach (tuilleadh mionsonraí níos faide síos agus i Roinn 2.4). Ag breathnú amach romhainn, mar gheall ar staid na géarchéime fuinnimh leanúnaí, ní mór beartais shóisialta, fostaíochta agus eacnamaíocha a chomhordú go

héifeachtach agus ar bhealach lena gcothófar fás inbhuanaithe, cuimsitheach ina mbeidh poist ar fáil go flúirseach agus lena gcosnófar daoine i staideanna leochaileacha.

**Tá torthaí an mhargaidh saothair fós láidir cé go bhfuil an neamhchinnteacht dulta i méid i ngeall ar chogadh ionsaithe na Rúise in aghaidh na hÚcráine**

**74.8 %** **an ráta fostaíochta** in R2-2022 (2 pc níos airde ná 1 bhliain amháin roimhe)

**79.4 %** **an ráta gníomhaíochta** (20-64) in R2-2022 (1.1 pc níos airde ná bliain amháin roimhe)

**6.1 %** **an ráta dífhostaíochta** in R2-2022 (1.2 pc níos ísle ná in R2-2021)

**14.3 %** **ráta dífhostaíochta i measc na hóige** (15-24), 3.2 pc níos ísle ná 1 bhliain amháin roimhe

Príomhtháscairí an mhargaidh shaothair san AE--27 (%, go ráithiúil)




*Foinse*: Bunachair sonraí Eurostat [lfsi_emp_q], [une_rt_q], [une_ltu_q] agus [lfsi_neet_q]. Sonraí atá coigeartaithe de réir an tséasúir, seachas de réir na féilire.

**Sháraigh ganntanais saothair agus scileanna leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim i dtíortha áirithe an Aontais, rud lena gcuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá sé beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a láidriú mar aon leis an uas- sciliú agus leis an athsciliú go háirithe.** Leis an téarnamh eacnamaíoch gasta, tháinig ganntanais saothair chun cinn go tapa in 2021 an athuair, go háirithe in earnálacha agus i ngairmeacha áirithe. Faoi dheireadh 2021, shroich na ganntanais sin na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim nó sháraigh siad na leibhéil sin i roinnt tíortha san earnáil tionsclaíochta, i seirbhísí, agus san earnáil tógála. Bhain na príomhghrúpaí gairme ar tuairiscíodh ganntanais san Aontas ina leith in 2021 le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, bogearraí, tógáil, agus ceirdeanna innealtóireachta. Breathnaíodh ganntanais oibrithe oilte in earnálacha áirithe freisin atá nasctha leis an aistriú glas agus tá coinne leis go rachaidh na ganntanais sin i méid leis an dlús a chuirfear leis an aistriú fuinnimh a spreagadh le hionramháil na Rúise ar mhargaí fuinnimh. Ganntanais scileanna, lena n-áirítear i dtéarmaí scileanna digiteacha, is iarmhairt iad a eascraíonn as cáilíocht agus as éifeachtacht neamh- leormhaith córas oideachais agus oiliúna áirithe. Bíonn tionchar ag tosca níos ginearálta, amhail dálaí oibre,

tuilleamh agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair, ar an soláthar saothair agus scileanna freisin. Ina theannta sin, tá aosú an daonra ag laghdú an lucht saothair atá ar fáil san Eoraip. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí beartais ina leith sin, tá beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair lena gcothaítear cuimsiú na mban sa mhargadh saothair agus grúpaí faoi ghannionadaíocht mar aon leis an uas- sciliú agus leis an athsciliú. I bhfianaise an phróisis athstruchtúraithe tionsclaíoch leanúnach, baineann tábhacht ar leith leis an tacaíocht leis an aistriú gairmiúil i gcomhréir le Moladh an Choimisiúin maidir leis an Tacaíocht Ghníomhach Éifeachtach don Fhostaíocht (EASE). Tá láidriú na réamhaisnéise scileanna fíor- riachtanach freisin chun beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a dhearadh agus a sholáthar go hiomchuí, mar aon leis an oideachas agus leis an oiliúint a láidriú.

## Tá ganntanais saothair ag dul i méid ó thús ráig phaindéim COVID- 19

**Rátaí folúntais os cionn 4 % i ngníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíocha agus teicniúla, faisnéise agus cumarsáide agus tógála** ón gcéad chuid de 2022

**Tá rátaí folúntais** tar éis **dul i méid faoi dhó i bpríomhearnála cha** ón **gcéad chuid de 2022**

Rátaí na bhfolúntas poist san Aontas de réir na gníomhaíochta eacnamaíche (%, sonraí ráithiúla)




*Nóta:* Gníomhaíochtaí NACE 2, B- S (Tionscal, tógáil, agus seirbhísí (seachas gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí agus eagraíochtaí agus comhlachtaí seach- chríche), C (monaraíocht), F (tógáil), G- I (trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, iompar, lóistín, agus seirbhísí bia), J (faisnéis agus cumarsáid), M- N (gníomhaíochtaí gairmiúla, teicniúla agus eolaíocha). *Foinse:* Eurostat [teilm310]

**I gcomhthéacs an bhoilscithe aird atá ann faoi láthair, leis na sásraí lena socraítear pá, ba cheart leanúint de dhálaí socheacnamaíocha a léiriú, fostaíocht agus iomaíochas a chaomhnú, agus caillteanais sa chumhacht cheannaigh a mhaolú, go háirithe le haghaidh oibrithe ar ioncam íseal.** I ngeall ar ghéarú an bhoilscithe a breathnaíodh sa chéad leath de 2021 agus a thuilleadh in 2022, i ngeall ar chogadh ionsaithe na Rúise in aghaidh na hÚcráine, chuaigh an fíorphá i laghad, go háirithe i measc oibrithe ar phá íseal. Fágann sé sin nach mór coigeartuithe oiriúnacha ar an bpá a áirithiú, ar coigeartuithe iad lena maolaítear an caillteanas sa chumhacht cheannaigh agus lena laghdaítear na rioscaí go rachaidh an bhochtaineacht i méid (lena n-áirítear bochtaineacht fuinnimh), agus go mbeidh na coigeartuithe sin comhsheasmhach fós leis an gcuspóir foriomlán go rachfar i ngleic leis an boilsciú ard. Agus cúrsaí maicreacnamaíocha mar atá faoi láthair, níl coinne le méaduithe pá ar bhun dháileadh an phá go gcuirfidh siad le brú boilscitheach gan údar nó go ndéanfaidh siad dochar don iomaíochas. Tá ról tábhachtach ag an gcómhargáil maidir le torthaí cothroma a sholáthar i socruithe pá sa chomhthéacs atá ann faoi láthair, agus ról na gcomhpháirtithe sóisialta á n-urramú agus an chómhargáil ailínithe le cleachtais socraithe pá atá i réim ar fud na mBallstát, agus an brú áirithe ó thaobh costas de a bhíonn i gceist do chuideachtaí agus

d'earnálacha áirithe, agus d'oibrithe chomh maith, á chur san áireamh freisin. Chun an fhostaíocht a chur chun cinn agus an chumhacht cheannaigh a chaomhnú, tá raon feidhme breise ann chun an ding chánach a ísliú le haghaidh oibrithe meánioncaim agus ísealioncaim i roinnt Ballstáit.

**Is féidir le pá íosta leordhóthanach cuidiú le cumhacht cheannaigh oibrithe ar phá íseal a chosaint agus le méaduithe ar an mbochtaineacht lucht oibre a chosc, agus éileamh á chothú agus an spreagadh chun dul ag obair á láidriú an tráth céanna.** Tá mórán oibrithe gan cosaint an phá íosta leordhóthanaigh san Aontas. Ar an iomlán, tá beagnach duine as gach deichniúr i mbaol na bochtaineachta. Thairis sin, tá an pá íosta dulta i laghad i dtéarmaí réadacha i mbeagnach na mBallstát uile. Baineann tábhacht ar leith le héifeachtaí na méaduithe praghais substaintiúla le déanaí a mhaolú maidir hoibrithe ar phá íseal, arb iad sin is mó a bhíonn thíos le praghsanna arda fuinnimh agus bia. Leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach, leagtar creat síos ina bhfuil rialacha soiléire chun feabhas a chur ar leordhóthanacht an phá íosta reachtúil sna Ballstáit sin ina bhfuil siad i bhfeidhm acu. Cuideofar leis an Treoir le tacú le teaghlaigh leochaileacha trí spreagadh a thabhairt go socrófar pá íosta reachtúil ar leibhéil leordhóthanacha, agus cumhacht cheannaigh an phá íosta á cur san áireamh, mar aon leis na dálaí socheacnamaíocha agus le forbairtí fadtéarmacha ó thaobh na táirgiúlachta de i measc nithe eile. Thairis sin, ach an pá íosta a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta i gcomhréir leis an Treoir, chuideofaí le caillteanais sa chumhacht cheannaigh i measc oibrithe ar phá íosta a chosc sa chomhthéacs atá ann faoi láthair. Tá forálacha sa Treoir freisin chun an chómhargáil a chur chun cinn agus chun sásraí forfheidhmiúcháin agus faireacháin a bhreisiú sna Ballstáit uile. Go háirithe, leis an Treoir, ní mór plean gníomhaíochta a bhunú agus creat coinníollacha cumasúcháin a leagan síos le haghaidh na cómhargála i gcás inar lú ráta cumhdaigh na cómhargála ná 80 %. Cé go bhfuil tréimhse 2 bhliain ann chun an Treoir a thrasuí i reachtaíocht náisiúnta, má chuirtear chun feidhme go luath í is féidir spreagfar iarrachtaí na mBallstát chun cuidiú le dálaí oibre agus maireachtála leordhóthanacha a áirithiú le haghaidh oibrithe. Ina theannta sin, le bearta tacaíochta buiséadacha sealadacha a spriocdhírítear ar oibrithe ar ioncam íseal, is féidir cuidiú le caillteanas na cumhachtaí ceannaigh i ngeall ar an ngéarchéim fuinnimh a mhaolú.

**Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí méadú de 4.9 %** in R2-2022 (vs. Q2-2021).

**Dá ainneoin sin, i gcás an fhíorphá tháinig laghdú 3.3 % air** in R2-2022 (vs. R2-2021).

**I 16 de 21 Bhallstát, i gcás an fhíorphá íosta chuaigh sé i laghad** in 2022 go dtí mí Lúnasa.

### Tá méaduithe ar an bpá íosta le déanaí creimthe leis an mboilsciú

Athrú ar an bpá íosta reachtúil i dtéarmaí réadacha agus ainmniúla (ráta fáis, %)




*Nóta*: Rangaítear na Ballstáit de réir ord a méide anuas ó thaobh mhéid an mhéadaithe ar an bpá íosta reachtúil i dtéarmaí réadacha in 2022. *Foinse*: An Líonra Comhfhreagraithe Eurofound agus Eurostat [prc_hicp_midx], ríomhanna Eurofound

**Níor tháinig méadú ach de bheagán ar an bhfostaíocht ar théarma seasta in 2021 i bhformhór na mBallstát, de bharr dálaí eacnamaíocha níos fabhraí.** Cé go mbreathnaítear difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit sa sciar d'fhostaithe sealadacha agus a rátaí aistrithe go dtí fostaíocht bhuan (agus dúshláin roimh thíortha áirithe ina leith sin), maidir le conarthaí sealadacha, lean siad de bheith níos forleithne i measc daoine óga agus na mban i bhformhór na mBallstát. Bhí sciar na fostaíochta páirtaimseartha réasúnta cobhsaí san Aontas in 2021, ach baineann obair pháirtaimseartha ainneonach do chéatadán suntasach fostaithe fós i mórán tíortha. Agus í buanseasmhach, as úsáid fhorleathan na fostaíochta sealadaí nó páirtaimseartha, go háirithe más fostaíocht ainneonach den sórt sin í, féadfaidh torthaí níos ísle eascairt ó thaobh fhorbairt an chaipitil dhaonna, na táirgiúlachta, agus na soghluaisteachta sóisialta de, nithe atá díobhálach ó thaobh an fháis fhéideartha de. Sa chomhthéacs seo, ach cigireachtaí saothair agus tionchar na mbeart díspreagthach a láidriú, is féidir rannchuidiú le feidhmiú níos fearr ó thaobh an mhargaidh saothair de, agus dálaí oibre sábháilte a chur chun cinn mar aon leis an rochtain ar chosaint shóisialta freisin. Leis na gníomhaíochtaí sin, taobh le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, is féidir aistriú gairmiúil aníos a spreagadh agus tacú le hathdháileadh réidh saothair idir earnálacha nó gairmeacha, lena n-áirítear eatarthu siúd atá nasctha leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach.

## Níor méadaíodh sciar na gconarthaí sealadacha leis an téarnamh ach tá rátaí aistrithe chuig poist bhuana éagsúil ar fud na mBallstát

**13.3 %** oibrithe (20-64) ar **chonarthaí sealadacha** in R2-2022 (0.4 pc níos lú ná mar ab amhlaidh in R4-2019)

**50.4 % fostaithe óga** (15-24) agus **14.3 % fostaithe baineanna ar chonarthaí sealadacha** in R2-2022

**7.8 %** fostaithe (20-64) ar **chonarthaí sealadacha ainneonacha** san Aontas in 2021

Athruithe fostaíochta de réir stádas gairmiúil (mílte, 20-64 bliana d'aois, athrú bliain ar bhliain bunaithe ar shonraí nach bhfuil coigeartaithe de réir an tséasúir), AE- 27




Céatadán na bhfostaithe sealadacha mar chéatadán den líon iomlán fostaithe (20-64, %, in 2020) agus an ráta aistrithe chuig poist bhuana (%, meánluach le haghaidh 2018, 2019 agus 2020), AE- 27.




Foinse: Eurostat [lfsq_egaps], [lfsa_etpgan], [ilc_lvhl32] agus [lfsq_etgaed]. Nóta: Briseadh san amshraith ó R1-2021.

**Cleachtais oibre atá ag teacht chun cinn, amhail teilea- obair agus obair ardáin, is féidir tairbhí eacnamaíocha agus sochaíocha teacht in éineacht leo, ach ní mór rialacháin, beartais agus an cultúr oibre a oiriúnú dóibh.** Méadaíodh úsáid na teilea- oibre leis an bpaindéim: i gcodarsnacht go mór leis an deichiú cuid d'fhostaithe in 2019, faoi 2021, bhí beagnach an ceathrú cuid ag teilea- obair ón mbaile. Taispeántar le heispéiris nua ar an teilea- obair, ach í a mheascadh leis an obair i bpearsa, gur féidir léi cuidiú le teilea- oibrithe cothromaíocht oibre is saoil fhoriomlán níos fearr a bheith acu, ach oiread le táirgiúlacht mhéadaithe. Chun éifeachtaí a sheachaint lena laghdaítear cáilíocht na hoibre, amhail uaireanta fada an chloig a oibriú go tráthrialta, rinne mórán Ballstát gníomhaíocht chun an teilea- obair a rialáil, rud as ar eascair Aontas ina bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige. Seachas an teilea- obair, tháinig an obair ardáin i dtreis, rud lenar rannchuidíodh le poist a chruthú ach lena mbaineann dúshláin ó thaobh dálaí córa oibre de freisin. Rud atá cumasaithe le teicneolaíochtaí digiteacha freisin, tá obair trí ardáin déanta ag 28 milliún duine san Aontas cheana féin. Príomhfhadhbanna ar a dtugtar aghaidh le togra an Choimisiúin le haghaidh treoir ghaolmhar, is ea bainistíocht algartamach, mí- aicmiú

féideartha an stádais fostaíochta agus easpa na trédhearcachta trasteorann. De réir mar a mhéadaítear tábhacht na teilea- oibre agus na hoibre ardáin, is tábhachtach scileanna digiteacha leordhóthanacha sa tsochaí tríd síos a áirithiú, chun nach dtiocfaidh aon bhearna dhigiteach chun cinn, lena n-áirítear i ndáil le hoibrithe scothaosta agus le hoibrithe ar bheagán oiliúna.

**Is féidir le cothromaíocht oibre is saoil eascairt as an teilea- obair agus an obair hibrideach ag rannchuidiú leis an riosca, go n-oibreofar uaireanta níos faide, a mhaolú**

**13 %**
**d'fhostaithe a thuairiscíonn droch- chothromaío cht oibre is saoil vs...**

**18 %**
**... d'fhostaithe a oibríonn ar áitreabh an fhostóra.**

**Le pátrúin oibre hibrideacha is amhlaidh gur fearr an chothromaíocht oibre is saoil i bhformhór na mBallstát**

Droch- chothromaíocht oibre is saoil arna tuairisciú le haghaidh na bhfostaithe agus na dteilea- oibrithe uile sna Ballstáit (%, 2021)




*Nóta:* Le droch- chothromaíocht oibre is saoil, áirítear fostaithe a fhreagraíonn, 'ní thagann go rómhaith' agus 'ní thagann go maith ar chor ar bith' ar an gceist faoin 'mbealach a thagann uaireanta oibre lena ngealltanais teaghlaigh nó shóisialta lasmuigh den obair'. *Foinse:* Eurofound, *European Working Conditions Telephone Survey* (EWCTS) [Suirbhé Teileafóin ar Dhálaí Oibre Eorpacha] 2021.

**Le cogadh ionsaithe na Rúise in aghaidh na hÚcráine, spreagadh insreabhadh suntasach de dhaoine easáitithe isteach san Aontas, agus bhain riachtanais ghaolmhara lena gcomhtháthú sa mhargadh saothair agus ar bhonn sóisialta.** Chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim dhaonnúil agus chun lánpháirtiú na ndídeanaithe de chuid na hÚcráine san Aontas a chothú, ghníomhachtaigh an Coimisiún Eorpach an Treoir um Chosaint Shealadach den chéad uair agus chuir síneadh léi i mí Dheireadh Fómhair 2022 go dtí mí an Mhárta 2024. Leis sin, iarrtar ceadanna cónaithe a sholáthar, mar aon le rochtain ar an oideachas, ar an margadh saothair agus ar chosaint shóisialta. Baineann riachtanais go háirithe le bacainní roimh chomhtháthú sa mhargadh saothair a shárú, go háirithe trí chúrsaí teanga, agus roimh lóistín, cúram leanaí agus scolaíocht, mar aon le cúram fadtéarmach nó tacaíocht meabhairshláinte. Daoine easáitithe ón Úcráin in éineacht le himirce thráthrialta ó thíortha eile, féadfaidh siad rannchuidiú le ganntanais lucht saothair san Aontas a mhaolú sa tréimhse mheántéarmach agus fhadtéarmach, go háirithe i ngairmeacha nach bhfuil na bacainní thuasluaite roimh chomhtháthú sa mhargadh saothair chomh ceangailteach céanna, agus chomh maith leis sin le haghaidh a thabhairt ar chuid den dúshlán déimeagrafach a bhaineann le rátaí breithe ísle. Chun cuidiú leis an bpróiseas sin, sheol an Coimisiún tionscnamh píolótach Díorma Tallainne an Aontais Eorpaigh, uirlis nua chun cuidiú le daoine atá ag teitheadh ón gcogadh post a

aimsiú san Aontas. Ar an iomlán, is gnéithe fíor- riachtanacha iad an rochtain éifeachtach ar an gcosaint shóisialta, cúram sláinte, cúram leanaí, agus scolaíocht mar aon le haithint na gcáilíochtaí, go n-éireoidh leis an lánpháirtiú.

## D'eascair torthaí fostaíochta a bhí ag dul i bhfeabhas, as téarnamh an mhargaidh saothair, i gcás fhormhór na ngrúpaí daonra cé gurb ann do dhúshláin fós

Rátaí fostaíochta de réir inscne agus aoisghrúpa in AE- 27 agus de réir tír bhreithe, sonraí atá coigeartaithe de réir an tséasúir, seachas de réir an fhéilire déanta orthu (mar %)




*Foinse:* Eurostat, agus [lfsi_emp_q] SFS an Aontais.

**4.8 milliún**
**daoine breise fostaithe** san Aontas Eorpach in R2-2022 i gcomparáid le R2-2021 (1.7 milliún níos mó ná in R4-19)

**An óige, daoine nár rugadh san Aontas agus mná,**
is leosan a bhain **na rátaí fáis fostaíochta ab airde** ó R2-2021

**Mar sin féin,**
**10.7 pc de bhearna fostaíochta idir na hinscní** in R2-2022, cé go bhfuil sé sin ag dul i laghad ó 11.2 pc in R4-2019

**8.3 pc de bhearna fostaíochta** idir daoine a rugadh san Aontas agus daoine a rugadh lasmuigh de in R2-2022 (7.6 pc in R4-2019)

**Tá staid an mhargaidh saothair i gcás na hóige fós dúshlánach, go háirithe le haghaidh na mban agus daoine a mbaineann cúlra imirceach leo, agus ní mór gníomhaíochtaí beartais saincheaptha agus sonracha lena n-aghaidh.** Tar éis buaicphointe sa dara leath de 2020, léim an ráta i measc na hóige san Aontas ar ais chuig an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim in 2021 agus is é 14.3 % a bhí ann in R2-2022. Is amhlaidh fós dá ainneoin sin go bhfuil an ráta sin trí hoiread níos mó ná an ráta dífhostaíochta le haghaidh an daonra foriomláin idir 25-74 bliana d'aois. Thairis sin, chuaigh an sciar de dhaoine atá 15-29 bliana d'aois nach raibh fostaithe ná san oideachas ná faoi oiliúint (NEET) i laghad go dtí 11.6 % faoi R2-2022, ó 13.2 % in R2-2021, sciar atá níos ísle ná mar a bhí roimh an bpaindéim ach fós réasúnta ard. Is do mhná óga agus do dhaoine a mbaineann cúlra imirceach leo go háirithe a rinneadh difear leis sin. I dtéarmaí bliantúla, bhí difríochtaí substaintiúla fós ann idir na Ballstáit in 2021 i ndáil le rátaí NEET le haghaidh na ndaoine idir 15-29 bliana d'aois. Ba cheart gníomhaíocht beartais a dhéanamh chun na dúshláin struchtúracha a bhíonn roimh

dhaoine óga ar an margadh saothair a mhaolú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí beartais chun rioscaí na n-éifeachtaí diúltacha níos fadtéarmaí, ar scileanna daoine óga agus ar a n-ionchais sa mhargadh saothair, a chosc. Ba cheart an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a úsáid chun fostaíocht ardchaighdeáin, breisoideachas, printíseachtaí, nó cúrsaí oiliúna a thairiscint laistigh de 4 mhí ón tráth a thagann duine chun bheith dífhostaithe nó a fhágann siad an t-oideachas foirmiúil[8]. Chun é sin a chomhlánú, cuidíonn an tionscnamh Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh (ALMA) le NEETanna faoi mhíbhuntáiste taithí ghairmiúil a fháil ar an gcoigríoch.[9]

**Tá dúshláin sheanbhunaithe fós roimh rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus roimh an bpá comhionann as obair chomhionann, rud lena léirítear neamhionannas inscne buanseasmhach sa mhargadh saothair.** Ní dheachaigh an bhearna fostaíochta idir na hinscní i laghad ach de bheagán le linn theacht aniar an mhargaidh saothair in 2021. Le hobair neamhíoctha, lena n-áirítear oibleagáidí cúraim, coisceadh ocht n-oiread ban fostaíocht íoctha a chuardach agus ab amhlaidh i gcás na bhfear agus d'fhág an obair neamhíoctha go nglacann cúig hoiread ban fostaíocht pháirtaimseartha go hainneonach. Cuirtear i dtábhacht leis sin tábhacht na mbeartas leordhóthanach maidir le cothromaíocht oibre is saoil agus na rochtana éifeachtaí ar sheirbhísí cúraim ardcháilíochta agus inacmhainne. Ach oideachas agus cúram luathóige a oiriúnú, mar aon le córais cúraim fhadtéarmaigh, i gcomhréir leis an Straitéis Chúraim Eorpach a chuir an Coimisiún i láthair an 7 Meán Fómhair 2022, agus dul i ngleic le ganntanais agus le srianta acmhainneachta sna réimsí sin, d'fhéadfaí feabhas a chur ar ionchais mhargaidh saothair na ndaoine úd a bhfuil obair chúraim neamhíoctha á soláthar faoi láthair acu, agus ar cháilíocht an chúraim dóibh siúd a fhaigheann é. An tráth céanna, soláthraítear dídhreasuithe fós le córais chánach agus sochar roinnt tíortha de chuid an Aontais go nglacfaidh an dara saothraí (ar mná 78 % díobh) obair íoctha nó am oibre a mhéadú, agus ba cheart aghaidh a thabhairt orthu le hathchóirithe iomchuí.

**D'fhéadfadh rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a bheith níos láidre i gcás daoine faoi mhíchumas agus oibrithe scothaosta.** Ba é 23 pc an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas i gcás daoine faoi mhíchumas in 2021 san Aontas, beagnach ag an leibhéal céanna agus a bhí tráth ar cuireadh tús leis an tomhas in 2014, rud lena gcuirtear i dtábhacht an gá le gníomhaíocht beartais. Chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, leis an *Disability Employment Package* [an Pacáiste Fostaíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumais] a seoladh an 20 Meán Fómhair 2022, soláthraítear treoraíocht agus cleachtais i sé réimse dhifriúla, idir earcaíocht choinneáil post, agus forbrófar an Pacáiste i gcomhpháirt le páirtithe leasmhara ábhartha faoi 2024. Rud lena léirítear athruithe déimeagrafacha agus méaduithe ar an aois scoir i mórán Ballstát, chuaigh ráta fostaíochta na ndaoine idir 55- 64 bliana d'aois i méid a thuilleadh in 2021, agus treocht na deacáide deireanaí á leanúint agus 60.5 % á shroicheadh. Mar sin féin, tá sé fós beagnach 20 pc níos ísle ná an ráta fostaíochta le haghaidh na ndaoine atá 25-54 bliana d'aois. D'fhan an bhearna fostaíochta idir na hinscní i measc oibrithe scothaosta cobhsaí ag 12.7 pc, agus tá sé níos airde ná an figiúr comhfhreagrach don aoisghrúpa 20-64 bliana d'aois (10.8 pc). Beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, lena n-áirítear na beartais sin lena gcuirtear chun cinn an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus tacaíocht sa chuardach poist, tá siad fíor- riachtanach chun leas a bhaint as an acmhainneacht atá ag daoine faoi mhíchumas agus oibrithe scothaosta.

[8] Moladh ón gComhairle an 30 Deireadh Fómhair 2020 maidir le Nasc leis an bhFostaíocht – An Ráthaíocht don Aos Óg a Threisiú agus a thagann in ionad Mholadh an 22 Aibreán 2013 ón gComhairle maidir le Ráthaíocht don Aos Óg a bhunú 2020/C 372/01, IO C 372, 4.11.2020, lch. 1.

[9] Tá breis faisnéise ar fáil ag: ALMA (Beartaigh, Foghlaim, Máistrigh, Gnóthaigh) - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

**Is minic a bhíonn bunscileanna, lena n-áirítear scileanna digiteacha, in easnamh ag daltaí ó chúlra socheacnamaíoch bocht, rud lena gcuirtear bac ar a ndeiseanna sa mhargadh saothair agus ó thaobh sealbhú scileanna breise ar feadh an tsaoil, agus lena bhfágtar nach mór feabhsuithe cothromais san oideachas.** D'ainneoin na treochta dearfaí le blianta beaga anuas, fágann thart ar 3.1 milliún duine óg an t-oideachas go luath agus teipeann ar an iomarca díobh leibhéal íosta bunscileanna a shealbhú. Is amhlaidh is fíre sin dóibh siúd as cúlraí faoi mhíbhuntáiste, rud lena laghdaítear a thuilleadh a seansanna chun clárú san oideachas treasach, agus chun a bpoitéinseal a fhorbairt agus a shaothrú go hiomlán sa saol. Le linn phaindéim COVID-19, dhúnadh na scoileanna fisiciúla, agus na mbeart imshrianta ba ghá, cuireadh brú láidir ar shláinte agus ar fholláine mheabhrach déagóirí freisin, rud lena bhféadfaí riosca na tearcghnóthachtála agus na neamhshuime ó thaobh an oideachais de a mhéadú a thuilleadh. Tá méadú ag teacht ar ghanntanais na múinteoirí sna Ballstáit, go háirithe in ábhair STEM agus in áiteanna atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Fágann peirspictíochtaí gairmréime neamhtharraingteacha le haghaidh múinteoirí gur íseal an líon iarrthóirí a théann isteach in oiliúint tosaigh múinteoirí agus go bhfágann mórán múinteoirí núíosacha an ghairm sna chéad bhlianta. Le ganntanais na múinteoirí, déantar dochar do cháilíocht an oideachais ar gach leibhéal, lena n-áirítear san oideachas agus sa chúram luathóige agus in ollscoileanna, agus freisin do na scileanna is gá le haghaidh an aistrithe digitigh agus an aistrithe glais. Go háirithe, leis an aistriú digiteach géaraithe, géaraíodh bearnaí i scileanna digiteacha a bhí ann roimhe agus nochtadh go bhfuil neamhionannas nua ag teacht chun cinn. Tháinig caillteanais foghlama chun cinn i ngeall ar rochtain theoranta ar acmhainní digiteacha ina measc siúd ag a bhfuil stádas socheacnamaíoch íseal agus i measc leanaí imirceacha agus na Romach chomh maith. Chun na spriocanna ar leibhéal an Aontais a bhaint amach mar chuid den Limistéar Eorpach Oideachais, ní mór fócas méadaithe ó thaobh beartais de ar aghaidh a thabhairt ar neamhionannas oideachasúil agus ar fheabhas a chur ar fholláine na ndaltaí, lena n-áirítear trí chineálacha cur chuige níos cuimsithí agus níos córasaí agus trí chomhar trasearnála, i gcomhréir le togra an Choimisiúin le haghaidh molta ón gComhairle maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile, mar aon le hoideachas inacmhainne ardcháilíochta a sholáthar, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach threisithe do Leanaí.

## Príomhdheitéarmanant na gnóthachtála oideachais is ea an cúlra socheacnamaíoch, agus tá difríochtaí móra idir na Ballstáit

**19.5 pc sin é an bhearna sa tearcghnóthachtáil** idir foghlaimeoirí **ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste agus ó chúlraí socheacnamaíocha níos fearr**

**Tá comhghaol idir feidhmíocht mheánach níos fearr** agus **bearnaí níos lú** idir stádas socheacnamaíoch ard agus íseal

Tearcghnóthachtáil chomhcheangailte sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht de réir stádas socheacnamaíoch (%, PISA 2018)




*Foinse:* Ríomhanna an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, bunaithe ar shonraí PISA ECFE 2018.

**An t-aistriú digiteach, a géaraíodh le paindéim COVID-19, méadaíodh go láidir leis an t-éileamh ar scileanna digiteacha, ach ní gach duine atá ullmhaithe go maith lena aghaidh**. Tá méadú ag teacht ar éagsúlacht leathan na bpost a bhfuil gá le scileanna digiteacha lena n-aghaidh (90 % díobh cheana féin anois). Sa chomhthéacs seo, déantar dochar don infhostaitheacht agus d'fhás na táirgiúlachta le leibhéil ísle scileanna digiteacha, agus cruthaítear scrogaill le haghaidh an aistrithe digitigh agus an fháis fhéideartha. De réir sonraí le déanaí, ní raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 54 % de dhaoine fásta san Aontas in 2021, agus éagsúlachtaí móra idir na Ballstáit. Daoine ag a bhfuil leibhéal íseal gnóthachtála oideachasúla, daoine dífhostaithe agus daoine lasmuigh den lucht saothair, tá sé de nós acu leibhéil scileanna digiteacha níos ísle a bheith acu agus níos lú deiseanna chun na scileanna sin a fhorbairt. Féadfaidh cineálacha míbhuntáistí nua eascairt as an leibhéal íseal scileanna digiteacha i ndeighleoga leathana den daonra freisin, i gcomhthéacs seirbhísí a bheith á ndigitiú níos minice anois, go háirithe i ndáil leis an rochtain ar oideachas agus ar oiliúint, ach freisin i gcomhthéacs seirbhísí poiblí atá digitithe ar bhonn níos leithne, lena n-áirítear Seirbhísí Fostaíochta Poiblí (PES). Chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh, tá gá le cláir scileanna digiteacha le haghaidh an daonra i gcoitinne, agus cláir spriocdhírithe á gcomhlánú, a shaincheaptar de réir próifílí scileanna agus staid ghrúpaí sonracha ó thaobh an mhargaidh saothair de. Tá sé d'aidhm ag an Aontas bunscileanna digiteacha a chur ar fáil do 80 % ar a laghad den daonra faoi 2030 agus an líon speisialtóirí TFC a mhéadú go dtí 20 milliún (thart faoi 10 % díobh siúd atá fostaithe, ag tosú ó leibhéal íseal de 4.5 % in 2021), i gcás na bhfear agus na mban araon. Sheol an Coimisiún idirphlé struchtúrtha maidir le hoideachas digiteach agus scileanna digiteacha chun na críche sin in 2021.

## Tá scileanna digiteacha anois ina n-inniúlacht idirdhisciplíneach, ach tá éagsúlacht mhór idir na leibhéil ar fud na mBallstát

**90%** de phoist, ní mór **scileanna digiteacha lena n-aghaidh**

**In 2021 san Aontas, ní raibh bunscileanna digiteacha ar a laghad ach ag 54 % de dhaoine fásta**

**Faoi 2030, is é is aidhm don Aontas bunscileanna digiteacha ar a laghad a chur ar fáil do 80% de dhaoine fásta**

Daoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach
(% de dhaoine atá 16-74 bliana d'aois, 2021)




*Nóta:* Níl ionadaíocht ar roinnt aonad riarthach ar oileáin ná sna réigiúin is forimeallaí. *Foinse:* Eurostat LFS EDAT_LFSE_02. © EuroGeographics do na teorainneacha riaracháin.

**Is gá don Eoraip scileanna a lucht saothair a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú fuinnimh, chun fanacht iomaíoch, chun fostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn agus chun a mhúnla sóisialta a choimirciú.** Anuas ar an gclaochlú digiteach, bhí an t-aistriú chuig sochaí aeráidneodrach ag athrú na scileanna a éilítear sa mhargadh saothair. Leis an staid gheopholaitiúil agus shocheacnamaíoch atá ann faoi láthair, tá béim bhreise á cur ar an ngá leis an lucht saothair a uas- sciliú agus a athsciliú le tacú leo aistriú gairmiúil a dhéanamh agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna atá tábhachtach cheana féin, lena n-áirítear sa gheilleagar glas. Tá coinne leis go soláthrófar le Bliain Eorpach na Scileanna 2023 spreagadh beartais tábhachtach go gcuirfear an sealbhú scileanna ar feadh an tsaoil chun cinn, rud atá fíor- riachtanach chun go mbainfear amach na claochluithe móra atá roimh ár ngeilleagair agus roimh ár sochaithe. Rannpháirtíocht ghníomhach i ngníomhaíochtaí foghlama ag an lucht saothair atá ann cheana, tar éis oideachas agus oiliúint tosaigh éifeachtach, tá sé sin criticiúil lena áirithiú go dtabharfar scileanna cothrom le dáta de shíor. Tá institiúid ardoideachais ardcháilíochta tábhachtach freisin chun na scileanna ardleibhéil a fhorbairt a bhfuil gá leo le haghaidh geilleagair Eorpacha athléimneacha, cuimsitheacha agus inbhuanaithe. Ceanglaítear le príomhsprioc an Aontais do 2030 maidir leis an bhfoghlaim aosach go nglacfaidh ar a laghad 60 % de dhaoine fásta páirt san fhoghlaim gach bliain san

Aontas faoi 2030. Léiríonn na sonraí is déanaí atá ar fáil ó 2016 go bhfuil an ráta rannpháirtíochta fós ró- íseal (le 12 mhí anuas) san Aontas, agus 37.4 % den daonra atá idir 25 go dtí 64 bliana d'aois i gceist, rud lena gcuirtear i dtábhacht an gá chun dlús suntasach a chur a chur le dul chun cinn chun na spriocanna náisiúnta uaillmhianacha a leagadh síos do 2030 a shroicheadh. Thairis sin, sna Ballstáit uile, tá sé de nós ag daoine fásta ar bheagán oiliúna gan páirt a ghlacadh san oiliúint a oiread leo siúd ag a bhfuil cáilíocht mheánscoile uachtaraí, agus bíonn rátaí rannpháirtíochta níos ísle faoi seach acu ná mar a bhíonn ag céimithe treasacha. Is minice a ghlacann daoine fásta páirt san fhoghlaim i limistéir uirbeacha freisin ná mar a ghlacann i limistéir thuaithe. Leis an Moladh ón gComhairle maidir le cuntais foghlama aonair an 16 Meitheamh 2022, leagtar amach an bealach lenar féidir leis na Ballstáit tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais a chomhcheangal ar bhealach éifeachtach chun gach duine fásta a chumasú chun a gcuid scileanna a fhorbairt ar feadh a saoil oibre agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na sprice maidir leis an bhfoghlaim aosach sa deacáid amach romhainn. Chomh maith leis sin, leis an Moladh ón gComhairle maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil agus na hinfhostaitheachta an 16 Meitheamh 2022 , féachtar le cáilíocht, aitheantas agus tuiscint na micridhintiúr a áirithiú, ar micridhintiúir iad atá á n-úsáid níos minice ar fud córais oideachais, oiliúna agus an mhargaidh saothair.

**Tá rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim fós ró- íseal, go háirithe le haghaidh na ndaoine atá ar bheagán oiliúna**

**10.8 %** **de dhaoine fásta a ghlac páirt san fhoghlaim** (le linn na 4 seachtaine roimhe sin) san Aontas Eorpach in 2021

Rannpháirtíocht na ndaoine fásta san fhoghlaim de réir gnóthachtáil oideachasúil (ar bheagán oiliúna, meánleibhéal cáilíochtaí agus ardleibhéal cáilíochtaí) le 4 seachtaine anuas (2021, %)




I measc **daoine fásta ar bheagán oiliúna**, níor ghlac ach **4.3 %** **páirt san fhoghlaim**

Rannpháirtíocht na ndaoine fásta san fhoghlaim de réir gnóthachtáil oideachasúil (ar bheagán oiliúna, meánleibhéal cáilíochtaí agus ardleibhéal cáilíochtaí) le 4 seachtaine anuas (2016, %)




In 2016**, is é 37.4 % sciar na ndaoine fásta a ghlac páirt i bhfoirm oideachais agus oiliúna éigin** le linn an 12 mhí roimhe

Foinse: Eurostat [trng_lfs_03], SFS agus [eastóscadh speisialta], AES.

**Chuaigh fíorioncaim teaghlaigh chomhiomlána i méid san Aontas in 2021, mar aon le OTI agus le hioncaim an mhargaidh, de dhroim an téarnaimh tar éis COVID, ach chrap na hioncaim sin in 2022.** In R2-2021, b'iontach an fás 4.5 % a tháinig ar an

bhfíorioncam teaghlaigh (bliain ar bhliain), agus buaicphointe fíorfháis OTI 14.1 % á bhaint amach. Baineann athléimneacht na n-ioncam teaghlaigh ó phaindéim COVID- 19 gan choinne in 2020 le feidhmiú na gcobhsaitheoirí uathoibríocha agus na bhfreagairtí beartais prasa ollmhóra a cuireadh i bhfeidhm ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, rud lenar maolaíodh iarmhairtí socheacnamaíocha na paindéime go mór. Mar sin féin, sa tréimhse ó R3-2021, breathnaíodh luasmhoilliú láidir i bhfás an fhíorioncaim teaghlaigh, agus méadú gasta an bhoilscithe á tharraingt síos, d'ainneoin fhás na gcúiteamh ainmniúil fostaithe. Faoi R2-2022, crapadh an fíor- ollioncam indiúscartha teaghlaigh den chéad uair ó phaindéim COVID- 19 gan choinne in R2-2020, agus luasmhoillíodh fás an fhíor- OTI.

**De thoradh an bhoilscithe aird le déanaí, rinneadh dochar d'fhás fhíorioncaim na dteaghlach comhiomlán, a breathnaíodh in 2022**

Fás an fhíor- OTI agus an fhíor- ollioncaim indiúscartha teaghlaigh agus príomh- chomhpháirteanna an fháis sin (%, AE- 27)




**An fíor- ollioncam indiúscartha teaghlaigh chrap sé** san Aontas in R2-2022

Maidir leis an **neamhionannas ioncaim, bhí sé cobhsaí a bheag nó a mhór** i dtromlach na mBallstát

Foinse: Eurostat, Cuntais Náisiúnta [nasq_10_nf_tr] agus [namq_10_gdp].
Nótaí: féach corp na Tuarascála.

**D'ainneoin ghéarchéim COVID- 19, d'fhan sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (AROPE) cobhsaí a bheag nó a mhór ar feadh 2020, agus measadh go bhfanfadh sé amhlaidh in 2021, tar éis feabhas a bheith tagtha air le blianta roimhe, a bhuí leis na bearta a chuir an tAontas agus na Ballstáit in úsáid chun tionchar diúltach na paindéime a mhaolú.** Bhí thart ar dhuine amháin as cúigear i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta san Aontas in 2020 agus meastar nach dtiocfaidh aon athrú suntasach air sin le haghaidh 2021 ach oiread, cé go bhfuil difríochtaí tábhachtacha ann ar fud na dtíortha. Ráta riosca na bochtaineachta agus sciar na ndaoine atá ina gcónaí i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh gar- dhífhostaithe), d'fhan siad sin beagnach gan athrú tar éis na paindéime, agus lean an ghéardhíothacht ábhartha agus shóisialta ag dul i laghad in 2021. Cé go bhfuil comharthaí éagsúla i gceist ar fud na mBallstát, taispeánadh cobhsaíocht a bheag nó a mhór in 2020-21 maidir leis an neamhionannas ioncaim freisin. B'amhlaidh sin a bhuí le gníomhaíocht beartais ghasta shubstaintiúil, lena n-áirítear scéimeanna oibre gearr- ama agus bearta coinneála poist agus beartais eile chun tacú le daoine leochaileacha le linn ghéarchéim COVID- 19. Go deimhin,

méadaíodh tionchar laghdaithe na bochtaineachta a bhain le haistrithe sóisialta chuig leibhéal nach bhfacthas riamh cheana (agus iad méadaithe i bhformhór mór na mBallstát), rud lenar laghdaíodh an bhochtaineacht de bhreis agus an tríú cuid ar an meán san Aontas. Mar sin, bhí daoine i bhfostaíocht neamhchaighdeánach níos mó ná trí hoiread níos dóichí a bheith i mbaol na bochtaineachta (ag 16.6 %) ná iad siúd a bhí i bhfostaíocht chaighdeánach (5 %). Léiríonn luath- mheastacháin ar chaiteachais cosanta sóisialta in 2021 le haghaidh 24 Bhallstát go ndeachaigh a sciar den chaiteachas OTI i laghad i gcomparáid le 2020 (ó 29.2 % vs 30.7 %), cé go bhfuil an caiteachas fós os cionn an leibhéil roimh an ngéarchéim (27.1 % in 2019). I mbeagnach na mBallstát uile, chuaigh sciar an chaiteachais le haghaidh cúram sláinte agus sochair bhreoiteachta i méid agus ualach na sochar dífhostaíochta ag dul i laghad an tráth céanna.

**Bhí riosca na bochtaineachta nó an eisiamh shóisialta le haghaidh grúpaí daonra sonracha mar an gcéanna den chuid is mó in 2020-2021 freisin, cé go bhfuil comharthaí ann go bhfuil dúshláin áirithe ann fós le haghaidh roinnt de na grúpaí sin.** Bhí sciar na ndaoine nár rugadh san Aontas agus de Romaigh a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta mar an gcéanna den chuid is mó san Aontas agus chuaigh sciar na ndaoine faoi mhíchumas i laghad d'ainneoin ráig na paindéime. Dá ainneoin sin, bíonn na grúpaí sin níos nochta don bhochtaineacht agus don eisiamh sóisialta ar bhonn córasach, ná mar a bhíonn an chuid eile den daonra. Chun an riosca níos airde do dhaoine faoi mhíchumas, ó thaobh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta de, a chomhrac, ba cheart do na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sa chosaint shóisialta chun neamhionannas a laghdú, lena n-áirítear trí chostais bhreise a bhaineann le míchumas a chúiteamh, agus tríd an incháilitheacht le haghaidh sochar míchumais a laghdú. I measc leanaí, d'fhan riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta cobhsaí den chuid is mó in 2020-21 freisin, ach bhí an riosca níos airde dóibh siúd ná mar a bhí le haghaidh an daonra foriomláin agus tá comharthaí na héagsúlachta le feiceáil ar fud na mBallstát. Ina theannta sin, baineann ard- díothacht tithíochta fós do theaghlaigh ag a bhfuil leanaí. Is lú seans go n-éireoidh go maith ar scoil le leanaí, a fhásann aníos leis an mbochtaineacht nó leis an eisiamh sóisialta, go mbeidh sláinte mhaith acu agus go mbainfidh siad lán a gcumais amach níos deireanaí sa saol, rud lena bhfágtar nach mór gníomhaíocht beartais a dhéanamh go práinneach chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach threisithe do Leanaí.

**D'fhan riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta cobhsaí den chuid is mó ar an meán in 2020-2021 san Aontas, ach tá an- chuid éagsúlachta i gceist ar fud na mBallstát agus tá an riosca níos airde le haghaidh leanaí**

**Bhí thart ar dhuine amháin as cúigear i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta in 2021 san Aontas, idir 10.7 % agus 34.4 % ar fud na mBallstát**

**Is airde riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta le haghaidh leanaí san Aontas (24.4 %), mar atá i bhformhór na mBallstát**

Rátaí riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta le haghaidh an daonra iomláin agus le haghaidh leanaí (0- 17) (%, 2021)




*Foinse*: Eurostat [ilc_peps01n], EU- SILC

**Le praghsanna fuinnimh atá ard agus ag dul i méid, mar aon le brú boilscitheach, tá an baol ann go ndéanfar dochar don chumhacht cheannaigh, go háirithe le haghaidh teaghlaigh leochaileacha, rud lena ngintear méaduithe ar an mbochtaineacht fuinnimh, agus lena bhfágtar nach mór tacaíocht spriocdhírithe shealadach.** Leis an méadú ar phraghsanna fuinnimh in 2021-22, rinneadh dochar do chumhacht cheannaigh na dteaghlach ar ioncam íseal agus ar mheánioncam (agus méadú measta 12 % ar a gcostais mhaireachtála ar an meán), go háirithe maidir le bia agus fuinneamh. Le costais fhoriomlána iompairníos airde, mar aon le costais fuinnimh cónaithe, ar costais iad a bhaineann go príomha le téamh agus fuarú, tugtar le tuiscint freisin go bhfuil baol méadaithe ann do theaghlaigh go mbainfidh bochtaineacht fuinnimh dóibh. Go háirithe, is mó an dochar a dhéantar d'oibrithe ar ioncam íseal leis an easpa cumais áit chónaithe a choimeád te go leor. Ní raibh thart ar bheirt as gach deichniúr a bhí i mbaol na bochtaineachta in ann a n-áit chónaithe a choimeád te go leor in 2021, atá níos mó ná dhá oiread níos airde ná mar atá i gceist leis an daonra foriomlán. Tá bearta áirithe curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim fuinnimh. I mí Dheireadh Fómhair 2021, chuir an Coimisiún Teachtaireacht i láthair maidir le praghsanna fuinnimh, lena n-áirítear bosca uirlisí, inar leagadh amach céard a d'fhéadfadh na Ballstáit a dhéanamh faoi rialacha an Aontais atá ann cheana chun cuidiú le tomhaltóirí agus le gnólachtaí leochaileacha aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda. Leis an rialachán ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, leathnaíodh an bosca uirlisí agus tá

coinne leis freisin go bhfaighfear ioncaim phoiblí bhreise as na brabúis gan choinne ó theicneolaíochtaí infrimeallacha agus ón ranníocaíocht dlúthpháirtíochta ó chuideachtaí breosla iontaise. Treorófar na hioncaim sin chuig teaghlaigh agus gnóthais a bhfuil an baol nach mbeidh siad in ann a gcuid billí fuinnimh a íoc ag dul i méid, agus tá coinne leis go mbeidh siad ina gcuidiú le hardú rioscaí na bochtaineachta agus an neamhionannais a chosc. Le bliain anuas, thug na Ballstáit bearta sealadacha eisceachtúla isteach chun déileáil leis an ngéarchéim fuinnimh leanúnach. Agus an brú praghsanna ag dul i leithne, baineann tábhacht ar leith le faireachán géar a dhéanamh ar a n-éifeachtaí ó thaobh dáileacháin de, agus go mbraithfear ar bhearta tacaíochta sealadacha ar fearr a spriocdhírítear ar dhaoine leochaileacha iad. Ach caiteachas teaghlaigh ar fhuinneamh a laghdú mar aon leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear trí infheistíochtaí san éifeachtúlacht fuinnimh a shlógadh, lena n-áirítear athchóiriú foirgneamh, agus fuinneamh in- athnuaite i gcomhréir le REPowerEU, rannchuidítear freisin le cumhacht ceannaigh na dteaghlach a chosaint i bhfianaise praghsanna fuinnimh atá ag ardú. Is iad na bearta tacaíochta den sórt sin na réitigh fhadtéarmacha is fearr maidir le praghsanna arda fuinnimh agus ba cheart gur ar dhaoine leochaileacha go príomha a spriocdhíreofar iad.

**Déanann an méadú ar phraghsanna fuinnimh dochar do chostais mhaireachtála fhoriomlána le haghaidh teaghlaigh atá ar ioncam íseal agus ar mheánioncam**

**Beagnach leathchuid den méadú 9.7% ar chostais mhaireachtála** san Aontas idir 2021 agus 2022, is i ngeall ar **mhéaduithe ar phraghsanna fuinnimh a bhí sí**

Bhí **6.9 %** den daonra iomlán agus **16.4 %** díobh siúd a bhí i mbaol na bochtaineachta **neamhchumasach a n-áit chónaithe a choimeád te go leor** in 2021

Téann rannchuidiú na gcineálacha caiteachais le costais mhaireachtála i méid le haghaidh an chéad chúigiú agus an tríú cúigiú den daonra (agus iad á gcur in ord de réir ioncaim, %) (an chéad bharra agus an dara barra de réir Ballstáit, faoi seach)




*Nóta*: Ríomhtar méaduithe ar chostais mhaireachtála le haghaidh sciartha caiteachais ag an meán laistigh den chéad agus den tríú cúigil den dáileadh ioncaim indiúscartha teaghlaigh coibhéisithe. Tá na Ballstáit curtha in eagar de réir rannchuidiú na n-athruithe ar phraghsanna fuinnimh a bhaineann le tithíocht le haghaidh chéad chúigil. *Foinse*: Ríomhanna an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde bunaithe ar shonraí ICPT maidir le boilsciú ó tháscaire Eurostat [prc_hicp_manr] ó mhí Mheán Fhómhair 2022 agus ar mhicreashonraí ó thonn 2015 den tsuirbhé ar bhuiséad teaghlaigh de chuid AE (EU- HBS).

**Bhí leordhóthanacht na scéimeanna ioncaim íosta i bhformhór na mBallstát á creimeadh in 2020, i gcomparáid le 2019, agus tá bearnaí sa chumhdach fós ann.** Tá príomhról ag cosaint an ioncaim íosta, mar aon leis an gcur chuige um chuimsiú gníomhach, i

riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta a chosc agus a mhaolú. Tá scéimeanna tacaíochta ioncaim mar rogha dheiridh i bhfeidhm ag na Ballstáit uile, agus bhí leordhóthanacht an ioncaim íosta mórán mar an gcéanna, ar an meán, san Aontas le 10 mbliana anuas (ach éagsúlacht shubstaintiúil i gceist ar fud na mBallstát), agus breathnaíodh meath de bheagán ar an iomlán in 2020 an tráth céanna. Breathnaíodh feabhsuithe ar an gcumhdach idir 2015 agus 2020, rud lenar féidir rannchuidiú le méaduithe ar dhoimhneacht na bochtaineachta agus ar an díothacht ábhartha a chosc, ach tá dúshláin fós ann ó thaobh na héifeachtachta de. Chun tacú leis an gcóineasú aníos i measc na mBallstát mar aon leis an gcomhrac in aghaidh na bochtaineachta agus an eisiaimh shóisialta, tá togra curtha ar aghaidh ag an gCoimisiún le haghaidh Molta ón gComhairle maidir le hioncam íosta leordhóthanach lena n-áiritheofar cuimsiú gníomhach, agus lena leagtar amach réimsí le haghaidh nuachóiriú breise a dhéanamh ar scéimeanna ioncaim íosta cosúil leis an gcur chuige i leith cuimsiú gníomhach.

### Tá difear i leordhóthanacht na mbeart sábháilteachta sóisialta ar fud na mBallstát

**Sochair ioncaim íosta** ag **níos lú ná leath den tairseach bochtaineachta** in **aon trian de na Ballstáit** in 2019

Tá **éagsúlacht i dtionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta** idir **16 % agus 52 %** ar fud na mBallstát

Glanioncam faighteoirí ioncaim íosta mar chéatadán de thairseach riosca na bochtaineachta (leata thar 3 bliana) agus d'ioncam oibrí ar phá íseal (2009 agus 2020)




*Foinse*: Ríomh Ard- Stiúrthóireacht na Fostaíochta, na nGnóthaí Sóisialta agus na gComhdheiseanna ó mhicreashonraí EU- SILC. *Nóta*: Maidir le sonraí IE, léirítear an bhliain ioncaim 2020 le haghaidh sochair MI. Maidir le IE, IT, LU agus LV, níl tairseach AROP SILC 2020 ar fáil go fóill. Baineann an chairt le daoine singile nach bhfuil leanaí acu. D'fhéadfaí cineálacha eile sochar (m.sh. sochair tithíochta) seachas ioncam íosta a áireamh le glanioncam faighteora ioncaim íosta freisin. Saothraíonn an fostaí ar phá íseal 50 % den mheánphá agus oibríonn sé go lánaimseartha.

**Maidir leis an ngá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, chuaigh sé i laghad san Aontas ar an meán in 2021, ach tá an- chuid éagsúlachta idir na Ballstáit fos, agus breathnaítear méadú láidir ar an éileamh ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, agus aosú an daonra á spreagadh.** Is dóichí go dtuairisceoidh daoine i dteaghlaigh ar ioncam íseal gá le cúram leighis nach riartar, cé go bhfuil leithead na bearna eatarthu agus an daonra foriomlán difriúil ar fud na mBallstát. Féadfaidh ganntanais saothair agus scileanna san earnáil chúraim sláinte a bheith ina n-údar le scrogaill sa soláthar seirbhíse, d'ainneoin laghdú an bhrú a bhaineann le COVID- 19 ar chórais cúraim sláinte. Thionscain roinnt Ballstát athchóirithe córasacha ar an gcúram sláinte, lena n-áirítear athchóirithe a bhaineann le soláthar cúraim sláinte phríomhúil. Rud atá ina phríomhchuid chun iad sin a chur i gcrích, mar aon le digitiú na seirbhísí de réir a chéile, is ea cáilíocht an tsoláthair a mhéadú agus

feabhas a chur ar a athléimneacht. An tráth céanna, faoi éifeacht an athraithe déimeagrafraigh, meastar go rachaidh an líon daoine a bhféadfadh gá cúram fadtéarmach a bheith ag teastáil uathu san Aontas in airde ó 30.8 milliún in 2019 go 33.7 milliún in 2030 agus thairis sin suas go 38.1 milliún in 2050. Leis sin, treisítear an gá le haghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hinfhaighteacht, inacmhainne, agus cáilíocht an chúraim fhadtéarmaigh, agus inbhuanaitheacht fhoriomlán an airgeadais phoiblí á cur san áireamh. Cé go gcuireann na Ballstáit uile cumhdach cosanta sóisialta áirithe ar fáil, thuairiscigh 35.7 % de dhaoine san Aontas nach n-úsáideann siad (níos mó) cúram baile ar chúiseanna airgeadais, luaigh 9.7 % de dhaoine ganntanas soláthair agus luaigh 2.1 % imní ó thaobh na cáilíochta de. Go háirithe, fiú tar éis cosaint shóisialta, is féidir leis na costais neamh- in- aisíoctha le haghaidh cúraim a bheith an- ard, costais lena bhfuil níos mó ná 50 % den mheánioncam i gceist le haghaidh daoine scothaosta ag a bhfuil riachtanais le dianchúram fadtéarmach i mórán Ballstát. Chun rannchuidiú na seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh leis an gcothroime shóisialta, comhionannas inscne, agus cruthú post a uasmhéadú, chuir an Coimisiún Straitéis Chúraim Eorpach ar aghaidh, agus togra ag gabháil leis le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach ardcháilíochta inacmhainne.

**Tá bearta á ndéanamh ag na Ballstáit chun a gcórais chosanta sóisialta a choigeartú de réir na n-athruithe atá ag teacht ar an gcomhthéacs déimeagrafach agus ar chomhthéacs an mhargaidh saothair chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann leis an leordhóthanacht, inrochtaineacht, agus inbhuanaitheacht fhioscach.** Tar éis do bhearnaí áirithe sa rochtain ar chosaint shóisialta a bheith curtha i dtábhacht leis an bpaindéim, tá athchóirithe tugtha isteach ag Ballstáit áirithe ar a gcóras náisiúnta cosanta sóisialta, agus iad ag spriocdhíriú ar oibrithe neamhchaighdeánacha agus ar dhaoine féinfhostaithe. Tá athruithe déimeagrafacha ag leanúint de dhúshláin fhadtéarmacha a chur roimh chórais phinsin, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an tionchar ar airgeadas poiblí de thoradh aosú an daonra agus na gcóras gaolmhar cúraim fhadtéarmaigh, cúraim sláinte agus pinsin, i dtéarmaí na leordhóthanachta, na hinrochtaineachta, agus na hinbhuanaitheachta fioscaí. Tá gá le raon leathan de bhearta beartais, lena gcuimsítear beartais maidir le pinsin, an margadh saothair, cáin agus sláinte, chun go n-éireoidh le hiarrachtaí le dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh chórais phinsin, lena n-áirítear i ndáil leis an mbearna mharthanach phinsin idir na hinscní.

**Tá ról tábhachtach ag rannpháirtíocht thráthúil, bhríomhar agus intuartha na gcomhpháirtithe sóisialta chun a áirithiú go ndéanfar athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach.** Iarrtar ar na Ballstáit le Treoirlíne Fostaíochta 7 agus le prionsabal 8 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta rannpháirtíocht thráthúil agus bhríomhar na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú i ndearadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe agus na mbeartas fostaíochta, sóisialta agus, i gcás inarb ábhartha, na n-athchóirithe agus na mbeartas eacnamaíoch, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt dá n-acmhainneacht mhéadaithe. Le linn na géarchéime sláinte, ba phríomhghné le haghaidh earnáil sláinte láidir é an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil, chun rannchuidiú le méadú a chur ar ullmhacht an Aontais i gcomhair géarchéimeanna sláinte féideartha amach anseo. An tráth céanna, d’iarr Ballstáit áirithe ar chomhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir lena gcleachtais agus lena gcreataí náisiúnta institiúideacha, bearta a phlé, a chaibidliú agus/nó a chur chun feidhme chun tacú le dálaí oibre, feidhmiú mhargadh an tsaothair, comhionannas deiseanna agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair. Rud níos déanaí atá tarlaithe, bhí an comhar le comhpháirtithe sóisialta ina phríomhghné chun beartais tacaíochta iomchuí a chur chun feidhme i bhfabhar lánpháirtiú shaoránaigh de chuid na hÚcráine agus daoine easáitithe eile sna margaí saothair Eorpacha, lena n-áirítear in earnálacha a bhfuil ganntanais saothair rompu. Tá rannpháirtíocht eagraíochtaí na sochaí sibhialta fíorthábhachtach freisin chun athchóirithe agus beartais ardcháilíochta a chomhlíonadh sna Ballstáit. Tá rannpháirtíocht na

gcomhpháirtithe sóisialta agus na sochaí sibhialta tábhachtach freisin i ndáil leis na pleananna téarnaimh agus athléimneachta.

******

**Ba cheart do na Ballstáit beart a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin fostaíochta, scileanna agus beartais shóisialta a sainaithníodh sa Tuarascáil Chomhpháirteach seo ar Fhostaíocht.** Cuireann an anailís a chuirtear i láthair sa tuarascáil roinnt réimsí tosaíochta i dtábhacht maidir le gníomhaíochtaí beartais. Ba cheart go mbeidh se d'aidhm acu sin aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá tagtha chun cinn sa chomhthéacs socheacnamaíoch atá ann faoi láthair agus an fás cuimsitheach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, trí chruthú post ardcháilíochta agus aistrithe ardcháilíochta post a chothú ar feadh an tsaoil oibre agus ar fud earnálacha, lena gcuirfear feabhas ar an athléimneacht eacnamaíoch agus shóisialta, agus lena n-áiritheofar aistriú glas cóir agus aistriú digiteach cóir, agus dul chun cinn á dhéanamh i dtreo phríomhspriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta maidir le fostaíocht, scileanna, agus laghdú na bochtaineachta faoi 2030.

I gcomhréir leis na Treoirlínte Fostaíochta, tugtar cuireadh do na Ballstáit:

- Tionchar diúltach na mbrú boilscitheach a mhaolú lena n-áirítear ó phraghsanna arda fuinnimh go háirithe, ar chumhacht cheannaigh na dteaghlach leochaileach, lena n-áirítear chun méadú ar an mbochtaineacht fuinnimh a chosc, trí bhearta tacaíochta spriocdhírithe sealadacha, agus san am céanna dreasachtaí a choinneáil ar bun chun ídiú fuinnimh a laghdú agus chun feabhas a chur ar an éifeachtúlacht fuinnimh;
- I gcomhréir le cleachtais náisiúnta agus lánurraim á tabhairt do ról na gcomhpháirtithe sóisialta, forbairtí pá a chur chun cinn lena maolófar an caillteanas sa chumhacht cheannaigh, go háirithe le haghaidh oibrithe ar phá íseal, lena n-áirítear trí nuashonraithe tráthúla ar phá íosta reachtúil, agus dálaí maicreacnamaíocha á léiriú, fostaíocht agus iomaíochas á caomhnú, agus é sin teacht i gcónaí leis an gcuspóir go rachfar i ngleic leis an mboilsciú ard;
- Infhaighteacht scéimeanna oibre gearr- ama agus bearta eile chun poist a choinneáil a áirithiú, atá deartha ar bhealach chun caipiteal daonna a chaomhnú, tacú le próisis athstruchtúraithe córa nuair is gá, aistrithe gairmiúla a éascú agus cuidiú le nuachóiriú an gheilleagair, go suntasach trí uas- sciliú agus athsciliú lena mbaineann, freisin i bhfianaise an tionchair fhéideartha ar an margadh saothair de bharr na géarchéime fuinnimh agus claochluithe tionsclaíocha lena mbaineann;
- Éifeachtúlacht agus éifeachtacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair agus acmhainneacht na seirbhísí fostaíochta poiblí a neartú, agus freisin trí infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí agus bonneagar digiteach inrochtana, faireachán agus réamhaisnéis scileanna chomh maith le hoiliúint leordhóthanach do chomhaltaí foirne, d'fhonn cruthú post agus aistrithe ó phost go post a chur chun cinn, lena n-áirítear i dtreo an gheilleagair dhigitigh agus ghlais, agus dul i ngleic le heasnaimh saothair agus scileanna;
- Tacaíocht a sholáthar d'oibrithe agus do theaghlaigh is mó a bhfuil tionchar orthu de thoradh na gclaochluithe eacnamaíocha agus sóisialta mar gheall ar an athrú aeráide agus an t-aistriú glas is gá, chomh maith le digitiú, go háirithe dóibh siúd atá leochaileach, go suntasach trí sheirbhísí fostaíochta agus bearta oiliúna, cláir fostaíochta dea- dheartha, spriocdhírithe agus faoi cheangal ama, chomh maith le

dreasachtaí fostaíochta agus aistrithe spriocdhírithe agus dea- dheartha, slándáil ioncaim leordhóthanach le cur chuige cuimsithe gníomhach agus cur chun cinn na fiontraíochta, ag brath ar rannpháirtíocht iomlán agus bríoch oibrithe agus a n-ionadaithe in ionchasú athraithe agus bainistíocht próiseas athstruchtúraithe, i gcomhréir le Moladh na Comhairle maidir le haistriú cóir i dtreo aeráidneodrachta a áirithiú;

- Ionchais an mhargaidh saothair do dhaoine óga a threisiú, lena n-áirítear trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint chuimsitheach agus ar ardchaighdeán agus oideachas treasach a chur chun cinn, ag soláthar tacaíochta maidir le seirbhísí fostaíochta spriocdhírithe (lena n-áirítear meantóireacht, treoraíocht agus comhairleoireacht) agus tacú le printíseachtaí agus cúrsaí oiliúna ardchaighdeáin, i gcomhréir le Ráthaíocht don Aos Óg treisithe;
- Comhionannas inscne a áirithiú agus rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair a neartú, lena n-áirítear trí chomhionannas deiseanna agus dul chun cinn gairme a chothú, chomh maith le trédhearcacht i struchtúir phá a áirithiú; réiteach idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a chur chun cinn, lena n-áirítear trí rochtain ar chúram fadtéarmach agus seirbhísí oideachais agus cúraim luath- óige inacmhainne agus ardchaighdeáin, chomh maith le rochtain ar shaoire oiriúnach a bhaineann le teaghlaigh agus socruithe solúbtha oibre do thuismitheoirí agus daoine eile a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu, i gcomhréir leis an Straitéis Chúraim Eorpach;
- Comhionannas deiseanna a chothú agus torthaí foghlama a fheabhsú trí dhul i ngleic le luathfhágáil na scoile, lena n-áirítear trí oideachas agus cúram na luath- óige atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán a sholáthar, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí agus leis na pleananna gníomhaíochta náisiúnta ábhartha, chomh maith le trí aghaidh a thabhairt ar an nganntanas múinteoirí. Tacú le rochtain ar oideachas leanaí ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste agus limistéir chianda, agus oiliúint a chur chun cinn ag gach leibhéal cáilíochta;
- Borradh a chur faoi inniúlachtaí digiteacha daltaí agus daoine fásta agus an linn tallainne digití sa mhargadh saothair a mhéadú, trí éiceachórais oideachais dhigitigh agus oiliúna digití a fhorbairt a dtacaíonn príomhchumasóirí leo, amhail nascacht ardluais le haghaidh scoileanna, trealamh, agus oiliúint múinteoirí; agus tacú le hinstitiúidí a bhfuil fios gnó acu maidir le digitiú agus aird ar leith a dhíriú ar chuimsiú agus ar an mbearna dhigiteach a laghdú;
- Tacú le huas- sciliú agus athsciliú daoine fásta chun oiriúnú do mhargadh saothair atá ag athrú, lena n-áirítear i measc nithe eile trí sholáthar teidlíochtaí oiliúna aonair a sholáthar, go háirithe arna seachadadh trí chuntais foghlama aonair, agus forbairt, cur chun feidhme agus aithint micridhintiúir a chothú, i gcomhréir le Moltaí na Comhairle ar chuntais foghlama aonair agus ar an gcur chuige Eorpach i leith micridhintiúir le haghaidh foghlaim ar feadh an tsaoil agus infhostaitheacht;
- Rialacháin a bhaineann leis an margadh saothair agus córais cánach agus sochair a oiriúnú, chun deighilt an mhargaidh saothair a chosc agus chun cruthú post ardchaighdeáin a chothú, lena n-áirítear laghdú féideartha ar an ding chánach go suntasach do dhaoine ar ioncam íseal;
- A áirithiú go mbíonn rochtain ag oibrithe i gcásanna oibre neamhghnácha agus obair ardáin agus ag daoine féinfhostaithe ar chosaint shóisialta leordhóthanach, i gcomhréir leis an Moladh ón gComhairle maidir le Rochtain ar Chosaint Shóisialta;

- Timpeallachtaí oibre sláintiúla, sábháilte agus atá oiriúnaithe go maith don obair, agus go bhfuil socruithe solúbtha oibre ar fáil a áirithiú;
- Cómhargáil, idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht thráthúil agus bhríoch na gcomhpháirtithe sóisialta a chur chun cinn, lena n-áirítear i ndáil le cur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta chomh maith leis an bpróiseas Seimeastar Eorpach;
- Infheistiú i gcórais chosaint shóisialta leordhóthanach agus inbhuanaithe do chách, i gcomhréir le Moladh na Comhairle maidir le Rochtain ar Chosaint Shóisialta, lena n-áirítear scéimeanna íosioncaim a bhraitheann ar an gcur chuige cuimsithe gníomhaigh, i gcomhréir leis an togra le haghaidh Moladh na Comhairle ar íosioncam leordhóthanach a áirithíonn cuimsiú gníomhach; tacú le hathchóirithe chun leibhéil cosanta leordhóthanacha a áirithiú agus cosaint na ndaoine sin nach gcumhdaítear iad nó nach gcumhdaítear go leordhóthanach iad a fheabhsú; feabhas a chur ar leordhóthanacht sochar, inaistritheacht ceart, rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin agus tacaíocht chun na daoine sin a bhfuil cumas oibre iontu a lánpháirtiú sa mhargadh saothair; tríd an méid thuas a dhéanamh, cothromaíocht na bhfoinsí maoinithe a áirithiú agus inbhuanaitheacht fhoriomlán na gcistí poiblí a chaomhnú;
- Measúnú a dhéanamh ar thionchair dháileacháin athchóirithe agus infheistíochtaí ar ioncam na ngrúpaí éagsúla ar fud an daonra, i gcomhréir leis an Teachtaireacht maidir le measúnú níos fearr a dhéanamh ar an tionchar dáileacháin atá ag beartais na mBallstát;
- Rochtain shaor in aisce agus éifeachtach ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar chúram luathóige, ar ghníomhaíochtaí oideachais agus scoilbhunaithe agus rochtain éifeachtach ar chothú sláintiúil agus ar thithíocht leordhóthanach a sholáthar do gach leanbh atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta, i gcomhréir leis an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí;
- Dul i ngleic leis an easpa dídine mar an gcineál bochtaineachta is tromchúisí; an infheistíocht in athchóiriú na tithíochta cónaithe agus sóisialta a chur chun cinn, chomh maith le seirbhísí sóisialta comhtháite; rochtain ar thithíocht ardchaighdeáin agus inacmhainne, ar thithíocht shóisialta nó ar chúnamh tithíochta a éascú, i gcás inarb iomchuí;
- Infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht an chórais cúraim sláinte lena n-áirítear cúram príomhúil agus acmhainneacht na sláinte poiblí, comhordú cúraim, foireann cúram sláinte agus ríomhShláinte; íocaíochtaí neamh- in- aisíoctha a laghdú, feabhas a chur ar chumhdach cúraim sláinte agus uas- sciliú agus athsciliú oibrithe sláinte a chur chun cinn;
- Soláthar seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh atá ar ardchaighdeán, inacmhainne agus inbhuanaithe a neartú, i gcomhréir leis an Straitéis Eorpach um Chúram;
- Córais phinsin ionchuimsitheacha agus inbhuanaithe go fioscach a áirithiú a cheadaíonn d’ioncaim leordhóthanach do dhaoine scothaosta agus cothroime idirghlúine.

Le cistiú ón Aontas, lena n-áirítear trí Chiste Sóisialta na hEorpa Plus, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste um Aistriú Cóir agus an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le haghaidh infheistíochtaí agus athchóirithe incháilithe, tacaítear leis na Ballstáit gníomhaíocht beartais sna réimsí sin a mhéadú.

# CAIBIDIL 1. ACHOIMRE AR AN MARGADH SAOTHAIR AGUS AR THREOCHTAÍ SÓISIALTA SAN AONTAS EORPACH, PRÍOMHSPRIOCANNA AGUS SRACFHÉACHAINTÍ ÓN SCÓRCHLÁR SÓISIALTA

## 1.1 Treochtaí an mhargaidh saothair

**Leanadh le téarnamh an mhargaidh saothair in 2022 le fostaíocht ag sárú leibhéil réamh- ghéarchéime, cé go raibh difríochtaí suntasacha ar fud earnálacha.** Sa dara ráithe de 2022, b'ionann líon foriomlán na ndaoine a bhí fostaithe san Aontas agus 213.4 milliún (164 milliún i limistéar an euro)[10]. Tá sé sin 3.5 milliún (2.7 le haghaidh limistéar an euro) os cionn buaicphointe R4-2019. Ba é 74.8 % an ráta fostaíochta (20-64) san Aontas i R2-2022 (74.3 % i limistéar an euro), atá cothrom le 1.9 pc (1.6 pc le haghaidh limistéar an euro) os cionn na leibhéil is aire roimh an bpaindéim. Ar bhonn bliantúil, ba é 73.1 % an ráta fostaíochta in 2021 san Aontas (72.5 % i limistéar an euro), 0.4 pc níos mó ná luach 2019 (gan aon athrú feicthe i limistéar an euro). I measc na ngairmeacha ina bhfuil an fás fostaíochta is airde, tháinig méadú 21 % ar an earnáil teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) idir R4-2019 agus R2-2022, le 1.1 milliún post curtha leis. Ina dhiaidh sin bhí gníomhaíochtaí réadmhaoine (méadú 18 % nó 190 000 níos mó daoine fostaithe), agus gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla (méadú 7.9 % nó 0.58 milliún duine). Taifeadadh 0.71 milliún post breise i riarachán poiblí agus cosaint i R2-2022 ná i R4-2019 (sin méadú 5.3 %). Ina dhiaidh sin tháinig foirgníocht (méadú 6.1 %) agus gníomhaíochtaí gairmiúla, eolaíochta agus teicniúla (méadú 3.1 %). Os a choinne sin, níor théarnaigh monaraíocht, seirbhísí cóiríochta agus bia, agus gníomhaíochtaí tacaíochta riaracháin go fóill chuig na leibhéil fostaíochta a bhí ann roimh an ngéarchéim (tá thart ar 0.2 milliún daoine níos lú fostaithe i ngach ceann díobh i R2-2022 i gcomparáid le R4-2019). Ar an iomlán, tuartar go dtiocfaidh méadú 1.7 % ar an bhfostaíocht in 2022, sula ndéanfaidh an fás lánstad in 2023 agus ag dul i méid de bheagán go dtí 0.4 % in 2024, i gcomhthéacs na neamhchinnteachta airde. Maidir leis an daoine sin atá ar a dteitheadh chuig an Aontas ón gcogadh san Úcráin, meastar go dtiocfaidh siad isteach sa mhargadh saothair de réir a chéile, agus go mbeidh éifeachtaí inbhraite ón mbliain seo chugainn.[11]

**Thacaigh oibrithe a d'fhág scéimeanna oibre gearr- ama agus an laghdú a taifeadadh ar neamhláithreachtaí ón obair le méadú ar an líon foriomlán uaireanta a oibríodh ó 2021.** Théarnaigh an líon uaireanta a oibríodh san Aontas go mall ach go réidh ón íosphointe i R2-2020, ag sroicheadh foriomlán 85.9 billiún i R2-2022[12]. Is é sin an luach is airde a taifeadadh don táscaire sin. An tráth céanna, lean neamhláithreachtaí ráithiúla ón obair ar a dtreocht anuas, ó 17.5 % den fhostaíocht foriomlán i R2-2020 go 8.9 % i R2-2022[13]. Cuireann na figiúirí seo i dtábhacht go fóill an ról tábhachtach atá ag scéimeanna oibre gearr- ama do roinnt mhaith oibrithe agus gnólachtaí, níos mó ná 2 bhliain tar éis tús ghéarchéim COVID- 19 (féach Roinn 2.1). Trí na bearta margadh saothair a tugadh isteach ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát i gcomhthéacs phaindéim COVID- 19 (go háirithe SURE, REACT- EU agus Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt ar an

[10] Fostaíocht: Cuntais Náisiúnta (coincheap intíre), Táscaire Eurostat [namq_10_a10_e]; [lfsq_eegan2] agus fíoracha eile: SFS an Aontais. Úsáidtear figiúirí ráithiúla a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu ar fud na roinne seo.

[11] An Coimisiún Eorpach *European Economic Forecast, Autumn 2022* [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2022], Páipéar Institiúideach 187, Samhain 2022.

[12] Eurostat [namq_10_a10_e].

[13] Eurostat [lfsi_abt_q] agus [lfsi_emp_q], Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar an bhFórsa Saothair.

gCoróinvíreas, CRII agus CRII plus), ceadaíodh do ghnóthais fostaithe agus scileanna a choimeád, agus cabhrú le daoine féinfhostaithe a ngníomhaíochtaí a thosú de réir a chéile nuair a baineadh na bearta imshrianta. Tugtar le fios sa cheathrú tuarascáil débhliantúil maidir le cur chun feidhme SURE[14] gur tacaíodh tríd an ionstraim le timpeall 31.5 milliún duine agus 2.5 milliún gnóthas in 2020, a léirigh beagnach aon trian den fhostaíocht foriomlán agus de na gnóthais foriomlána sna 19 mBallstát tairbhí.

**Thosaigh fás pá ainmniúil ag feabhsú, ach tá coinne leis go bhfanfaidh sé faoi bhoilsciú in 2022.** In 2021, tháinig méadú ar chúiteamh ainmniúil fostaithe i ngach Ballstát agus faoi 4.1 % ar leibhéal comhiomlán san Aontas, ar bhonn bliantúil, ar luas níos tapúla é ná an ráta fáis timpeall 1.9 % sa tréimhse ó 2013 go 2019. Thiomáin an téarnamh geilleagair láidir agus an t-athbhorradh in uaireanta an chloig oibrithe an méadú sin (féach Roinn 2.1 chun sonraí a fháil ar leibhéal na mBallstát). Rannchuidigh boilsciú ardaithe agus margaí saothair a bhí ag éirí níos doichte a thuilleadh le luasghéarú beag ar phá ainmniúil sa chéad leath de 2022. Ach, creimeadh den chuid is mó na méaduithe ainmniúla mar gheall ag bhoilsciú méadaithe, a raibh meath suntasach 3.3 % ar fhíorphá san Aontas dá thoradh i R2-2022 (bliain ar bhliain), i measc imní níos mó maidir leis na drochiarmhairtí sóisialta a bhí ag an tionchar diúltach ar chumhacht ceannaigh, go háirithe le haghaidh oibrithe ar phá íseal. Ag dul chun cinn, tá coinne leis go moilleoidh an fás ar phá mar gheall ar an gcás eacnamaíoch atá ag éirí níos measa[15].

**Níor tháinig méadú suntasach ar an sciar fostaithe ar chonarthaí sealadacha agus díobh sin atá féinfhostaithe, mar gheall gur éirigh an margadh saothair níos dinimiciúla.** Mhéadaigh sciar na ndaoine ar chonarthaí sealadacha i measc na bhfostaithe go léir (20-64) beagán ó 12.6 % in 2020 go 13 % in 2021. Shroich sé 13.1 % i R2-2022 (0.8 pc níos airde ná an ráithe céanna in 2020), fós níos ísle ná R4-2019 (13.9 %). In 2021, bhí figiúirí níos airde i measc na mban (13.8 % vs 12.2 % le haghaidh fear) agus le haghaidh oibrithe óga (15-24) (50.9 % vs 12.9 % agus 6.5 % le haghaidh aoisghrúpaí 25-54 agus 55-64 faoi seach – féach freisin Roinn 2.3). Bhí an céatadán fostaithe ar chonarthaí sealadacha níos airde go suntasach freisin maidir leo siúd ar bheagán oiliúna (19.2 % in 2021) i gcomparáid leis na daoine meánoilte agus ardoilte. (11.7 % agus 12.2 %, faoi seach). Tháinig laghdú 0.9 milliún duine idir 2019 agus 2021 ar an líon daoine féinfhostaithe (20-64). I dtéarmaí ráithiúla, bhí 25.7 milliún duine féinfhostaithe i R2-2022, 0.6 milliún níos ísle ná i R4-2019[16].

**Fásann fostaíocht go comhthreomhar le rátaí folúntais, ag cur i dtábhacht an gá le tacaíocht bhreise a chur ar fáil do rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, meaitseáil phoist, agus aistrithe**[17]. B'ionann an ráta folúntais sna hearnálacha tionscail, tógála agus seirbhísí agus 3 % i R2-2022 san AE- 27 (3.2 % i limistéar an euro), atá ionann le 0.8 pc (0.9 pc) níos airde ná R2-2021 agus freisin os cionn na leibhéil is airde roimh an bpaindéim (2.1 % i R4-2019 don Aontas agus 2.2 % do limistéar an euro). Mar sin féin, tá difríochtaí suntasacha ann ar fud na mBallstát agus na ngairmeacha (féach Roinn 2.1). Cé go dtugtar le fios i bhfianaise le déanaí nach feiniméan struchtúrach atá ina n-ardú, tá faireachán cúramach ar an ráta folúntais poist ríthábhachtach chun measúnú a dhéanamh ar mhímheaitseálacha

[14] COM(2022) 483 final.

[15] An Coimisiún Eorpach, *Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2022*[Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2022] (le teacht)., Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

[16] Eurostat [lfst_r_e2tgaedcu], [lfsa_etpgan] agus [lfsq_egaps]. Briseadh sa tsraith in 2021 agus R1-2021, faoi seach.

[17] Tugtar an ráta folúntais poist leis na poist fhoriomlána atá folamh (i.e., poist íoctha a cruthaíodh as an nua, poist fholmha, nó a bheidh folamh go luath) ina gcéatadán de na poist atá líonta agus folamh. Nóta: Gníomhaíochtaí NACE Rev. 2 B-S. Cód Eurostat ar líne: [ei_lmjv_q_r2].

ionchasacha ar na margaí saothair[18]. Déantar anailís i Roinn 2.3 ar na hoiriúintí a rinne na seirbhísí fostaíochta poiblí chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na meaitseála idir cuardaitheoirí poist agus folúntais a fheabhsú, lena n-áirítear seirbhísí digiteacha agus duine le duine agus comhpháirtíochtaí le fostóirí agus seirbhísí sóisialta.

**Ar an iomlán, tá na rátaí dífhostaíochta i bhformhór na mBallstát den Aontas Eorpach agus sa limistéar euro ag bogadh níos gaire do na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim nó tá siad faoina mbun**[19]. Lean an treocht anuas sa ráta dífhostaíochta (15-74) san Aontas ag sroicheadh 6.1 % i R2-2022 (an leibhéal ab ísle riamh a taifeadadh) agus i bhfad faoin mbuaic is déanaí de 7.8 % i R3-2020. Sa limistéar euro, bhí an ráta dífhostaíochta beagán ní b'airde, ag 6.6 % i R2-2022 (2.1 pc faoina luach i R3-2020). Léirítear le sonraí míosúla gur tháinig laghdú breise ar an ráta dífhostaíochta go 6 % san Aontas i mí Lúnasa 2022 (6.6 % sa limistéar euro), faoi na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim. Tá ilchineálacht shuntasach ar fud na mBallstát, áfach (féach Roinn 2.1). B'ionann an ráta dífhostaíochta fadtéarmach agus 2.4 % den daonra gníomhach i R2-2022 san Aontas (2.7 % i limistéar an euro), atá ionann le 0.2 pc agus 0.3 pc níos ísle, faoi seach, ná mar a bhí i R4-2019[20].

**Tá feidhmíocht na mban ar an margadh saothair fós ag feabhsú, cé go bhfuil bearna inscne suntasach ann go fóill.** Chuaigh sé suas chuig 67.7 % in 2021 (20-64 bliana), 1.6 pc níos airde ná in 2020, agus do na fir mhéadaigh sé chuig 78.5 %, 1.3 pc os cionn 2020 – féach Fíor 1.1.1. I dtéarmaí ráithiúla, bhí ráta fostaíochta na mban ag 69.5 % i R2-2022, 2.1 pc níos airde ná i R1-2021 agus os cionn an leibhéal roimh an ngéarchéim, 67.3 % i R4-2019. Is beag athrú atá tagtha ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní, ag 10.7 pc i R2-2022, 0.2 pc faoi leibhéal R2-2021. Tháinig méadú ar ráta gníomhaíochta (20-64) na mban chuig 74.1 % in R2-2022, 1.8 pc níos mó ná i R4-2019, cé go raibh ráta na bhfear (84.8 %) 1 pc níos airde ná i R4-2019.

**Tá torthaí daoine óga sa mhargadh saothair ag feabhsú le déanaí, ach tá siad fós i bhfad ó na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim i roinnt Ballstát.** D'ainneoin feidhmíocht dhearfach ar an iomlán, níor théarnaigh ráta fostaíochta na hóige (15-24) go fóill ó ghéarchéim COVID - le 32.7 % in 2021, tá sé fós 0.8 pc faoin leibhéal a sroicheadh in 2019 – féach Fíor 1.1.1. Léirítear i bhforbairtí le déanaí feabhas tapa, sroicheadh 34.9 % i R2-2022 (1.5 pc os cionn R4-2019). A mhéid a bhaineann le ráta dífhostaíochta an aosa óig (15-24), tháinig laghdú air ó 18.3 % i R1-2021 go 14.3 % i R2-2022. I rátaí bliantúla, ag 16.6 % in 2021, tá sé fós níos mó ná 1 pc os cionn an leibhéal roimh an ngéarchéim. Ar an iomlán, bhí 9.3 milliún duine óg (15-29) nach raibh fostaithe ná san oideachas ná faoi oiliúint (NEET) in 2021 (13.1 %); 8.3 milliún i R2-2022 (11.7 %).

[18] Nóta: Is cosúil go dtiomáineann téarnamh sa mhargadh saothair easnaimh saothair go príomha agus nach bhfuil ath- leithdháileadh an mhargadh saothair ag cur as dóibh. An Coimisiún Eorpach, *Quarterly Report on the Euro Area*, Institutional Paper [Tuarascáil Ráithiúil maidir le Limistéar an Euro, Páipéar Institiúideach], 2022

[19] Chun sonraí a fháil, féach: An Coimisiún Eorpach (2021), *Employment and social developments in Europe 2022 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2022]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

[20] Eurostat [une_rt_m], [une_rt_q] agus [une_ltu_q].

**Fíor 1.1.1: Tá an ráta fostaíochta ag téarnamh chuig leibhéil réamhphaindéime níos os a gcionn, arna thiomáint ag feabhsúcháin i measc daoine óga, ban agus daoine ardoilte**

Rátaí fostaíochta de réir inscne, aoisghrúpa agus leibhéal gnóthachtála oideachais in AE- 27, sonraí arna gcoigeartú go séasúrach, seachas arna gcoigeartú de réir an fhéilire (%)




Foinse: Eurostat, [lfsi_emp_a] agus [lfsa_egaed], SFS an Aontais.

**Tá rannpháirtíocht sa mhargadh saothair ag méadú go fóill le dinimicí níos láidre i measc daoine fásta agus ban.** B'ionann ráta gníomhaíochta an Aontais maidir leo siúd atá idir 20 agus 64 bliana d'aois agus 73.6 % in 2021, 0.4 pc agus 1.3 pc ní b'airde ná mar a bhí an ráta sin in 2019 agus 2020, faoi seach. I R2-2022, bhí sé ag 79.4 %, 1.1 pc ná 1 bhliain amháin roimhe sin agus 1.4 pc os cionn a leibhéal i R4-2019. Tá an méadú fós á thiomáint den chuid is mó ag daoine scothaosta agus mná. Bhí athruithe i ráta gníomhaíochta an aoisghrúpa 55-64 (suas 3.1 pc ó 62.3 % i R4-2019 go 65.4 % i R2-2022) trí huaire níos airde ná an méadú a chonacthas do dhaoine 15-24 (faoi 1 pc) agus daoine 25-54 (faoi 1.2 pc).

**Tá an líon oibrithe ardoilte sa gheilleagar ag méadú mar aon leis an mbearna fostaíochta de réir leibhéal scileanna.** Tháinig méadú ar an líon daoine (25-64 bliana d'aois) fostaithe a bhfuil ardoideachas orthu ó 2.6 % in 2021, cé gur thit an fhostaíocht d'oibrithe ar oiliúint mheánach agus oibrithe ar bheagán oiliúna (i.e., ISCED 0-2 agus 0-4) faoi 0.5 % agus 1.9 %, faoi seach – féach Fíor 1.1.1. Bhí an bhearna idir rátaí fostaíochta oibrithe ar bheagán oiliúna agus fostaithe ardoilte ionann le 30.1 pc in 2021, 1 pc níos airde ná in 2020 (féach Roinn 2.2).

**Théarnaigh torthaí mhargaidh saothair daoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach chuig na leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim, ach tá bearnaí suntasacha ann go fóill i gcomparáid le saoránaigh a rugadh san Aontas Eorpach.** In 2021, ba é 66.7 % ráta fostaíochta (20-64) na ndaoine nár rugadh san Aontas, 1 pc níos lú ná luach 2019, agus 6.4 pc níos lú ná ráta fostaíochta dhaoine dúchasacha an Aontais. Ba é 69.3 % ráta fostaíochta ráithiúil na ndaoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach i R2-2022, 1.5 pc níos airde ná i R4-2019 – féach Fíor 1.1.2. Ba é 11.8 % ráta dífhostaíochta (15-74) an daonra a rugadh ar an gcoigríoch in 2021, 0.6 pc níos ísle ná in 2020 (féach Roinn 2.2). Bíonn rátaí níos airde dífhostaíochta go comparáideach i measc na mban nár rugadh san Aontas (13.2 % in 2021) ná mar a bhíonn i measc fear a rugadh san Aontas (10.7 %). I dtéarmaí ráithiúla, lean ráta dífhostaíochta daoine a rugadh ar an gcoigríoch (9.8 % i R2-2022) ar a threocht anuas ó R1-2021 (13.5 %) agus faoi láthair tá sé 0.8 pc faoin leibhéal i R4-2019. Cuirtear i dtábhacht i sonraí le déanaí na príomhbhacainní atá roimh dhaoine a rugadh thar lear (15-74) a mhéid a bhaineann sé le post oiriúnach a fháil ina dtír óstach (e.g. easpa aitheantais ar cháilíochtaí

foirmiúla, ar scileanna teanga nó ceart srianta chun oibre de bharr cead saoránachta nó cónaithe, i measc nithe eile)[21].

**Fíor 1.1.2: Tá difríochtaí suntasacha i dtorthaí an mhargadh saothair idir daoine a rugadh taobh istigh de AE- 27 agus lasmuigh díobh**

Rátaí fostaíochta, dífhostaíochta agus gníomhaíochta bunaithe ar an tír thionscnaimh (AE- 27 nó tír eachtrach), atá coigeartaithe de réir an tséasúir, seachas de réir an fhéilire (i %)




Nóta: cohórt 20-64 bliana d'aois le haghaidh rátaí fostaíochta agus gníomhaíochta, cohórt 15-74 bliana d'aois le haghaidh rátaí dífhostaíochta.
Foinse: Eurostat, [lfsq_ergacob], [lfsq_urgacob] agus [lfsq_argacob], SFS an Aontais.

## 1.2 Treochtaí sóisialta

**Tháinig méadú ar fhíorioncaim teaghlach san Aontas in 2021 mar gheall ar an téarnamh iar- COVID agus leanúint pháirteach beart beartais chun tionchar na paindéime a mhaolú; tá coinne leis go mbeidh tionchar ag boilsciú méadaithe ar chumhacht ceannaigh ag dul chun cinn.** Théarnaigh fás ar fhíor- ollioncam indiúscartha teaghlaigh (Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh, go ráithiúil, bliain ar bhliain) chuig leibhéil roimh an bpaindéim in 2021 ar an meán (2 % in aghaidh 2.2 % ar an meán in 2018-19) - féach Fíor 1.2.1. Bhí ráta iontach 4.5 % i gceist i R2-2021 agus ráta níos measartha de 1.7 % ann i R3-2021, agus mhoilligh sé tuilleadh go dtí R2-2022. Thiomáin an téarnamh le linn 2021 an fás sin, agus cheadaigh sé freisin deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta éigeandála. Príomhfhórsa taobh thiar de na dearbhuithe ba ea an laghdú tapa a tháinig ar ranníocaíocht le cúitimh fostaithe agus daoine féinfhostaithe i dtéarmaí réadacha, i gcodarsnacht leis an méadú láidir i bhfíor- OTI ó R3-2021 go R1-2022. Toisc thábhachtach taobh thiar den treocht sin is ea an t-ardú tapa i mboilsciú, mar a pléadh i roinn 1.1, a chuir srian dian ar ranníocaíocht chúiteamh fostaithe le fás Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh i R2-2022, d'ainneoin forbairtí fabhracha maidir le pá ainmniúil (féach roinn 2.1.1 i gcomhair tuilleadh sonraí). Dá thoradh sin, chrap fíorioncam teaghlaigh i R2-2022 den chéad uair ó phaindéim COVID-19 gan choinne in R2-2020 agus don dara uair tar éis na géarchéime in 2013. Thar na meánathruithe i bhfíorioncaim, tá difríochtaí ollmhóra thar leibhéil ioncaim, agus tionchar níos airde ná meántionchar na n-athruithe praghais le haghaidh teaghlach ar ioncam íseal agus roinnt teaghlach ar mheánioncam a chaitheann scaireanna níos airde dá

[21] Foinse: Eurostat, Suirbhé ar an bhFórsa Saothair, Modúl 2021 (eastóscadh ad hoc).

gciseáin chaiteachais ar fhuinneamh agus ar bhia (féach freisin Bosca 7 den Cholún i roinn 2.4.1 maidir le tionchar na méaduithe ar phraghsanna agus bochtaineacht fuinnimh).

**Fíor 1.2.1: Bhí tionchar diúltach ag méaduithe praghais le déanaí ar théarnamh fhás fíorioncaim teaghlach comhiomlána a chonacthas tar éis géarchéim COVID- 19**

Fás ar an bhfíor- ollioncam indiúscartha teaghlaigh (GDHI) agus ar na príomhchomhpháirteanna a bhaineann leis agus fás ar fhíor- OTI, (AE- 27, rátaí fáis ráithiúla bliain ar bhliain)




*Nótaí*: Ríomhanna DG EMPL. Rinneadh díbhoilsciú ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh ainmniúil trí úsáid a bhaint as innéacs praghsanna an chaiteachais teaghlaigh ar thomhaltas críochnaitheach. Déantar an fíor- Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh le haghaidh an Aontais a mheas mar mheán ualaithe luachanna na mBallstát le haghaidh na mBallstát sin a bhfuil sonraí ráithiúla bunaithe ar ESA2010 ar fáil acu (95 % d'Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh an Aontais ar an iomlán).
*Foinse*: Eurostat, Cuntais Náisiúnta [nasq_10_nf_tr] agus [namq_10_gdp]. Ní dhéantar coigeartú de réir séasúir ar na sonraí.

**Ar an iomlán, is cosúil go bhfuil neamhionannas ioncaim fanta réasúnta cobhsaí san Aontas Eorpach le linn ghéarchéim COVID- 19.** Ba é 4.97 an cóimheas idir cúigilí ioncaim do na cúigilí uachtair agus íochtair (S80/S20) in 2021, in aghaidh luach 4.89 in 2020 (ag tagairt d'ioncaim 2020 agus 2019, faoi seach). Tá cobhsaíocht leathan an neamhionannais ioncaim sa bhliain inar thosaigh an phaindéim de thoradh tacaíocht phoiblí fhairsing a chuir Ballstáit i bhfeidhm, le tacaíocht an Aontais freisin, agus feidhmiú cobhsaitheoirí uathoibríocha láidre trí na córais chánach agus sochair, tar éis tionchair a mhaolú, go háirithe le haghaidh grúpaí leochaileacha. Léirítear i meastacháin shealadacha Eurostat maidir le cóimheas idir cúigilí ioncaim meánach an Aontais i dtaca le bliain ioncaim 2021 cobhsaíocht, rud a léiríonn tionchar an téarnaimh agus leanúnachas páirteach na n-idirghabhálacha beartais chun tionchair shocheacnamaíocha dhiúltacha na géarchéime a mhaolú[22]. I bhfianaise forbairtí níos déanaí, lena n-áirítear an ghéarchéim fuinnimh agus brúnna boilscitheacha lena mbaineann, beidh forbairtí faireacháin ar neamhionannais ag dul chun cinn níos tábhachtaí. Tá an measúnú ar thionchar dáileacháin na mbeart beartais ríthábhachtach chun a áirithiú go gcuidíonn na bearta a glacadh le neamhionannais ioncaim a laghdú agus bochtaineacht a chomhrac[23].

**D'fhan sciar na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta cobhsaí ar an iomlán d'ainneoin ghéarchéim COVID- 19.** In 2021, bhí ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) ag 21.7 % san Aontas, mar an gcéanna den chuid is mó leis

[22] Féach Meastacháin shealadacha don bhliain ioncaim 2021, arna n-eisiúint i mí Lúnasa 2022, ó shuíomh gréasáin Eurostat's.

[23] Chuige sin, d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileach bheartais na mBallstát (COM(2022)494 final).

an mbliain roimhe (21.6 %)[24]. Tagann an chobhsaíocht sin ó mheath foriomlán sa líon daoine i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta san AE- 27 le deacáid anuas, agus léiríonn sé tionchar maolaithe na bhfreagraí beartais a glacadh ar fud na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais le linn ghéarchéim COVID- 19 – féach Fíor 1.2.2.

**Fíor 1.2.2: Tá laghdú tagtha ar an líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta le 10 mbliana anuas agus d'fhan siad cobhsaí tar éis phaindéim COVID- 19**
Athrú bliain ar bhliain sa líon daoine i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (AROPE, mílte, AE- 27)




*Nóta*: Tagraíonn na sonraí do AROPE (Sainmhíniú nua) do na blianta 2016-2021, agus do AROPE (Sean- sainmhíniú) do na blianta 2006-2015 (Féach caibidil 1.4 le haghaidh sonraí). Níl sonraí le haghaidh AROPE (Sainmhíniú nua) ar fáil ach ó 2015 i leith amháin. Tógadh an comhiomlán le haghaidh AE- 27 bunaithe ar threochtaí náisiúnta; i gcás ina dtugtar briseadh do Bhallstát nó mura bhfuil sonraí ar fáil meastar gur ionann an rannchuidiú leis an athrú sa líon daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh agus nialas.
*Foinse*: [ilc_peps01n] agus [ilc_peps01], EU- SILC.

**Níor tharla athruithe suntasacha in 2021 ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i gceachtar de thrí chomhpháirt tháscaire AROPE.** In 2021, bhí an ráta riosca na bochtaineachta (AROP, ag tagairt d'ioncaim 2020) cobhsaí san Aontas ag 16.8 % (16.7 % in 2020, ag tagairt do bhliain ioncaim 2019). De réir meastacháin shealadacha, meastar ráta AROP a bheith cobhsaí arís ar leibhéal an Aontais freisin i mbliain ioncaim 2021. Tháinig laghdú beag ar an ráta géardhíothachta ábhartha agus sóisialta in 2021, ó 6.8 % go 6.3 %, ag leanúint lena threocht anuas ó na blianta roimhe sin. Maidir leis an sciar daoine a chónaíonn i dteaghlaigh gar- dhífhostaithe, a bhí ag laghdú ó 2015, tháinig méadú beag ar an sciar sin, faoi 0.6 pc, chuig 8.9 % in 2021 (ag tagairt don chás sa bhliain féilire roimhe sin). Tá an chobhsaíocht leathan sna figiúirí de bharr tionchar maolaithe na scéimeanna oibre gearr- ama agus bearta eile um choimeád poist ag gníomhú in aghaidh tionchair na ndianghlasálacha ba ghá. Trí thionchar ardaitheach na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta sa chéad bhliain den phaindéim feictear arís tionchair dhearfacha na freagartha beartais cinntithigh le COVID- 19 ar leibhéal an Bhallstáit agus an Aontais. In 2021 (ag tagairt d'ioncaim 2020), laghdaigh aistrithe sóisialta bochtaineacht níos mó ná aon trian (36.3 %) ar an meán san Aontas. D'fhan tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta cobhsaí ar an iomlán ag timpeall 32 %, le luaineachtaí beaga ó 2015, ach mhéadaigh sé chuig leibhéil nach bhfacthas cheana in 2021 (faoi 3.3 pc, i.e. faoi 10 %).

[24] Féach roinn 1.4 maidir le plé ar chomhpháirteanna AROPE.

**Bhí bochtaineacht fuinnimh ag laghdú go dtí an chéad leath de 2021, ach tá coinne leis go n-ardóidh sé ag dul chun cinn, faoi éifeacht na géarchéime fuinnimh leanúnaí.** Sular thosaigh méadú substaintiúil ag teacht ar phraghsanna fuinnimh in 2022 de bharr cogadh ionsaithe na Rúise in aghaidh na hÚcráine, bhí bochtaineacht fuinnimh (arna tomhas de ghnáth ar leibhéal an Aontais tríd an sciar daoine nach bhfuil in ann teach a choimeád te go leordhóthanach) ag meath ar an iomlán ar leibhéal an Aontais, síos chuig 6.9 % in 2021 ó 9.6 % in 2015[25]. Ach, le linn na tréimhse sin, d'fhan an sciar i bhfad níos airde don daonra i mbaol bochtaineachta, suas le níos mó ná dhá uair chomh hard in 2021, ag 16.4 %. Leis an méadú le déanaí ar phraghsanna fuinnimh, cuirtear dúshlán roimh an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas agus tá baol ann go méadófaí bochtaineacht fuinnimh thar an dáileadh ioncaim – féach Bosca 7 den Cholún i roinn 2.4.1. Chuir an Coimisiún chun cinn roinnt tionscnamh a thacóidh le Ballstáit chun bochtaineacht fuinnimh agus tionchar na bpraghsanna fuinnimh atá ag ardú a laghdú, go háirithe le haghaidh teaghlach ar ioncam íseal. I nDeireadh Fómhair 2021, ghlac an Coimisiún cheana le Teachtaireacht maidir le *Tackling rising energy prices* [Ag dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde], lenar cuireadh bosca uirlisí i láthair chun dul i ngleic le tionchar na méaduithe ar phraghsanna agus chun athléimneacht a neartú in aghaidh suaite, agus ina dhiaidh sin i Meán Fómhair 2022 Moladh le haghaidh rialachán ón gComhairle le dul i ngleic le méaduithe ar phraghsanna agus an brú a mhaolú ar theaghlaigh ar fud an Aontais[26].

**Dúshlán i mórán Ballstát den Aontas go fóill is ea bochtaineacht lucht oibre.** Tháinig méadú beag ar an sciar daoine fostaithe in aois oibre i mbaol bochtaineachta san Aontas ó 2010 go 2019 (faoi 0.5 pc), ach d'fhan sé cobhsaí idir 2020 agus 2021 (ag tagairt d'ioncaim 2020), ag laghdú faoi 0.1 pc chuig 8.9 %. Tá imshrianadh bochtaineacht lucht oibre sa chéad bhliain den phaindéim mar thoradh freisin ar idirghabháil beartais tapa arna cur i bhfeidhm ag Ballstáit agus arna thacú ga Aontas. De réir mar a céimníodh amach den chuid is mó bearta beartais maolaithe, is gá faireachán a dlúth dhéanamh ar bhochtaineacht lucht oibre, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha, freisin i bhfianaise an tionchar diúltach a bhí ag boilsciú ar fhíorphá le déanaí.

**Bhí sciar na leanaí a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta fós cuibheasach cobhsaí le linn ghéarchéim COVID- 19.** B'ionann ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta (AROPE) do leanaí in 2021 agus 24.4 %, 0.4 pc ní b'airde ná mar a bhí an ráta sin in 2020, agus tá sé fós i bhfad níos ísle ná mar a bhí in 2015 (27.4 %). D'fhan an líon leanaí a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil bochtaineacht airgeadaíochta (ráta AROP do leanaí) cobhsaí den chuid is mó in 2021 (ag tagairt do bhliain ioncaim 2020) ag 19.5 % (méadú an- bheag ó 19.2 % sa bhliain roimhe sin), cé go raibh an táscaire ar an sciar leanaí a chónaigh i dteaghlaigh gar- dhífhostaithe le haghaidh 2021 (ag tagairt don chás sa bhliain féilire roimhe sin) ag 8.3 %, suas ó 7.6 % in 2020 (ag tagairt do bhliain ioncaim 2019). Tá géardhíothacht ábhartha agus shóisialta leanaí ar ais chuig leibhéil roimh an bpaindéim ag 7.5 % in 2021, síos ó 8.3 % in 2020.

**Tá riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta i measc daoine scothaosta (65+) ag méadú ó 2015 i leith.** Bhí an ráta AROPE le haghaidh daoine in aois 65 bliain nó os a chionn in 2021 níos airde ná in 2015 (19.6 % vs 18 %). Thiomáin ardú seasta i mbochtaineacht

[25] Níl aon táscaire oifigiúil amháin maidir le bochtaineacht fuinnimh don Aontas go fóill. Tá an éagumas fanacht te go leordhóthanach ar cheann de na táscairí a úsáidtear, gné de dhíothacht ábhartha, a chuireann le táscairí AROPE, trí chomhpháirt Díothacht Ábhartha agus Shóisialta.

[26] Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le 'Dul i ngleic le praghsanna fuinnimh atá ag dul in airde: a toolbox for action and support' [bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta agus tacaíochta], (COM/2021/660 final) agus Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE maidir le hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh.

airgeadaíochta (AROP) an méadú sin, atá níos airde anois i measc daoine scothaosta ná mar atá i measc an daonra in aois oibre (18-64) (21.6 %), den chuid is mó mar thoradh ar ioncaim in aois oibre ag ardú. Tá laghdú fós ag teacht ar dhíth ábhartha i measc daoine scothaosta, ag seasamh ag 5.3 % in 2021 (síos ó 7.4 % in 2015) in aghaidh 6.3 % don daonra in aois oibre.

**Is mó seans go mbeidh roinnt grúpaí daonra i mbochtaineacht nó in eisiamh sóisialta ná an daonra foriomlán.** D'ainneoin laghdú foriomlán ar fud na mBallstát in 2021, tá ráta riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta fós níos airde do dhaoine faoi mhíchumas agus dóibh sin a mbaineann cúlra imirceach leo ná don daonra iomlán agus do dhaoine dúchasacha, faoi seach. Níor tháinig mórán athraithe ar bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta i measc na Romach le linn na paindéime ach tá sé fós i bhfad níos airde ná don chuid eile den daonra, le bearnaí níos mó fós ann do leanaí.

## 1.3 Príomhspriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta faoi 2030

**I bPlean Gníomhaíochta an Cholúin, chuir an Coimisiún chun tosaigh príomhspriocanna an Aontais do 2030 maidir le fostaíocht, scileanna, agus laghdú na bochtaineachta, spriocanna ar chuir ceannairí an Aontais fáilte rompu i bPorto agus ag cruinniú mhí an Mheithimh 2021 den Chomhairle Eorpach, agus tugadh cuireadh do na Ballstáit a spriocanna náisiúnta féin a shainmhíniú mar rannchuidiú leis an gcomhiarracht.**[27] I nGealltanas Sóisialta Porto an 7 Bealtaine 2021[28] iarradh freisin ar na Ballstáit spriocanna náisiúnta uaillmhianacha a leagan síos, a bhí, agus aird chuí á tabhairt ar an seasamh tosaigh atá ag gach tír, ina rannchuidiú leordhóthanach chun na spriocanna Eorpacha a bhaint amach. I nDearbhú Porto an 8 Bealtaine 2021, leag ceannairí an Aontais béim ar a thábhachtaí atá sé súil ghéar a choimeád ar an dul chun cinn a dhéantar i dtreo chur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i dtreo phríomhspriocanna an Aontais do 2030, lena n-áirítear ar an leibhéal is airde. D'fháiltigh na Cinn Stáit nó Rialtais roimh phríomhspriocanna an Aontais sa Chomhairle Eorpach an 24-25 Meitheamh 2021, i gcomhréir le Dearbhú Porto[29].

**Idir Meán Fómhair 2021 agus Meitheamh 2022, arna iarraidh sin ag an gCoimisiún, tháinig Ballstáit chun cinn lena spriocanna náisiúnta.** Bhí siad sin faoi réir dianchomhairliúcháin, i bhformhór cásanna le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara difriúla, lena n-áirítear parlaimintí náisiúnta, comhpháirtithe sóisialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha, údaráis áitiúla agus comhaltaí den phobal acadúil. Pléadh spriocanna náisiúnta i gcruinnithe déthaobhacha le seirbhísí an Choimisiúin agus reáchtáladh pléití iltaobhacha sa Choiste Fostaíochta (EMCO) agus sa Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC). Cuireadh an próiseas um leagan spriocanna náisiúnta i gcrích in EPSCO mhí an Mheithimh 2022, áit ar pléadh na spriocanna náisiúnta a chuir gach Ballstát chun cinn (féach Tábla 1.3.1). Leag formhór Ballstát (21) spriocanna comhlántacha ar fhearann amháin ar a laghad. I bhformhór na gcásanna, d'áirigh na Ballstáit (19) sprioc chomhlántach chun an líon leanaí i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta a laghdú, agus i roinnt mhaith cásanna chuir siad

[27] Féach: An Coimisiún Eorpach, *Plean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021. Is iad príomhspriocanna an Aontais faoi 2030: ar a laghad 78 % den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe; ar a laghad 60 % de na daoine fásta uile ag glacadh páirte san fhoghlaim gach bliain; ar a laghad 15 mhilliún níos lú duine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta.

[28] Arna shíniú ag uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin Eorpaigh, ag Príomh- Aire Costa (Uachtaránacht na Portaingéile ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh), agus ag ceannairí Chomhpháirtithe Sóisialta agus Ardán Sóisialta an Aontais, atá ar fáil ar líne.

[29] Féach ar líne Dearbhú Porto agus conclúidí na Comhairle 24-25 Meitheamh 2021.

spriocanna comhlántacha chun cinn chun an bhearna fostaíochta idir na hinscní a laghdú, ag méadú an sciar den daonra a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu, agus an sciar de dhaoine óga nach bhfuil fostaithe ná san oideachas ná faoi oiliúint (NEET) a laghdú.

**Tábla 1.3.1: Príomhspriocanna an Aontais agus spriocanna náisiúnta faoi 2030 de réir Ballstáit**

| | **Fostaíocht (%)** | **Foghlaim aosach (%)** | **Laghdú na bochtaineachta (AROPE, míle)** |
|---|---|---|---|
| **Príomhsprioc an Aontais** | **78.0** | **60.0** | **-15.000** |
| **Gach BS le chéile** | **78.5** | **57.6** | **-15 600*** |
| **BE** | 80.0 | 60.9 | -279 |
| **BG** | 79.0 | 35.4 | -787 |
| **CZ** | 82.2 | 45.0 | -120 |
| **DK** | 80.0 | 60.0 | -30(1) |
| **DE** | 83.0 | 65.0 | -1 200(2) |
| **EE** | 81.3 | 52.3 | -39 |
| **IE** | 78.2 | 64.2 | -90 |
| **EL** | 71.1 | 40.0 | -860 |
| **ES** | 76.0 | 60.0 | -2.815 |
| **FR** | 78.0 | 65.0 | -1.100 |
| **HR** | 75.0 | 55.0 | -298 |
| **IT** | 73.0 | 60.0 | 3.200 |
| **CY** | 80.0 | 61.0 | -10 |
| **LV** | 80.0 | 60.0 | -95 |
| **LT** | 80.7 | 53.7 | -223 |
| **LU** | 77.6 | 62.5 | -4 |
| **HU** | 85.0 | 60.0 | -292 |
| **MT** | 84.6 | 57.6 | (3) |
| **NL** | 82.5 | 62.0 | -163 |
| **AT** | 79.9 | 62.0 | -204 |
| **PL** | 78.3 | 51.7 | -1.500 |
| **PT** | 80.0 | 60.0 | -765 |
| **RO** | 74.7 | 17.4 | -2.532 |
| **SI** | 79.5 | 60.0 | -9 |
| **SK** | 76.5 | 50.0 | -70 |
| **FI** | 80.0 | 60.0 | -100 |
| **SE** | 82.0 | 60.0 | -15 |

*Nóta*:(*) Tá comhiomlán na sprice laghdaithe bochtaineachta le haghaidh na mBallstát uile cothrom le 15.6 milliún ar a laghad seachas na Ballstáit nach gcuireann a spriocanna in iúl i dtéarmaí leibhéil AROPE. (1) Cuireann an Danmhairg a sprioc chun bochtaineacht náisiúnta a laghdú in iúl mar laghdú sa líon daoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine oibre fhíoríseal (VLWI) faoi 30 000. (2) Cuireann an Ghearmáin a sprioc chun bochtaineacht náisiúnta a laghdú in iúl mar laghdú sa líon daoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine oibre fhíoríseal (VLWI) faoi 1.2 milliún. (3) Cuireann Málta a sprioc náisiúnta chun bochtaineacht a laghdú in iúl mar laghdú sa ráta AROPE faoi 3.1 pointe céatadáin.

**Is príomhthosaíocht le haghaidh 2030 é ardleibhéal fostaíochta chun a áirithiú gur féidir le gach duine ról foriomlán a ghlacadh sa gheilleagar agus sa tsochaí.** De réir mar a théarnaigh an margadh saothair tar éis ghéarchéim COVID- 19, tháinig méadú ar ráta fostaíochta meánach an Aontais chuig 73.1 % in 2021, atá 4.9 pc faoi phríomhsprioc an Aontais do 2030 de 78 %, ach ag druidim níos gaire dó – féach Fíor 1.3.1. Leag Ballstáit amach spriocanna ráta fostaíochta náisiúnta uaillmhianacha le haghaidh 2030, cothrom le leibhéal ard foriomlán 78.5 %. Leag roinnt mhaith díobh amach a sprioc náisiúnta os cionn príomhsprioc an Aontais 78 %. Bhí sé de nós ag Ballstáit a thosaigh ó rátaí níos ísle spriocanna níos uaillmhianaí a leagan amach, a thacaíonn le cóineasú aníos san Aontas. Faoi 2021, bhog an ráta fostaíochta níos gaire dá spriocanna náisiúnta ina bhformhór – féach Fíor 1.3.2.

**Fíor 1.3.1: Tháinig méadú ar ráta fostaíochta an Aontais tar éis ghéarchéim COVID- 19**

Ráta fostaíochta san AE- 27 agus príomhsprioc an Aontais do 2030 (daoine 20-64 bliana d'aois, %)




*Foinse*: Eurostat [lfsi_emp_a], SFS an Aontais.

**Fíor 1.3.2: Tá spriocanna náisiúnta uaillmhianacha leagtha amach ag Ballstáit don fhostaíocht agus thaifead beagnach gach ceann díobh fás fostaíochta in 2021**

Ráta fostaíochta (2020 agus 2021, daoine 20-64 bliana d'aois, %) agus spriocanna náisiúnta lena mbaineann 2030 do Bhallstáit




*Foinse*: Eurostat [lfsi_emp_a] agus tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030.

**Léirítear i bpríomhsprioc an Aontais do 2030 uaillmhianach maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim an gá le cumas oibrithe féideartha rannchuidiú le fás eacnamaíoch a chothú.** Is gá infhostaitheacht agus an acmhainneacht le hoiriúnú ó rannchuidiú den sórt sin, chomh maith le haistrithe a dhéanamh, freisin i bhfianaise na gclaochluichte glasa agus digiteacha, ach freisin an cumas chun nuáil a dhéanamh agus táirgiúlacht a mhéadú. Príomhchumasóir dóibh uile is ea scileanna leordhóthanacha a fhorbairt. Leagtar amach an phríomhsprioc lena mbaineann i dtéarmaí an táscaire ‘rannpháirtíocht daoine fásta san oideachas le 12 mhí anuas’, a bheidh ar fáil ó 2023 ar aghaidh i ngach dara bliain[30]. Bhí na luachanna táscaire ar threocht aníos ó 2007 go dtí an pointe sonraí is déanaí a bhí ar fáil do 2016 – féach Fíor 1.3.3. Beidh gá an ráta feabhsúcháin sin a chothabháil chun an sprioc a bhaint amach faoi 2030 ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Leagann Ballstáit amach a spriocanna náisiúnta maidir le scileanna síos ar leibhéil uaillmhéine éagsúla, i gcomhréir leis an ngá rannchuidiú le príomhspriocanna an Aontais, arb é gealltanas comhiomlán de 57.6 % é sin agus iad á n-áireamh le chéile (a thiteann beagán gearr ar 60 % de phríomhsprioc an Aontais) – féach Fíor 1.3.4.

**Fíor 1.3.3: Tá rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim ar threocht aníos is gá a chothú chun príomhsprioc an Aontais do 2030 a shroicheadh**

Ráta rannpháirtíochta daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas san AE- 27 agus príomhsprioc an Aontais do 2030 (daoine atá 20-64 bliana d’aois, %)




*Foinse*: Eastócadh speisialta Eurostat de ráta rannpháirtíochta Daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost (GOJT) ón Suirbhé um Oideachas Aosach, atá ar fáil ar líne.

30 Bailíodh na luachanna táscaire reatha do 2007, 2011 agus 2016 tríd an Suirbhé ar an Oideachas Aosach (AES). Ó 2022 ar aghaidh, beidh sonraí ar fáil trí Shuirbhé ar an bhFórsa Saothair an Aontais, freisin, a sholáthraíonn ardleibhéal comhsheasmhachta le táscairí an mhargaidh saothair agus sonraí ag minicíocht níos airde. Tá an choincheap a úsáidtear sa bhailiú sonraí seo ar cheann atá eisiata treoraithe ar an oiliúint phoist, i gcomhréir le táscaire SFS an Aontais maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le linn na 4 seachtaine seo caite. Is é an feabhsúchán suntasach i ndáil leis an táscaire seo an tagairt do bhliain iomlán, a thugann léiriú níos dílse ar iarrachtaí foghlama daoine fásta.

**Fíor 1.3.4: Tá gá le hiarrachtaí substaintiúla ar leibhéal na mBallstát chun spriocanna scileanna náisiúnta a shroicheadh agus le rannchuidiú le huaillmhian leibhéal an Aontais**

Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas (2011 agus 2016, daoine 20-64 bliain d'aois, %) agus spriocanna náisiúnta 2030 do Bhallstáit




*Foinse*: Eastócadh speisialta Eurostat de rannpháirtíocht Daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas gan oiliúint threoraithe ar an bpost (GOJT) ón Suirbhé um Oideachas Aosach, atá ar fáil ar líne agus sa tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030.

**Tá sé fíor- riachtanach laghdú uaillmhianach ar an mbochtaineacht agus ar an eisiamh sóisialta a bhaint amach chun fás ionchuimsitheach agus cóineasú sóisialta agus eacnamaíoch in airde a áirithiú san Aontas.** Baineann príomhsprioc an Aontais lena mbaineann le laghdú 15 mhilliún ar a laghad a chur ar an líon daoine i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (AROPE) faoi 2030. Tá an treocht roimh an bpaindéim i gcomhréir leis an laghdú is gá chun bogadh níos gaire don sprioc seo – féach Fíor 1.3.5. In 2020 agus 2021, tháinig méadú ar an líon daoine AROPE, ach d'fhéadfadh sé seo a bheith de thoradh déantán staitistiúil[31]. Tá a spriocanna náisiúnta féin leagtha amach ar leibhéil uaillmhianacha, a bhfuil de thoradh leo laghdú 15.6 milliún in AROPE faoi 2030 san Aontas (os cionn príomhsprioc an Aontais de 15 mhilliún), mura gcomhairtear ach na Ballstáit sin a d'úsáid táscaire AROPE chun a spriocanna náisiúnta a leagan amach – féach Fíor 1.3.6. Ag comhaireamh freisin an Danmhairg, an Ghearmáin agus Málta[32] a d'úsáid táscairí difriúla chun spriocanna a leagan amach, bheadh an uaillmhian comhiomlán intuigthe do laghdú na bochtaineachta.

[31] Baineann cuid den difríocht i leibhéil go mór leis an athrú i modhanna bailithe sonraí sa Ghearmáin idir 2019 agus 2020, a raibh tionchar acu freisin ar mheán an Aontais, nach ní ar threo an athraithe ó 2020 go 2021.

[32] Nasctha le meastacháin ar éabhlóidí déimeagrafacha sa Bhallstát sin.

**Fíor 1.3.5: Chonacthas treocht anuas in AROPE roimh an bpaindéim, ach is gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun príomhsprioc an Aontais do 2030 a shroicheadh**
Athrú i leibhéal AROPE AE- 27 agus príomhsprioc an Aontais do 2030 (daonra foriomlán, míle duine)




*Nóta*: Briseadh sa tsraith in 2020 (Féach fonóta 21).
*Foinse*: Eurostat [ilc_peps01n], EU- SILC.

**Fíor 1.3.6: Shocraigh roinnt Ballstát spriocanna náisiúnta uaillmhianacha**
Athruithe i leibhéil AROPE ó 2019 go 2021 agus spriocanna náisiúnta 2030 (daonra iomlán, míle duine)




*Nóta*: Briseadh sa tsraith in 2020 le haghaidh DE, FR, IE, DK, LU. Briseadh sa tsraith in 2021 le haghaidh LU. Cuireann DK agus DE a sprioc náisiúnta in iúl mar laghdú sa líon daoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine oibre fhíoríseal (VLWI) faoi 30 000 agus 1.2 milliún, faoi seach. Cuireann MT a sprioc náisiúnta in iúl mar laghdú sa ráta AROPE faoi 3.1 pointe céatadáin.
*Foinse*: Eurostat [ilc_peps01n], agus tábla maidir le spriocanna náisiúnta 2030.

## 1.4 Forbhreathnú ar dhúshláin bunaithe ar an Scórchlár Sóisialta

**Tacaítear sa Scórchlár Sóisialta le faireachán a dhéanamh ar Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, rud a chuireann le measúnú a dhéanamh ar na príomhdhúshláin fostaíochta agus shóisialta sna Ballstáit.** Maidir leis an Scórchlár Sóisialta, a mhol an Coimisiún ina fhoirm reatha i bPlean Gníomhaíochta an Cholúin i Márta 2021 agus a pléadh ina dhiaidh sin leis an gCoiste Fostaíochta (EMCO) agus an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC)[33], cumhdaítear ann go cuimsitheach prionsabail an Cholúin, mar phríomh- uirlis

[33] Cumhdaítear sa Scórchlár Sóisialta reatha 18 gcinn de 20 prionsabal an Cholúin, ceithre phrionsabal níos mó ná faoin leagan roimhe seo. Is iad prionsabail 7 agus 8, 'Faisnéis faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostaithe' agus 'Idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe' faoi seach an dá phrionsabal nach gcumhdaítear go fóill. Baineann ceanglais cháilíochta dhochta le príomhtháscairí, ar gá brí shoiléir, normatach

chainníochtúil chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo chur chun feidhme an Cholúin i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. D'fhormhuinigh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta an 14 Meitheamh 2021. Comhlánaíonn an Scórchlár na huirlisí faireacháin atá ann cheana, go háirithe an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta[34].

**Bíonn an anailís sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2023 ag brath ar phríomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta arna bhformhuiniú ag an gComhairle[35].** Freagraíonn príomhtháscairí le prionsabail na barainne, na hinfhaighteachta, na hinchomparáideachta, agus na stóinseachta staidrimh. Is mar a leanas atá na táscairí, agus iad nasctha le gach ceann de thrí chaibidil an Cholúin:

- *Comhdheiseanna*
    - Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas (25-64 bliana d'aois)
    - Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra idir 18 agus 24 bliana d'aois)
    - Sciar na ndaoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach (% den daonra atá 16-74 bliana d'aois)
    - Ráta na hóige nach bhfuil fostaithe ná san oideachas ná faoi oiliúint (NEET), (% den daonra iomlán atá 15-29 bliana d'aois)
    - An bhearna fostaíochta idir na hinscní (pointí céatadáin)
    - Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20)
- *Dálaí córa oibre*
    - Ráta fostaíochta (% den daonra atá 20-64 bliana d'aois)[36]
    - Ráta dífhostaíochta (% den daonra gníomhach 15-74 bliana d'aois)
    - Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois)
    - Fás ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh (GDHI) per capita (2008=100)[37]

---

a bheith leo freisin. Go dtí seo, níorbh fhéidir táscaire den sórt sin a aimsiú le haghaidh na bprionsabal sin, ach déanfaidh an Coimisiún tuilleadh oibre air sin.

[34] Ullmhaítear an Monatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta (EPM) agus an Monatóir ar Fheidhmíocht na Cosanta Sóisialta (SPPM) go bliantúil faoi seach ag an gCoiste Fostaíochta agus ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta agus comhtháthaítear iad ina dtuarascálacha bliantúla. Sainaithnítear leo treochtaí ar cheart breathnú orthu, príomhdhúshláin fostaíochta agus shóisialta sna Ballstáit, agus rannchuidítear leo le faireachán ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna fostaíochta agus sóisialta ábhartha ar fud an Aontais a bhaint amach.

[35] D'fhormhuinigh an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí tuairim an Choiste Fostaíochta agus an Choiste um Chosaint Shóisialta agus iad ag tuairisciú ar chomhaontú ar ar thángthas maidir le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta an 14 Meitheamh 2021.

[36] Ó 2021 i leith, i gcomhréir le teacht i bhfeidhm rialacháin IESS, bailíonn Eurostat, trí Institiúidí Staidrimh Náisiúnta na mBallstát, sonraí le haghaidh Shuirbhé an Aontais Eorpaigh ar an bhFórsa Saothair de réir modheolaíocht athbhreithnithe. Is é is aidhm don athrú seo feabhas a chur ar shonraí an mhargaidh saothair, ach ní mór cloí leis agus brí a bhaint as na hathruithe sna táscairí gar do thráth an athraithe, an 1 Eanáir 2021. Ina theannta sin, bíonn tionchar aige seo ar Ráta NEET na n-óg, ar an Ráta dífhostaíochta, ar an Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí, ar an mbearna fostaíochta idir na hinscní, ar na príomhtháscairí AROPE le haghaidh leanaí.

[37] Tomhaistear GDHI i dtéarmaí réadacha. De réir mar a d'éiligh an Coiste um Chosaint Shóisialta é, úsáidtear sa táscaire sin 'ioncam neamhchoigeartaithe' (i.e. gan aistrithe sóisialta comhchineáil a áireamh) agus trí thagairt d'úsáid aonaid caighdeán cumhachta ceannaigh (pc) a fhágáil ar lár, arna úsáid sa bhunleagan den Scórchlár Sóisialta, ar mhaithe le comhsheasmhacht leis na táscairí bunaithe ar EU- SILC.

- *Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta*
    - An ráta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (AROPE) (% den daonra iomlán)[38]
    - An ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (AROPE) (% den daonra atá 0-17 mbliana d'aois)[39]
    - Tionchar aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (% de laghdú AROP)[40]
    - An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (20-64 bliana d'aois)[41]
    - Ró- ualach maidir le costas tithíochta (% den daonra iomlán)[42]

---

[38] In éineacht lena thrí chomhpháirt: i mbaol bochtaineachta, daonra foriomlán (AROP 0+), géardhíth ábhartha agus shóisialta, daonra foriomlán (SMSD 0+) agus sciar na ndaoine a chónaíonn i dteaghlaigh déine an-íseal oibre (teaghlaigh ghar- dhífhostaithe), 0-64 bliana d'aois (VLWI 0-64). In 2021, modhnaíodh an táscaire AROPE i bhfianaise phríomhsprioc nua an Aontais do 2030 maidir leis an líon daoine i mbaol bochtaineachta agus eisiamh sóisialta a laghdú. Sa chomhthéacs sin, rinneadh athbhreithniú ar dhá cheann dá chomhpháirteanna (an díth agus na teaghlaigh ghar- dhífhostaithe). Tagann comhpháirt na géardhíthe ábhartha agus sóisialta in ionad chomhpháirte na Géardhíthe Ábhartha. Athraíodh an aoisghrúpa tagartha do theaghlaigh gar- dhífhostaithe ó 0-59 go 0-64. Le haghaidh na dtáscairí ar fad a bhraitheann ar ioncam in EU- SILC, sainmhínítear an tréimhse tagartha ioncaim mar thréimhse 12 mhí. Dá bhrí sin, tagraíonn athróga ioncaim atá páirteach i ríomh táscairí AROP agus VLWI don bhliain féilire roimh bhliain an tsuirbhé ach amháin d'Éirinn (12 mhí roimh freagairt an tsuirbhé). Níl aon athróg ioncaim ina ríomh ag an táscaire géardhíothachta ábhartha agus shóisialta; dá bhrí sin, tagraíonn na hathróga EU- SILC ar fad a úsáidtear chun é a ríomh do bhliain an tsuirbhé.

[39] In éineacht leis na trí fhotháscaire a bhaineann leis: riosca bochtaineachta, leanaí AROP 0-17), géardhíothacht ábhartha agus shóisialta, leanaí (SMSD 0-17), agus sciar na ndaoine a chónaíonn i dteaghlaigh ina bhfuil déine na hoibre an- íseal (teaghlaigh gar- dhífhostaithe), leanaí (QJ 0-17). Is leagan modhnaithe de SMSD maidir leis an daonra foriomlán é SMSD maidir le leanaí, ina dtugtar meáchan níos ísle do mhíreanna duine fásta, d'fhonn go mbeadh an táscaire leanaí ró- íogair do dhíth daoine fásta. Tá blianta tagartha díreach mar a chéile leo sin a úsáidtear i dtáscairí don daonra iomlán.

[40] Tomhaistear é sin mar an laghdú i gcéatadán, don daonra foriomlán, den ráta i mbaol bochtaineachta (AROP) ina dhiaidh i gcomparáid leis sin roimhe aistrithe sóisialta airgeadaíochta (seachas pinsin). Ní áirítear leis aistrithe comhchineáil a bhaineann le cúram sláinte mar shampla.

[41] Ríomhtar táscaire na bearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas le Staidreamh an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála faoi láthair agus tá sé bunaithe ar an stádas míchumais mar a thugtar leis an Innéacs ar Shrian le Gníomhaíocht Iomlán (GALI). Freagróidh freagróirí an tsuirbhé na ceisteanna a leanas: 1) 'An bhfuil tú teoranta mar gheall ar fhadhb sláinte i ngníomhaíochtaí a dhéanann daoine de ghnáth? An ndéarfá go bhfuil tú ... thar a bheith teoranta; teoranta, ach gan a bheith thar a bheith teoranta; nó gan a bheith teoranta ar chor ar bith?' Más é 'thar a bheith teoranta' nó 'teoranta, ach gan a bheith thar a bheith teoranta' freagra cheist 1), freagróidh freagróirí an tsuirbhé ceist 2) 'An bhfuil tú teoranta le 6 mhí anuas ar a laghad? Tá nó Níl?'. Meastar go bhfuil duine faoi mhíchumas más é 'Tá' freagra na dara ceiste. Mar a ríomhtar le Staidreamh an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála, feictear comhghaol idir leitheadúlacht an mhíchumais bunaithe ar choincheap an Innéacs ar Shrian le Gníomhaíocht Iomlán agus an bhearna fostaíochta le haghaidh daoine faoi mhíchumas atá bunaithe air sa bhliain 2020 ar fud Bhallstáit an Aontais (comhéifeacht comhghaolúcháin Pearson = -0.6).

[42] Leis an táscaire, déantar sciar an daonra a chónaíonn i dteaghlaigh inarb ionann na costais tithíochta fhoriomlána agus níos mó ná 40 % d'ioncam diúscartha (iad araon glan ó lamháltais tithíochta). De réir na tuairisce a thugtar in Methodological Guidelines and Description of EU-SILC variables [Treoirlínte agus Tuairisc Mhodheolaíoch ar mhalartáin Staidreamh an Aontais Eorpaigh maidir le hIoncam agus Dálaí Maireachtála] (leagan mhí Aibreáin 2020) áirítear sochair cíosa agus sochair a fhaigheann úinéirí lonnaitheacha, ach seachas sochair cánach agus aistrithe caipitil, le lamháltais (ní áirítear ach lamháltais a mbaineann tástáil acmhainne leo). Leis an doiciméad, sainmhínítear costais tithíochta mar chostais mhíosúla agus costais arna n-íoc iarbhír, a bhaineann le ceart an teaghlaigh a bheith ina chónaí sa chóiríocht. Tá árachas struchtúrach (le haghaidh tionóntaí: má íoctar é), seirbhísí agus muirir (baint camrais, baint bruscair, etc. san áireamh iontu; sainordaitheach le haghaidh úinéirí, le haghaidh tionóntaí: má íoctar iad), cothabháil agus deisiúcháin thráthrialta, cánacha (le haghaidh an tionónta: ar an teaghais, más infheidhme) agus costas na

- Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil (% den daonra atá faoi bhun 3 bliana d'aois)
- Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (% den daonra os cionn 16 bliana d'aois)[43]

Leis an príomhtháscaire 'An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas', baintear úsáid as Staidreamh an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála mar an bhfoinse staidrimh ar bhonn sealadach, ach athróidh sé go Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar an bhFórsa Saothair chun cruinneas feabhsaithe a bhaint amach amhail ó 2022, agus chun sonraí a sholáthar in 2023. Leanfaidh seirbhísí an Choimisiúin, lena n-áirítear Eurostat, d'fhaireachán a dhéanamh ar a cháilíocht agus déanfaidh sé athbhreithniú ar an táscaire sa mheántéarma, tráth a bheidh sonraí atá bunaithe ar an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair ar fáil, agus tacóidh sé le tuilleadh céimeanna chun feabhas a chur ar an inchomparáideacht trastíre agus chun forbairt táscairí breise sa réimse sin a fhiosrú. Leis an bpríomhtháscaire 'Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 12 mhí anuas', bainfear úsáid as Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar an bhFórsa Saothair ó 2022 i leith freisin, nár bailíodh ach tríd an Suirbhé Oideachas Aosach roimhe sin (leis an eagrán deiridh in 2016). Déanfar anailís chuimsitheach ar na sonraí ón dá fhoinse suirbhé nuair a bheidh siad ar fáil chun cáilíocht agus inchomparáideacht na sonraí a áirithiú. Chun faireachán ar Threoirlínte Fostaíochta 6 agus 7 a áirithiú, lena n-áirítear maidir le beartais ghníomhacha an mhargaidh saothair, bainfear úsáid eisceachtúil as an táscaire maidir le rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim le 4 seachtaine anuas (25-64 bliana d'aois) sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht.

**Déantar faireachán ar phríomhtháscairí trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht choiteann arna comhaontú ag an gCoiste Fostaíochta agus ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta** (féach Iarscríbhinn 4 chun tuilleadh mionsonraí a fháil). Leis an modheolaíocht sin, déantar meastóireacht ar an staid agus ar na forbairtí sna Ballstáit trí dhíriú ar leibhéil agus ar athruithe i ndáil leis an mbliain a tháinig roimh[44] gach ceann de na príomhtháscairí a áirítear sa Scórchlár Sóisialta. Aicmítear leibhéil agus athruithe de réir a bhfaid ó mheánrátaí neamhualaithe an Aontais faoi seach. Cuirtear feidhmíocht na mBallstát ar leibhéil agus ar athruithe le chéile ansin trí úsáid a bhaint as riail chomhaontaithe ionas go sanntar gach Ballstát do chatagóir amháin as seacht gcatagóir ('na gníomhaithe is fearr', 'níos fearr ná an meán', 'ar an meán/neodrach', 'go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu', 'lag ach ag feabhsú', 'le breathnú orthu' agus 'cásanna criticiúla'). Ar an mbonn sin, soláthraítear i dTábla 1.4.1 achoimre ar léamha an scórchláir de réir na bhfigiúirí is déanaí atá ar fáil le haghaidh gach táscaire.

---

bhfóntas (uisce, leictreachas, gás agus téamh). Le haghaidh úinéirí a bhfuil morgáiste á íoc acu, tá íocaíochtaí úis gaolmhara (aon fhaoiseamh cánach a asbhaintear, seachas sochair tithíochta nach n-asbhaintear) san áireamh. Le haghaidh tionóntaí ar phraghas an mhargaidh nó ar phraghas laghdaithe, tá íocaíocht cíosa san áireamh. Le haghaidh tionóntaí atá saor ó chíos, níor cheart sochair tithíochta a asbhaint ón gcostas tithíochta foriomlán.

[43] Baineann an gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú leis an measúnú suibiachtúil a dhéanann duine ar an gceist an raibh scrúdú nó cóireáil de dhíth air i leith cineál sonrach cúraim sláinte ach nach ndearnadh sin nó nár lorg sé sin ar cheann de na trí chúis a leanas: "cúiseanna airgeadais", "liosta feithimh" agus "achar rófhada le taisteal". Is éard is cúram leighis ann na seirbhísí sláinte aonair (scrúdú nó cóireáil leighis seachas cúram fiacla) a sholáthraíonn dochtúirí leighis nó gairmithe atá coibhéiseach leo de réir na gcóras sláinte náisiúnta nó a dhéantar faoi mhaoirseacht na ndaoine sin (sainmhíniú Eurostat). Maidir leis na fadhbanna a thuairiscíonn daoine maidir cúram a fháil nuair atá siad tinn, is féidir bacainní ar chúram a léiriú leo sin.

[44] Cé is moite d'Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh, a dhéantar a thomhas mar innéacsuimhir (2008=100, rud a léiríonn athrú i gcomparáid le ráta na bliana roimhe ghéarchéim airgeadais 2009), i gcomhréir leis an gCoiste Fostaíochta agus leis an gCoiste um Chosaint Shóisialta.

**Léirítear le príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta príomhdhúshláin i mBallstáit an Aontais sna trí réimse, is iad sin comhionannas deiseanna agus rochtain ar an margadh saothair, dálaí córa oibre agus cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta.** I measc na dtáscairí lena dtugtar le fios an líon is mó Ballstát marcáilte amhail a bheith i 'gcásanna criticiúla' (dearg i bhFíor 1.4.1) tá luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint, fás GDHI per capita, an ráta AROPE do leanaí chomh maith le tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (5 Bhallstát i 'gcásanna criticiúla'). Taifeadtar leis na táscairí sin Ballstát amháin nó níos mó sa chás seo in 2021 i gcomparáid le 2020, cé is moite den tionchar ar aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta amháin, dá bhfuil an comhaireamh i mBallstát amháin níos ísle[45]. Nótáiltear líon mó dúshlán criticiúla (marc dearg le haghaidh 4 Bhallstát) freisin ar an ráta NEET óige, an bhearna fostaíochta idir na hinscní, an cóimheas idir cúigilí, an ráta fostaíochta, an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, chomh maith leis na riachtanais féintuairiscithe ar chúram leighis nár sásaíodh. Tá níos lú Ballstát i gcás 'faire' ná mar a bhí in 2021, an líon is mó á nótáil ar leanaí atá 3 bliana d'aois i gcúram leanaí foirmiúil (6) chomh maith leis an sciar daoine aonair a bhfuil bunscileanna digiteacha ar a laghad acu (6) agus an bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (5). Tugtar anailís níos mionsonraithe i gCaibidil 2, ag brath freisin ar shraith shaibhir táscairí comhthéacsúla.

**Fíor 1.4.1: Fostaíocht, scileanna agus dúshláin shóisialta ar fud Bhallstáit an Aontais de réir an phríomhtháscaire sa Scórchlár Sóisialta**

An sciar de na Ballstáit a bhfuil aicmiú sonrach acu i measc gach ceann a aicmítear (féach an eochair eolais) le haghaidh gach príomhtháscaire agus iad comhiomlánaithe freisin le haghaidh na dtrí chaibidil den Cholún




*Nótaí*: 1) Níl sonraí le haghaidh an táscaire i leith rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim ar fáil fós; 2) Tá sonraí ar iarraidh le haghaidh roinnt tíortha i roinnt táscairí – féach an Nóta a ghabhann le Tábla 1.4.1. Cuirtear na heochracha eolais le haghaidh gach táscaire i láthair sna hIarscríbhinní.
*Foinse*: Ainmniúcháin Scórchlár Sóisialta amhail i dTábla 1.4.1.

[45] Mar gheall nach bhfuil sonraí ar fáil ach le haghaidh líon beag Ballstát le haghaidh 2021 tráth an scoithdháta sonraí, tá measúnuithe fáis Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh per capita bunaithe ar shonraí 2020.

## Tábla 1.4.1: Príomhtháscairí an Scórchláir Shóisialta: forléargas ar na dúshláin ar fud na mBallstát

| | | | Na gníomhaithe is fearr | Níos fearr ná an meán | Go maith ach le faireachán a dhéanamh orthu | Ar an meán | Lag ach ag feabhsú | Le breathnú orthu | Cásanna criticiúla |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Comhdheiseanna | Luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (% den daonra atá 18- 24 bliana d'aois) | 2021 | EL, HR, IE, SI | CZ, LT, NL, PL, PT | | AT, BE, DK, FI, FR, LV, SK | ES, MT | CY, EE, LU, SE | BG, DE, HU, IT, RO |
| | An sciar daoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach (% den daonra atá 16- 74 bliana d'aois) | 2021 | DK, IE, NL, FI | ES, HR, LU, AT, SE | | BE, CZ, EE, EL, FR, LV, MT, PT, SK | | DE, IT, CY, LT, HU, SI | BG, PL, RO |
| | Ráta NEET an aosa óig (% den daonra iomlán idir 15-29 bliana d'aois) | 2021 | NL, SE, SI | AT, DE, DK, FI, HU, IE, MT, PT | LU | BE, CZ, EE, FR, LT, LV, PL | ES | CY, HR, SK | BG, EL, IT, RO |
| | An bhearna fostaíochta idir na hinscní (pointí céatadáin) | 2021 | EE, FI, LT | DK, FR, IE, PT, SE | LV, SI | AT, BE, BG, DE, ES, HR, HU, LU, NL | MT | CY, PL, SK | CZ, EL, IT, RO |
| | Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20) | 2021 | BE, CZ, FI, SI | AT, CY, DK, HU, IE, LU, NL, PL, SE | | DE, EE, FR, HR | BG | EL, IT, MT, PT | ES, LT, LV, RO |
| Dálaí córa oibre | Ráta fostaíochta (% den daonra atá 20-64 bliana d'aois) | 2021 | CZ, NL, SE | DE, DK, EE, HU, IE, LT, MT, PL | | AT, BG, CY, FI, FR, LU, PT, SI, SK | EL | BE, LV | ES, HR, IT, RO |
| | Ráta dífhostaíochta (% den daonra gníomhach 15- 74 bliana d'aois) | 2021 | CZ, DE, MT, PL | DK, HU, LT, LU, NL, SI | | AT, BG, CY, EE, FI, FR, HR, IE, LV, PT, RO, SK | EL | BE, SE | ES, IT |
| | Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí (% den daonra gníomhach idir 15-74 bliana d'aois) | 2021 | | CZ, DE, DK, HU, MT, NL, PL | | AT, BE, BG, CY, EE, FI, FR, IE, LT, LU, LV, PT, RO, SE, SI | EL | HR, SK | ES, IT |
| | Fás per capita ar an Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh (2008=100) | 2020 | HU, LT, PL, RO | EE, IE, MT, SI, SK | | CZ, DE, DK, FI, FR, HR, LU, LV, NL, PT, SE | | BE | AT, CY, EL, ES, IT |
| Cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta | An ráta daoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (% den daonra iomlán) | 2021 | CZ, FI, SI | AT, BE, CY, DK, NL, PL, SE | SK | DE, EE, FR, HR, HU, IE, MT | BG, LT, RO | IT, LU, PT | EL, ES, LV |
| | An ráta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (% den daonra idir 0 agus 17 mbliana d'aois) | 2021 | CZ, DK, FI, NL, SI | BE, EE, HR, LT, PL | | AT, CY, DE, FR, HU, IE, LV, MT, PT, SE, SK | BG | | EL, ES, IT, LU, RO |
| | Tionchar aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta (% de laghdú AROP) | 2021 | BE, DK, FI, IE | AT, CZ, FR, SE, SI | | CY, DE, LT, NL, PL | BG, ES, IT | EE, LU, MT | EL, HR, LV, PT, RO |
| | An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas (pointí céatadáin) | 2021 | DK, ES, IT, LU, LV, PT | BG, EE, SE | | CZ, EL, FI, FR, LT, MT, NL, SI | | AT, CY, DE, HR, HU | BE, IE, PL, RO |
| | Ró- ualach maidir le costas tithíochta (% den daonra iomlán) | 2021 | | CY, EE, FI, HR, HU, IE, LT, LU, MT, SI | | AT, BE, CZ, IT, LV, PL, RO, SE | BG, EL | DE, ES, NL, PT | DK |
| | Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil (% den daonra atá faoi bhun 3 bliana d'aois) | 2021 | DK, ES, FR, LU, NL, SE | CY, EL, HR, SI | BE | AT, EE, FI, LV | | BG, DE, IE, LT, MT, PL | CZ, HU, RO |
| | Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú (% den daonra os cionn 16 bliana d'aois) | 2021 | CY, DE, MT | AT, BG, CZ, ES, HU, LU, NL | | BE, DK, FR, HR, IE, LT, PL, PT, SE | EE, LV | | EL, FI, RO, SI |

Nóta: nuashonrú an 21 Deireadh Fómhair 2022. I ngeall ar athruithe suntasacha ar shainmhíniú Sciar na ndaoine a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach in 2021, níl luach inchomparáide le haghaidh 2019 ar fáil, dá bhrí sin is ar luachanna 2021 amháin a bhraitheann an anailís ar an táscaire sin, rud atá eisceachtúil. An cóimheas idir cúigilí ioncaim, Tionchar na n-aistrithe sóisialta, An bhearna fostaíochta maidir le daoine faoi mhíchumas, An ró- ualach maidir le costas tithíochta, Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois atá i gcúram leanaí foirmiúil agus An gá le cúram leighis nach soláthraítear sa tSlóvaic nár riaradh arna fhéintuairisciú; Níl fáil ar fhás Ollioncam Indiúscartha Teaghlaigh per capita le haghaidh níos mó ná leath de na Ballstáit, anailís bunaithe ar luachanna 2020; Níl an ró- ualach costais tithíochta ar fáil don Fhrainc. Tuairiscítear bristeacha i sraitheanna agus i bhfoláirimh eile in Iarscríbhinní 1 agus 2.

**Creataí tagarmharcála lena dtacaítear le hanailísiú agus ceapadh beartas**

Le Teachtaireacht 2017 maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a leagan amach, beartaíodh an tagarmharcáil mar uirlis chun tacú le hathchóirithe struchtúracha agus chun cóineasú in airde sna réimsí fostaíochta agus sóisialta a chothú. Mar bheart iltaobhach, le creataí tagarmharcála, tugtar táscairí cainníochtúla (maidir le feidhmíocht agus torthaí) agus an anailís cháilíochtúil ar ghnéithe a bhaineann le dearadh beartais agus seifteanna beartais a dhéanann dochar do cháilíocht agus torthaí cheapadh beartas le chéile. Chomh maith le tacú le ceapadh beartas, leis na creataí tagarmharcála, in éineacht le táscairí an Scórchláir Shóisialta, cuidítear le heolas a dhéanamh don anailís sa Seimeastar Eorpach agus sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht.

Ó 2017 i leith, d’fhorbair an Coimisiún creataí tagarmharcála agus rinneadh plé orthu leis na Ballstáit i roinnt réimsí, i gcomhréir le cur chuige comhionann arna chomhaontú ag an gCoiste Fostaíochta (EMCO) agus ag an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC). Leis na creataí a comhaontaíodh go dtí seo, tugadh aghaidh ar na réimsí a leanas: 1) sochair dhífhostaíochta agus beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, 2) scileanna agus foghlaim daoine fásta, 3) íosioncam (féach Bosca 8 den Cholún maidir le Tagarmharcáil Íosioncaim i roinn 2.4.1), 4) cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí agus 5) pinsin.

I measc na gcreataí tagarmharcála arna bhforbairt laistigh de EMCO, tá obair ar siúl chun críoch a chur leis an gcreat maidir le sochair dhífhostaíochta agus na beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair. Cé go bhfuil an chuid den chreat maidir le sochair dhífhostaíochta críochnaithe cheana féin agus lánoibríochtúil, táthar ag leanúint d’obair i gcomhar le EMCO ar fhorbairt táscairí seifteanna beartais chun faireachán a dhéanamh ar cháilíocht na luathseirbhísí tacaíochta arna soláthar ag Seirbhísí Fostaíochta Poiblí do Chuardaitheoirí poist dífhostaithe.

I measc na gcreataí tagarmharcála arna bhforbairt laistigh den Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC), comhaontaíodh an ceann maidir le pinsin i mí Feabhra 2022[46]. Tá sé comhdhéanta de tháscairí na bochtaineacht scothaosta agus cothabháil ioncaim tar éis dul ar scor, chomh maith le táscairí comhthéacs maidir le hionchas saoil agus caiteachas poiblí. Tugtar le fios i seifteanna beartais go bhfuil tionchar á imirt ag príomhghnéithe de scéimeanna pinsin ar leordhóthanacht pinsin.

Tríd an gcomhthuiscint ar na táscairí ábhartha agus ar na seifteanna beartais ábhartha i réimse beartais a neartú, rannchuidítear go láidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta le creataí tagarmharcála. Tuairiscítear gur ábhartha príomhthorthaí na mbeart seo sa Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht.

[46] Féach achoimre agus sonraí maidir le creataí arna bhforbairt laistigh den Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC) ar líne.

# CAIBIDIL 2. FOSTAÍOCHT AGUS LEASUITHE SÓISIALTA – FEIDHMÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NA MBALLSTÁT

## 2.1 Treoirlíne 5: Borradh a chur faoin éileamh ar shaothar

Leis an roinn seo, táthar ag breathnú ar chur chun feidhme threoirlíne uimh. 5 maidir le fostaíocht, lena moltar do na Ballstáit na dálaí a chruthú chun an t-éileamh saothair agus cruthú post a chur chun cinn, i gcomhréir le prionsabail 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht) agus 6 (pá) den Cholún. Le roinn 2.1.1, dírítear ar phríomhfhorbairtí sa mhargadh saothair, lena léirítear tionchar ghéarchéim COVID- 19 freisin agus cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Le roinn 2.1.2, tuairiscítear ar na bearta a chuir na Ballstáit chun feidhme sna réimsí sin, agus aird ar leith a thabhairt ar na réimsí sin dírithe ar fhostaíocht a chothú agus lena dtacaítear le cruthú post.

### 2.1.1 Príomhtháscairí

**Bhí téarnamh láidir i margadh saothair an Aontais in 2021 agus lean sé ag feidhmiú go láidir i mbeagnach gach Ballstát le linn an chéad leath de 2022.** Ar bhonn bliantúil, d'fheabhsaigh an ráta fostaíochta don Aontas (aoisghrúpa 20-64) faoi 1.4 pc chuig 73.1 % in 2021, ag sárú a leibhéal réamhphaindéime 72.7 % in 2019. Tháinig méadú air i ngach Ballstát seachas an Laitvia. Léiríonn sé sin dul chun cinn suntasach i dtreo príomhsprioc an Aontais 78 % ar a laghad den daonra idir 20 agus 64 bliana d'aois a bheith fostaithe faoi 2030. Mar sin féin, tá ilchineálacht shubstaintiúil ar fud na dtíortha, agus na méaduithe is mó cláraithe sa Ghréig (4.3 pc) agus ina dhiaidh sin Éire (2.8 pc), an Pholainn (2.7 pc), an Spáinn agus Lucsamburg (2 pc) – féach Fíor 2.1.1. Os a choinne sin, bhí laghdú sa Laitvia (1.6 pc), agus thaifead an tSlóvaic, an Eastóin agus an tSeicia rátaí fostaíochta cobhsaí nó a mhéadaigh de bheagán. De réir mhodheolaíocht an Scórchláir Shóisialta, tá an Iodáil, an Chróit, an Rómáin, agus an Spáinn fós i 'gcásanna criticiúla', d'ainneoin méaduithe meánacha nó beagán níos airde ná meánach san fhostaíocht (ach amháin an Iodáil ina raibh méadú níos ísle ná an meán), rud a d'fhág go raibh rátaí thart ar nó níos ísle ná 67 %. Os a choinne sin, is iad an tSualainn, an tSeicia agus an Ísiltír na 'gníomhaithe is fearr' go fóill (le rátaí a bhí ag nó os cionn 80 % in 2021). Tugtar le fios i bhfána diúltach na líne cúlchéimnithe treocht cóineasaithe le rátaí fostaíochta ag méadú níos tapúla i dtíortha ag leibhéil níos ísle. Bhí an fheidhmíocht láidir seo féideartha freisin a bhuíochas d'infhaighteacht forleathan scéimeanna oibre gearr- ama agus coinneála poist a chuidigh chun poist a chaomhnú in 2020 agus 2021, le linn ghéarchéim COVID- 19 (féach freisin JER 2022). Ar bhonn ráithiúil, tháinig méadú ar an ráta fostaíochta (20-64) faoi 0.8 pc chuig 74.8 % sa chéad leath de 2022 don Aontas agus d'fheabhsaigh sé i mbeagnach gach Ballstát. Mar sin féin, thaispeáin Ballstáit a raibh rátaí fostaíochta tosaigh níos ísle acu ardleibhéal uaillmhéine ina spriocanna náisiúnta – féach roinn 1.3. Bhí difríochtaí réigiúnacha ann go fóill i rátaí fostaíochta, laistigh de Bhallstáit aonair freisin (féach Iarscríbhinn 3).

**Bhí an téarnamh níos láidre le haghaidh earnálacha nach bhfuil an oiread sin tadhaill ag baint leo agus níos laige le haghaidh páirteanna eile den gheilleagar.** D'fhan cruthú post réasúnta íseal i monaraíocht mar gheall ar easnaimh ionchur bhunúsacha agus baic i slabhraí soláthair domhanda. Bhí an téarnamh taobh thiar freisin i seirbhísí dianteagmhála[47], i gcás ina raibh an fhostaíocht ag deireadh 2021 fós faoi na leibhéil réamhphaindéime (faoi 1.3 %). Léiríonn sé seo an tionchar níos láidre ar na hearnálacha sin de bharr na bearta

[47] Tagraíonn seirbhísí dianteagmhála do mhórdhíol agus trádáil miondíola, iompar, cóiríocht agus seirbhísí bia chomh maith leis na healaíona agus siamsaíocht.

imshrianta a tugadh isteach le déileáil le borradh na paindéime sa dara leath de 2021, agus an t-athrú níos buaine i dtreo seirbhísí ar líne. I gcodarsnacht, i seirbhísí nach bhfuil chomh dianteagmhála, i gcás inar féidir tascanna a dhéanamh trí uirlisí TF, nó go bhfuil an riosca ionfhabhtaithe níos ísle, leathnaigh fostaíocht níos tapúla agus bhí sí 2.6 % os cionn an leibhéal réamhphaindéime faoi dheireadh 2021[48].

**Fíor 2.1.1: Tháinig méadú ar an ráta fostaíochta i mbeagnach gach Ballstát in 2021**
Ráta fostaíochta (aois 20-64), leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn.
*Foinse*: Eurostat [lfsi_emp_a], SFS an Aontais.

**Tháinig méadú ar fhostaíocht iomlán agus ar an líon uaireanta an chloig a oibríodh i gcomparáid le leibhéil réamhphaindéime.** Sa dara ráithe de 2022, bhí an líon daoine fostaithe os cionn leibhéil réamhphaindéime i ngach Ballstát seachas an Bhulgáir, an Eastóin, an Spáinn, an Laitvia, an Rómáin, agus an tSlóvaic, agus le haghaidh an Aontais ar fad, sháraigh sé a leibhéal réamhphaindéime faoi timpeall 3.5 milliún – féach Fíor 2.1.2. An tráth céanna, tháinig méadú 1.1 % freisin ar an líon iomlán uaireanta an chloig a oibríodh san Aontas sa chéad ráithe de 2022 i gcomparáid leis an ráithe roimhe sin, ag sárú leibhéil réamhphaindéime den chéad uair ó thosaigh an phaindéim ag tús 2020. Bhí an ráta fáis seo ilchineálach ar fud na mBallstát mar sin féin, agus an líon iomlán uaireanta an chloig a oibríodh fós faoi leibhéil réamhphaindéime sa dara ráithe de 2022 sa Ghearmáin, sa

[48] Féach an Coimisiún Eorpach, *Labour Market and Wage Developments in Europe: annual review 2022 [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip: athbhreithniú bliantúil 2022]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022 (ag teacht).

Phortaingéil, sa Spáinn, san Ostair, sa Bhulgáir, sa Chipir, sa tSeicia, sa Laitvia, sa tSlóvaic, san Ungáir agus i Málta. D'ainneoin roinnt eisceachtaí i gcás ina raibh difríocht mhór i rátaí fáis idir fostaíocht fhoriomlán agus uaireanta an chloig a oibríodh (amhail don Ostair, don Phortaingéil, don Chipir, do Mhálta, don Ungáir, agus don tSualainn), bhí rátaí fáis don dá athróg ailínithe d'fhormhór na mBallstát a bheag nó a mhór.

**Fíor 2.1.2: Sháraigh fostaíocht agus an líon uaireanta an chloig a oibríodh leibhéil réamhphaindéime i bhformhór Ballstát**

Athrú ar an bhfostaíocht iomlán agus ar an líon uaireanta an chloig a oibríodh idir R4-2019 agus R2-2022 (%)




*Nóta*: Sonraí arna gcoigeartú de réir an tséasúir agus de réir na féilire. Níl na sonraí maidir le fostaíocht fhoriomlán coigeartaithe de réir séasúir ach le haghaidh CZ, EL, FR, MT, PL, PT. Níl na sonraí maidir le huaireanta an choilg oibrithe coigeartaithe de réir séasúir ach le haghaidh MT agus níl siad ar fáil le haghaidh BE.
*Foinse*: Eurostat [namq_10_a10_e], Cuntais náisiúnta.

**Go tábhachtach, chosain scéimeanna oibre gearr- ama agus coinneála poist cosúla oibrithe agus poist i ngéarchéim COVID- 19 agus tá siad fós ina n-uirlis beartais thábhachtach chun poist agus caipiteal daonna a chaomhnú i gcomhthéacsanna géarchéime fad is a thacaítear le nuachóiriú an gheilleagair.** Céimníodh amach iad de réir a chéile i mórán Ballstát tar éis an chéad leath de 2021, gcomhréir le tionchar maolaitheach na paindéime agus ardú na srianta ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha. Choimeád roinnt Ballstát, áfach, i bhfeidhm agus d'fhadaigh siad a scéimeanna a bhaineann leis an bpaindéim, fós ní theastaíonn tacaíocht ón oireadh daoine trí scéimeanna coinneála poist sa chéad leath de 2022. Tháinig méadú sealadach ar an gcaiteachas míosúil ar bhearta incháilithe do chúnamh airgeadais faoin Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) i mí Eanáir 2022 sular tháinig laghdú tapa air[49]. Meastar gur thacaigh an caiteachas seo in 2022 fiú le timpeall 220 000 oibrí agus 10 000 gnóthas faoi lár 2022. I mbeagnach leath de na Ballstáit, tá scéimeanna a bhí ann cheana fós i bhfeidhm tar éis dhul in éag na leasuithe a bhaineann le COVID[50]. Is féidir le

[49] Féach an ceathrú tuarascáil cur chun feidhme dhébhliantúil maidir leis an Ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ar shuíomh gréasáin SURE (COM(2022) 483 final).
[50] Bunachar sonraí Eurofound EU PolicyWatch [Súil ar Bheartais an Aontais].

scéimeanna oibre gearr- ama agus coinneála poist eile ról úsáideach a imirt chun fostaíocht agus caipiteal daonna sonrach do ghnóthas a chaomhnú, lena n-áirítear an comhthéacs maicreacnamaíoch neamhchinnte atá ann faoi láthair. An tráth céanna, ba cheart a ndearadh agus a gcur chun feidhme a oiriúnú chuig an gcás ar leith. Le haghaidh tionscal agus earnálacha a bhfuil tionchar ag claochluithe struchtúracha orthu, ba cheart scéimeanna oibre gearr- ama a dhearadh ar bhealach le tacú le próisis athshtruchtúraithe i gcás inar gá, go háirithe trí athsciliú agus uas- sciliú bainteach, lena n-áirítear i bhfianaise an gá leanúnach chun an t-aistriú chuig fuinneamh glan a luasghéarú.

**Níl an fhéinfhostaíocht níos forleithne i gcomhthéacs ghéarchéim COVID- 19.** Tháinig laghdú beag ar an sciar daoine féinfhostaithe le 10 mbliana anuas, ó 14.8 % in 2010 go 13.4 % in 2020[51]. I gcomhthéacs ghéarchéim COVID, idir 2019 agus 2020, tháinig laghdú ar an líon daoine féinfhostaithe ó 26.1 go 25.7 milliún. In 2021, bhí an líon san Aontas ag 25.1 milliún agus b'ionann é agus suas le 13 % den fhostaíocht foriomlán[52]. Ach, bhí sé sin difriúil go suntasach ar fud na mBallstát, le sciartha gar dó 20 % nó os a chionn san Iodáil agus sa Ghréig agus timpeall 7 % sa Ghearmáin agus sa Danmhairg. Ar fud an Aontais, bhí timpeall 70 % de na daoine féinfhostaithe (15-64 bliana d'aois) ina ndaoine féinfhostaithe aonair, arb ionann é agus 9.4 % den fhostaíocht foriomlán, in 2020. Tháinig laghdú beag ar an sciar sin ó 10.2 % in 2010, níos mó le haghaidh fear ná ban (faoi 1.1 pc agus 0.4 pc, faoi seach). Tháinig méadú ar an líon ban féinfhostaithe aonair i 13 thír, agus san AE- 27 ar an iomlán, idir 2019 agus 2020, ag tabhairt le fios go bhféadfadh sé gur bhrúigh an t-ualach méadaithe cúram leanaí le linn na paindéime níos mó ban i dtreo na féinfhostaíochta. Léirigh oibrithe féinchuntais an sciar ba mhó de dhaoine féinfhostaithe san Aontas agus i bhformhór na mBallstát in 2021 (ar obair ardáin, 'oibrithe féinchuntais' agus 'bréag- fhéinfhostaíocht', féach roinn 2.3.1 agus bosca 5 den Cholún inti).

**Tá ardú géar in easnaimh saothair i bhformhór na mBallstát i gceist leis an téarnamh ó phaindéim COVID- 19**.[53] Leis an téarnamh eacnamaíoch gasta, tháinig ganntanais saothair chun cinn go tapa in 2021 an athuair, go háirithe in earnálacha agus i ngairmeacha áirithe[54]. Faoi dheireadh 2021, shroich na ganntanais sin leibhéil a bhí ann roimh an ngéarchéim nó sháraigh na ganntanais na leibhéil úd i dtíortha áirithe san earnáil tionscail, seirbhísí, agus tógála, le linn dífhostaíocht a bheith ag laghdú agus laghdú sa mhargadh saothair.[55] Bhain na príomhghrúpaí gairme ar tuairiscíodh ganntanais san Aontas ina leith in 2021 le cúram sláinte agus cúram fadtéarmach, gairmithe bogearraí, iompar, tógáil, agus oibrithe ceirde innealtóireachta.[56] Breathnaíodh ganntanais oibrithe oilte in earnálacha áirithe freisin atá

---

[51] Eurostat [lfsa_egaps], SFS an Aontais.

[52] Ní dhéantar comparáid le luachanna roimh 2021 maidir leis an táscaire seo toisc go bhfuil briseadh san amshraith in 2021 do na Ballstáit go léir mar gheall ar theacht i bhfeidhm creata rialála nua i gcomhair Staidrimh Shóisialta Eorpaigh.

[53] Ar fud na míre seo, comhfhogasaítear easnaimh saothair de réir scair na ngnólachtaí san Aontas a thugann le fios go bhfuil ganntanais saothair ag teorannú a dtáirgthe, mar a thomhaistear sa Suirbhé Gnó agus Tomhaltóra Eorpach (EU-BCS). Tá comhfhogasuithe malartacha le heasnaimh saothair, amhail rátaí folúntais i dTionscal, Seirbhísí agus Tógáil, arna dtomhas ag Eurostat [jvs_a_rate_r2].

[54] Féach Caibidil II in: *An Coimisiún Eorpach, Institutional Paper 184, Quarterly Report on the Euro Area (QREA)*, Iml. 21, Uimh. 2 (2022) [Páipéar Institiúideach 184, Tuarascáil Ráithiúil maidir le Limistéar an Euro (QREA)].

[55] I R4-2021, luaigh 24 % d'fhostóirí i dtionscal, 25 % i seirbhísí agus 30 % i dtógáil go raibh ganntanais saothair ar cheann de na príomhthosca a chuireann bac ar a ngníomhaíocht ghnó (i gcomparáid le leibhéil réamhphaindéime 14 %, 19 % agus 23 % faoi seach).

[56] *McGrath, J. (2021): Report on labour shortages and surpluses [Tuarascáil maidir le heasnaimh agus barrachais saothair]*. An tÚdarás Eorpach Saothair, 2021. Is ionann na ceithre ghrúpa gairme sin agus 21 as na 28 gairme inar sainaithníodh easnamh sa tuarascáil.

nasctha leis an aistriú glas[57]. I R3-2022, bhí easnaimh saothair ag 35 % i seirbhísí, 32 % i dtógáil, agus 27 % i monaraíocht – féach Fíor 2.1.3. Sa ráithe chéanna, tuairiscíodh na heasnaimh is airde sa tionscal don Ghearmáin (42 %), don tSlóivéin (41 %), don Ungáir agus don Pholainn (40 %), agus don Chróit (39 %). I seirbhísí, bhí na heasnaimh ab airde i Málta (70 %), san Ísiltír (61 %), sa Ghearmáin agus in Éirinn (49 %), sa tSualainn (48 %) agus san Fhionlainn (44 %). Tá tionchar diúltach freisin ag aosú an daonra ar easnaimh saothair. De thoradh na bhforbairtí déimeagrafacha, tá daonra in aois oibre an Aontais (20-64) ag laghdú i dtéarmaí absalóideacha le 10 mbliana anuas (ó 269 milliún in 2012 go 264 milliún in 2021). Cé go bhfuil an feiniméan forleathan, tá sé an- suntasach i mBallstáit áirithe (amhail an Laitvia, an Bhulgáir agus an Rómáin) a bhfuil tionchar ag eis- sreabhadh imirce orthu chomh maith le rátaí torthúlachta ísle[58]. Sa mheántéarma go fadtréimhse, d'fhéadfadh insreabhadh daoine easáitithe ón Úcráin, chomh maith le himirce tráthrialta ó réigiúin eile ar fud an domhain, bheith ina chuidiú le maolú a dhéanamh ar ghanntanais in earnálacha a bhfuil na bacainní is ísle acu ar aistriú scileanna. Tá bearta chun cáilíochtaí a aithint fíor- riachtanach freisin chuige sin (féach roinn 2.1.2). Fós, ní dóchúil go réiteoidh an t-insreabhadh daoine atá ag teitheadh an chogaidh na fadhbanna struchtúracha foluiteacha a bhfuil tionchar láidir acu ar ghanntanais san Aontas agus d'fhéadfadh dúshláin eile amhail bacainní teanga a bheith ag baint lena rochtain ar an margadh saothair.

**Fíor 2.1.3: Tá easnaimh saothair tuairiscithe, go háirithe i seirbhísí, suntasach i mórán Ballstát**

Toisc a theorannaíonn táirgeacht is ea an sciar fostóirí a thuairiscíonn infhaighteacht saothair, arna sórtáil de réir luachanna le haghaidh Seirbhísí (%, R3- 2022)




*Foinse:* Suirbhé Gnó agus Tomhaltóirí na hEorpa (EU- BCS).

**Tugtar deiseanna suntasacha le glasú gheilleagar an Aontais le haghaidh fostaíocht cháilíochta agus éilítear leis tacaíocht leordhóthanach le tacú le faoine in aistrithe gairmiúla lena áirithiú nach bhfágtar aon duine taobh thiar.** D'fhéadfadh an t-aistriú glas suas le 884 000 post a chruthú faoi 2030 agus b'fhéidir iolrach de faoi 2050, faoi réir na

[57] Féach Tuarascálacha Tíre an tSeimeastair Eorpaigh, Iarscríbhinn 6: Tionchar fostaíochta agus sóisialta an aistrithe ghlais in 2022.
[58] Foinse: Alt Eurostat maidir le staidreamh daonra agus athraithe daonra. Idir 2020-2021, chuir an tionchar a bhí ag mortlaíocht mhéadaithe de bharr phaindéim COVID- 19 leis na figiúirí daonra atá ag laghdú.

mbeartas cearta a ghabhann leis.[59] Ó 2000 go 2019, d'fhás an líon oibrithe in earnálacha earraí agus seirbhísí comhshaoil (EGSS) AE- 27 faoi 43.3 % cheana féin, agus go suntasach faoi 91.6 % i dtáirgeadh fuinneamh inathnuaite.[60] In 2019, shroich fostaíocht sin EGSS 2.2 % den fhostaíocht fhoriomlán in AE- 27 (i gcomparáid le 1.7 % in 2000), cé go raibh difríochtaí substaintiúla ar fud na mBallstát – féach Fíor 2.1.4. I roinnt tíortha, amhail an Fhionlainn, an Eastóin nó Lucsamburg, bhí an sciar seo gar do 5 % nó níos airde ná sin, cé go raibh ann ach sciar teoranta den daonra fostaithe i dtíortha eile. An tráth céanna, baineann ath- leithdháileadh saothair leis an aistriú agus méadaíonn sé an dóchúlacht go mbeidh easnaimh agus mímheaitseálacha scileanna. Tá beartais ghníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair chomh maith le deiseanna uas- scilithe agus athscilithe ríthábhachtach chun tacú le haistriú glas agus cóir, agus chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair agus scileanna a chuireann baic ar an múnla fáis níos glaise[61] (féach bosca 4 den Cholún i roinn 2.2). Ar an iomlán, gineann na hearnálacha táirgeadh leictreachais, monaraíochta, talmhaíochta, agus mianadóireachta gar do 90 % de gach astaíocht $CO_2$ san Aontas, agus is ionann iad agus níos lú ná 25 % den oll- bhreisluach agus 25 % den fhostaíocht. Tugann sé seo le fios go mbeidh ann do dhúshláin aistrithe go háirithe sna hearnálacha seo agus sna réigiúin ina léiríonn siad sciar thábhachtach den gheilleagar[62].

**Fíor 2.1.4: Tá méadú tagtha ar chion na bpost glas i bhfostaíocht fhoriomlán sa chuid is mó de na Ballstáit idir 2014 agus 2019**

Fostaíocht san earnáil earraí agus seirbhísí comhshaoil (% den fhostaíocht foriomlán, 2014 agus 2019)




---

[59] Féach an Coimisiún Eorpach, Murauskaite- Bull, I., Scapolo, F. Muench, S., et al., *The future of jobs is green* [Poist ghlasa a bheidh ann sa todhchaí], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021, JRC126047. Le haghaidh meastacháin níos luaithe féach SWD(2020) 176 final, agus le haghaidh réamhaisnéisí sonrach don tír, féach Eurofound (2019), *Future of manufacturing - Energy scenario:* [Todhchaí na monaraíochta – Cás fuinnimh: *Employment implications of the Paris Climate Agreement [Impleachtaí fostaíochta i gComhaontú Phháras*, Tuarascáil Taighde Eurofound. Féach freisin an measúnú tionchair *Pláinéad Glan do Chách*; tuairiscítear gnóthachan féideartha de thimpeall 2 mhilliún post faoi 2050 sa Choimisiún Eorpach, *Employment and Social Developments in Europe 2019 [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2019]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019.

[60] Táscaire Eurostat [env_ac_egss1]. Is féidir a mheas gur athróg coimeádach atá in EGSS do phoist ghlasa. Dírítear sa choincheap ar ghníomhaíochtaí a ghineann táirgí comhshaoil, a eisiann gníomhaíochtaí áirithe ó rannchuidiú substaintiúil a dhéanamh le cuspóirí aeráide agus comhshaoil, mar shampla bunaithe ar a bhfeidhmíocht i gcoibhneas le tagarmharcanna ábhartha.

[61] Féach Moladh ón gComhairle maidir le haistriú cóir i dtreo na haeráidneodrachta a áirithiú (2022/C 243/04).

[62] Féach lch. 175 in: An Coimisiún Eorpach, *Employment and Social Developments in Europe 2019 [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2021]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019.

*Nóta*: Coibhéis lánaimseartha foriomlán fostaíochta san earnáil earraí agus seirbhísí comhshaoil arna roinnt ar an bhfostaíocht fhoriomlán, an dá choincheap dúchais. Níl aon sonraí ar fáil maidir leis an gCipir, an Ghréig, an Ungáir, ná an tSlóvaic.
*Foinse*: Eurostat [env_ac_egss1] agus sonraí fostaíochta ó chuntais Náisiúnta [nama_10_a64_e]

**I gcomhthráth le fás fostaíochta, thaifead formhór na mBallstát dífhostaíocht ag laghdú.** Tháinig laghdú 0.2 pc ar mheánráta dífhostaíochta an Aontais (15-74 bliana d'aois) ó 7.2 % in 2020 go 7.0 % in 2021, rud a fhágann go bhfuil sé ag éirí níos gaire do leibhéal 6.8 % in 2019, an leibhéal is ísle ó bhí 2009 ann. Thiomáin an cruthú post suntasach an meath sin a bhí in éindí leis an téarnamh eacnamaíoch láidir ó ghéarchéim COVID- 19 in 2021. Mar sin féin, tá difríochtaí suntasacha ar fud na mBallstát le bearna 12 pc idir an ráta dífhostaíochta is ísle agus an ráta dífhostaíochta is airde – féach Fíor 2.1.5. In 2021, thaifead an Ghréig meath i bhfad níos airde ná an meán (faoi 2.9 pc), agus ina dhiaidh sin Lucsamburg agus an Liotuáin (faoi 1.5 pc agus 1.4 pc faoi seach), cé gur éirigh an cás níos measa go háirithe sa Bheilg, sa tSualainn, agus in Éirinn (le méaduithe faoi 0.5 pc, 0.3 pc agus 0.3 pc, faoi seach). Luaitear i bpríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta 'cás criticiúil' don Iodáil, a chláraigh méadú measartha ar dhífhostaíocht go fóill in 2021 ó leibhéal a bhí ard cheana féin, agus don Spáinn, áit nár laghdaigh an ráta ach de bheagán ach go bhfuil an leibhéal fós ar an leibhéal is airde san Aontas. Aicmítear an Bheilg agus an tSualainn mar 'le faire' (an chéad cheann ag meánluach ach le méadú níos mó ná an meán, agus an ceann deiridh mar gheall ar a leibhéal os cionn an mheáin). Ar deireadh, marcáiltear an Ghréig amhail 'lag ach biseach ag teacht orthu', mar gheall ar an titim mhór sa dífhostaíocht in 2021, atá fós ar an dara leibhéal is airde. Mar aon leis an meath ar an dífhostaíocht bhí ardú i rannpháirtíocht sa mhargadh saothair san Aontas, le ráta gníomhaíochta an aoisghrúpa 20-64 bliana d'aois ag méadú ó 75.8 % sa dara ráithe de 2020 chuig 79 % sa cheathrú ráithe de 2021. Ar bhonn ráithiúil, tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta arís faoi 0.4 pc chuig 6.1 % sa chéad leath de 2022 don Aontas, ach tháinig méadú air i roinnt Ballstát (an Bheilg, an tSeicia, an Eastóin, an Chróit agus Lucsamburg).

**Fíor 2.1.5: Tháinig laghdú ar an ráta dífhostaíochta i bhformhór na mBallstát in 2021**
Ráta dífhostaíochta (aois 15-74), leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn.
*Foinse*: Eurostat [une_rt_a], SFS an Aontais.

**D'ardaigh fás san phá ainmniúil in 2021 arna thacú ag an athbhorradh in uaireanta an chloig oibrithe agus an téarnamh eacnamaíoch láidir.** Shroich fás i gcúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí 4.1 % san Aontas in 2021, i bhfad os cionn an mheáin de thimpeall 1.7 % ó 2013 go 2019. Ní féidir é sin a mhíniú ach de bheagán tríd an mbrú ó dhífhostaíocht atá ag laghdú agus ganntanais saothair atá ag méadú. Le linn 2021, tháinig méadú ar an gcúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí i ngach Ballstát – féach Fíor 2.1.6. Cláraíodh ráta fáis os cionn 6 % in 2021 sa Liotuáin, sa Laitvia, sa Bhulgáir, sa tSeicia, san Eastóin, san Ungáir, agus sa tSlóvaic, comhsheasmhach lena ngeilleagair a bheith ag cúiteamh, chomh maith le sa tSualainn. Os a choinne sin, tháinig méadú níos lú ná 3 % ar chúiteamh in aghaidh an fhostaí sa Ghréig, sa Pholainn, san Ísiltír, agus sa Spáinn. Léirigh an méadú ar chúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí den chuid is mó athbhorradh in uaireanta an chloig in 2021 tar éis de titim in 2020, agus i roinnt tíortha freisin an céimniú amach in 2021 de scéimeanna oibre gearr- ama, a úsáideadh go fairsing in 2020 (ag tabhairt le fios méadú níos mó ná comhréireach sa bhille pá foriomlán ná an méadú ar chomhaireamh daoine fostaíochta)[63]. Sa chéad leath de 2022, luasghéaraigh an fás ar phá ainmniúil de bheagán, ag léiriú go háirithe an brú ó bhoilsciú ardaithe, agus teannadh breise na margaí saothair. I R2-2022, d'fhás

[63] Chun tuilleadh sonraí a fháil ar thionchair scéimeanna oibre gearr- ama ar chúiteamh in aghaidh an fhostaí, féach da Silca et al., *Short-time work schemes and their effects on wages and disposable income*, 2020, Feasachán Eacnamaíoch BCE, Eagrán 4/2020.

cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí ar bhonn bliantúil faoi níos mó ná 8 % san Ungáir, sa Bhulgáir, sa Chróit, sa Liotuáin, sa Laitvia, san Eastóin, sa Pholainn, agus sa Rómáin, ach faoi níos lú ná 3 % sa Ghréig, san Ísiltír, sa Danmhairg, agus san Fhionlainn. I bhformhór na mBallstát, bhí an méadú idir 3 % agus 6 % – féach Fíor 2.1.6. Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú eile ar phá ainmniúil in 2023, de bharr doichte an mhargaidh saothair agus iarrachtaí chun cumhacht ceannaigh a athchóiriú.[64] Tá coinne leis, áfach, nach maolóidh an fás sin ach caillteanais i bhfíorioncaim, gan lúb aiseolais leanúnach a spreagadh idir pá agus boilsciú.

**Fíor 2.1.6: Tá téarnamh tagtha ar fhás ainmniúil ar phá in 2021**
Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí (% bliantúil d'athrú, 2020, 2021, R2-2022)




*Nóta*:(1) Déantar pá a thomhas leis an táscaire 'Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí', a ríomhtar mar chúiteamh foriomlán na bhfostaithe roinnte ar líon foriomlán na bhfostaithe. Sainmhínítear an cúiteamh foriomlán mar an luach saothair foriomlán, in airgead tirim nó in ábhar comhchineáil, atá le híoc ag fostóir le fostaí as obair a dhéanann an fostaí le linn na tréimhse cuntasaíochta agus tá dhá chomhpháirt i gceist leis: i) Féadfar pá agus tuarastail a íoc le hairgead tirim nó le hábhar comhchineáil; agus ii) Ranníocaíochtaí sóisialta is iníoctha ag fostóirí. (2) Is ionann sonraí na gcuntas náisiúnta agus gach sonra a úsáidtear. Tá na táscairí bunaithe ar luachanna airgeadra náisiúnta. (3) Rangaítear tíortha de réir ord aníos an fháis ainmniúil ar phá 2021.
*Foinse*: An Coimisiún Eorpach, bunachar sonraí AMECO, Cúiteamh ainmniúil in aghaidh an fhostaí [hwcdw]. Le haghaidh R1 agus R2-2022: Ríomhanna EMPL bunaithe ar shonraí Eurostat, Cúiteamh fostaithe [namq_10_gdp], agus Fostaíocht fhoriomlán (coincheap intíre) [namq_10_a10_e].

**D'fhan forbairtí i bpá idirbheartaithe teoranta in 2021 agus tugtar le fios lena n-éabhlóid gur lean pá ag méadú ag luas i bhfad níos moill ná praghsanna i limistéar an euro.[65]** Murab ionann agus an éabhlóid i gcúiteamh in aghaidh an fhostaí, gabhtar sa táscaire maidir le pá idirbheartaithe toradh na bpróiseas cómhargála i limistéar an euro agus níl tionchar díreach air ag na hathróga móra in uaireanta an chloig a oibríodh sna blianta roimhe sin mar gheall ar an bpaindéim. Tháinig méadú beag ar phá idirbheartaithe i limistéar an euro

[64] Féach an Coimisiún Eorpach, *European Economic Forecast, Autumn 2022* [Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Fómhar 2021], Páipéar Institiúideach 187, Samhain 2022, leathanach 37 agus Tábla 26.
[65] Léiríonn táscaire BCE ar phá idirbheartaithe le haghaidh limistéar an euro meán ualaithe ar rátaí fáis náisiúnta bliain ar bhliain de phá a aontaíodh i gcomhpháirt le haghaidh formhór tíortha i limistéar an euro. I gcodarsnacht le táscairí eile amhail cúiteamh in aghaidh an fhostaí, níl tionchar ag forbairtí in uaireanta an chloig a oibríodh air. De ghnáth, eisiann an táscaire freisin bónais, ragobair agus cúiteamh aonair eile nach bhfuil nasctha le cómhargáil, agus i roinnt Ballstát léiríonn sé urlár pá i roinnt earnálacha seachas an cúiteamh iarbhír a íocann gnóthais. Tagann innéacs an phá idirbheartaithe le roinnt foláireamh maidir le cumhdach ar fud tíortha agus comhchuibhiú modheolaíochta, lena n-áirítear an chaoi a gcaitear le roinnt cineálacha bónas.

in 2021 faoi 1.5 %, beagán faoi mheán na tréimhse 2013-2020 (1.7 %), d'ainneoin an t-athbhorradh láidir i bhfostaíocht tar éis na paindéime. Is féidir é seo a nascadh le moilleanna in ath- idirbheartaíochtaí pá agus an neamhchinnteacht atá fós ann i roinnt earnálacha de bharr na paindéime. I R1-2022, d'fhás pá idirbheartaithe i limistéar an euro 2.8 % i dtéarmaí ainmniúla ar bhonn bliantúil, tar éis méadú 1.6 % i R4-2021.[66] Ach, mhoilligh an fás ar an bpá idirbheartaithe ó 2.4 % i R2-2022[67].

**In 2021, tháinig téarnamh ar fhíorphá i bhformhór na mBallstát, agus ar an gcomhiomlán san Aontas, ach tá siad ag laghdú in 2022.** I gcodarsnacht le 2020, tháinig fás láidir ar fhíorphá in 2021 i mbeagnach gach Ballstát. Breathnaíodh fás fíorphá láidir os cionn 5 % sa Laitvia, sa Liotuáin, agus sa Bhulgáir, cé gur taifeadadh, os a choinne sin, laghduithe beaga in Éirinn agus san Ísiltír. Bhí téarnamh an fhíorphá réasúnta láidir freisin san Iodáil, sa Fhrainc, agus sa Bheilg, inar taifeadadh méaduithe suntasacha in 2021, tar éis dó titim sa bhliain roimhe sin – féach Fíor 2.1.7. Ach, cuireadh stop leis an treocht dhearfach nó gur cúlaíodh é sa chéad ráithe de 2022, nuair a bhí fás fíorphá diúltach arís san Aontas (-1.3 % bliain ar bhliain) agus i bhformhór Ballstát. Thosaigh boilsciú ag luasghéarú cheana féin sa dara leath de 2021, agus tá na brúnna a bhí ann faighte níos measa de bharr cogadh ionsaithe na Rúise sa Úcráin, ag treisiú an laghdaithe i bhfíorphá. Shroich boilsciú bliantúil san Aontas buaicphointe 10.9 % i Meán Fómhair 2022, suas ó 5.3 % ag deireadh 2021. In R2-2022 tháinig titim ghéar ar fhíorphá, titim 3.3 % san Aontas ar an meán i gcomparáid leis an ráithe chéanna de 2021 agus faoi níos mó ná sin i 17 mBallstát i measc imní mhéadaitheach faoi na hiarmhairtí sóisialta diúltacha a bhaineann leis an gcaillteanais i gcumhacht cheannaigh, go háirithe le haghaidh saothraithe ar phá íseal. Ag dul ar aghaidh, tá coinne leis go mbeidh tionchar tábhachtach ar fhorbairtí pá ar an gcaillteanas i dtéarmaí trádála agus meatha an léargais eacnamaíoch, mar aon leis an éiginnteacht maidir leis an léargas boilscithe.

[66] Ar leibhéal an Bhallstáit, tharla méaduithe móra go suntasach sa Ghearmáin (fás bliantúil 4.0 % i R1- 2022, tar éis 1.1 % i R4-2021 agus níos lú ná 2 % ó R3-2020), sa Fhrainc (timpeall 3 % i R1-2022, tar éis 1 % a luainigh idir 0.5 % agus 1.5 % idir 2014 agus 2021), san Ísiltír (2.4 % tar éis 2.1 % in 2021), sa Bheilg (+4.8 %), san Ostair (2.6 % tar éis 1.7 % in 2021) agus sa Spáinn (+2.6 % i R2-2022, tar éis timpeall 1.7 % in 2020 agus 2021).

[67] Chun tuilleadh sonraí a fháil féach Caibidil 2 de *Labour Market and Wage Developments in Europe [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip] ón gCoimisiún Eorpach: athbhreithniú bliantúil 2022*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022 (ag teacht).

**Fíor 2.1.7: In 2021, tháinig téarnamh ar fhíorphá san Aontas ach tá siad ag laghdú in 2022 i bhformhór na mBallstát**

Fíor- ollphá agus fíor- olltuarastail in aghaidh an fhostaí, (athrú % bliantúil; 2020, 2021 agus R2-2022)




*Foinse*: An Coimisiún Eorpach, bunachar sonraí AMECO, Fíor- ollphá agus fíor- olltuarastail in aghaidh an fhostaí; díbhoilsceoir: tomhaltas príobháideach [rwwdc]. Le haghaidh R1 agus R2 2022: Ríomhanna EMPL bunaithe ar shonraí Eurostat, Pá agus tuarastail [namq_10_gdp], Fostaíocht fhoriomlán (coincheap intíre) [namq_10_a10_e] agus Innéacs comhchuibhithe na bpraghsanna tomhaltóra [prc_hicp_midx].

**Bhí fás fíorphá taobh thiar d'fhás sa táirgiúlacht saothair in 2021 agus tá coinne leis go dtitfidh sé a thuilleadh in 2022 i bhformhór na mBallstát.** Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar an sciar tuarastail, lena dtomhaistear sciar an ioncaim náisiúnta a íoctar le saothar. Nuair a fhásann fíorphá níos moille ná táirgiúlacht saothair, laghdaíonn an sciar seo. In 2021, bhí an sciar tuarastail san Aontas ag 55.7 %, síos ó 56.9 % in 2020. Taifeadadh laghduithe níos airde ná 1 pc i 20 tír in 2021 – féach Fíor 2.1.8, cé nár tháinig méadú ar an sciar tuarastail ach sa Liotuáin agus san Fhionlainn faoi níos lú ná 1 pc. Le linn na tréimhse 2013-2020, tháinig méadú ar an sciar tuarastail i mBallstát a raibh a leibhéil tosaigh íseal go comparáideach, agus go suntasach sa Bhulgáir, san Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Rómáin, agus sa tSlóvaic, dá bhrí sin ag rannchuidiú le cóineasú. Sa chéad leath de 2022 tá laghdú ag teacht ar an sciar tuarastail i mbeagnach gach tír, ag léiriú fás tuarastail moill. Thairis sin, mar gheall ar na téarmaí trádála a bhfuil meath ag teacht orthu de thoradh na méaduithe géara i bpraghas fuinneamh allmhairithe, tharla caillteanas breise i bhfíorioncaim teaghlaigh.

**Fíor 2.1.8: Tháinig laghdú ar an sciar tuarastail in 2021 nuair a d'fhás tuarastal ar an meán níos moille ná táirgiúlacht saothair**
Sciar den phá (2019, 2020, 2021 agus R2- 2022, athrú bliain ar bhliain, pc)




*Nóta*: (1) Ríomhtar an sciar tuarastail mar chéatadán de OTI ag praghsanna atá ann faoi láthair (2) Rangaítear tíortha de réir ord an fháis ar an sciar tuarastail anuas in 2021.
*Foinse*: Ríomhanna AS na Fostaíochta bunaithe ar shonraí Eurostat, [namq_10_a10_e] agus [namq_10_gdp].

**Níor sheachain na méaduithe pá íosta le déanaí i mórán Ballstát an caillteanas i gcumhacht ceannaigh i measc faighteoirí de bharr boilsciú suntasach, agus tá ról tábhachtach ag méaduithe leordhóthanacha trí nuashonruithe tráthúla chun oibrithe ar phá íseal a chosaint.** D'ainneoin na méaduithe ainmniúla suntasacha in 2021 (féach Roinn 2.1.2), tháinig laghdú ar phá íosta i dtéarmaí réadacha i ngach Ballstát seachas ceithre cinn (An Laitvia, an Phortaingéil, an tSlóivéin, agus an tSlóvaic). Os a choinne sin, tháinig méadú ar an meán- fhíorphá i ngach Ballstát seachas Éire agus san Ísiltír sa tréimhse chéanna. Suas go dtí Lúnasa 2022, thabhaigh na fostaithe is lú a íoctar caillteanais suntasacha i gcumhacht ceannaigh[68] i bhformhór tíortha ina bhfuil pá íosta reachtúil – féach Fíor 2.1.9. Ba iad na heisceachtaí an Bheilg, an Ungáir, an Ghréig, agus an Rómáin áiteanna inar sháraigh na méaduithe ainmniúla boilsciú, cé nár tháinig aon athrú ar an bpá íosta i dtéarmaí réadacha sa Fhrainc. Cuireann timpeall leath de na Ballstáit ina bhfuil pá íosta reachtúil boilsciú san áireamh agus iad sin á socrú, agus déanann siad sin ar bhealaí difriúla agus chuig céimeanna difriúla[69]. I bhformhór na dtíortha, bíonn uasghrádú ar an leibhéal in Eanáir gach bliana mar thoradh ar an bpróiseas, gan aon idirghabháil beartais bhreise le linn an chuid eile den bhliain. Leis an Treoir a glacadh le déanaí maidir le pá íosta leordhóthanach[70], is féidir cuidiú le teaghlaigh leochaileacha trí spreagadh a thabhairt i dtaca leis an bpá íosta reachtúil a shocrú ar leibhéil leordhóthanacha, agus cumhacht cheannaigh an phá íosta, na dálaí socheacnamaíocha agus forbairtí táirgiúlachta fadtéarmacha á gcur san áireamh i measc critéir eile (féach freisin Bosca Cholún 1). Go háirithe, d'fhéadfadh na nuashonruithe

[68] Arna ríomh ó Eurostat [prc_hicp_midx].
[69] Eurofound, Aumayr-Pintar, C., Rasche, M., Vacas, C., *Minimum wages in 2019*: annual review, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019.
[70] Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach, IO L 275, 25.10.2022, lgh. 33-47.

tráthrialta ar phá íosta i gcomhréir leis an Treoir cuidiú chun caillteanais ghinearálta i gcumhacht ceannaigh a chosc i measc fostaithe ar phá íosta sa chomhthéacs reatha d'fhonn a gcaighdeáin mhaireachtála a chothabháil. Ina theannta sin, i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh, le bearta tacaíochta buiséadacha sealadacha a spriocdhírítear ar oibrithe ar ioncam íseal, is féidir cuidiú le caillteanas na cumhachtaí ceannaigh a mhaolú.

**Fíor 2.1.9: Tá méaduithe ar an bpá íosta le déanaí creimthe leis an mboilsciú**

Athrú ar an bpá íosta reachtúil i dtéarmaí réadacha agus ainmniúla (ráta fáis, %)




*Nóta*: Rangaítear na Ballstáit de réir ord a méide anuas ó thaobh an mhéadaithe ar an bpá íosta reachtúil i dtéarmaí réadacha in 2022.
*Foinse*: Líonra Comhfhreagraithe Eurofound agus Eurostat [prc_hicp_midx], ríomhanna Eurofound.

**Bosca Cholún 1: Pá Íosta**

**I gcás ina socraítear é ag leibhéal leordhóthanach, maidir le pá íosta, bíodh sé reachtúil nó bunaithe ar chómhargáil, cuireann sé chun cinn cóineasú sóisialta aníos.** Cuidíonn pá íosta leordhóthanach chun bochtaineacht lucht oibre agus neamh- chomhionannas pá a laghdú, éileamh tí a chothú agus dreasachtaí chun oibre a neartú. Rannchuidíonn siad freisin le laghdú na bearna pá idir na hinscní mar gheall ar ró- ionadaíocht na mban i bpoist le pá íseal agus ag áirithiú iomaíocht chóir d'fhostóirí a íocann pá maith. Cumhdaítear an ceart chun pá íosta leordhóthanach i bPrionsabal 6 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (EPSR).

**Tá mórán oibrithe ar phá íseal gan chosaint an phá íosta leordhóthanaigh; ar an iomlán, tá beagnach duine as gach deichniúr oibrithe i mbaol na bochtaineachta**[71]. Leis an meascán atá ann faoi láthair d'ardbhoilsciú agus fás pá réasúnta meánach atá ag creimeadh cumhacht ceannaigh teaghlach (féach freisin Bosca 7 den Cholún), tá sé ríthábhachtach a áirithiú go n-íoctar pá íosta leordhóthanach le hoibrithe chun tacú leis na daoine is leochailí agus chun iarmhairtí sóisialta na géarchéime fuinnimh a mhaolú.

**Is é is aidhm don Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach cosaint pá íosta a neartú ar fud an Aontais.** Mhol an Coimisiún í i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus glacadh í an

[71] Bhí ráta riosca na bochtaineachta don lucht oibre ag 9 % in 2019 agus tháinig laghdú beag air chuig 8.9 % in 2021 don daonra 18-64 bliana d'aois, mar a tomhaiseadh i dtáscaire Eurostat [ilc_iw01].

19 Deireadh Fómhair 2022. Rannchuideoidh an Treoir lena áirithiú go gcosnaítear oibrithe san Aontas le pá íosta leordhóthanach lena gcumasaítear slí mhaireachtála chóir. Chuige sin, tá forálacha ann chun cómhargáil a chur chun cinn agus chun sásraí forfheidhmithe agus faireacháin a bhreisiú i ngach Ballstát. Thairis sin, leagtar creat síos leis ina bhfuil rialacha soiléire chun feabhas a chur ar leordhóthanacht an phá íosta reachtúil sna Ballstáit sin ina bhfuil siad i bhfeidhm acu.

**Tá ról lárnach ag an gcómhargáil maidir le pá íosta leordhóthanach a bhaint amach.** Tugtar le fios le cómhargáil atá ag feidhmiú go maith go ndéantar ionadaíocht thar ceann fostóirí agus fostaithe agus go n-áirithítear go mbíonn coinníollacha pá comhsheasmhach le riachtanais oibrithe agus fostóirí agus go bhfuil siad freagrach do chúinsí eacnamaíocha athraitheacha. Trí chruth a chur ar fhorbairtí pá ginearálta, bíonn tionchar ag cómhargáil freisin ar fhorbairt i dtuarastail íosta. Is iondúil go mbíonn sciartha níos lú d'oibrithe ar phá íseal agus pá íosta níos airde ag Ballstáit ina bhfuil ardráta cumhdaigh cómhargála foriomlán. Dá bhrí sin, éilítear sa Treoir go nglacfadh gach Ballstát gníomhaíocht chun cómhargáil a chur chun cinn maidir le socrú tuarastail. Éilítear ann freisin plean gníomhaíochta a bhunú agus creat coinníollacha cumasúcháin a leagan síos le haghaidh na cómhargála do Bhallstáit i gcás inar lú ráta cumhdaigh na cómhargála ná 80 %.

**Is minic a bhíonn an pá íosta reachtúil íseal i gcomparáid le pá eile sa gheilleagar, chomh maith le bheith neamhleor chun slí mhaireachtála chóir a sholáthar.** I mbeagnach gach Ballstát, tá an pá íosta reachtúil faoi bhun 60 % den phá airmheánach agus 50 % den mheánphá – féach an Fíor thíos. In 2021, níor shroich pá íosta reachtúil na Portaingéile, na Slóivéine agus na Fraince an dá luach. Ina theannta sin, sa bhliain chéanna, bhí an pá íosta reachtúil faoi bhun 50 % den phá airmheánach in 11 thír de chuid an Aontais (an Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, Éire, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, Málta, an Ísiltír agus an tSlóvaic). I bpéire de na tíortha sin (An Eastóin agus Málta), bhí sé faoi bhun 45 % fiú. Thairis sin, bhí pá íosta faoi bhun 40 % den mheánphá ag trí thír (An Laitvia, an Eastóin, agus Málta). Chuige sin, tá ceanglais sa Treoir chun na creataí rialachais a neartú chun pá íosta reachtúil a shocrú agus a thabhairt cothrom le dáta. Áirítear orthu sin (i) úsáid critéar soiléir chun na tuarastail sin a shocrú agus a thabhairt cothrom le dáta, (ii) úsáid luachanna tagartha le cuidiú chun measúnú a dhéanamh ar a leordhóthanacht, (iii) nuashonruithe tráthrialta chun leordhóthanacht a chaomhnú le himeacht ama, (iv) coinníollacha soiléire le haghaidh athróg agus asbhaintí ó phá íosta reachtúla, chomh maith le (v) rannpháirtíocht thráthúil agus éifeachtach comhpháirtithe sóisialta le linn an phróisis socraithe agus nuashonraithe.

**I mórán Ballstát, tá an pá íosta reachtúil íseal fós i gcomparáid le pá eile**

Pá íosta mar chéatadán den ollphá airmheánach agus den oll- mheánphá (2021)




*Foinse*: Ríomhanna AS na Fostaíochta bunaithe ar shonraí Eurostat [earn_mw_cur], [lc_lci_r2_a] agus an Structure of Earnings Survey.

**Tá sásraí éifeachtacha forfheidhmithe agus faireacháin ríthábhachtach lena áirithiú go mbíonn rochtain iomchuí ag oibrithe ar phá íosta leordhóthanach.** Is cosúil go bhfuil neamhchomhlíonadh le rialacha a bhaineann le pá íosta ina fheiniméan suntasach ar fud an Aontais, cé go dteorannaíonn saincheisteanna sonraí an fhéidearthacht chun meastacháin bheachta a fháil[72]. Chun forfheidhmiú na rialacha sin a bhreisiú, éilítear sa Treoir ar Bhallstáit le pá íosta reachtúil chun rialuithe agus déine cigireachtaí allamuigh a neartú agus acmhainní iomchuí a ráthú d'údaráis fhorfheidhmithe. Ina theannta sin, cuireann sé i dtábhacht gur gá go mbeadh sásraí sásaimh agus pionóis éifeachtacha i bhfeidhm ag Ballstáit i gcás nach bhfuil meas ar chearta oibrithe a bhaineann le pá íosta reachtúil agus leis an gcosaint phá íosta a sholáthair comhaontuithe cómhargála. Le dul i ngleic le heasnaimh i mbailiú sonraí, éilítear sa Treoir ar gach Ballstát uirlisí éifeachtacha a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar chumhdach agus leordhóthanacht na cosanta pá ísle, agus chun sraith táscairí a bhaineann le cosaint phá íseal a thuairisciú don Choimisiún gach 2 bhliain, ag tosú ó 2025.

**Má cuirtear an Treoir chun feidhme go luath, d'fhéadfaí tacú le hiarrachtaí Ballstát tacaíocht thráthúil a thairiscint do theaghlaigh leochaileacha sa chomhthéacs atá ann faoi láthair.** Fad is go bhfuil tréimhse 2 bhliain acu go fóill chun an Treoir a thrasuí ina reachtaíocht náisiúnta, chothaigh an tionscnamh cheana féin díospóireachtaí ar an leibhéal náisiúnta, a d'fhéadfadh a bheith lárnach i nglacadh leis na bearta nua a bhreisíonn an rochtain ar phá íosta leordhóthanach ar fud an Aontais.

[72] Is amhlaidh an cás go suntasach i sonraí suirbhé eacnamaíoch agus sóisialta, amhail EU- SILC. Cuirtear ar fáil suirbhé mionsonraithe maidir le fianaise le déanaí i Eurofound, Aumayr- Pintar, C., Rasche, M., Vacas, C., *Pá íosta in 2019*: annual review, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019. Léirítear gur feiniméan suntasach i mórán tíortha é an neamhchomhlíonadh, lena n-áirítear iad sin ina bhfuil cosaint phá íosta – féach i measc nithe eile Garnero, A., *The dog that barks doesn't bite: Coverage and compliance of sectoral minimum wages in Italy*, IZA Journal of Labor Policy 7, 3 (2018).

**Ní gá go dtabharfadh post bealach amach as bochtaineacht duit.** Níor tháinig aon laghdú ar bhochtaineacht lucht oibre san Aontas le 10 mbliana anuas agus bhí sé ag 8.9 % in 2021.[73] Sna Ballstáit leis na leibhéil is airde in 2010, chonacthas laghdú géar foriomlán ar bhochtaineacht lucht oibre (i.e. an Rómáin, an Ghréig, an Pholainn, agus an Liotuáin) agus laghdaigh an Liotuáin fiú faoi mheán AE- 27, agus tíortha eile ag fanacht ag an meán nó i ngar de. In 2021, d'fhan bochtaineacht lucht oibre cobhsaí a bheag nó a mhór i bhformhór na mBallstát i gcomparáid le 2020 (ag tagairt do bhlianta ioncaim 2020 agus 2019 faoi seach). Chonaic líon beag Ballstát laghdú os cionn 1 pc (i.e. Éire agus an tSualainn), cé go raibh méadú beag i measc grúpa níos mó (i.e. an Rómáin, Lucsamburg, an Spáinn, an Ghréig, an Phortaingéil agus an Laitvia), lena n-áirítear Ballstáit ina bhfuil an bhochtaineacht lucht oibre fós os cionn mheán an Aontais. Léirítear le Fíor 2.1.10 go raibh breis is 10 % d'oibrithe in 2021 i mbaol na bochtaineachta sa Rómáin, i Lucsamburg, sa Spáinn, san Iodáil, sa Ghréig, agus sa Phortaingéil. De réir mheastacháin shealadacha Eurostat[74] ag tagairt do bhliain ioncaim 2021, ní cosúil go bhfuil athrú tagtha ar an gcás ar fud tíortha, ach amháin sa Ghréig, a mheastar a mbeidh laghdú beag ann, agus sa Chróit, an Ísiltír agus an tSlóivéin, lena meastar méadú beag. I gcoitinne, bíonn baol i bhfad níos airde maidir le bochtaineacht lucht oibre roimh oibrithe atá ar chonarthaí sealadacha, i gcomparáid leo sin ar chonarthaí buana (19.8 % vs 4 %), rud is amhlaidh freisin i gcás oibrithe nach bhfuil mórán scileanna acu i gcomparáid le hoibrithe ardoilte (21 % vs 7.6 %). Anuas air sin, bíonn baol níos airde maidir le bochtaineacht lucht oibre roimh oibrithe atá ar chonarthaí sealadacha, seachas rompu siúd atá ar chonarthaí buana (12.9 % vs 5.3 % san Aontas).

**Fíor 2.1.10: Tá bochtaineacht lucht oibre ina príomhdhúshlán i mórán Ballstát go fóill**
Ráta na n-oibrithe atá i mbaol bochtaineachta (%, 2021, 2019 agus 2010)




*Nóta*: Níl sonraí le haghaidh SK i gcomhair 2021 ar fáil. Tá briseadh san amshraith le haghaidh LU in 2021.
*Foinse*: Eurostat [ilc_iw01], EU- SILC.

**Is féidir le ding chánach ard tionchar diúltach a imirt ar éileamh saothair, a lagaíonn dreasachtaí chun obair a chuardach agus uaireanta oibre a mhéadú[75].** Idir 2011 agus

[73] Is éard is bochtaineacht lucht oibre ann an sciar de na daoine, atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn, atá ag obair agus ag a bhfuil ioncam indiúscartha coibhéisithe faoi bhun na tairsí 'i mbaol na bochtaineachta', atá socraithe ag 60 % den ioncam indiúscartha náisiúnta airmheánach (tar éis na n-aistrithe sóisialta). Tagraíonn na sonraí do 2021 do bhliain ioncaim 2020. San AE- 27, tháinig méadú suntasach ar an táscaire ó 2010 (8.5 %) go 2016 (9.8 %), agus thosaigh laghdú ag teacht air, go mall ach go seasta bliain ar bhliain go dtí 2020. Eurostat [ilc_iw01], [ilc_iw04], [ilc_iw05] agus [ilc_iw16].

[74] Féach Meastacháin shealadacha don bhliain ioncaim 2021, arna n-eisiúint i mí Lúnasa 2022, ar shuíomh gréasáin Eurostat.

[75] Sa ding chánach, tomhaistear an difríocht idir costais iomlána an tsaothair a bhaineann le hoibrí a fhostú agus glantuilleamh an fostaithe.

2021, tháinig meath ar an ding chánach in AE- 27 le haghaidh duine aonair ar mheánphá ó 41.6 % go 39.6 %. Tháinig méadú ar an ding chánach in 16 Bhallstát den Aontas Eorpach le linn na tréimhse céanna, agus taifeadadh na titimí is géire san Ungáir, sa Ghréig, sa Rómáin, sa Laitvia, agus sa Bheilg. Os a choinne sin, tharla méaduithe suntasacha sa Phortaingéil, i Málta, i Lucsamburg, agus sa tSlóvaic. Go tábhachtach, tháinig meath níos mó ar an ding chánach in AE- 27 le haghaidh duine aonair ar phá íseal (50 % den mheánioncam), faoi 2.8 pc ó 2011, cé gur tháinig méadú beag uirthi idir 2020 agus 2021 (ó 31.5 % go 31.9 %). Tá sé an- tábhachtach freisin ualaigh chánach a ísliú ar shaothraithe ar ioncam íseal chun na bacainní a bhaint a bhaineann le hoibrithe ar bheagán oiliúna a fhostú.

**Is iondúil go mbíonn córais cháin ioncaim forásach, ag tabhairt le fios go bhfuil an ding chánach ar shaothar níos ísle dóibh siúd ar thaobh níos ísle an dáilte ioncaim.** Tá an ding chánach (lena n-áirítear ranníocaíochtaí cháin ioncaim phearsanta agus slándáil shóisialta) d'oibrithe aonair nach bhfuil leanaí acu níos airde dóibh sin ar mheánphá ná dóibh siúd a thuilleann 67 % den mheánphá, atá níos airde i gcomparáid leo sin ar phá íseal (50 % den mheánphá). Léiríonn sé sin chomh forásach is atá an cánachas saothair, pátrún atá suntasach don Fhrainc, don Bheilg, agus do Lucsamburg, cé nach bhfuil sé chomh feiceálach don Ungáir, don Rómáin, don Bhulgáir, don Pholainn, agus don Chipir – féach Fíor 2.1.11. I roinnt Ballstát, níl aon raon feidhme go fóill chun cánach a athrú ó shaothar, go suntasach tríd an ding chánach a ísliú le haghaidh oibrithe ar phá íseal agus ar mheánioncam, freisin chun tionchair na bpraghsanna fuinnimh atá ag méadú a mhaolú, agus i dtreo foinsí eile atá níos tacúla le spriocanna comhshaoil.

**Fíor 2.1.11: Tá an ding chánach ar shaothar níos lú le haghaidh leibhéal pá níos ísle**

Ualach cánach le haghaidh fostaí ar phá íseal (50 % agus 67 % den mheánphá) i gcomparáid leis an meánphá in 2021




*Foinse*: An Coimisiún Eorpach, Ard- Stiúrthóireacht na nGnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE (arna nuashonrú i mí an Mhárta 2022).

**Bosca Cholún 2: An Geilleagar Sóisialta agus Fiontair Shóisialta**

Comhairtear 2.8 milliún eintiteas sa **gheilleagar sóisialta ar fud an Aontais, a bhfuil sé mar phríomhaidhm leo tionchar sóisialta agus/nó comhshaoil dearfach a ghiniúint seachas gnóthachain airgeadais dá n-úinéirí nó páirtithe leasmhara.** Áirítear orthu sin múnlaí gnó agus eagraíochtúla éagsúla, amhail comhlachais, comharchumainn, cumainn chomhshochair, fondúireachtaí, agus fiontair shóisialta, ag forbairt ar fhréamhacha áitiúla

agus ag úsáid rialachais rannpháirtigh. Tugann eagraíochtaí eacnamaíocha sóisialta réitigh choincréiteacha agus nuálacha do phríomhdhúshláin shochaíocha i réimse mór earnálacha eacnamaíocha, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta, cúram sláinte, oideachas, talmhaíocht, fuinneamh, baincéireacht, árachas, agus bainistíocht dramhaíola.

**Tá éagsúlacht san fhostaíocht íoctha sa gheilleagar sóisialta ó níos lú ná 1 % go 10 % den lucht saothair foriomlán ar fud na mBallstát agus tugtar le fios ann acmhainneacht nach bhfuil úsáid á baint as don fhás fostaíochta san earnáil le haghaidh roinnt Ballstát.**[76] Fostaíonn eintitis gheilleagar sóisialta 13.6 milliún duine san Aontas agus tugann siad luach chuig geilleagair agus sochaithe áitiúla trína n-ionchuimsitheacht, a n-athléimneacht, agus a n-inbhuaine comhshaoil a chothú. Mar shampla, soláthraíonn siad poist cháilíochta bhreise sa gheilleagar, rannchuidíonn siad le cuimsiú grúpaí faoi mhíbhuntáiste, tiomáineann siad forbairt gheilleagrach inbhuanaithe, agus cuireann siad chun cinn rannpháirtíocht ghníomhach saoránach sa tsochaí. Le déanaí, chuidigh an geilleagar sóisialta chun tionchar ghéarchéim COVID- 19 a mhaolú trí réitigh ó bhun aníos a fhorbairt, go príomha i seirbhísí sláinte agus sóisialta, le tacú le grúpaí leochaileacha agus atá i mbaol. Mar shampla, sa Pholainn, cuireadh deontais ar fáil do shaoránaigh chun tionscadail a fhorbairt, a thástáil, agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais daoine spleácha ó Ghorlann Malopolska le haghaidh Nuálaíocht Shóisialta, arna chómhaoiniú ag CSE. Ina theannta sin, mar gheall ar an gcur chuige bunaithe ar luachanna sa gheilleagar sóisialta, tá sé ina ghníomhaire tábhachtach chun aistrithe córa glasa agus digiteacha a áirithiú.

**Cé go n-oibríonn eagraíochtaí geilleagair shóisialta agus fiontair shóisialta i ngach Ballstát, athraíonn an leibhéal tuisceana agus glactha ar na coincheapa fiontair shóisialta agus geilleagair shóisialta go suntasach ar fud na mBallstát.** I mórán Ballstát, mar gheall ar an easpa aitheantais fhoirmiúil agus feasachta maidir lena múnlaí gnó, tá deacrachtaí roimh eintitis gheilleagair shóisialta agus a ngníomhaíochtaí á bhforbairt. Dá bhrí sin, tá raon feidhme ann le haghaidh tuilleadh tacaíochta agus tacaíocht níos fearr, lena n-áirítear creataí beartais agus dlíthiúla oiriúnaithe dá sainiúlachtaí, rochtain níos fearr ar airgeadas agus margaí, chomh maith le lánpháirtiú níos fearr i líonraí gnó agus seirbhísí tacaíochta.

**Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo, i mí na Nollag 2021, chuir an Coimisiún Eorpach an Plean Gníomhaíochta maidir le Geilleagar Sóisialta (SEAP)**[77] chun cinn. Tá sé mar aidhm le SEAP an t-éiceachóras a fheabhsú d'eintitis an gheilleagair shóisialta go háirithe i dtíortha nach bhfuil sé forbartha iontu go fóill, i gcomhréir le prionsabal 4 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (Tacaíocht Ghníomhach don Fhostaíocht). I ndáil le beartas do Mholadh ón gComhairle maidir le creatdálaí geilleagair shóisialta a fhorbairt (beartaithe le haghaidh Bealtaine 2023) – mar cheann de na príomhghníomhaíochtaí faoi SEAP – ba cheart go gcuideodh sé chun an creat beartais agus rialála a fheabhsú don gheilleagar sóisialta i raon limistéar, lena n-áirítear Státchabhair, soláthar poiblí agus cánachas. Ina theannta sin, aithnítear 'gaireacht agus geilleagar sóisialta' mar cheann de na cheithre phríomh- éiceachóras dhéaga tionsclaíocha de chuid straitéis thionsclaíoch an Choimisiúin i Márta 2020.

[76] Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa, Monzon, J. L., Chaves, R., *Recent evolutions of the Social Economy in the European Union*, Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa, 2017.

[77] An Coimisiún Eorpach, *Geilleagar a thógáil ar geilleagar é a fhóireann do dhaoine: plean gníomhaíochta don gheilleagar sóisialta*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021. Cuireann an plean gníomhaíochta leis an Tionscnamh Gnó Sóisialta (2011).

**Léiríonn rochtain ar airgeadas príomhdhúshlán struchtúrach le haghaidh fiontar sóisialta.** Tá infhaighteacht agus úsáid acmhainní airgeadais in- aisíoctha le haghaidh fiontair shóisialta an- ilchineálach ar fud na mBallstát. In 2014-20, thacaigh na hionstraimí airgeadais ceannródaíocha ar leibhéal an Aontais faoi Chlár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta (EaSI) le fiontair shóisialta trí ráthaíochtaí phunann iasachta, cothromais agus maoiniú fiachais. Leantar leis an tacaíocht trí Ionú maidir le hInfheistíocht Shóisialta agus Scileanna InvestEU in 2021-27, leis an gCiste Eorpach Infheistíochta, mar phríomh- chomhpháirtí forfheidhmithe le haghaidh maoiniú fiontar sóisialta. Comhlánaíonn deontais (amhail tacaíocht le costas idirbhirt, deontais phíolótacha maoinithe sóisialta) arna maoiniú faoi CSE+[78] tacaíocht ó ionstraimí airgeadais.

**Le blianta beaga anuas, ghlac roinnt Ballstát le straitéisí foriomlána nó tionscnaimh shonracha chun tacú leis an ngeilleagar sóisialta.** Ghlac **an Bhulgáir** lena 5ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Débhliantúil don Gheilleagar Sóisialta 2022-2023. Ghlac **an Fhionlainn** le Straitéis maidir le Fiontair Shóisialta in 2021 agus, i gcomhréir léi, bunaíodh Lárionad Saineolais náisiúnta le haghaidh Fiontair Shóisialta[79]. Ina Clár Athchóirithe Náisiúnta 2022, chuir **an Ghearmáin** in iúl a tiomantas chun Straitéis Náisiúnta a tharraingt suas le haghaidh fiontair shóisialta chun cuideachtaí a fhreastalaíonn ar leas an phobail agus geilleagar atá bunaithe ar an dhlúthpháirtíocht a neartú. Maidir le haitheantas dlíthiúil na bhfiontar sóisialta, tá Gníomh um Fhiontraíocht Shóisialta á ullmhú ag **an tSeicia** mar bhealach chun daoine faoi mhíbhuntáiste a chomhtháthú sa mhargadh saothair, agus ghlac **an Pholainn** Gníomh maidir leis an ngeilleagar sóisialta, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, lena leagtar síos rialacha chun fiontair shóisialta a dheimhniú, ar fiontar iad a dhéanfaidh daoine atá i mbaol eisiamh sóisialta a athimeascadh. In 2022, ghlac **an Spáinn** le tionscadal straitéiseach don gheilleagar sóisialta agus cúraim arbh fhiú EUR 800 milliún é, arna mhaoiniú go príomha ó Next Generation EU, ag díriú ar lánchumas an gheilleagair shóisialta a dhíghlasáil le rannchuidiú le haistrithe córa, glasa, agus digiteacha agus chun córais cuimsithe agus leasa a neartú. Tá coinne leis go méadóidh an plean an sciar den gheilleagar sóisialta in OTI na Spáinne faoi 1 pc chuig 11 %.

### 2.1.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

**Ghlac roinnt Ballstát cheana féin le bearta chun tacú le cruthú post.** In Eanáir 2022, ghlac an tseirbhís fostaíochta sa **Chróit** le bearta nua um chruthú poist, mar chuid dá PTA, le tacú le haistrithe glasa agus digiteacha, a dearadh chun tús áite a thabhairt do ghníomhachtú agus (féin) f(h)ostaíocht daoine éighníomhacha, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus daoine óga nach bhfuil i bhfostaíocht, oideachas, ná oiliúint (NEET). Mhéadaigh **an Liotuáin** raon feidhme agus éagsúlacht na mbeart tacaíochta fostaíochta i mí Iúil 2022, ag díriú níos mó ar phoist ina bhfuil níos mó breisluacha agus an dá aistriú, mar chuid dá tiomantas do phlean téarnaimh agus athléimneachta. I mí an Mhárta 2022 thosaigh **an Phortaingéil** ag deonú tacaíocht airgeadais d'fhostóirí a thairgeann conarthaí neamhiata agus a íocann pá leordhóthanach faoin mbeart 'Tiomantas Fostaíochta Inbhuanaithe', freisin mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta. Le linn na paindéime, thug **an Bheilg** (an Vallúin) isteach fóirdheontas fostaíochta dírithe míosúil dar luach EUR 1 000, 'Tremplin24mois+',

[78] Sampla den ghlao airgeadais shóisialta soláthair agus éilimh is déanaí (2020) is ea an comhar idir Erste Bank agus Impact Hub san Ostair, sa tSeicia, sa tSlóvaic, sa tSeirbia, agus sa Chróit ag tacú le forbairt cuasachothromais mar aon le tacaíocht neamhairgeadais comhlántach le haghaidh fiontar sóisialta. Trí chothromas fiontar sóisialta a spreagadh, d'fhéadfaidís a bpleananna fáis a shaothrú, tionscadal nua a réadú nó tionscadal atá ann cheana a mhéadú agus dá dheasca sin a dtionchar a mhéadú.

[79] Féach ar líne an Straitéis maidir le Fiontair Shóisialta agus an Lárionad Saineolais, faoi seach.

chun cuardaitheoirí poist dífhostaithe an- fhadtéarmach a fhostú. I dtosach, díríodh an fóirdheontas sin ar earnálacha sonracha, ach cuireadh síneadh leis an mbeart in Eanáir 2022 chun gach fostóir príobháideach agus poiblí a chuimsiú. In Eanáir 2022, chuir rialtas na Bruiséile síneadh leis an dreasacht fostaíochta 'Phoenix' chun cuardaitheoirí poist leochaileacha a fhostú, a chaill a bpoist le linn na géarchéime sláinte agus a chláraigh leis na seirbhísí poiblí fostaíochta (SPF). Ghlac roinnt Ballstát le bearta dírithe ar rochtain a sholáthar ar obair do dhaoine easáitithe ón Úcráin chun a lánpháirtiú a chothú sa mhargadh saothair agus tacú le cruthú post. Mar shampla, i mí an Mhárta 2022, chuir **an Laitvia** fóirdheontas fostaíochta i bhfeidhm do dhídeanaithe ón Úcráin, a sholáthraíonn liúntas aonuaire EUR 500 d'fhostóirí ag tús an chaidrimh fostaíochta. San **Ungáir**, tugadh isteach fóirdheontas fostaíochta sealadach i mí an Mhárta 2022 d'fhostóirí a bhí ag fostú saoránaigh na hÚcráine ag teitheadh an chogaidh. Cumhdaítear leis an fóirdheontas 50 % de na costais chóiríochta agus chomaitéireachta le haghaidh suas le 1 bhliain amháin. Sa **Danmhairg**, riartar seirbhísí cothaithe fostaíochta le haghaidh daoine easáitithe ón Úcráin ar leibhéal bardais, lena n-áirítear trí fhóirdheontais fostaíochta. Chun forbhreathnú a fháil ar na bearta margadh saothair gníomhacha a éascaíonn lánpháirtiú daoine easáitithe ón Úcráin féach Roinn 2.3.2.

**Chéimnigh roinnt Ballstát amach a mbearta tacaíochta éigeandála tar éis an chéad leath de 2021, i gcomhréir le maolú na srianta sláinte poiblí.** Mar shampla, idir mí Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair 2021, céimníodh amach na scéimeanna oibre gearr- ama sealadacha agus scéimeanna coinneála poist eile mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID- 19 sa **Chipir**, sa **Danmhairg**, san **Eastóin,** agus sa **Liotuáin**. Le linn na tréimhse céanna sa tSualainn, cuireadh deireadh freisin le beartas sealadacha, ach d'fhan na scéimeanna a bhí ann roimhe sin faoi seach i bhfeidhm.

**Chuir Ballstáit eile síneadh lena scéimeanna oibre gearr- ama le linn an chéad leath de 2022 agus ina dhiaidh.** Mar shampla, sa Chróit, san Iodáil agus sa Phortaingéil, maoiníodh bearta chun poist a chaomhnú i gcomhthéacs phaindéim COVID- 19 le linn an chéad ráithe de 2022. Sa **Bhulgáir**, cuireadh síneadh le fóirdheontais phá d'oibrithe (scéim 60/40) don tréimhse suas go dtí mí an Mheithimh 2022. I **Málta** agus sa **Ghréig,** cuireadh síneadh leis an scéim forlíonta pá agus an scéim oibre gearr- ama go dtí deireadh mhí Bealtaine 2022. Chuir an **Bheilg** síneadh leis an 'nós imeachta simplithe' (le níos lú oibleagáidí riaracháin do na fostóirí) dá scéim oibre gearr- ama i mí an Mhárta 2022 go dtí deireadh mhí an Mheithimh 2022 mar fhreagairt ar bhriseadh amach an chogaidh sa Úcráin, leis na módúlachtaí mar is infheidhme le linn ghéarchéim COVID- 19. Ar an gcaoi chéanna, chuir an **Fhrainc** síneadh le hinfheidhmeacht a scéim fostaíochta pháirteach atá ann faoi láthair (APLD) go dtí deireadh 2022 chun deis a thabhairt do chuideachtaí a raibh tionchar ag an gcogadh sa Úcráin orthu tairbhe a bhaint aisti. Chuir **Lucsamburg** síneadh i dtosach lena scéim oibre gearr- ama go dtí mí an mí an Mheithimh 2022 le haghaidh FBManna d'fhonn an scéim a chéimniú amach de réir a chéile. Ach, i gcomhthéacs na géarchéime fuinnimh, d'fhógair an rialtas i mí Lúnasa 2022, gur féidir le cuideachtaí ar cuireadh isteach go mór orthu an scéim oibre gearr- ama a úsáid. I mí Bealtaine, chuir **an Rómáin** síneadh freisin lena scéim oibre gearr- ama go dtí deireadh 2022.

**I roinnt cásanna, cuireadh scéimeanna oibre gearr- ama in ionad na mbeart sealadach a glacadh mar fhreagairt ar phaindéim COVID- 19.** Chéimnigh an **Spáinn** de réir a chéile rialacha éigeandála na scéime oibre gearr- ama ERTE (cé gur cuireadh síneadh le páirteanna de na tairbhí agus na lacáistí slándáil shóisialta go dtí an 31 Márta 2022). I mí na Nollag 2021, tháinig reachtaíocht nua i bhfeidhm lenar bunaíodh scéim oibre gearr- ama bhuan chun oiriúnú do na turraingí tráthrialta agus struchtúrtha mar chuid d'athchóiriú leathan arna sainmhíniú sa phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta. Sa chomhthéacs sin, tugtar

dreasacht do chuideachtaí chun cláir oiliúna a chur ar fáil dá bhfostaithe le haghaidh uas- scilithe agus athscilithe. I mí an Mhárta 2022, thug **an tSlóvaic** isteach freisin beart nua buan chun poist a chaomhnú le linn sleabhcadh eacnamaíoch. Sa **tSlóivéin**, tá sé beartaithe glacadh le scéim oibre gearr- ama le haghaidh diansleabhcadh eacnamaíoch roimh dheireadh 2022.

**Idir mí Eanáir 2021 agus mí Iúil 2022, mhéadaigh roinnt Ballstát a bpá íosta reachtúil go substaintiúil.** Ba é an aidhm a bhí leis sin freagairt do chaillteanas cumhacht ceannaigh oibrí ar phá íseal os rud é go bhfuil borradh ag teacht ar bhoilsciú, agus i roinnt cásanna, chun leordhóthanacht na dtuarastal íosta a fheabhsú go ginearálta freisin, i bhfianaise a leibhéil ísle agus an bhearna i gcomparáid le tuarastail eile.[80] Taifeadadh an méadú is mó ar an íosphá reachtúil san Ungáir (19.5 %). Bhí méaduithe suntasacha ag tíortha eile freisin, go háirithe **an Liotuáin** (13.7 %), **an Bheilg** (13.3 %), **an Eastóin** (12 %), **an Rómáin** (11 %), **an Chróit** (10.3 %), **an Ghearmáin** (10 %), **an Ghréig** (9.7 %), agus **an Bhulgáir** (9.2 %). I roinnt de na tíortha sin, tugadh isteach na méaduithe trí nuashonruithe lánroghnacha anuas ar ghnáth- idirbheartaíochtaí nó sásraí innéacsaithe. Tá sé fógartha freisin ag Ballstáit eile, lena n-áirítear **an Ghearmáin**, **an Laitvia**, an **Ísiltír**, **an Phortaingéil,** agus **an Rómáin**. méaduithe sa phá íosta ar feadh 2022 nó faoi thús 2023 (sa Phortaingéil, shínigh an rialtas comhaontú meántéarmach i mí Dheireadh Fómhair 2022 le comhpháirtithe sóisialta chun pá íosta a mhéadú chuig EUR 900 in 2026). Go háirithe, i mí Eanáir 2023, tá sé beartaithe ag **an Laitvia,** agus **an Ísiltír** a bpá íosta reachtúil a mhéadú faoi 40 % agus 10 % faoi seach. In **Éirinn**, tá sé beartaithe freisin fáil réidh le pá íosta níos ísle d'oibrithe óga.

**Ina theannta sin, thug roinnt Ballstát isteach athchóirithe lena gcreataí chun pá íosta reachtúil a shocrú.** Rud a bhfuil tábhacht ar leith leis, thug **an Chipir** isteach pá íosta reachtúil den chéad uair a mbeidh feidhm leis ó mhí Eanáir 2023, ag leibhéal EUR 940. Trí leasú ar an gCód Saothair, bhunaigh **an Rómáin** nach féidir pá íosta a íoc le hoibrí ach ar feadh suas le 24 mhí, agus ina dhiaidh sin gur gá pá níos airde a íoc. Sa **Chróit**, faoi PTA, leasaíodh an tAcht um Phá Íosta chun forfheidhmiú na rialacha a bhaineann leis an bpá íosta reachtúil a bhreisiú, maidir le, i measc cinn eile, na pionóis do chiontóirí agus rialú na gcomhlachta cigireachta a neartú. Mar chuid d'athchóiriú leathan ar chreat um leagan síos pá íosta in **Éirinn**, cuirfear 'pá maireachtála' in ionad an phá íosta reachtúil. Socrófar an pá maireachtála ag 60 % den phá airmheánach in aon bhliain ar leith ag tosú ó 2023. Fanfaidh an pá íosta náisiúnta i bhfeidhm go dtí go dtagann an pá maireachtála 60 % isteach, in 2026, ach tiocfaidh méadú air in imeacht na mblianta mar is gnách, chun an bhearna a dhúnadh idir é agus an pá maireachtála. Tá Coimisiún ar Phá Íseal bunaithe i **Málta** a bhfuil coinne leis go n-eiseoidh sé a chéad mholadh don sásra nua chun an pá íosta a thabhairt cothrom le dáta in 2023. D'ainneoin na mbeart sin, níl mórán oibrithe san Aontas cumhdaithe go fóill ag cosaint pá íosta leordhóthanach. Chun cuidiú le dul i ngleic leis an gcás seo, chuir an Coimisiún ar aghaidh i mí Dheireadh Fómhair 2020, togra le haghaidh Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas, ar ghlac Parlaimint na hEorpa leis an 14 Meán Fómhair agus ar ghlac an Chomhairle leis an 4 Deireadh Fómhair 2022.[81] Tugtar míniú breise i mBosca 1 den Cholún ar na príomhdhúshláin a bhfuil sé mar aidhm leis an Treoir aghaidh a thabhairt orthu agus a príomhfhorálacha.

---

[80] Bhí roinnt nuashonruithe in 2021 ag freagairt cheana féin don bhoilsciú atá ag méadú.

[81] Leagtar amach sa Treoir creat chun rochtain a fheabhsú ar chosaint phá íosta leordhóthanach ar fud an Aontais, lena n-áirítear trí chómhargáil a chur chun cinn, dá réir sin ag cuidiú chun feabhas a chur ar choinníollacha maireachtála agus cónaithe fostaithe ar phá íosta agus ar phá íseal. Féach mar shampla: Fáiltíonn an Coimisiún roimh chomhaontú polaitiúil maidir le pá íosta leordhóthanach d'oibrithe san Aontas – Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú – An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

**Níl gníomhaíochtaí glactha ach ag beagán Ballstát chun gníomhú in aghaidh na treochta anuas sa líon oibrithe a chumhdaítear le comhaontuithe cómhargála.** Ghlac roinnt Ballstát le bearta chun na creataí cómhargála a neartú. Mar shampla, i mí na Nollag 2021, mar chuid d'athchóiriú níos leithne, bhunaigh **an Spáinn** , in éagmais comhaontú comhchoiteann infheidhme ar leibhéal gnóthais, go n-áirítear fostaithe a oibríonn d'fhochonraitheoir i raon feidhme an chomhaontaithe chomhchoitinn earnála a chomhfhreagraíonn don ghníomhaíocht ar fochonradh. Sa **Rómáin**, tá reachtaíocht nua maidir le hidirphlé sóisialta beartaithe sa phlean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta agus tá coinne leis go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i R4-2022. Áirítear sa phlean freisin athbhreithniú ar an sainmhíniú ar na hearnálacha eacnamaíocha mar bhunús le comhaontuithe comhchoiteanna ar leibhéal earnála. I mí Lúnasa 2021, ghlac **an Eastóin** le dlí nua lenar cuireadh síneadh leis na forálacha um choinníollacha oibre a comhaontaíodh mar chuid den chómhargáil. Cuirtear síneadh le coinníollacha a bhaineann le pá, am oibre agus tréimhsí sosa chuig earnáil iomlán nuair a aontaíonn fostóirí ar a laghad 40 % den lucht saothair san earnáil agus ceardchumainn a dhéanann ionadaíocht thar ceann 15 % ar a laghad de na fostaithe.

**Ghlac roinnt Ballstát freisin, nó tá siad ag smaoineamh ar ghlacadh, le roinnt beart a bhaineann le pá na hearnála poiblí**. Mar gheall ar an sciar shuntasach den earnáil phoiblí atá i lánfhostaíocht, d'fhéadfaidís seo tionchair níos leithne a imirt ar an ngeilleagar, mar go dtacaíonn méaduithe i bpá na hearnála poiblí le cumhacht ceannaigh na bhfostaithe seo ach is féidir leo freisin tionchair iarmharta a bheith acu ar phá san earnáil phríobháideach. Sa **Fhrainc** cinneadh ardú pá 3.5 % do státseirbhísigh, chun tionchar an bhoilscithe ar chumhacht ceannaigh a mhaolú. Mhéadaigh **an Phortaingéil** tuarastail le haghaidh céimithe dochtúireachta agus daoine ar leibhéal iontrála sa riarachán poiblí faoi 4.7 % in 2022 agus é mar aidhm leo tallann a mhealladh agus a choinneáil. Sa **tSlóivéin**, leasaigh athchóiriú córas pá na hearnála poiblí chun socruithe a áireamh do luach saothair inathraitheach agus chun luach saothair a nascadh le torthaí oibre. Sa **Laitvia**, chinn an rialtas bónais a leithdháileadh d'oibrithe sóisialta de bharr ualach oibre níos airde i ngeall ar theacht dídeanaithe na hÚcráine.

**Chuir roinnt Ballstát bearta i bhfeidhm chun a gcórais chánach a dhéanamh níos córa agus chun feabhas a chur ar dhreasachtaí chun oibre.** Sa **tSeicia,** cuireadh deireadh leis an scéim cháin ioncaim phearsanta réidh nuair a tugadh isteach ráta imeallach forásach nua. Ó 2021, cuirtear ráta cánach 23 % i bhfeidhm ar ioncaim níos mó ná CZK 1 701 168 (timpeall EUR 67 300), cé gur fhan ioncam faoin tairseach sin faoi réir ráta 15 %. Laghdaigh **an Ostair** a ráta cánach pearsanta is ísle ó 25 % go 20 % agus chuir siad síneadh leis an ráta bairr 55 % go dtí 2025 le haghaidh ioncam os cionn EUR 1 mhilliún. Mar gur thosaigh an chuid deiridh den phacáiste um athchóiriú cánach níos mó in 2017, ghearr **an Chróit** a ráta cháin ioncaim pearsanta ó 36 % go 30 % agus ó 24 % go 20 % le haghaidh ioncam os cionn agus faoi HRK 360 000 (EUR 49 000) faoi seach. Laghdaigh an beart seo forásacht na scéime, ach freisin an t-ualach cánach, dá bhrí sin ag tacú go hindíreach le teaghlaigh le linn na paindéime. Laghdaigh an Chróit an ráta cánach ar dhíbhinní ó 12 % go 10 %. I mí Iúil 2022, leasaigh **an Rómáin** rialacha maidir le cánachas ioncam arna dtuilleamh ó chonarthaí fostaíochta páirtaimseartha. Faoin réimeas nua, beidh an t-ioncam a mheastar maidir le ríomh ranníocaíochtaí sóisialta agus sláinte, ionann leis an mbunphá íosta agus ní an t-ioncam iarbhír a thuilleann an fostaí. Sa **Bheilg**, d'fhógair an rialtas Pléimeannach i Meán Fómhair 2022 an síneadh leis an mbónas poist (sochar fostaithe) chuig fostaithe ar ioncam níos airde agus an méadú sealadach ar leibhéal an tsochair.

**Sholáthair roinnt Ballstát faoiseamh cánach chun tionchar na bpraghsanna fuinnimh atá ag ardú a mhaolú ar dhaoine agus ar theaghlaigh, le bearta dírithe ar na daoine is leochailí i roinnt cásanna.** Mar shampla, sa **Ghearmáin**, déantar foráil sa Tax Discharge

Act [An Gníomh um Urscaoileadh Cánach] ar glacadh leis i mí an Mhárta 2022 le haghaidh méadú ar chnapshuim fostaithe, an bunliúntas agus na costais chomaitéireachta is féidir a asbhaint ó na cánacha ioncaim pearsanta. I mí Aibreáin 2022, chuir **an Phortaingéil** réimeas urghnách um íocaíocht chánach a chur siar do chuideachtaí agus d'oibrithe féinfhostaithe san earnáil iompair, a raibh an tionchar ba mhó orthu ag an méadú ar phraghsanna breosla agus fuinnimh. D'ardaigh **an Liotuáin** an tairseach ioncaim neamh- inchánach chuig EUR 540, rud a mhéadaigh an glanioncam go príomha do na fostaithe a thuilleann an pá íosta. Méadaíodh an tairseach neamh- inchánach níos mó le haghaidh daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas. Thairis sin, i **Málta** ó mhí Eanáir 2022 tháinig méadú ar an aisíocaíocht cánach chuig idir EUR 60 agus EUR 140, chun an aisíocaíocht is airde á tabhairt do na fostaithe is lú ioncaim. San **Fhionlainn**, chinn an rialtas rogha sealadach a thabhairt isteach chun costais leictreachais a asbhaint ón mbonn cánach ioncaim agus tacaíocht leictreachais theoranta do dhaoine nach féidir tairbhiú den asbhaint cánach ag díriú ar na teaghlaigh is boichte. Chun forléargas a fháil ar bhearta tacaíochta poiblí breise a glacadh mar fhreagairt ar an ngéarchéim fuinnimh leanúnach, féach Bosca Cholún 7 i roinn 2.4.1.

## 2.2 Treoirlíne 6: An soláthar saothair a fheabhsú agus feabhas a chur ar an rochtain ar fhostaíocht, scileanna agus inniúlachtaí

Sa roinn seo, breathnaítear ar chur chun feidhme threoirlíne uimh. 6 maidir le fostaíocht, lena moltar do na Ballstáit na dálaí a chruthú chun an soláthar saothair, scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú, i gcomhréir le prionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta 1 (oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil), 2 (comhionannas inscne), 3 (comhdheiseanna), 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht), 9 (cothromaíocht oibre is saoil), 11 (cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí) agus 17 (cuimsiú daoine faoi mhíchumas). Tuairiscítear i roinn 2.2.1[82] faoi phríomhfhorbairtí i réimse an oideachais agus scileanna, mar aon leis an gcás ó thaobh an mhargaidh saothair de go háirithe maidir le grúpaí leochaileacha agus grúpaí faoi ghannionadaíocht. Tuairiscítear i roinn 2.2.2 faoi bhearta beartais atá déanta ag na Ballstáit sna réimsí beartais sin.

### *2.2.1 Príomhtháscairí*

**Tá méadú ag teacht go fóill ar rannpháirtíocht in oideachas agus cúram na luath- óige (ECEC), ach bíonn bacainní fós roimh leanaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.** Idir 2015 agus 2020, in AE- 27 tháinig méadú ar mheán- rannpháirtíocht leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois náisiúnta tosaithe don oideachas éigeantach bunscoile ó 92 % go 93 %, agus léirigh formhór na dtíortha rátaí fáis mhall nó titimí an- bheaga. Shroich cúig Bhallstát (an Bheilg, an Danmhairg, Éire, an Spáinn agus an Fhrainc) sprioc 2030 de ráta rannpháirtíochta 96 % ar a laghad cheana féin mar a leagtar amach sa Limistéar Eorpach Oideachais[83]. I gcontrárthacht, sa Ghréig (71.3 %), sa tSlóvaic (78.1 %), sa Rómáin (78.2 %), agus sa Chróit (78.8 %), tá an ráta rannpháirtíochta fós faoi bhun 80 % – féach Fíor 2.2.1. Ar fud thíortha an Aontais, tá rátaí rannpháirtíochta leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta níos ísle go seasmhach ná rátaí a bpiaraí. Ó bhí géarchéim 2008 ann, tháinig méadú seasta ar an gcéatadán leanaí idir 3 bliana d'aois agus aois éigeantach scolaíochta atá i mbaol bochtaineachta in ECEC go dtí géarchéim COVID- 19. Tar éis tionchar diúltach suntasach na paindéime, in 2021 d'fhan an ráta faoi leibhéil réamhphaindéime[84]. Bíonn rannpháirtíocht íseal go háirithe i measc roinnt grúpaí leochaileacha. Mar shampla, tá rannpháirtíocht leanaí Romacha in oideachas na luath- óige fós níos lú ná leath ráta an daonra iomláin (timpeall 42-44 %, in aghaidh sprioc 2030 de 70 % ar a laghad a leagadh amach i gcreat straitéiseach nua an Aontais maidir le comhionannas, lánpháirtí agus rannpháirtíocht Romach)[85]. Tuairiscíodh freisin gur fhulaing leanaí faoi mhíbhuntáiste ó sheirbhísí dúnta nó srianta le linn na paindéime, rud a mhéadaigh an riosca de thuilleadh eisiamh[86].

---

[82] Tá an anailís sa roinn bunaithe den chuid is mó ar an Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint de chuid an Choimisiúin Eorpaigh 2022, a ghabhann leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach maidir le dul chun cinn luath i dtreo bhaint amach an Limistéir Eorpaigh Oideachais.

[83] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún 30.09.2020 dar teideal Achieving the European Education Area by 2025 [an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025], COM(2020) 625 final.

[84] Molinuevo, D. and Consolini, M., *Analysis of the Child Guarantee National Action Plans. Support for refugees and trends in Member States [Tacaíocht do dhídeanaithe agus treochtaí i mBallstáit]*, foilseachán don Choiste maidir le Fostaíocht agus Gnóthaí Sóisialta, an Roinn um Beartais Eacnamaíocha, Eolaíocha agus Cáilíocht Saoil, Parlaimint na hEorpa, 2022.

[85] Bunaithe ar na torthaí is déanaí le haghaidh BG i Suirbhé Romach na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha (FRA) 2020-2021; CZ; EL; ES; HR; HU; PT; RO; SK - le foilsiú i bhfómhar 2022. Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach: Creat straitéiseach an Aontais maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach le haghaidh 2020-2030.

[86] An Coimisiún Eorpach, *Early childhood education and care and the Covid-19 pandemic - Understanding and managing the impact of the crisis on the sector [Oideachas agus cúram na luath- óige agus paindéim*

**Fíor 2.2.1: Cé gur mhéadaigh sé ar an iomlán, tá rannpháirtíocht in ECEC fós íseal i roinnt Ballstát**

Rannpháirtíocht in ECEC ag leanaí idir 3 bliana d'aois agus an aois a dtosaítear ar an oideachas éigeantach bunscoile (%)




*Nóta*: 2015: tá an sainmhíniú difriúil le haghaidh BE, EL, PT, 2020: tá an sainmhíniú difriúil le haghaidh BE, EL, IE, MT, PT; FR sealadach; BG, IE measta; briseadh sa tsraith le haghaidh BE.

*Foinse:* Eurostat, [educ_uoe_enra21].

**Bíonn an- éagsúlacht idir sciar na luathfhágálaithe ón oideachas agus ón oiliúint (ráta ELET), ag tabhairt dúshlán le fios le haghaidh roinnt Ballstát.** Ar an meán, ar fud an Aontais, b'ionann daoine 18-24 bliana d'aois gan aon ghnóthachtáil oideachais dara leibhéal uasta agus nach raibh in oideachas ná faoi oiliúint agus 9.7 % dá gcohórt in 2021. I 16 Bhallstát, tá an ráta ELET faoi 9 % (sprioc 2030 an Limistéir Eorpaigh Oideachais don Aontas ina iomláine), agus na gníomhaithe is fearr an Chróit (2.4 %), an tSlóivéin (3.1 %), an Ghréig (3.2 %) agus Éire (3.3 %), arb iad na 'gníomhaithe is fearr' de réir mhodheolaíocht an Scórchláir Shóisialta – féach Fíor 2.2.2. Sa tSlóvaic (7.8 %), cé go bhfuil an ráta fós faoi bhun sprioc an Aontais, tháinig méadú air in 2012 ó bhonnráta íseal (5.3 %). Tá rátaí atá gar do 12 % nó os a chionn ag sé cinn de na Ballstáit (an Rómáin, an Spáinn, an Iodáil, an Bhulgáir, an Ungáir agus an Ghearmáin). Tá difríochtaí suntasacha ann idir réigiúin freisin; go háirithe, i roinnt réigiún sa Spáinn, i ndeisceart na hIodáile, in oirthear na Bulgáire agus na Rómáine, agus i dtuaisceart agus in oirthear na hUngáire, tá an sciar de luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna fós níos airde ná 15 %. In oirthear na Slóvaice, tá méadú faoi dhó, nach mór, tagtha ar an ráta le 10 mbliana anuas, agus tá sé gar anois do 15 % (14.4 % ó 7.9 % in 2012) (féach Iarscríbhinn 3). Agus bearna réasúnta mór 3.5 pc ann, is minice a bhíonn fir óga (11.4 %) ag fágáil go luath ón oideachas agus ón oiliúint ná mná (7.9 %).

*COVID- 19 - Tionchar na géarchéime ar an earnáil a thuiscint agus a bhainistiú]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

**Fíor 2.2.2: Tá éagsúlacht shubstaintiúil ar fud na mBallstát sa luathfhágáil oideachais agus oiliúna agus is dúshlán fós í**

Luathfhágálaithe oideachais agus oiliúna (aois 18- 24), leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*:Briseadh san amshraith in 2021 le haghaidh gach Ballstát de bharr theacht i bhfeidhm chreat rialála nua le haghaidh Staidreamh Sóisialta na hEorpa. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn.
*Foinse*: Eurostat [edat_lfse_14], SFS an Aontais.

**Tá luathfhágáil na scoile forleathan i measc daltaí Romacha go háirithe, rud a bhíonn nasctha go minic leis an idirdheighilt scoile.** Sna tíortha sin de chuid an Aontais ar a ndearna Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) suirbhé in 2020- 2021, tá 71 % de Romaigh ann idir 18 mbliana agus 24 bliana d'aois a d'fhág an córas oideachais sular bhain siad leibhéal na meánscoile uachtaraí amach agus nach bhfuil sa bhreisoideachas ná sa bhreisoiliúint. Taifeadadh na figiúirí ab ísle sa Ghréig agus sa Phortaingéil, mar shampla, áit nár thug ach 16 % agus 10 % de dhaltaí Romacha idir 20- 24 bliana d'aois, faoi seach, oideachas meánscoile uachtaraí ar a laghad i gcrích.[87] Le creat straitéiseach nua an Aontais le haghaidh chomhionannas, chuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach, a sheol an Coimisiún Eorpach i mí Dheireadh Fómhair 2020, ceanglaítear go ndéanfar laghdú aon trian ar a laghad ar an mbearna idir an pobal i gcoitinne agus na Romaigh faoi 2030. Iarrtar ar na Ballstáit leis freisin go neartóidh siad a n-iarrachtaí deireadh a chur leis an idirdheighilt san oideachas, á áirithiú go mbeidh níos lú ná aon leanbh Romach as gach cúigear (san aoisghrúpa 6 bliana go 15 bliana) ag freastal ar scoileanna inar Romaigh iad an chuid is mó de na leanaí nó iad uile faoi 2030, i gcomparáid leis an líon scoileanna dá ndéanann sin difear faoi láthair, is é sin níos mó ná leath díobh (agus uasrátaí níos gaire do

[87] Féach Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, *Roma in 10 European Countries – Main results* [Na Romaigh i 10 dTír Eorpacha – Príomhthorthaí], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022

dhá thrian díobh i dtíortha amhail an Bhulgáir agus an tSlóvaic). Go dtí seo, ó 2016 i leith, tá méadú 10 % ar an meán tagtha ar an sciar leanaí atá san oideachas idirdheighilte. Ba sa Bhulgáir, sa tSlóvaic, sa Chróit agus sa Rómáin ab fhorleithne an idirdheighilt scoile ar dhaltaí Romacha in 2021, áit a raibh tromlach na leanaí idir 6- 15 bliana d'aois ag freastal ar scoil inar Romaigh iad an chuid ba mhó de na leanaí eile scoile nó iad uile, agus beagnach dhá thrian den aoisghrúpa a bhí i gceist maidir leis an chéad dá Bhallstát sin.[88]

**Bosca Cholún 3: Aghaidh a thabhairt ar luathfhágáil na scoile**

**Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar luathfhágáil na scoile chun a áirithiú go mbeidh ionchais fostaíochta níos fearr ag daoine óga ar feadh a saoil agus chun a rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí a chur chun cinn**, i gcomhréir le prionsabail 1 (oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil), 3 (comhionannas deiseanna) agus 11 (cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Dá bhrí sin, is príomhthosaíocht bheartais é an laghdú ar luathfhágáil na scoile agus cuirtear i dtábhacht amhlaidh é sa Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach um chomhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus lasmuigh de (2021- 2030), agus sa Mholadh ón gComhairle lena leagtar síos an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Tá sé ar cheann de spriocanna comhlántacha Phlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta freisin.

**Ar an iomlán, tá feabhas ag teacht ar an treocht i luathfhágáil na scoile ar leibhéal an Aontais, agus chun tuilleadh laghduithe a dhéanamh is gá díriú ar na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus is deacra teagmháil a dhéanamh leo**. Ba cheart aird bheartais a dhíriú go sonrach ar dhá ghrúpa daoine óga (iad siúd a bhfuil a dtuismitheoirí ar bheagán oideachais agus daltaí a rugadh ar an gcoigríoch). Tá riosca luathfhágála na scoile naoi n-uaire níos airde i measc daoine óga a bhfuil a dtuismitheoirí ar bheagán oideachais (26.1 %) i gcomparáid leo siúd a bhfuil oideachas an- mhaith ar a dtuismitheoirí (2.9 %). Chomh maith leis sin, tá meánrátaí luathfhágála na scoile níos mó ná a dhá oiread níos airde i measc daltaí a rugadh ar an gcoigríoch ná ina measc siúd a rugadh sa Bhallstát tuairiscithe (21.5 % vs 8.5 %). I ngach tír ina bhfuil miondealú ar fáil idir daoine a rugadh i dtír eile an Aontais agus daoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach, déanann luathfhágáil na scoile difear níos suntasaí don dá ghrúpa sin i gcomparáid leo siúd a rugadh sa Bhallstát tuairiscithe – féach an Fíor thíos[89].

[88] Ibid.

[89] An líon blianta ó tháinig duine chun cónaí san Aontas, is fachtóir soiléir é a chinneann an mhíbhuntáiste sin. Rátaí luathfhágála oideachais agus oiliúna ina measc siúd a tháinig chun cónaí sa tír thuairiscithe roimh thús an oideachais éigeantaigh, aimsíodh go bhfuil siad comhchosúil leis na rátaí le haghaidh daoine a rugadh sa Bhallstát tuairiscithe. Is gá aird speisialta a thabhairt ar dhaoine óga a thagann chun cónaí sa tír thuairiscithe le linn aois scoile éigeantaí – agus go háirithe i dtreo dheireadh na haoise sin. Féach: An Coimisiún Eorpach, *An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint*, 2022, le teacht, bunaithe ar shonraí arna n-asbhaint *ad hoc* ag Eurostat.

**Daoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach nó i dtír eile an Aontais, is dóchúla go mór go bhfágfaidh siadsan an t-oideachas go luath ná daoine a rugadh sa Bhallstát tuairiscithe**

Rátaí luathfhágála na scoile de réir tír bhreithe, i dtíortha roghnaithe, (%, 2021)




*Nóta*:An líon a rugadh i dtír eile an Aontais: iontaofacht íseal i gcás BE, CY, CZ, FR. An líon a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach: iontaofacht íseal i gcás CZ agus LU. Níor áiríodh ach líon teoranta Ballstát toisc nach raibh sonraí ar fáil.

*Foinse:* Eurostat [edat_lfse_02], SFS an Aontais

**D'fhéadfadh díscor den oideachas le linn phaindéim COVID- 19 difear a dhéanamh do rátaí luathfhágála na scoile**. Ós rud é go gcumhdaítear daoine idir 18 mbliana agus 24 bliana d'aois le táscaire luathfhágála na scoile, is go fadálach a léireofar sna sonraí aon mhéadú a tháinig ar an sciar daoine óga a d'fhág an t-oideachas agus an oiliúint roimh am le linn COVID- 19. De dheasca dúnadh fisiceach scoileanna agus bearta dianghlasála, tá brú láidir fós ar mheabhairshláinte agus dea- bhail leanaí agus daoine óga. Bíonn baint láidir aige sin le torthaí an oideachais, mar níorbh fhéidir le córais oideachais tacaíocht iomchuí a sholáthar sa chomhthéacs criticiúil i gcónaí.[90]

**Dul i ngleic le luathfhágáil na scoile, agus laghdú ar thearcghnóthachtáil bunscileanna, is iad sin príomhthosaíochtaí thogra an Choimisiúin le haghaidh Moladh ón gComhairle an 30 Meitheamh 2022 maidir le Conairí i dtreo na Rathúlachta Scoile[91].** Is é is aidhm don togra torthaí oideachais níos fearr agus timpeallacht scoile ionchuimsitheach a chur chun cinn le haghaidh gach foghlaimeora, agus príomhról na folláine ar scoil á chur san áireamh[92]. I gcomparáid le Moladh 2011 maidir le beartais chun luathfhágáil na scoile a laghdú[93], glactar dearcadh níos leithne agus níos sistéamaí leis agus tá creat athnuaite gníomhaíochta

[90] Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le cur chuige uilescoile i leith na meabhairshláinte agus na dea- bhaile, féach an Coimisiún Eorpach, Simões, C., Caravita, S., Cefai, C., *A systemic, whole-school approach to mental health and well-being in schools in the EU: Analytical report* [Cur chuige uilescoile sistéamach i leith na meabhairshláinte agus na dea- bhaile i scoileanna san Aontas Eorpach: Tuarascáil anailíseach], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

[91] Féach: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=COM:2022:316:FIN

[92] Go traidisiúnta, déantar torthaí oideachais, i dtéarmaí eolais, scileanna agus dearcthaí a forbraíodh le linn scolaíochta, a thomhas i dtéarmaí 'gnóthachtálacha oideachais' (a thagraíonn don dul chun cinn foghlama a dhéanann foghlaimeoirí agus dá litearthacht fheidhmiúil iarbhír, amhail an léitheoireacht, an scríbhneoireacht, an uimhearthacht agus cumais eolaíocha) agus 'leibhéal oideachais' (i.e., tabhairt i gcrích rathúil leibhéal sonrach oideachais, mar shampla, oideachas bunscoile nó oideachas meánscoile íochtaraí nó uachtaraí).

[93] Féach: IO C 191, 1.7.2011, *lgh. 1–6.*

ann. Leis an togra, iarrtar ar na Ballstáit straitéis chomhtháite chuimsitheach i dtreo na rathúlachta scoile a fhorbairt nó a neartú a thuilleadh faoi 2025, atá bunaithe ar fhianaise agus ina ndírítear go láidir ar an gcosc. Tá tábhacht ar leith leis sin i bhfianaise an dá aistriú, mar go gceileann luathfhágáil na scoile an deis ar dhaoine óga oiriúnú agus forbairt a dhéanamh ar na scileanna a theastaíonn le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, rud a áirithíonn go mbeidh rath ar chách i saol nua na hoibre. Cuirtear i dtábhacht leis an Moladh a thábhachtaí atá sé go gcomhcheanglófar bearta chun aghaidh a thabhairt ar gach foghlaimeoir agus gníomhaíochtaí a dhéanamh atá níos spriocdhírithe orthu sin is mó atá i mbaol agus atá níos pearsantaithe dóibh. Iarrtar leis go bhforbrófaí bearta ar leibhéal córais chun feabhas a chur ar an gcothromas agus an cuimsiú in oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar struchtúir agus sásraí a bhféadfadh drochthionchar ar leith a bheith acu ar an neamhionannas. Ós múinteoirí agus ceannairí scoile iad an dream atá i gcroílár an ratha oideachais, tá sé fíor- riachtanach go n-ullmhófar go hoiriúnach iad agus go dtabharfar tacaíocht oiriúnach dóibh chun bheith ag obair le foghlaimeoirí i mbaol.

**Rinne roinnt Ballstát dul chun cinn suntasach idir 2011 agus 2021 chun luathfhágáil na scoile a laghdú**[94]. I **Málta**, mar shampla, tháinig laghdú ar ráta luathfhágála na scoile ó 18.8 % go 11 % suas go dtí 2020 agus baineadh 10.7 % amach in 2021. I measc fachtóirí eile a rannchuidigh leis an toradh sin, tá neartú an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus seoladh chláir an dara deis. Mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, beartaíonn **Málta** córas rianaithe luathfhágálaithe scoile, an tionscadal Stórais Sonraí, a thabhairt isteach chun luathfhágáil na scoile a chomhrac a thuilleadh. Laghdaigh ráta luathfhágála na scoile faoina leath **sa Ghréig** (laghdaithe go 3.8 % in 2020, agus 3.2 % in 2021, ó 12.9 % in 2011). Dhírigh an tír a beartais ar éascú aistrithe idir conairí éagsúla foghlama, tacaíocht spriocdhírithe do luathfhágálaithe scoile, gairmthreoir agus cláir an dara deis. D'éirigh freisin leis **an Spáinn** agus leis **an bPortaingéil** luathfhágáil na scoile a laghdú (ó 26.3 % go 16 % agus ó 23.0 % go 8.9 %, faoi seach, ó 2015 go 2020, agus is é 13.3 % agus 5.9 % an figiúir in 2021, faoi seach) trína bheith ag díriú go príomha ar chineálacha cur chuige réigiúnacha. Sa Phortaingéil, tá an Clár um Chríocha Oideachais le haghaidh Idirghabháil Tosaíochta (Territórios Educativos de Intervenção Prioritária, TEIP), a cuireadh chun feidhme in 1996, ag díriú ar scoileanna atá lonnaithe i limistéir a bhfuil leibhéil arda bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta iontu. Ó 2016 tá an Clár Náisiúnta um Chur Chun Cinn na Rathúlachta Scoile (Programa Nacional de Promoção do Sucesso Escolar, PNPSE) ag féachaint leis an teip oideachasúil a chosc trí chineálacha cur chuige ó bhun aníos a ghlacadh, inar féidir le gach scoil a plean gníomhaíochta straitéiseach féin a chur chun feidhme, chun an t-athdhéanamh ranga a laghdú. Sa Spáinn, tá an rathúlacht nasctha le cur chun feidhme clár um chomhar críochach amhail PROA+ (le tacaíocht an phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta) agus a réamhtheachtaithe (PROEDUCAR, PROA). Mar sin féin, d'ainneoin treochtaí atá dearfach ar an iomlán, tá éagothromaíochtaí réigiúnacha suntasacha fós ann sa dá thír.

**Bíonn an neamhionannas torthaí foghlama fós ina thoradh ar dhifríochtaí socheacnamaíocha.** Tagann an tearcghnóthachtáil sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht faoi chuimsiú Chlár Idirnáisiúnta ECFE um Measúnú Dáltaí (PISA, a ndearnadh an

[94] Ní dhéantar comparáid le luachanna roimh 2021 maidir leis an táscaire seo toisc go bhfuil briseadh san amshraith in 2021 do na Ballstáit go léir mar gheall ar theacht i bhfeidhm creata rialála nua le haghaidh Staidreamh Sóisialta Eorpach.

babhta is déanaí de in 2018)[95]. Sciartha na ndaoine atá 15 bliana d'aois nach mbaineann na híoschaighdeáin foghlama amach sa léamh (22.5 %), sa mhatamaitic (22.9 %) agus san eolaíocht (22.3 %), is measa go mór iad ar fud an Aontais ná sprioc an Limistéir Eorpaigh Oideachais faoi 2030, is é sin faoi bhun 15 %. 19.3 pc ar an meán atá sa bhearna thearcghnóthachtála (i ngach ceann de thrí fhearann PISA le chéile) idir foghlaimeoirí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus foghlaimeoirí ó chúlraí socheacnamaíocha níos fearr, agus níos mó ná 35 pc sa Rómáin (39 pc) agus sa Bhulgáir (38.3 pc) – féach Fíor 2.2.3[96]. Níl an bhearna shocheacnamaíoch thearcghnóthachtála faoi bhun 10 pc ach amháin san Eastóin agus san Fhionlainn (atá ar na tíortha is fearr a chruthaíonn in PISA) (5.1 agus 9.9, faoi seach). Léiríonn staidéir náisiúnta go bhfuil éagsúlacht mhór sna tionchair a bhí ag paindéim COVID- 19 ar thorthaí foghlama. Difríochtaí atá iontu sin sa mhéid a dúnadh scoileanna go fisiceach, sna modhanna cianfhoghlama nó foghlama hibridí a glacadh, sa mhéid a bhíothas faoi réir tosú ar an bhfoghlaim ar líne a úsáid, agus i gcineál, raon feidhme agus uainiú na mbeart a glacadh chun caillteanais foghlama a mhaolú. San áit ar tharla caillteanais foghlama, áitítear i dtaighde atá ann cheana gurbh iondúil gur chuir siad leis an neamhionannas oideachasúil ag eascairt as bearnaí socheacnamaíocha a bhí ann cheana. Aimsíodh go ginearálta gur mhó na caillteanais foghlama a bhí ag mic léinn ó chúlraí teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste[97]. Os a choinne sin, i gcás mac léinn a bhí i dtimpeallacht mhaith foghlama ina raibh rochtain ar an idirlíon, spás fisiceach agus tacaíocht ó thuismitheoirí, níor tuairiscíodh ach caillteanais bheaga foghlama[98].

[95] Déantar PISA gach 3 bliana de ghnáth. Tá moill ar an gcéad bhailiú sonraí eile go dtí 2022 mar gheall ar phaindéim COVID- 19. Foilseofar na torthaí faoi dheireadh 2023.

[96] Tagann stádas socheacnamaíoch faoi chuimsiú innéacs an stádais eacnamaíoch, shóisialta agus chultúir (ESCS) ag ECFE lena déantar comparáid ar na ceathrúna is ísle agus is airde. Tá an t-innéacs seanbhunaithe sin ina thomhas ar an rochtain atá ag mic léinn ar acmhainní teaghlaigh (acmhainní airgeadais, sóisialta, cultúrtha agus caipitil daonna). Cuimsítear ann gnéithe amhail leibhéal oideachais na dtuismitheoirí, stádas gairme na dtuismitheoirí agus sealúchais éagsúla sa bhaile.

[97] Féach Dorn, E. et al. (2020). *COVID-19 and learning loss—disparities grow, and students need help*. McKinsey & Company, mí na Nollag, 8, 6- 7, agus Dorn, E. et al. (2021). COVID-19 and education: The lingering effects of unfinished learning. *McKinsey & Company*, *27*.

[98] Féach Agostinelli, F. et al., *When the great equalizer shuts down: Schools, peers, and parents in pandemic times*, In: *Journal of public economics*, *206*, 2022, agus Andrew, A. et al., *Learning during the lockdown: real-time data on children's experiences during home learning*, Nóta Faisnéise IFS BN288, 2020

**Fíor 2.2.3: Is príomhchinntitheach maidir leis an ngnóthachtáil oideachais é cúlra socheacnamaíoch, ina bhfuil difríochtaí móra ar fud na mBallstát**

Tearcghnóthachtáil chomhcheangailte sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht de réir stádas socheacnamaíoch (%, PISA 2018)




*Foinse:* Ríomhanna an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde bunaithe ar shonraí 2018 ó PISA ECFE.

**Is léir ón bhfianaise atá ar fáil go bhfuil an leibhéal scileanna digiteacha i measc daltaí fós neamhleor.** Le sprioc an Limistéir Eorpaigh Oideachais maidir le scileanna digiteacha faoi 2030, ceanglaítear nach mór sciar na ndaltaí i ngrád a hocht (déagóirí 13 nó 14 bliana d'aois), ar daltaí lagchumasacha sa litearthacht ríomhaireachta agus faisnéise iad, a bheith faoi bhun 15 %. Leis an Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise (ICILS)[99], léirítear go bhfuil leibhéal oiriúnach scileanna digiteacha fós in easnamh ag go leor daltaí, i measc na dtíortha a bhí rannpháirteach (féach freisin Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022). Léiríonn ICILS fianaise ar bhearna inscne i bhfabhar cailíní, a dhéanann níos fearr ar an meán ó thaobh feidhmíochta de, agus buachaillí a bhfuil sciar níos airde de dhaltaí lagchumasacha ina measc – féach Fíor 2.2.4. Bíonn cúlra socheacnamaíoch na ndaltaí fós ina réamhtháscaire láidir maidir lena leibhéal scileanna digiteacha. Ghéaraigh paindéim COVID- 19 ar an aistriú digiteach, ach tugadh bearnaí a bhí ann cheana i scileanna digiteacha agus neamhionannas nua atá ag teacht chun cinn san Aontas chun suntais freisin dá droim. Is dóchúil go ndearna stádas íseal socheacnamaíoch easnaimh foghlama níos measa mar gheall ar acmhainní digiteacha teoranta. Bhí leanaí imirceacha agus easáitithe, go háirithe dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn, níos leochailí maidir leis an suaitheadh oideachais nuair a bhí rochtain theoranta acu ar acmhainní atá riachtanach le haghaidh na foghlama ar líne[100]. Ina theannta sin, is baol, de dheasca ganntanas múinteoirí ar gach leibhéal oideachais, nach bhfaighidh daoine óga agus foghlaimeoirí na scileanna is mó a bhfuil éileamh orthu faoi láthair agus a mbeidh éileamh orthu amach anseo sna margaí saothair atá ag athrú.

[99] Tomhaiseann ICILS gnóthachtáil na scoláirí trí mheasúnú ríomhaire in dhá réimse inniúlachtaí digiteacha: an litearthacht ríomhaire agus faisnéise agus an smaointeoireacht ríomhaireachta. Tugadh dhá thimthriall i gcrích go dtí seo, an chéad cheann in 2013 agus an dara ceann in 2018. Tá an tríú timthriall sceidealaithe le haghaidh 2023. Bhí naoi mBallstát rannpháirteach sa chéad timthriall agus seacht gcinn sa dara timthriall.

[100] Féach an Coimisiún Eorpach, *Employment and Social Developments in Europe 2022* [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2022], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

**Fíor 2.2.4: Is iomaí dalta nach bhfaigheann leibhéal leordhóthanach scileanna digiteacha**

Tearcghnóthachtáil i scileanna digiteacha de réir inscne (%, 2018)




*Nóta*: Sainmhínítear tearcghnóthachtáil mar fheidhmíocht faoi bhun thairseach leibhéal 2 (492 scórphointe) ar scála litearthachta ríomhaireachta agus faisnéise ICILS. Níl torthaí na hIodáile inchomparáide le torthaí na mBallstát eile fós agus fágadh as an áireamh iad san fhigiúr.

*Foinse:* IEA, ICILS 2018.

**Bíonn dea- thorthaí margaidh saothair ann de bharr rannpháirtíocht i ngairmoideachas agus gairmoiliúint; ach níor tháinig rátaí fostaíochta daoine a bhain céim amach le déanaí i ngairmoideachas agus gairmoiliúint chucu féin go fóill ón meath a bhaineann le COVID- 19.** Tá thart ar leath na ndaltaí in oideachas meánscoile uachtaraí (48.7 % in 2020 san Aontas, a chomhfhreagraíonn do níos mó ná 8.7 milliún dalta) cláraithe i ngairmoideachas agus gairmoiliúint (seachas i gcláir bunaithe ar oideachas ginearálta), ach tá difríochtaí móra idir na Ballstáit. Idir 2014 agus 2019 tháinig méadú ó 72.3 % go 79.1 % ar ráta fostaíochta daoine a bhain céim amach le déanaí i ngairmoideachas agus gairmoiliúint meánleibhéil i mBallstáit AE- 27, agus rinneadh dul chun cinn dá réir i dtreo 82 % mar sprioc faoi 2025[101]. Tháinig laghdú air sin go 75.7 % in 2020 mar gheall ar theacht chun cinn phaindéim COVID- 19, ach bhí téarnamh páirteach ann ina dhiaidh sin chuig 76.4 % in 2021 (76.4 %)[102]. Cé go raibh meath i mbeagnach gach Ballstát idir 2019 agus 2020 (seachas an Laitvia agus an Rómáin), tá na treochtaí níos ilghnéithí an bhliain dár gcionn[103]. Bhain tromlach na gcéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna tairbhe as an bhfoghlaim obairbhunaithe (61 % ab ea meánluach an Aontais in 2021, os cionn 60 % mar sprioc le haghaidh 2025[104]), ach bhí difríochtaí móra idir tíortha. Bhain níos mó ná 90 % de chéimithe tairbhe as an bhfoghlaim obairbhunaithe i dtíortha áirithe (lena n-áirítear an Ghearmáin, an

[101]Sprioc arna leagan síos i Moladh 2020/C 417/01 ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht

[102] Ní dhéantar comparáid le luachanna roimh 2021 maidir leis an táscaire seo toisc go bhfuil briseadh san amshraith in 2021 do na Ballstáit go léir mar gheall artheacht i bhfeidhm an Rialacháin maidir le Staidreamh Sóisialta Comhtháite Eorpach.

[103] Féach an Coimisiún Eorpach, *Employment and Social Developments in Europe 2022* [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2022], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

[104] Sprioc arna leagan síos i Moladh 2020 maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus i gCreat Straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais.

Spáinn, an Ostair agus an Ísiltír), ach bhí an ráta faoi bhun 20 % i dtíortha eile (an Rómáin, an Ghréig agus an Pholainn).

**Bíonn éagothromaíochtaí sóisialta agus inscne fós ann d'ainneoin méaduithe seasta le déanaí ar ghnóthachtáil oideachais threasaigh.** Ráta gnóthachtála oideachais threasaigh daoine atá 25- 34 bliana d'aois san Aontas, bhain sé 41.2 % amach in 2021 tar éis méadú seasta a theacht air ó 36.5 % in 2015 go 40.5 % in 2020 i gcás Bhallstáit AE- 27. Faoi láthair, i gcás 13 Bhallstát, tá an ráta sin níos airde ná 45 %, arb í sprioc an Limistéir Eorpaigh Oideachais faoi 2030 í, agus is iad Lucsamburg (62.6 %), Éire (61.7 %), an Chipir (58.3 %), an Liotuáin (57.5 %) agus an Ísiltír (55.6 %) na tíortha is fearr feidhmíocht – féach Fíor 2.2.5. Os a choinne sin, tá dhá Bhallstát (an Rómáin agus an Iodáil) fós faoi bhun 30 %. Tá an ráta gnóthachtála oideachais threasaigh níos airde go mór i measc na mban ná na bhfear san aoisghrúpa 25- 34 bliana (46.8 % vs 35.7 % in 2021 san Aontas). Tá an bhearna sin á leathnú le scór bliain anuas agus is bearna shubstaintiúil anois í sna Ballstáit uile. Bíonn an ráta níos ísle go ginearálta i gcás daoine a rugadh lasmuigh den Aontas Eorpach (34.7 %) i gcomparáid le daoine a rugadh sa Bhallstát tuairiscithe (42.1 %) agus daoine a rugadh i mBallstát eile (40.7 %). Is gá na bearnaí sin a laghdú chun an sprioc a bhaint amach ar leibhéal an Aontais faoi 2030. Chuige sin, beidh gá le hathruithe institiúideacha ar leibhéal an oideachais threasaigh, mar aon le hidirghabhálacha ar leibhéil oideachais níos ísle, chun an comhionannas inscne agus an cuimsiú sóisialta a áirithiú.

**Fíor 2.2.5: D'ainneoin méadú ginearálta, tá éagsúlacht mhór i ngnóthachtáil oideachais threasaigh idir na Ballstáit**

Ráta gnóthachtála oideachais threasaigh, aoisghrúpa 25- 34 bliana (%, 2021)




*Foinse:* Eurostat [edat_lfse_30], SFS.

**Is gá don Eoraip scileanna a lucht saothair a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt don aistriú glas agus don aistriú digiteach, chun fanacht iomaíoch, chun fostaíocht ardcháilíochta a chur chun cinn agus chun a múnla sóisialta a choimirciú.** Tá na scileanna a éilítear á n-athrú mar gheall ar an aistriú digiteach agus an t-aistriú i dtreo sochaí aeráidneodrach. Tá paindéim COVID- 19, an staid gheopholaitiúil atá ann faoi láthair agus an t-aistriú chuig fuinneamh glan ag cur dlús leis an bpatrún sin agus tá ganntanais thábhachtacha saothair agus scileanna ag teacht chun cinn. Tá córais éifeachtacha dhea- fheidhmiúla oideachais agus oiliúna tosaigh ríthábhachtach chun scileanna ábhartha margaidh saothair a sholáthar do dhaoine óga, agus tá sé thar a bheith tábhachtach freisin go mbíonn an lucht saothair atá ann cheana rannpháirteach i ngníomhaíochtaí foghlama chun a áirithiú go mbítear de shíor ag tabhairt scileanna cothrom le dáta. Ceanglaítear le príomhsprioc an Aontais do 2030 maidir leis an bhfoghlaim aosach go mbeidh 60 %

d'aosaigh, ar a laghad, rannpháirteach san fhoghlaim gach bliain san Aontas faoi 2030. Sainmhínítear an sprioc, agus na spriocanna náisiúnta gaolmhara, i dtéarmaí rannpháirtíochta le 12 mhí anuas (gan oiliúint faoi threoir le linn na hoibre a áireamh), chun léiriú níos fearr a thabhairt ar fhírinne na hoiliúna leanúnaí, a sholáthraítear de ghnáth trí ghearrchúrsaí spriocdhírithe. Cé go mbaileoidh an Suirbhé ar an bhFórsa Saothair an táscaire sin go tráthrialta ó 2023, léiríonn na sonraí is déanaí atá ar fáil ón Suirbhé ar an bhFoghlaim Aosach (AES) gurb é 37.4 % an meánráta rannpháirtíochta don Aontas Eorpach, figiúr atá go mór faoi bhun sprioc 2030 – féach Roinn 1.3. Leis an Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair, leagtar amach conas is féidir leis na Ballstáit tacaíocht airgeadais agus neamhairgeadais a chomhcheangal ar bhealach éifeachtach chun gach aosach a chumasú chun a scileanna a fhorbairt ar feadh a saoil oibre agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na spriocanna maidir leis an bhfoghlaim aosach sna 10 mbliana amach romhainn[105]. D'fhéadfaí leas ollmhór sóisialta agus eacnamaíoch a bhaint as micridhintiúir chun uas- sciliú agus athsciliú tapa spriocdhírithe a chur ar fáil d'oibrithe, foghlaimeoirí agus cuardaitheoirí poist. A mhéid a bhaineann le micridhintiúir a mbítear ag úsáid níos minice ar fud na gcóras oideachais, oiliúna agus margaidh saothair, féachtar lena gcáilíocht, agus leis an aitheantas agus an tuiscint orthu, a áirithiú leis an Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil agus na hinfhostaitheachta , a fhéachann le cáilíocht na micridhintiúr a áirithiú, chomh maith leis an aitheantas agus an tuiscint orthu, ar micridhintiúir iad a mbítear ag úsáid níos minice ar fud na gcóras oideachais, oiliúna agus margaidh saothair.[106]

**Sna Ballstáit uile, is iad na daoine is mó oideachas is minice a bhíonn rannpháirteach san fhoghlaim aosach, agus laghdaíonn sin de réir leibhéil oideachais níos ísle - tuairiscítear difríochtaí tábhachtacha idir limistéir uirbeacha agus thuaithe freisin.** Tá an méid sin bailí go neamhspleách ar cibé acu a thomhaistear rannpháirtíocht san fhoghlaim le 12 mhí anuas nó gan ach le 4 seachtaine anuas[107]. Bhí meánráta rannpháirtíochta an Aontais i gcás daoine ar leibhéal beag cáilíochtaí (4.3 %) thart ar leath an ráta i gcás daoine ar mheánleibhéal cáilíochtaí (8.2 %) in 2021 (bunaithe ar an táscaire 4 seachtaine), agus bhí an figiúr sin níos lú ná leath an ráta arís i gcás daoine a bhfuil cáilíochtaí treasacha acu (18.6 %) – féach an painéil ar bharr Fhíor 2.2.6. Tá an patrún sin le sonrú i ngach tír, agus roinnt éagsúlachtaí ann ó thaobh bearnaí, a laghdaíonn de ghnáth i dtíortha ina bhfuil an ráta rannpháirtíochta níos airde ar an iomlán. Tá bearnaí níos ísle, ach fós mór, le sonrú sa táscaire 12 mhí: bhí an ráta rannpháirtíochta i gcás daoine ar leibhéal beag cáilíochtaí (17.9 %) níos lú ná aon trian den ráta i gcás daoine a bhfuil cáilíochtaí treasacha acu (58.1 %) in 2016, a bhí gar cheana don sprioc 60 % faoi 2030 – féach an painéal ag bun Fhíor 2.2.6. Is gá iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun rannpháirtíocht in oiliúint a mhéadú le haghaidh aosaigh ar leibhéal beag cáilíochtaí, arb ionann iad agus aon chúigiú (20.7 %) den daonra in aois oibre in 2021 (25 go 64 bliana), agus atá ina sciar suntasach d'aosaigh óga freisin (25 go 34 bliana). Rannchuideofaí le baint amach na sprice sin dá gcuirfí dlús le cur chun feidhme an Mholta maidir le Conairí Uas- Scilithe, ina mbeadh for- rochtain éifeachtach ar thairbhithe féideartha agus dreasachtaí airgeadais agus neamhairgeadais iomchuí. Is minice

[105] Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cuntais foghlama aonair.

[106] Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le cur chuige Eorpach i leith micridhintiúir le haghaidh na foghlama ar feadh an tsaoil agus na hinfhostaitheachta.

[107] Tá an táscaire a scrúdaíonn rannpháirtíocht le 4 seachtaine anuas ar fáil ar bhonn tráthrialta. Eurostat, [edat_lfse_03], SFS. Ní dhéantar comparáid le luachanna roimh 2021 maidir leis an táscaire seo toisc go bhfuil briseadh san amshraith in 2021 do na Ballstáit go léir de bharr theacht i bhfeidhm chreat rialála nua le haghaidh Staidreamh Sóisialta Eorpach.

freisin a bhíonn aosaigh rannpháirteach san fhoghlaim i limistéir uirbeacha, i ngach Ballstát, ná mar a bhíonn i limistéir thuaithe. Ar an meán, in 2021, bhí ráta rannpháirtíochta an Aontais maidir le haosaigh san oiliúint (arna thomhas ag an táscaire 4 seachtaine) 13.6 % i gcathracha, 9.8 % i mbailte agus 7.8 % i limistéir thuaithe. D'fhéadfadh baint a bheith aige sin leis na leibhéil oideachais, mar is dóchúla go mbeidh cónaí ar dhaoine a bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu i limistéir uirbeacha, ach d'fhéadfadh sé a bheith ina léiriú freisin ar infhaighteacht níos ísle deiseanna foghlama i limistéir nach bhfuil an daonra chomh dlúth sin iontu.

**Fíor 2.2.6: Is beag duine fásta nach bhfuil ach cáilíocht íseal acu a ghlacann rannpháirt san fhoghlaim**

Rannpháirtíocht daoine fásta san fhoghlaim de réir ghnóthachtáil oideachasúil (ar bheagán cáilíochtaí, meánleibhéal cáilíochtaí agus ardleibhéal cáilíochtaí) le 4 seachtaine anuas (2021, an painéal ar barr, %) agus le 12 mhí anuas (2016, an painéal ag bun, %)




*Nóta*: Níl sonraí ar fáil ó 2016 i gcás daoine ar bheagán cáilíochtaí le haghaidh na Bulgáire, na Liotuáine, an Rómáine agus na Slóvaice.

*Foinse*: Eurostat [trng_lfs_03], SFS agus [eastóscadh speisialta], AES.

**Beidh gá le beart chun na scileanna a thabhairt do dhaoine a bheidh de dhíth orthu le haghaidh an aistrithe dhigitigh.** In 2021, de réir an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach 2022, ní raibh scileanna digiteacha bunúsacha ach ag 54 % de dhaonra daoine fásta an Aontais. Tá bearna chuibheasach mór ann dá bhrí sin leis an sprioc 80 % faoi 2030, mar a shainítear i bPlean Gníomhaíochta Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus i gCompás Digiteach na Deacáide Digití[108]. Ar bhonn Tháscaire 2.0 um Scileanna

[108] Is é atá i gceist leis an Deacáid Dhigiteach fís straitéiseach réamhbhreathnaitheach an Choimisiúin Eorpaigh chun an geilleagar digiteach a fhorbairt agus gnólachtaí Eorpacha a chlaochlú faoi 2030. Ba é an Coimisiún

Digiteacha (DSI)[109] (bunaithe ar ghníomhaíochtaí roghnaithe atá bainteach le húsáid idirlín agus bogearraí a fheidhmíonn daoine aonair idir 16- 74 bliana d'aois i gcúig shainréimse), tá difríochtaí móra ann idir Ballstáit ó thaobh feidhmíochta de. Sna tíortha is fearr feidhmíochta (an Ísiltír, an Fhionlainn, Éire agus an Danmhairg), tá leibhéil bainte amach gar do 80 % cheana, agus sa Rómáin agus sa Bhulgáir tá scileanna digiteacha bunúsacha ag níos lú ná aon trian amháin den daonra daoine fásta, agus tá bratach curtha leo sa Scórchlár, i dteannta leis an bPolainn, mar 'cásanna criticiúla' – féach Fíor 2.2.7. Ar an meán, is inniúla iad na glúnta níos óige le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ná daoine fásta níos sine. Mar sin féin, fiú i measc na ndaoine óga, tá sciar substaintiúil díobh a bhfuil easpa scileanna digiteacha acu (29 % le haghaidh an Aontais in 2021). Daoine ag a bhfuil leibhéal íseal gnóthachtála oideachasúla, daoine dífhostaithe agus daoine lasmuigh den lucht saothair, feictear patrún ina measc de leibhéil scileanna digiteacha níos ísle agus ar lú na deiseanna atá acu chun scileanna den sórt sin a fhorbairt[110].

**Fíor 2.2.7: Is mór iad na difríochtaí idir tíortha a fheictear i gcás scileanna digiteacha daoine fásta**

Sciar an daonra a bhfuil scileanna digiteacha foriomlána acu atá bunúsach nó os cionn bunúsach (16- 74 bliana d'aois), leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*: Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. De bharr athruithe substaintiúla ar shainmhíniú an táscaire in 2021, ní úsáidtear go heisceachtúil ach amháin leibhéil leis an táscaire sin a mheasúnú.
*Foinse*: Eurostat, cód sonraí ar líne [tepsr_sp410].

**De réir an Chláir Oibre Scileanna don Eoraip, tá tacaíocht á tabhairt ag an gCoimisiún Eorpach do Bhallstáit chun teacht ar chomhthuiscint faoi na scileanna a mbeidh gá leo don aistriú glas**. I mí Eanáir 2022, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach aicmiúchán scileanna don aistriú glas san Aicmiú Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí, Cáilíochtaí agus Gairmeacha (ESCO)[111]. Áirítear leis an aicmiúchán 381 scil, 185 choincheap eolais agus 5 thras- scil a mheastar ar na cinn is ábhartha le haghaidh mhargadh saothair níos glaise. San áireamh leis na samplaí de 'scileanna glasa' tá conas iniúchtaí fuinnimh a stiúradh, inbhuanaitheacht na ngníomhaíochtaí turasóireachta a thomhas, chomh maith le conas oiliúint a chur ar bhaill foirne faoi chúrsaí athchúrsála. Go luath in 2022, chuir an Coimisiún Eorpach An Creat Eorpach um Inniúlacht Inbhuaine ('GreenComp') i láthair, ina dtugtar forbhreathnú ar na hinniúlachtaí níos trasnaí le haghaidh saoránach atá de dhíth le maireachtáil agus obair i

Eorpach a chuir an plean i láthair i mí an Mhárta 2021. In éineacht leis an sprioc um scileanna digiteacha, shocraigh sé sprioc de 20 milliún gairmí TFC faoi 2030 (suas ó thimpeall 9 milliún in 2021).

[109] Féach: An Coimisiún Eorpach, *Digital Skills Indicator 2.0 Methodology* [Modheolaíocht um Tháscaire 2.0 Scileanna Digiteacha], 2022, taisclann doiciméad an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde

[110] Féach Centeno, C., Karpinski, Z. agus Urzi Brancati, M.C., *Supporting policies addressing the digital skills gap* [Tacú le beartais a thugann aghaidh ar an mbearna sna scileanna digiteacha], 2022, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

[111] Féach: An Coimisiún Eorpach, *Green Skills and Knowledge Concepts:*[Scileanna Glasa agus Coincheapa Eolais:] *Labelling the ESCO classification* [Scileanna Glasa agus Coincheapa Eolais: an Lipéadú ar Aicmiúchán ESCO], 2022, Tuarascáil Theicniúil, An Ard- Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú.

sochaí níos glaise[112]. Tá GreenComp comhdhéanta de cheithre réimse inniúlachta idirghaolmhara: 'luachanna inbhuaine a chorprú', 'glacadh le castacht san inbhuaine', 'todhchaí inbhuanaithe a shamhlú' agus 'gníomhú ar mhaithe le hinbhuaine'. Is leis an aicmiú scileanna don aistriú glas agus GreenComp i dteannta a chéile a thugtar an treoshuíomh do chórais oideachais agus oiliúna faoin gcaoi chun dul in oiriúint don aistriú glas.

**Tá feabhas curtha ar chás daoine óga sa mhargadh saothair tar éis na géarchéime COVID- 19, ach tá sé fós deacair i roinnt Ballstát.** Tá ráta dífhostaíochta an aosa óig (15- 24 bliana d'aois) san Aontas Eorpach tar éis teacht aniar ó bhuaic ag 19.1 % in R3- 2020 agus tá sé faoi bhun a leibhéil roimh an ngéarchéim anois (14.4 % in R2- 2022 vs 15.3 % in R4- 2019). Go sonrach, óna bhuaic thiar in R3- 2020, thit sé ní ba mhó ná 11 pc sa Liotuáin agus sa Spáinn, agus beagnach 10 pc i Lucsamburg, sa Phortaingéil, in Éirinn, agus san Iodáil, agus choinnigh sé air ag méadú san Fhionlainn (+2.1 pc), sa tSualainn (+4.2 pc) agus san Eastóin (+0.1 pc). Fanann ráta dífhostaíochta an aosa óig beagnach trí oiread níos mó ná an daonra ina iomláine idir 25- 74 bliana d'aois áfach, a bhí ag 5.2 % in R2- 2022. Tá sé fós cuibheasach ard sa Rómáin, san Eastóin, san Iodáil, sa tSualainn, sa Spáinn, agus sa Ghréig, agus ráta os cionn 20 % á thaifeadadh iontu uile - féach Fíor 2.2.8. Éilítear beart cinntitheach leis na dúshláin struchtúracha atá os comhair daoine óga ar an margadh saothair, agus áirítear air sin beart chun rioscaí éifeachtaí diúltacha níos fadtéarmaí ar scileanna agus ionchais daoine óga sa mhargadh saothair a chosc.

**Fíor 2.2.8: Tháinig feabhas ar dhífhostaíocht an aosa óig tar éis na géarchéime COVID, ach tá sé fós cuibheasach ard i roinnt tíortha**

Ráta dífhostaíochta an aosa óig (15- 24 bliana d'aois, % den daonra gníomhach) le haghaidh R4- 2019 (roimh an ngéarchéim), R3- 2020 (buaic na géarchéime) agus R2- 2022 (i ndiaidh na géarchéime)




*Nótaí*: Sonraí a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta orthu. Tá iontaofacht íseal ann i gcás EE, HR, LU, MT, agus SI in R4- 2019 agus R3- 2020, agus i gcás LU, MT, agus SI sa dá R2- 2022. Tá difríocht sa sainmhíniú idir FR agus ES in R2- 2022.
*Foinse:* Eurostat, [une_rt_a] SFS.

**Tar éis treocht dhiúltach a chonacthas thar 5 bliana ar sciar na ndaoine idir 15- 29 bliana d'aois nach bhfuil i bhfostaíocht, oideachas ná oiliúint (ráta NEET), tá difríochtaí substaintiúla fós ann idir na Ballstáit tar éis ghéarchéim COVID- 19**. Tar éis treocht íslitheach ó 16.1 % in 2013 chuig 12.6 % in 2019, chonacthas ardú ní ba mhó ná 1 pc

[112] Féach: JRC, *GreenComp: The European sustainability competence framework* [An Creat Eorpach um Inniúlacht Inbhuaine], 2022, Taisclann Foilseachán an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

sa ráta NEET san AE- 27 in 2020[113]. In 2021, bliain amháin tar éis bhuaic ghéarchéim COVID- 19, bhí an ráta NEET don Aontas ag 13.1 %, agus ilchineálacht shuntasach ann ar fud na mBallstát. Ba san Iodáil (23.1 %), sa Rómáin (20.3 %), sa Bhulgáir (17.6 %), agus sa Ghréig (17.3 %) a taifeadadh na rátaí NEET ab airde in 2021, agus cás 'criticiúil' á léiriú acu go léir, agus i gcás aon Bhallstát déag, leis an Ísiltír (5.5 %) chun tosaigh, is ísle ná 10 % é an ráta - féach Fíor 2.2.9. Thaifead tromlach na mBallstát difríochtaí réigiúnacha i rátaí NEET, difríochtaí suntasacha i roinnt cásanna (féach Iarscríbhinn 3). Tuairiscítear an ráta NEET in 2021, i.e. na daoine óga úd nach bhfuil i bhfostaíocht, atá ar fáil don fhostaíocht agus a bhfuil an fhostaíocht sin á lorg acu, ag 5.0 %, atá comhionann a bheag nó a mhór leis an ráta 4.9 % roimh an ngéarchéim in 2019[114]. Tá an chuid is mó de na NEETanna lasmuigh den lucht saothair agus neamhghníomhach dá réir; ba é an fo- ghrúpa sin a bhí thíos go mór le tionchar na géarchéime COVID- 19, ag méadú ó 7.8 % in 2019 chuig 8.7 % in 2020. In 2021, bhí ráta NEET na ndaoine neamhghníomhacha iontach ard san Iodáil (15.4 %), sa Rómáin (15 %), sa Bhulgáir (13.7 %) agus sa Pholainn (10.2 %). Os a choinne sin, bhí sé sách íseal sa tSualainn (3.1 %) agus san Ísiltír (3.8 %)[115].

---

[113] Eurostat [edat_lfse35], SFS. Ní dhéantar comparáid le luachanna roimh 2021 maidir leis an táscaire seo toisc go bhfuil briseadh san amshraith in 2021 do na Ballstáit go léir mar gheall ar theacht i bhfeidhm creata rialála nua i gcomhair Staidrimh Shóisialta Eorpaigh.

[114] Eurostat [edat_lfse_20], SFS.

[115] Féach: An Coimisiún Eorpach, *Employment and Social Developments in Europe 2022 [Fostaíocht agus Forbairtí Sóisialta san Eoraip 2022]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

**Fíor 2.2.9: Tá difríochtaí suntasacha le brath sna rátaí NEET ar fud na mBallstát tar éis bhuaic na géarchéime COVID- 19**

Ráta NEET (aois 15- 29 bliana), leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*: Briseadh san amshraith in 2021 le haghaidh gach Ballstát de bharr theacht i bhfeidhm chreat rialála nua le haghaidh Staidreamh Sóisialta na hEorpa. Bhí difríocht idir an sainmhíniú le haghaidh ES agus FR in 2021. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn.

*Foinse*: Eurostat [edat_lfse_35], SFS an Aontais.

**Ar an iomlán, fanann an ráta NEET ag ráta sách ard i measc na mban, agus na ndaoine ó chúlra imirceach**. Bhí sciar na mban nach raibh i bhfostaíocht, oideachas, ná oiliúint san Aontas (14.5 %) 2.7 pc ní b'airde in 2021 ná sciar na bhfear (11.8 %), de bharr chúraimí cúraim níos mó den chuid is mó – féach Fíor 2.2.10[116]. Cé go raibh an difríocht ní ba lú ná 1 pc i roinnt Ballstát (an Bheilg, an Danmhairg, Éire, an Fhrainc, an Spáinn, Lucsamburg, an Ísiltír, an Phortaingéil, an Fhionlainn, an tSualainn), bhí sí ní ba mhó ná 10 pc i roinnt eile (an tSeicia agus an Rómáin). I measc na NEETanna baineanna, is minice i bhfad an neamhghníomhaíocht ná an dífhostaíocht (10.2 % vs 4.3 %), agus i gcás NEETanna níl an neamhghníomhaíocht ach ábhairín níos airde ná an dífhostaíocht (6.3 % vs 5.5 %)[117]. Bhí ráta NEET na ndaoine óga nár rugadh san Aontas go suntasach os cionn an ráta le haghaidh daoine dúchasacha in 2021 (24.7 % vs 12.3 %)[118]. Thairis sin, bhí an cás níos measa ar an meán le haghaidh mná a rugadh lasmuigh den Aontas, le ráta 31.6 %, atá níos mó ná 17 pc níos airde ná i measc a macasamhlacha dúchasacha (13.3 %).

[116] Eurofound, *Impact of COVID- 19 on young people in the EU* [Tionchar COVID- 19 ar dhaoine óga san Aontas], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

[117] Eurostat [edat_lfse_14], SFS an Aontais.

[118] Eurostat [edat_lfse_28], SFS an Aontais.

**Fíor 2.2.10: I mbeagnach gach Ballstát, tá an ráta NEET níos airde i measc na mban**

Rátaí NEET baineanna agus fireanna (15- 29 mbliana d'aois, %, 2021)




*Nóta*: Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR.

*Foinse*: Eurostat [edat_lfse_20], EU LFS.

**Tháinig méadú seasmhach ar ráta fostaíochta na n-oibrithe scothaosta in 2021 i ngach Ballstát.** Ag cloí le treocht fhadtéarmach, lena léirítear athruithe déimeagrafacha agus méaduithe san aois scoir ar fud go leor Ballstát, taifeadadh méadú breise in 2021 sa ráta fostaíochta de dhaoine d'aois 55- 64 bliana, ag baint 60.5 % amach (1.3 pc ní ba mhó ná in 2020, agus 15.4 pc ní ba mhó ná 10 mbliana ó shin). Ar an iomlán, ní dhearna an phaindéim difear don treocht mhéadaitheach sin. Dá ainneoin sin, tá difríochtaí fós ann i measc na mBallstát, agus rátaí fostaíochta á dtaifeadadh i roinnt acu le haghaidh oibrithe scothaosta go mór os cionn 70 % (an tSualainn, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ísiltír, agus an Eastóin) agus tá cinn eile fós faoi bhun 50 % (an Chróit, an Ghréig, Lucsamburg agus an Rómáin). Is féidir bearna shuntasach a bhrath (níos mó ná 30 pc) idir an ráta fostaíochta d'oibrithe 55- 64 bliana d'aois agus dóibh siúd atá 25- 54 bliana d'aois amhail Lucsamburg, an tSlóivéin, Málta, an Rómáin, an Chróit, agus an Pholainn, in aghaidh mheánbhearna 19.9 pc an Aontais.

**D'fhan an bhearna fostaíochta idir na hinscní gan athrú agus cuibheasach mór ó thús deireadh na géarchéime COVID- 19, níor tháinig ach meathlú beag uirthi le bliain anuas.** D'fhan luach an táscaire gan athrú a bheag nó a mhór ag leibhéal ard le linn na géarchéime COVID- 19 (ag 11.2 pc 2019 agus 11.1 pc in 2020) Tharla an teacht aniar sa mhargadh saothair in 2021 ag an am céanna le meathlú beag sa bhearna fostaíochta idir na hinscní, idir 0.3 pc agus 10.8 pc. Léiríonn sé sin dinimic atá ábhairín difriúil i bhfostaíocht na mban agus na bhfear le linn na paindéime: cé go bhfacthas meathlú tuairim is 1 pc sa ráta fostaíochta sa dá ghrúpa in 2020, bhí an téarnamh fostaíochta in 2021 rud beag níos láidre le haghaidh na mban (1.6 pc) ná le haghaidh na bhfear (1.3 pc). In 2021 dá réir sin, bhí ráta fostaíochta na bhfear ag 78.5 % i gcomparáid le 67.7 % le haghaidh na mban, agus an dá cheann ag sárú na leibhéal fostaíochta roimh an bpaindéim. Tar éis laghdú in 2020, d'fhan an bhearna fostaíochta idir na hinscní i measc oibrithe scothaosta cobhsaí ag 12.7 pc, níos airde ná an figiúr comhfhreagrach le haghaidh an aoisghrúpa 20- 64 bliana (10.8 pc).

**Feictear difríochtaí suntasacha marthanacha sna bearnaí fostaíochta idir na hinscní ar fud tíortha, gan aon chomhartha soiléir cóineasúcháin le brath.** Taifeadadh na bearnaí fostaíochta idir na hinscní ba lú in 2021 sa Liotuáin (1.4 pc), san Fhionlainn (2 pc), san Eastóin (3.7 pc), a rangaítear iad uile mar 'na gníomhaithe ab fhearr' de réir mhodheolaíocht an Scórchláir Shóisialta – féach Fíor 2.2.11. Os a choinne sin, cuireadh bratach 'Cásanna

criticiúla' leis le haghaidh na Rómáine, (20.1 pc), na Gréige (19.8 pc), na hIodáile (19.2 pc) agus na Seicia (15.4 pc). Ní fheictear aon phatrún soiléir cóineasúcháin ar fud na mBallstát. Chonacthas tuilleadh méaduithe sa dá Bhallstát inar leithne cheana féin iad na bearnaí fostaíochta idir na hinscní (an Rómáin le 0.8 pc agus an Ghréig le 0.4 pc), agus chonacthas laghduithe sa dá thír ina raibh an dara bearna ba mhór (an Iodáil agus Málta) (le 0.5 pc agus 1 pc faoi seach). Agus aird á díriú ar na rátaí fostaíochta baineanna, fanann an tSualainn mar an gníomhaí is fearr san Aontas ag 78 %, agus an Eastóin, an Íslitír, agus an Liotuáin sna sála uirthi, agus iad go léir os cionn 76 %. Bhí na rátaí ab ísle le fáil san Iodáil agus sa Ghréig, os a choinne sin, agus an dá thír faoi bhun 54 %, agus an Rómáin ina ndiaidh ag 56.9 %.

**Fíor 2.2.11: D'ainneoin laghdú beag sa bhearna fostaíochta idir na hinscní, tá difríochtaí leathana fós le brath ar fud na mBallstát**

Bearna fostaíochta idir na hinscní (20- 64 bliana d'aois), leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*: Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Tá difríocht sa sainmhíniú le haghaidh ES agus FR.
*Foinse*: Eurostat, [tesem060], SFS an Aontais.

**Is leithne an bhearna fostaíochta idir na hinscní nuair a chuirtear uaireanta iarbhír an chloig a oibrítear san áireamh, arna gcuimsiú san fhostaíocht choibhéiseach lánaimseartha, rud a léiríonn sciar níos airde den obair pháirtaimseartha i measc na mban** (d'oibrigh 28.3 % de mhná fostaithe ar bhonn páirtaimseartha i gcomparáid le 7.6 % d'fhir in 2021)[119]. In 2021, bhí coibhéis lánaimseartha na bearna fostaíochta idir na hinscní do

[119] Le ráta fostaíochta FTE, cuirtear difríochtaí idir grúpaí i gcomparáid le chéile maidir le líon na n-uaireanta a oibríodh ar an meán. Ríomhtar ráta fostaíochta FTE trí iomlán na n-uaireanta a oibríodh sa gheilleagar (an chéad phost, an dara post, etc.) a roinnt ar mheánlíon na n-uaireanta i sceideal lánaimseartha (thart faoi 40) agus ar líon na ndaoine idir 20- 64 bliana d'aois. Foinse: Joint Assessment Framework (JAF) [Comhchreat Measúnúcháin], ríomh bunaithe ar shonraí Eurostat.

dhaoine 20- 64 bliana d'aois ag 16.3 pc, ar laghdú réasúnta beag é i gcomparáid le 2020 (le 0.7 pc). Bhí an laghdú sin ábhairín níos mó ná an laghdú le haghaidh líon na ndaoine i bhfostaíocht, rud a léirigh méaduithe san fhostaíocht lánaimseartha i measc na mban. In 2021, bhí bearna na coibhéise lánaimseartha ab ísle sa Liotuáin, san Fhionlainn agus sa Laitvia, agus bhí na rátaí ba leithne san Iodáil (23.5 pc), sa Ghréig (21.2 pc) agus san Ísiltír (20.1 pc).

**Laistiar den bhearna fostaíochta idir na hinscní san Aontas tá tionchar níos láidre na tuismíochta freisin agus freagrachtaí eile cúraim maidir le fostaíocht na mban, rud a léiríonn an phríomhthábhacht a bhaineann le hinfhaighteacht sheirbhísí cúraim inacmhainne ardcháilíochta agus bheartais leormhaithe maidir le cothromaíocht oibre is saoil, i bhfianaise freisin an dúshláin dhéimeagrafaigh a bhaineann le rátaí breithe laghdaitheacha.** In 2021, bhí ráta fostaíochta na ndaoine úd ag a bhfuil leanbh amháin faoi bhun 6 bliana d'aois níos airde i measc na bhfear d'aois 25- 49 bliana ná a macasamhlacha nach bhfuil leanaí óga acu (le 9.7 pc ar mheán an Aontais) i ngach Ballstát, agus bhí sé níos lú i gcás na mban (le 10.6 pc ar leibhéal an Aontais) i ngach Ballstát seachas triúr (an tSualainn, an Phortaingéil, agus an tSlóivéin) – féach Fíor 2.2.12[120]. Bhí an bhearna dhiúltach le haghaidh na mban sách leathan (os cionn 45 pc) sa tSeicia. Baineann an tionchar difriúil ar mhná agus ar fhir freisin le leithdháileadh éagothrom na hoibre gan íocaíocht. In 2021, chaith mná i bhfad níos mó ama in aghaidh na seachtaine i mbun obair gan íocaíocht (31 uair an chloig) i gcomparáid le fir (18 n-uair an chloig), agus go leor den difríocht ag teacht de bharr an ama a chaitear ar ghníomhaíochtaí cúraim, le haghaidh leanaí den chuid is mó[121]. In 2021, níor lorg thart ar 1.4 milliún bean d'aois 20- 64 bliana san Aontas (20 % den iomlán) aon fhostaíocht de bharr freagrachtaí cúraim ach ba mhian leo dul i mbun oibre, i gcomparáid le figiúr nach bhfuil ach thart ar 130 000 le haghaidh na bhfear (3 % den iomlán). Rinne thart ar bhean amháin as gach ceathrar amhlaidh mar gheall ar fhreagrachtaí cúraim i gcomparáid le fear amháin as gach fiche[122]. Tá an tionchar ar an bhfostaíocht nasctha go dlúth le difríochtaí sna gnóthachtálacha oideachasúla. In 2021, bhí ráta fostaíochta na mban ar bheagán oiliúna ag a bhfuil leanbh amháin ar a laghad faoi bhun 6 bliana d'aois ag 36 %, i gcodarsnacht le 63.9 % i gcás na mban ag a bhfuil cáilíocht oideachais meánscoile uachtaraí, agus 81.5 % i gcás na mban ag a bhfuil cáilíocht oideachais tríú leibhéal. Is toisc eile é cúram a thabhairt do dhaoine ag a bhfuil éilimh chúraim fhadtéarmacha a choinníonn mná amach as an margadh saothair. Ar an meán, soláthraíonn thart ar 52 milliún Eorpach (14.4 % den daonra idir 18 agus 74 bliana d'aois) cúram fadtéarmach neamhfhoirmiúil do dhaoine muinteartha leo nó dá gcairde ar bhonn seachtainiúil, ar mná iad 60 % acu. Nuair a úsáidtear coibhéisí lánaimseartha, is ionann cúramóirí neamhfhoirmiúla agus gar do 80 % de sholáthróirí cúraim ar leibhéal an Aontais.[123]

[120] Eurostat [lfst_hheredch]. Ní dhéantar comparáid le luachanna roimh 2021 maidir leis an táscaire seo toisc go bhfuil briseadh san amshraith in 2021 do na Ballstáit go léir de bharr theacht i bhfeidhm chreat rialála nua le haghaidh Staidreamh Sóisialta Eorpach.

[121] Eurofound, *COVID-19 pandemic and the gender divide at work and home* [An phaindéim COVID- 19 agus an bhearna idir na hinscní ag an obair agus sa bhaile], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

[122] Ríomhanna AS na Fostaíochta de chuid an Choimisiúin Eorpaigh bunaithe ar [lfsa_epgar] agus [lfsa_epgaed].

[123] Van der Ende, M. et al.(2021), Study on exploring the incidence and costs of informal long-term care in the EU [Staidéar lena bhfiosraítear a fhorleithne atá an cúram fadtéarmach san Aontas agus na costais a bhaineann leis].

**Fíor 2.2.12: Tá difríocht ann i measc na bhfear agus na mban i dtionchar na tuismitheoireachta ar an bhfostaíocht**

Difríocht i rátaí fostaíochta na dtuismitheoirí (25- 49 bliana d'aois) ag a bhfuil leanaí (0- 6 bliana d'aois) agus na n-aosach gan leanaí, de réir inscne (pc, 2021)




*Foinse*: Eurostat [lfst_hheredch], SFSA an Aontais.

**Tá an rochtain ar oideachas agus cúram na luath- óige (ECEC) d'ardchaighdeán agus atá inacmhainne ina cuid ríthábhachtach de chur chun cinn na rannpháirtíochta sa mhargadh saothair, go háirithe i measc na mban, chomh maith le laghdú a chur ar thionchar diúltach chúlra socheacnamaíoch na leanaí ar a ngnóthachtáil oideachasúil amach anseo.** Ar bhonn phríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta bhí rannpháirtíocht leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois in oideachas agus cúram foirmiúil na luath- óige ag 36.6 % san Aontais in 2021 (agus sprioc Barcelona á sárú leis sin arna socrú ag 33 %)[124]. Tá difríochtaí seasmhacha ann áfach i measc na mBallstát, agus tromlach acu nár bhain an sprioc amach go fóill. I gcás na Seicia, an Rómáine, agus na hUngáire, taifeadtar cás 'criticiúil' in anailís an Scórchláir Shóisialta – féach Fíor 2.2.13.[125] Ar thaobh eile an speictrim, sa Danmhairg, i Lucsamburg agus san Ísiltír tá breis is 60 % de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois cláraithe in ECEC. Mar sin féin, freastalaíonn tromlach na leanaí sin san Ísiltír ar ECEC ar feadh tréimhse is giorra ná 30 uair an chloig in aghaidh na seachtaine. Tairgeann roinnt Ballstát réimse tacaíochta do theaghlaigh, idir ionaid ráthaithe (mar shampla an Danmhairg, an Eastóin, agus an Laitvia, cé nach gá gur ionaid saor in aisce iad), agus laghduithe ar tháillí agus fóirdheontais lena gcumhdaítear páirt de na costais nó iad go léir agus chreidmheasanna cánach, cé go bhfuil claonadh i measc na gceann deireanach a bheith cúlchéimnitheach. Cé gur féidir laghduithe substaintiúla teacht mar thoradh ar thacaíocht spriocdhírithe le haghaidh daoine a thuilleann ioncam íseal, d'fhéadfadh fuílleach na gcostas oideachas agus chúram na luath- óige a bheith cuibheasach ard mar sin féin (1/4 den tuilleamh lánaimseartha), go

[124] Is i Straitéis Cúraim na hEorpa, a cuireadh i láthair i mí Mheán Fómhair 2022, a leagtar amach spriocanna nua ar oideachas agus cúram na luath- óige, agus spriocanna Barcelona á leasú leis sin. Faoi 2030, ba cheart gurbh in oideachas agus cúram na luath- óige a bheadh 50 % ar a laghad de leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois agus 96 % de leanaí idir aois 3 bliana agus aois tosaithe an bhunoideachais éigeantaigh.

[125] Cuirtear ráta rannpháirtíochta an- íseal i láthair i gcás na Slóvaice freisin (1.4 %) bunaithe ar shonraí 2018 (ní raibh sonraí le haghaidh 2019 ar fáil tráth an dréachtaithe).

háirithe nuair a bhaineann liúntais flaithiúla cúraim baile nó tógála clainne lena húsáid, arna dtairiscint i roinnt Ballstát (an Fhionlainn, an tSlóivéin, agus an tSlóvaic)[126]. Anuas ar sheirbhísí cúraim leanaí d'ardchaighdeán atá inrochtana, feidhmíonn beartais leormhaithe um chothromaíocht oibre is saoil, amhail socruithe solúbtha oibre agus saoirí do chúrsaí teaghlaigh, ról tábhachtach freisin chun bacainní ar rannpháirtíocht daoine ag a bhfuil freagrachtaí cúraim sa mhargadh saothair a laghdú.

**Fíor 2.2.13: Tá difríochtaí móra sa rannpháirtíocht i seirbhísí cúraim leanaí fós ann i measc na mBallstát**

Leanaí níos óige ná 3 bliana d'aois sa chúram leanaí oifigiúil agus athrú bliantúil, leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe seo (%, Príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*:Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PL. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU. Níl sonraí ann le haghaidh SK agus PT.
*Foinse*: Eurostat [tepsr_sp210], EU- SILC.

**Baineann impleachtaí tábhachtacha le feidhmiú na gcóras cánach agus sochar don chomhionannas inscne um rannpháirtíocht sa mhargadh saothair.** Is mná iad móramh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh (78 %) san Aontas. Is féidir tionchar a bheith ag córais chomhchánach forchéimnitheacha tionchar diúltach ar a ndul isteach san fhostaíocht agus ar líon na n-uaireanta a oibrítear trí ualach ard cánach imeallaí a chruthú. Bíonn tionchar ag an méid comhchánachais ar ioncam comhcheangailte na lánúine (lena n-áirítear creidmheasanna cánacha inaistrithe) agus ag dearadh an chórais sochar (e.g., tarraingt siar na sochar de réir tástáil acmhainne) ar na dreasachtaí don rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, agus is féidir le sáinn na neamhghníomhaíochta le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag

[126] Féach ECFE 2020, *Net childcare costs in EU countries:*[Glanchostais chúraim leanaí i dtíortha an Aontais:] *Impact on family incomes and work incentives, 2019* [Tionchar ar ioncaim theaghlaigh agus ar dhreasachtaí oibre, 2019].

tuilleamh teacht dá thoradh. Is féidir leis an gcomhchánachas ualach cánach foriomlán lánúineacha a ísliú i gcás ina bhfuil leithdháileadh éagothrom ar thuilleamh idir na páirtithe. Is féidir leis rátaí imeallacha cánach a bhoilsciú áfach i gcás daoine nach bhfuil ag tuilleamh nó daoine atá ar thuilleamh íseal, óir gearrtar cáin ar a n-ioncam go léir a bheag nó a mhór ag ráta imeallach níos airde i gcomhréir lena bpáirtí atá ag tuilleamh níos mó. Féadann sé sin rannchuidiú dá bhrí sin le bearnaí fostaíochta idir na hinscní atá ag leathnú, agus le bearnaí neamhchoigeartaithe pá idir na hinscní freisin (de bharr difríochtaí i meánlíon uaireanta a oibrítear). Is airde í sáinn na neamhghníomhaíochta don dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh (os cionn 40 %) sa Liotuáin, sa Danmhairg, sa tSlóivéin, sa Bheilg, sa Ghearmáin, i Lucsamburg, agus sa Rómáin – féach Fíor 2.2.14[127]. Os a choinne sin, is lú ná 20 % sa Ghréig agus san Eastóin í, agus is lú ná 10 % sa Chipir í. Is suntasaí é rannchuidiú an chánachais sa Bheilg, sa Ghearmáin, agus sa Rómáin.

**Fíor 2.2.14: Is féidir le córais chánach dídhreasuithe substaintiúla a chur ar fáil le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh chun dul i mbun obair ar íocaíocht**

Sáinn na neamhghníomhaíochta le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, (%, 2021)




*Nóta*: Tá na sonraí le haghaidh an dara saothraí ar 67 % den mheánphá i dteaghlach beirte saothraí ag a bhfuil beirt leanaí; tá an príomhshaothraí ar an meánphá. Tagraítear le 'Ranníocaíocht an chánachais (lena n-áirítear ranníocaíochtaí slándála sóisialta)' do chéatadán an ollioncaim breise as a mbaintear cáin de bharr an chánachais agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta (gnéithe eile a rannchuidíonn le sáinn an phá ísil is ea sochair dhífhostaíochta tarraingthe siar, cúnamh sóisialta agus sochair thithíochta).
*Foinse*: An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail chánach/sochair ECFE

**Féadann sáinneacha an phá ísil difear a dhéanamh go díréireach do mhná freisin, óir íslítear dreasachtaí ar níos mó uaireanta an chloig den obair agus mealltacht na bpost ar phá níos fearr leis an ráta ard lena méadaítear cánacha agus lena dtarraingítear siar sochair de réir mar a mhéadaítear tuilleamh.** Feidhmíonn an cánachas príomhról freisin chun leibhéal sháinn an phá ísil a chinneadh, i.e., an méid pá a bhaintear leis an gcáin má bhogann duine ar thuarastal íseal (is minic a oibríonn ar bhonn páirtaimseartha) chuig post ar phá níos fearr. Taispeántar i bhFíor 2.2.15 an céatadán de thuilleamh breise a bhaintear le cáin nuair a thagann méadú ar thuilleamh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh ó aon trian amháin go dtí dhá thrian den mheánphá, trí mhéadú ar líon na n-uaireanta an chloig a oibrítear. Ar an meán san Aontas, is féidir leis an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh timpeall ar aon trian amháin dá thuilleamh breise nó dá tuilleamh breise a chailliúint. De

[127] Ciallaíonn sé sin cuir i gcás má ghlacann céile neamhghníomhach ag a bhfuil beirt leanaí le post ag 67 % den mheánphá sa Liotuáin, go gcaillfí níos mó ná 70 % dá tuilleamh i gcánacha breise agus i sochair a tarraingíodh siar.

bharr luach ard na sochar tithíochta sa dá thír, féadann caillteanas an tuillimh breise dul os cionn 60 % sa Bheilg agus, i gcásanna foircneacha, dul os cionn fiú 100 % sa Liotuáin. Is airde é rannchuidiú an chánachais leis an tsáinn sin sa Bheilg, leis an nGearmáin ina diaidh.

**Fíor 2.2.15: I mórán Ballstát, is é an cánachas a sholáthraí dídhreasuithe d'oibrithe ar phá íseal chun uaireanta an chloig níos faide a obair**

Sáinn an phá ísil le haghaidh an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, (%, 2021)




*Nóta*: Sáinn an phá ísil nuair a thagann méadú ó 33 % go 66 % ar phá an dara duine sa teaghlach atá ag tuilleamh, agus an príomhshaothraí ag tuilleamh 100 % den mheánphá, a bhfuil beirt leanaí acu.
*Foinse*: An Coimisiún Eorpach, DG ECFIN, Bunachar sonraí cánach agus sochar, bunaithe ar shamhail cánach sochair ECFE.

**Tá an bhearna phá idir na hinscní fós ard gan beann ar fheabhsúcháin bheaga.** Tháinig meathlú de chineál áirithe bliain ar bhliain ar an mbearna phá neamhchoigeartaithe ar fud an Aontais ag 13 % in 2020 (-0.7 pc ó 2019 agus -2.5 pc ó 2015)[128]. Tá sé sin ina mheathlú rud beag níos tapa i gcomparáid leis an meántitim tuairim is 0.3 pc in aghaidh na bliana ó 2010 i leith. D'fhan an bhearna phá neamhchoigeartaithe idir na hinscní os cionn 20 % san Eastóin agus sa Laitvia mar sin féin; cláraíodh na luachanna is lú (3 % nó níos lú) i Lucsamburg, sa Rómáin, agus sa tSlóivéin – féach Fíor 2.2.16. Ó 2015 i leith, tá feabhas as cuimse tar éis teacht ar an gcás sa tSeicia, san Eastóin, sa tSlóivéin, sa Spáinn, agus sa Phortaingéil (timpeall 5 pc), agus tá an bhearna tar éis fáis níos mó ná 3 pc san Ungáir agus sa Laitvia. Bíonn tionchar suntasach ag an leithscaradh inscne sna gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar na bearnaí sin, chomh maith le difríochtaí sna gnóthachtálacha oideachasúla. Bíonn an claonadh do theacht chun cinn na bearna pá idir na hinscní go luath sa ghairmréim, cé go ndéanann mná óga níos fearr ná fir sa ghnóthachtáil oideachasúil[129]. Is dócha go mbeidh ról ag tosca eile freisin, lena n-áirítear gannionadaíocht na mban sna poist is sinsearaí, deacrachtaí níos mó chun obair a réiteach le freagrachtaí cúraim (rud a mbíonn sosanna gairme dá thoradh freisin), idirdhealú agus struchtúir phá nach bhfuil trédhearcach. Bíonn sé de nós ag éagothromaíochtaí pá carnadh thar shaolré agus rannchuidiú leis an mbearna sna pinsin idir na hinscní (ag 26.9 % le haghaidh daoine idir 65- 74 bliana d'aois san Aontas in 2020, le hilchineálacht ard i measc Ballstát, idir níos lú ná 1 % san Eastóin agus 40.5 % i Lucsamburg in 2019.

---

[128] Sainmhíníodh an táscaire mar tháscaire neamhchoigeartaithe toisc go dtugtar léargas foriomlán leis ar neamhionannas inscne i dtéarmaí pá agus tomhaistear leis coincheap atá níos leithne ná coincheap an phá chomhionainn as obair chomhionann. Úsáideann Eurostat an táscaire sin chun faireachán a dhéanamh ar SDG 5 maidir le comhionannas inscne – féach na sonraí ar an suíomh gréasáin lena mbaineann de chuid Eurostat.

[129] Féach: An Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2022 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2022]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022. In 2021, bhí cáilíocht threasach ag 47 % de mhná idir 25 agus 34 bliana d'aois i gcomparáid le 36 % d'fhir den aois chéanna.

**Fíor 2.2.16: Tá bearnaí leathana pá fós idir na hinscní i bhfoirm neamhchoigeartaithe d'ainneoin feabhsuithe**

An difríocht idir an meán- olltuilleamh a fhaigheann fostaithe fireanna agus fostaithe baineanna in aghaidh na huaire mar chéatadán den mheán- olltuilleamh a fhaigheann fostaithe fireanna in aghaidh na huaire (%, 2020 agus 2015)




*Nóta*: I gcás na hÉireann agus na Gréige, tagann na sonraí is déanaí ó 2018 seachas 2020. Is sonraí sealadacha iad le haghaidh na mBallstát go léir.

*Foinse*: Eurostat [earn_gr_gpgr2], SES.

**D'fhéadfadh rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a bheith níos láidre i measc daoine faoi mhíchumas**, i gcomhréir le Prionsabal 17 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Áirítear ar an Scórchlár Sóisialta leasaithe táscaire ceannlíne chun faireachán a dhéanamh ar a gcomhtháthú leis an margadh saothair mar bhealach chun cabhrú leis na huaillmhianta fostaíochta a leagtar amach sa Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas a bhaint amach[130]. Bhí an bhearna fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas ag 23 pc san Aontas in 2021. Léirítear le táscaire an Scórchláir Shóisialta go bhfuil éagsúlacht leathan i bhfeidhmíocht na mBallstát – féach Fíor 2.2.17. Bhí an bhearna ba mhó in Éirinn agus sa Bheilg (le 41.3 pc agus 38 pc faoi seach), sa Pholainn, sa Rómáin agus sa Ghearmáin (os cionn 30 pc), agus an ceann ab ísle sa Danmhairg, san Iodáil, i Lucsamburg, sa Spáinn, sa Phortaingéil, sa Laitvia, san Eastóin, agus sa tSualainn. (faoi bhun 20 pc). D'éirigh na teorainneacha a bhí ann roimh phaindéim COVID19 maidir le rochtain ar fhostaíocht do dhaoine faoi mhíchumas níos measa dá barr[131]. Ar an iomlán, bhí staid 'chriticiúil' i gceithre thír, agus tá seacht gcinn sa chatagóir 'faire' (an tSlóivéin, an Fhionlainn, an Ghréig, an Liotuáin, an Fhrainc, an Ísiltír, agus an tSeicia). Níor tugadh aon athrú suntasach ar an mbearna fostaíochta do dhaoine faoi mhíchumas faoi deara san Aontas ó cuireadh tús leis an bhfaireachán in 2014, rud a chuireann béim bhreise ar an ngá práinneach atá le gníomhaíocht beartais sa réimse seo. Chuige sin, seoladh an Pacáiste

[130] *Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions of 3.3.2021 on Union of Equality: [Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 3.3.2021 maidir le 'hAontas an Chomhionannais:] Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021- 2030,* , COM/2021/101 final. [Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021- 2030]

[131] Féach: An Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2021 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2021]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

Fostaíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumas, a fógraíodh sa Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas, an 20 Meán Fómhair 2022 ag comhdháil Uachtaránacht na Seice[132]. Déanfar an Pacáiste[133], ar a mbeidh treoraíocht agus cleachtais i sé réimse éagsúla idir earcaíocht agus coinneáil post, a fhorbairt i gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara ábhartha faoi 2024.

**Fíor 2.2.17: Tá bearna dhífhostaíochta na ndaoine faoi mhíchumas fós ard, agus is suntasach an treocht i dtreo na héagsúlachta i measc Ballstát**

An bhearna fostaíochta idir daoine faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil faoi mhíchumas (20- 64 bliana d'aois), leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, Táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*:Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Is sealadach iad na sonraí le haghaidh IT agus PL. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU. *Foinse*: Eurostat [hlth_dlm200], EU- SILC.

**Cé go bhfuil ráta fostaíochta na ndaoine a rugadh lasmuigh den Aontas ag dul i bhfeabhas, tá sé fós níos ísle ná ráta fostaíochta na ndaoine a rugadh san Aontas.** In 2021, don aoisghrúpa 20- 64 bliana, ba é 10.8 pc an bhearna fhoriomlán sa ráta fostaíochta idir daoine nár rugadh san Aontas agus daoine a rugadh san Aontas. (ba é 74.2 % an ráta le haghaidh na ndaoine a rugadh san Aontas agus ba é 63.4 % an ráta le haghaidh na ndaoine nár rugadh san Aontas), agus feabhas beag ann i gcomparáid leis an mbearna a bhí ann in 2020 (-0.8 pc). Bhí an bhearna níos leithne (thart ar 20 pc nó os a chionn) i dtíortha amhail an Bheilg, an Ísiltír agus an tSualainn. Os a choinne sin, bhí an bhearna diúltach sa Pholainn, sa Rómáin, sa tSlóvaic, sa tSeicia, i Málta agus sa Phortaingéil (rud a thugann le tuiscint go

[132] Féach: Aireacht Saothair agus Gnóthaí Sóisialacha Phoblacht na Seice (2022), *Presidency conference on integration of people with disabilities into the labour market.*

[133] Féach an Coimisiún Eorpach, *Disability Employment Package to improve labour market outcomes for persons with disabilities [Pacáiste Fostaíochta le haghaidh Daoine faoi Mhíchumais chun torthaí mhargadh saothair a fheabhsú le haghaidh daoine faoi mhíchumas]*, 2022

raibh ráta fostaíochta níos airde ann le haghaidh na ndaoine nár rugadh san Aontas ná le haghaidh na ndaoine a rugadh san Aontas).

**Braitheann difríocht idir staid mhargadh saothair na ndaoine a rugadh ar an gcoigríoch ar a dtír thionscnaimh – tír AE nó tír neamh- AE – agus a leibhéal oideachais.**. Ar an meán san Aontas in 2021, b'ionann ráta fostaíochta daoine idir 25- 74 bliana d'aois a rugadh san Aontas agus 79.7 % le haghaidh an fhoghrúpa a bhfuil ardleibhéal oideachais acu agus b'ionann é agus 39.8 % le haghaidh daoine a bhfuil leibhéil ísle oideachais acu. I gcás daoine a rugadh san Aontas agus a bhfuil ardleibhéal oideachais acu agus a bhfuil cónaí orthu ar an gcoigríoch, b'ionann an ráta fostaíochta agus 77.6 %, ráta is ísle ná ráta fostaíochta a bpiaraí a rugadh san Aontas agus gan ach difríocht mheasartha bheag eatarthu (2 pc). Is díol suntais é go raibh ráta fostaíochta na ndaoine a rugadh san Aontas agus a bhfuil leibhéal íseal oideachais acu, ag 54.7 %, níos airde ná an ráta fostaíochta le haghaidh na ndaoine a rugadh san Aontas a bhfuil leibhéal comhchosúil oideachais acu. Ní hionann an cás le haghaidh daoine nár rugadh san Aontas ó thír a bhfuil innéacs íseal nó innéacs meánach um fhorbairt dhaonna (IFD) inti. Le meánráta fostaíochta de 45.7 %, ní éiríonn ach beagán níos fearr leo ná na daoine a rugadh san Aontas a bhfuil leibhéil ísle oideachais acu (cé go n-éiríonn le daoine a bhfuil ardleibhéal oideachais acu beagnach chomh maith lena bpiaraí a rugadh san Aontas gan beann ar IFD ina dtír dhúchais). Bunaithe ar shonraí SFS don bhliain 2021, is é an phríomhbhacainn is minice a thuairiscigh daoine a rugadh ar an gcoigríoch chun post oiriúnach a fháil sa tír óstach ná easpa scileanna i dteanga na tíre óstaí/i dteangacha na tíre óstaí[134].

**Bosca Cholún 4: Ganntanais saothair agus scileanna[135]**

**Tagraíonn ganntanais saothair agus scileanna do chásanna ina gcuireann easpa oibrithe oiriúnacha isteach ar chruthú post féideartha.** Go háirithe, tarlaíonn ganntanais saothair nuair a sháraíonn an t-éileamh ar shaothar ó fhostóirí an soláthar atá ar fáil, de réir an phá agus na ndálaí oibre atá i bhfeidhm, ag áit agus ag pointe áirithe ama. Tarlaíonn ganntanais scileanna nuair nach mbíonn fostóirí in ann post a líonadh mar gheall ar easpa iarrthóirí a bhfuil na scileanna cuí acu agus ar an ráta reatha pá. Mar sin, tá ganntanais scileanna ar cheann de na nithe is cinntithí a bhaineann le ganntanais saothair, cé go bhféadfadh spreagthaí breise a bheith ag baint leis an dara ganntanas (e.g., an timthriall eacnamaíoch, an daonra ag dul in aois agus patrúin soghluaisteachta saothair a chuireann le lucht saothair atá ag dul i laghad, athrú teicneolaíochta, drochdhálaí oibre in earnálacha agus/nó gairmeacha áirithe)[136]. Bíonn tionchar diúltach ag ganntanais saothair agus scileanna araon ar an gcumas fáis agus d'fhéadfadh dúshláin maidir le hinfhostaitheacht agus cuimsiú sóisialta a bheith níos measa dá réir.

[134] Féach Eurostat (2022), *Main obstacles for foreign-born people to enter the labour market [Na príomhbhacainní do dhaoine a rugadh ar an gcoigríoch maidir le dul isteach sa mhargadh saothair]*; agus Eurostat (2022), *Main characteristics of foreign-born people on the labour market [Príomhthréithe daoine a rugadh ar an gcoigríoch atá sa mhargadh saothair]*.

[135]Braitheann an plé sa bhosca seo go mór ar an Tuarascáil Sintéise ón gCoimisiún Eorpach (2022, le foilsiú), agus déantar tagairt di (mura luaitear a mhalairt) *Skills shortages and structural changes in the labour market during COVID- 19 and in the context of the digital and green transitions* [Ganntanais scileanna agus athruithe struchtúracha sa mhargadh saothair le linn COVID- 19 agus i gcomhthéacs an aistrithe dhigitigh agus an aistrithe ghlais]. an Lárionad Saineolais Eorpach (ECE).

[136] Chun anailís mhionsonraithe a fháil, féach*Labour Market and Wage Developments in Europe* [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip] (le foilsiú).

**Is minic a bhaineann ganntanais saothair seasmhacha le heaspa scileanna iomchuí ar an margadh.** Sna cásanna sin, ní cuidiú ar bith é an leibhéal pá a mhéadú ná dálaí oibre níos fearr a sholáthar chun folúntais a líonadh sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma, toisc nach bhfuil fáil go héasca ar dhaoine a bhfuil na scileanna riachtanacha acu ar an margadh saothair. Trí aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna cuirtear le cur i bhfeidhm phrionsabail 1 (na prionsabail maidir le hoideachas, oiliúint, agus foghlaim ar feadh an tsaoil), 3 (maidir le comhdheiseanna) agus 4 (maidir le tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht) den Cholún.

**Tá ganntanais saothair ag dul i méid ó thosaigh an phaindéim COVID- 19**
Rátaí na bhfolúntas poist san Aontas de réir gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE 2 (%, sonraí ráithiúla)




*Nóta*:Gníomhaíochtaí NACE 2, B- S (Tionscal, foirgníocht, agus seirbhísí (seachas gníomhaíochtaí teaghlach mar fhostóirí agus eagraíochtaí agus comhlachtaí seach- chríochacha), C (monaraíocht), F (foirgníocht), G- I (trádáil mhórdhíola agus mhiondíola, iompar, lóistín agus seirbhísí bia), J (faisnéis agus cumarsáid), M- N (gníomhaíochtaí gairmiúla, teicniúla agus eolaíocha).
*Foinse:* Eurostat [teilm310]

**Shroich ganntanais saothair na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim nó sháraigh siad na leibhéil sin i roinnt tíortha de chuid an Aontais faoi dheireadh 2021**. Léiríonn rátaí arda na bhfolúntas poist (maidir le dálaí mhargadh saothair atá i réim faoi láthair), mar athróg ionadach de ró- éileamh saothair, go bhfuil ganntanas saothair ann. Mar is léir ón bhfíor thuas, tar éis do rátaí na bhfolúntas poist titim sa chéad ráithe de 2020, thosaigh rátaí folúntais ag méadú arís agus sháraigh siad na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim faoin dara ráithe de 2021. In 2022, leanadh den ardú a bhí ag teacht ar rátaí na bhfolúntas poist, agus bhain siad leibhéil níos mó ná riamh amach sa dara ráithe den bhliain. Tá siad thar a bheith ard in earnálacha amhail an earnáil TFC, earnáil na foirgníochta, agus earnáil na ngníomhaíochtaí gairmiúla, agus tá arduithe suntasacha ar na rátaí sin san earnáil fáilteachais agus in earnáil na monaraíochta ag leibhéil níos airde ná le linn na géarchéime. Cé go bhfuil ganntanais saothair ag méadú, níl aon chomhartha ann go bhfuil meath tagtha ar mheaitseáil an mhargaidh saothair san Aontas ina iomláine. Cé go bhféadfadh insreabhadh daoine easáitithe ón Úcráin, chomh maith le himirce thráthrialta ó réigiúin eile ar fud an domhain, bheith ina chuidiú sa mheántéarma agus san fhadtréimhse, le maolú a dhéanamh ar ghanntanais (go háirithe in earnálacha a bhfuil bacainní ísle acu ar aistriú scileanna) ní dócha go n-éireoidh leis go hiomlán aghaidh a thabhairt ar an dúshlán.

**Tugann an anailís ar bhisigh phá i gcoibhneas lena leibhéil ionchasacha léiriú ar earnálacha inar aithníodh go bhfuil ganntanais scileanna coitianta.** Sainaithnítear sa staidéar de chuid ECE, atá bunaithe ar shonraí EU- SILC 2020, ganntanais scileanna ina sáraíonn an biseach pá iarbhír (i.e., an chuid sin den phá atá fós gan mhíniú tar éis saintréithe

oibrithe a chur san áireamh) an luach réamh- mheasta le haghaidh leibhéal scile agus earnála ar leith. De réir na hanailíse sin, faightear na ganntanais scileanna is mó d'ardscileanna in earnáil na monaraíochta agus san earnáil iompar, agus do scileanna ginearálta idirmheánacha sna earnálacha airgeadais, sláinte agus riaracháin phoiblí. Ina dhiaidh sin, tá ganntanais scileanna níos ísle d'oibrithe ardoilte san earnáil tógála agus sa talmhaíocht, agus i gcás scileanna sainiúla idirmheánacha in earnáil na monaraíochta, san earnáil tógála, san earnáil iompair agus san earnáil airgeadais.

**Tá tionchar suntasach ag an aistriú glas agus an aistriú digiteach ar riachtanais scileanna sa mhargadh saothair, agus tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar fheidhmíocht na gcóras oideachais agus oiliúna chun tacú le soláthar scileanna atá leormhaith dá réir.** Tá méadú tagtha ar an éileamh ar oibrithe cáilithe a bhfuil tacair scileanna áirithe acu de bharr athruithe meara mar gheall ar an digitiú, an dícharbónú agus tabhairt isteach teicneolaíochtaí nua. Baineann ganntanais scileanna, lena n-áirítear i dtéarmaí scileanna digiteacha, le cáilíocht agus éifeachtacht na gcóras oideachais agus oiliúna. Tá tábhacht ar leith ag baint le tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna, chomh maith le réimsí eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM) san oideachas treasach a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le ganntanais scileanna. Mar sin féin, san Aontas ar fad, tá scileanna digiteacha os cionn na mbunleibhéal ag 65.5 % de mhic léinn i gcomparáid le 37.4 % d'fhostaithe, rud a thugann le tuiscint go bhféadfadh an lucht saothair amach anseo a bheith in ann freastal ar an éileamh ar scileanna digiteacha. Bíonn tionchar freisin ag tosca níos ginearálta, ar nós daonra atá ag dul in aois, dhálaí oibre, tuilleamh agus shláinte agus shábháilteacht san áit oibre, ar sholáthar saothair agus scileanna.

**I gcás FBManna go háirithe, tá rochtain ar scileanna ina príomhdhúshlán ar fud an Aontais, agus tuairiscítear go bhfuil ganntanais saothair ar cheann de na fadhbanna is práinní atá le sárú,** de réir shuirbhé SAFE. Ar na gnólachtaí ar fad sa limistéar euro, mheas 67 % díobh gur dúshlán an- phráinneach í rochtain ar shaothar in 2022. Bíonn deacrachtaí ag FBManna dul san iomaíocht le cuideachtaí móra maidir le rochtain ar thallann mar gheall ar a gcuid acmhainní teoranta. I measc gníomhaíochtaí eile, tá an Comhaontú um Scileanna á úsáid ag an Aontas chun cur le huasoiliúint agus le hathoiliúint lucht saothair an Aontais, lena n-áirítear FBManna, trí ghníomhaíochtaí praiticiúla i gcomhpháirtíochtaí scileanna ar mhórscála na gcreataí éiceachórais. Geallann gach comhpháirtíocht cuspóirí sonracha i dtéarmaí uasoiliúint agus athoiliúint a lucht saothair, de réir na riachtanas scileanna sna héiceachórais faoi seach.

**Tá an Comhaontú um Scileanna ar cheann de na gníomhaíochtaí suaitheanta faoin gClár Oibre Scileanna don Eoraip.** Ghlac an Coimisiún Eorpach é an 1 Iúil 2020, agus is é is aidhm dó páirtithe leasmhara príobháideacha agus poiblí a shlógadh agus a spreagadh sna Ballstáit chun gníomhaíocht phraiticiúil a dhéanamh chun uasoiliúint agus athoiliúint a chur ar daoine in aois oibre. Is fearr a dhéantar é sin trí iarrachtaí a chomhthiomsú i gcomhpháirtíocht, aghaidh a thabhairt ar riachtanais an mhargaidh saothair, tacú le straitéisí fáis áitiúla agus réigiúnacha chomh maith leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach. Tá níos mó ná 700 eintiteas tar éis dul isteach sa Chomhaontú go dtí seo, agus tá 12 chomhpháirtíocht scileanna ar mhórscála ann chun oibrithe a oiliúint in 11 éiceachóras (as 14 éiceachóras) na Straitéise Tionsclaíche. Cuirfidh na heintitis agus na comhpháirtíochtaí sin uasoiliúint agus athoiliúint ar thart ar 6 mhilliún oibrí sna blianta amach romhainn.

**Tá mórán Ballstát ag tabhairt aghaidh ar ghanntanais scileanna trí straitéisí náisiúnta oideachais, oiliúna agus fostaíochta a rolladh amach agus a leathnú** (ar straitéisí iad a forbraíodh i gcásanna áirithe le 10 mbliana anuas). Dírítear aird ar leith ar riachtanais scileanna mapála agus réamhaisnéise. Mar shampla, i dtíortha amhail **an Bheilg** agus **an**

**Eastóin**, sainaithnítear ganntanais scileanna trí phróiseas ina bhfuil údaráis phoiblí, seirbhísí fostaíochta poiblí, fostóirí, comhpháirtithe sóisialta, agus saineolaithe oideachais páirteach. Úsáideann na seirbhísí fostaíochta poiblí faisnéis scileanna ar bhealaí sonracha, go háirithe i ndearadh na gclár oiliúna (amhail cláir sa **Chipir** agus i **Lucsamburg**). Maidir le Ballstáit áirithe (e.g., **an Ostair**, **an Bhulgáir**, **an Chipir**, **an tSeicia**, **an Ghearmáin**, **an Eastóin**, **an Spáinn**, **an Fhionlainn**, **an Fhrainc**, **Éire**, **an Iodáil**, **an Liotuáin**, **an Laitvia**, **an Phortaingéil**, **an tSualainn**, **an tSlóvaic** agus **an tSlóivéin**) - tá beartais náisiúnta i bhfeidhm acu atá dírithe go sonrach ar scileanna digiteacha a neartú, i gcásanna áirithe le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) agus ó chistí eile de chuid an Aontais.

**Gníomhaíonn fostóirí freisin chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais saothair agus scileanna, trí mheán na huasoiliúna agus na hathoiliúna agus straitéisí eile.** Is é an cur chuige is forleithne ná oiliúint ar an láthair agus lasmuigh den láthair oibre (i gcomhlachtaí móra de ghnáth) agus scéimeanna oiliúna atá maoinithe go poiblí. I mórán Ballstát (e.g., **an Ostair**, **an Bheilg**, **an Ghearmáin**, **an Eastóin**, **an Ghréig**, **an Spáinn**, **an Fhionlainn**, **an Ungáir**, **Éire**, **an Liotuáin**, **an Ísiltír**, **an Pholainn** , **an Rómáin**, **an tSualainn,** agus **an tSlóvaic**) tuairiscíodh go raibh fostóirí ag comhoibriú le hinstitiúidí oideachais agus oiliúna, agus scileanna á n-aithint agus á ndeimhniú agus rannchuidiú le cáilíocht na gclár oideachais i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh saothair. I mórán Ballstát (**an Ostair**, **an Spáinn**, **an Fhionlainn**, **an Chróit**, **Éire**, **an Liotuáin**, **an Laitvia**, **Lucsamburg**, **Málta,** , **an Phortaingéil**, **an tSlóvaic,** agus) **an tSlóivéin**) comhoibríonn gnólachtaí le seirbhísí fostaíochta poiblí chun ganntanais saothair agus scileanna a mhapáil, chomh maith le cláir uasoiliúna agus athoiliúna a dhearadh agus a sholáthar. Tá cláir shonracha comhair le comhpháirtithe sóisialta i bhfeidhm in go leor Ballstát.

### 2.2.2. Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

**Tá níos mó béime á leagan de réir a chéile ag na Ballstáit ina mbeartais ar oideachas agus cúram na luath- óige (ECEC) chun aghaidh a thabhairt ar shrianta acmhainne i limistéir gheografacha áirithe, ar beartais iad lena n-áirithítear rochtain do leanaí faoi mhíbhuntáiste, agus lena gcuirtear feabhas ar cháilíocht** i gcomhréir leis an moladh maidir leis an Ráthaíocht Eorpach threisithe do Leanaí (ECG) agus mar atá léirithe in an- chuid de na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta ECG a cuireadh isteach go dtí seo. Leanann an treocht chun aois an oideachais éigeantaigh a ísliú agus teidlíochtaí dlíthiúla a thabhairt isteach. Is minic a bhíonn bearta eile ag gabháil leis na bearta sin chun táillí rannpháirtíochta a dhíchur nó a laghdú nó chun tacú le teaghlaigh faoi mhíbhuntáiste inacmhainneacht a fheabhsú. Leanann an leathnú ar acmhainneachtaí ECEC trí chéile, ach freisin maidir leis na bearta deiridh sin, le tacaíocht shuntasach ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF). Cé go bhfuil an acmhainneacht ag na hinfheistíochtaí sin bearnaí acmhainne atá ann cheana a líonadh i réigiúin áirithe, cuireann líon mór na leanaí an earnáil faoi strus breise, rud a fhágann go ndéantar roinnt ceanglas teicniúil agus cáilíochta a chur in oiriúint i dtíortha áirithe. Mar shampla, faoina PTA, tá sé mar aidhm ag **an tSeicia** acmhainneacht ECEC a mhéadú 40 % faoi 2025 agus 5 000 ionad breise a chruthú le CSE+, agus tá sé beartaithe ag an **gCróit** 22 500 ionad nua a chruthú in oideachas agus cúram na luath- óige chun rannpháirtíocht a mhéadú ó 3 bliana d'aois go dtí tús na scoile éigeantaí go dtí 90 % faoi 2026, rud atá réamhbheartaithe faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta (PTA) na **Cróite**. Sa **Rómáin** , tá sé beartaithe 110 naíolann do suas le 4 500 leanbh a thógáil faoi 2025. San **Iodáil**, tá timpeall 264 000 post le cruthú chun naíscoileanna agus naíonraí a thógáil, a athoiliúint agus a chothabháil. Is é is aidhm don infheistíocht, arna maoiniú faoin PTA, feabhas a chur ar sholáthar oideachais ó aois an- óg ar aghaidh. Le buiséad dar luach EUR 10 milliún don chéad bhliain agus suas le EUR 16 mhilliún do na blianta ina dhiaidh

sin, a chlúdóidh an tréimhse 2022- 2025, ghlac **an Chipir** an Scéim um Fhóirdheontas Cúraim Leanaí do Leanaí 0- 4 bliana d'aois i Meán Fómhair 2022. Is é is aidhm don scéim, ag a bhfuil spriocghrúpa tosaigh de 15 000 leanbh, costais naíonraí a fhóirdheonú le cabhair ó CSE+. Ina theannta sin, faoin PTA, tá sé beartaithe ag an gCipir an aois iontrála don oideachas réamh- bhunscoile éigeantach saor in aisce a ísliú go dtí 4 bliana d'aois, in éineacht le scéim deontais lena gcumhdófar táillí teagaisc i naíscoileanna pobail nó príobháideacha do leanaí nach féidir a chur ar na rollaí i naíscoileanna poiblí. Sa **Bhulgáir**, mar atá leagtha amach ina PTA, tá an leasú chun aois tosaigh an oideachais réamhscolaíochta éigeantaigh a ísliú ó 5 bliana go 4 bliana curtha i bhfeidhm de réir a chéile ar fud na tíre agus féachfar lena chur chun feidhme i ngach bardas faoi 2023- 2024. Ina theannta sin, chun feabhas a chur ar rannpháirtíocht san oideachas agus cúram luathóige, ceadaítear le dlí nua arna fhormheas in earrach na bliana 2022 do thuismitheoirí a gcuid leanaí a chlárú i naíonraí agus naíscoileanna gan aon táille. Tá 57 naíscoil le hathchóiriú agus 8 gcinn nua le tógáil faoi PTA na Bulgáire. Rinne**an tSlóvaic** oideachas réamh- bhunscoile éigeantach cheana féin do leanaí 5 bliana d'aois i mí Mheán Fómhair 2021, agus tabharfar isteach teidlíocht dhlíthiúil ar ionad i naíscoileanna nó i mbunaíocht eile a sholáthraíonn oideachas réamh- bhunscoile le haghaidh leanaí 4 bliana d'aois in 2024. agus le haghaidh leanaí 3 bliana d'aois in 2025. Tá infheistíochtaí in ionaid nuachruthaithe le haghaidh leanaí 3- 5 bliana d'aois ag gabháil leis an leasú. Ina theannta sin, seoladh scéim phíolótach deontais faoin PTA chun feabhas a chur ar rochtain ar oideachas agus cúram luathóige, ar scéim í atá dírithe ar leanaí a bhfuil cúlra socheacnamaíoch bocht acu, lena n-áirítear leanaí ó phobail na Romach. Faoina PTA agus dar luach iomlán is mó ná EUR 381 mhilliún, tá sé beartaithe ag an **bPolainn** infheistíocht a dhéanamh i gcruthú ionaid chúraim nua i bhfoirm naíonraí agus chlubanna leanaí le haghaidh suas le 47 500 leanbh. Áirítear orthu sin naíonraí agus clubanna leanaí atá oiriúnaithe do riachtanais leanaí faoi mhíchumas nó leanaí a dteastaíonn cúram speisialta uathu, ar naíonraí agus clubanna leanaí iad a chomhlánaíonn ionaid a cruthaíodh le cistiú CSE+, a chumhdóidh feidhmiú na n-ionad a cruthaíodh faoin dá chiste go ceann 36 mhí freisin. I mí na Samhna 2021, ghlac **an Pholainn** beart freisin chun fóirdheontais dhíreacha a thabhairt do mhaoiniú cúraim leanaí. Le haghaidh an dara leanbh agus gach leanbh eile idir 12- 36 mhí, is féidir le tuismitheoirí fóirdheontais suas go huasmhéid PLN 12 000 a fháil. San **Eastóin**, is é is aidhm do na leasuithe leanúnacha torthaí foghlama a shainiú agus riachtanais tacaíochta foghlama a shainaithint le haghaidh leanaí faoi bhun 7 mbliana d'aois (aois éigeantach scoile). Rinne **an Liotuáin** leasuithe ar churaclaim ECEC in 2022 faoina PTA agus rinne sí modheolaíocht phíolótach chun féinmheastóireacht agus meastóireacht sheachtrach a dhéanamh ar cháilíocht a seirbhísí in 2021. In **Éirinn**, tugadh isteach pacáiste beart, a thiocfaidh i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2022, chun pá agus coinníollacha san earnáil a fheabhsú, chun cáilíocht an tsoláthair a fheabhsú, agus chun costais do thuismitheoirí a laghdú. Bainfidh **an Ghréig** leas as a hacmhainní RRF chun níos mó ná 53 000 ionad cúraim leanaí nua a chruthú do leanaí idir 2 mhí agus 2.5 bliain d'aois trí 1 000 aonad cúraim leanaí a chruthú nó a leathnú i limistéir bhardasacha éagsúla agus trí 120 aonad cúraim leanaí a chruthú i gcomhlachtaí móra.

**Bhain teaghlaigh easáitithe agus leanaí ón Úcráin tairbhe as leathnú an chúnaimh shóisialta dá dteaghlaigh i roinnt Ballstát a thug rochtain dóibh ar chúram leanaí,** mar shampla **sa Bheilg, sa Phortaingéil, san Eastóin, san Ungáir, sa Liotuáin, sa Spáinn,**agus sa **tSlóvaic**. I bhformhór na mBallstát, tá rochtain ag leanaí easáitithe ón Úcráin ar chúram leanaí atá comhionann leis an méid atá ag náisiúnaigh na tíre nó ag imircigh a bhfuil cónaí orthu go dleathach inti, gan beann ar a stádas dlíthiúil, agus i gcásanna eile, tugtar rochtain chomhionann tar éis clárú le haghaidh cosaint shealadach. Is dúshlán i gcónaí é i roinnt Ballstát, áfach, a ráthú go bhfuil rochtain chomhionann iarbhír ag gach leanbh ar sheirbhísí cúraim leanaí, go háirithe sna Ballstáit sin a bhfuil líon ard leanaí ag teitheadh ón Úcráin

iontu. Sa **Danmhairg**, is féidir díolúintí a fháil anois ó rialacha roimhe seo arna leagan amach in Acht Cúraim Lae agus Bunscoile na Danmhairge, a ligeann do leanaí ón Úcráin nasc a choinneáil lena dteanga agus lena gcultúr agus iad ag imeascadh i sochaí agus i gcóras oideachais na Danmhairge. Sa **Pholainn**, cuireann athruithe ar rialacháin seirbhíse ar a gcumas méadú ar líon iomlán na leanaí a bhaineann leas as seirbhís ECEC. Féadfaidh údaráis áitiúla níos mó ionad ECEC a bhunú freisin chun freastal ar riachtanais leanaí ón Úcráin.

**Rinne roinnt Ballstát infheistíocht i gcáilíocht agus i gcuimsitheacht an bhunoideachais agus an mheánoideachais**, i gcomhréir le prionsabal 1 den Cholún (maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil). Sa **Bhulgáir**, ghlac níos mó ná 11 000 leanbh páirt sa chlár náisiúnta 'Le Chéile chun leasa gach dalta', a bhfuil sé d'aidhm aige an t-aistriú idir naíscoileanna, bunoideachas agus meánoideachas íochtarach a dhéanamh níos réidhe. Tá sé beartaithe ag an**tSeicia** cur le tacaíocht do scoileanna i réigiúin atá faoi mhíbhuntáiste ó thaobh struchtúir de, trí oiliúint a chur ar fáil agus inniúlachtaí múinteoirí a mhéadú. Déanfar an beart píolótach sin a mhéadú ina scála tar éis 2022, arna mhaoiniú faoi PTA le tacaíocht pháirteach ó CSE+. Le PTA na **Rómáine** tá se beartaithe infheistíocht a dhéanamh chun tacú le scoileanna ina bhfuil riosca ard maidir le luathfhágáil trí scéim deontais, a bheidh bunaithe ar shásra luathrabhaidh a forbraíodh le déanaí, agus ar spriocanna costéifeachtacha atá faoi cheangal ama agus fianaise- bhunaithe. **D'ardaigh an Eastóin** íosluach saothair na múinteoirí 7 %. I bhFlóndras (**na Beilge**), tugadh isteach tástálacha KOALA mar a thugtar orthu le haghaidh páistí5 bliana d'aois chun a scileanna teanga a mheas, de réir PTA na Beilge. I gcás easnamh, déantar bearta ceartaitheacha chun an bhearna a líonadh roimh dhul isteach sa bhunscoil. I gComhphobal na Fraincise, déanfar tacaíocht phearsantaithe le haghaidh daltaí a rolladh amach de réir a chéile chun teip scoile agus neamhionannais a laghdú.

**Leanann roinnt Ballstát d'iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannais trí thacaíocht spriocdhírithe a sholáthar do scoileanna agus do dhaltaí faoi mhíbhuntáiste, ach tá dúshláin fós ann.** I gcomhréir le prionsabal 1 den Cholún (maidir le hoideachas, le hoiliúint agus le foghlaim ar feadh an tsaoil), tá sé d'aidhm ag na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar neamhionannais trí mhaoiniú breise a sholáthar do scoileanna faoi mhíbhuntáiste, trí oiliúint a chur ar mhúinteoirí agus trí infhaighteacht ball foirne tacaíochta a mhéadú. Cuirtear leasuithe cuimsitheacha oideachais i bhfeidhm i gcásanna áirithe le tacaíocht ó ionaid mhodheolaíochta ar féidir leo treoraíocht agus tacaíocht a thabhairt do phríomhoidí agus do bhaill foirne oideachasúla. Agus úsáid á baint as maoiniú RRF, tá ar a laghad 1 000 aonad seirbhíse tacaíochta á mbunú ag an **Spáinn** i gceantair scoile lena ndírítear ar dhaltaí leochaileacha, agus treoraíocht agus tacaíocht shíocoideachasúil á gcur ar fáil. Ina theannta sin, mar chuid dá PTA, roghnaigh **an Rómáin** an chéad bhaisc de scoileanna a bhfuil ardriosca luathfhágála iontu (1391) le deontais a fháil chun tacú le daltaí i gcásanna leochaileacha. San **Ostair,** leis an treoirthionscadal '100 scoil agus 1 000 deis' déantar tástáil ar an gcaoi a bhféadfadh acmhainní méadaithe do scoileanna bunscoile agus meánscoile a bhfuil dúshlán ar leith acu torthaí oideachasúla a fheabhsú. Sa **Ghréig,** rinneadh creat don oideachas cuimsitheach agus treoirlínte forfheidhmithe gaolmhara le dea- chleachtais ó thíortha eile Eorpacha agus treoirthionscadal de 50 scoil inrochtana turgnamhacha a bhunú, agus iad dírithe ar ionchuimsiú daoine faoi mhíchumas. Déanfar an tionscadal a leathnú ar an leibhéal náisiúnta le tacaíocht ó mhaoiniú ón Aontas Eorpach. Tá tacaíocht bhreise teanga ar cheann de na príomhbhearta atá dírithe ar dhaltaí a bhfuil cúlra imirceach acu a lánpháirtiú mar shampla **sa Bheilg**, **, san Ostair**, **, san Ísiltír** agus **sa tSualainn**. Is nós ranganna idirlinne ar leith a chur ar fáil d'imircigh nua i dtíortha éagsúla ach ba cheart iad a chur i bhfeidhm go cúramach chun an baol na hidirdheighilte a sheachaint. Sheol tíortha éagsúla cláir spriocdhírithe chun an caillteanas foghlama i measc leanaí faoi mhíbhuntáiste de dheasca na paindéime a chúiteamh. Is minic a bhíonn tacaíocht shíceasóisialta ag gabháil leo

sin chun an tionchar diúltach a bhíonn ag dúnadh scoileanna ar mheabhairshláinte na ndaltaí a mhaolú. Mar chuid dá PTA, tá an **tSeicia** ag cur chlár náisiúnta meantóireachta ar mhórscála chun feidhme, lena gcuirtear maoiniú le haghaidh bearta tacaíochta (e.g.., speisialtóirí tacaíochta, oiliúint do mhúinteoirí chun oibriú le grúpaí ilchineálacha). ar fáil do 400 scoil faoi mhíbhuntáiste. Tá bearta glactha ag roinnt tíortha chun deireadh a chur le bacainní struchtúracha maidir le cuimsiú. Tá sé mar aidhm ag atheagrú líonraí scoile sa **Laitvia** agus sa **Liotuáin** (sa PTA) deiseanna oideachais a fheabhsú do dhaltaí i gceantair thuaithe freisin. Chun feabhas a chur ar thorthaí oideachais dhaltaí faoi mhíbhuntáiste ar fud an Aontais, tá gá le tuilleadh iarrachtaí. Mar shampla, ní mór a fhágáil gurb annaimhe an luathrianú nó é a fheabhsú agus dul i ngleic le hidirdheighilt scoile, toisc go bhfuil dúshláin shuntasacha ag baint leis na réimsí sin i roinnt tíortha.

**Tá bearta glactha ag roinnt Ballstát chun cuimsitheacht a gcórais oideachais d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a fheabhsú**, **lena n-áirítear trí dheireadh a chur le bacainní fisiceacha**, i gcomhréir le prionsabal 3 den Cholún (comhdheiseanna). I mí an Mheithimh 2022, ghlac **an tSlóvaic** an chéad 'Phlean Gníomhaíochta chun an Straitéis um Chur Chuige Ionchuimsitheach san Oideachas 2022- 2024 a chur chun feidhme' mar chlár píolótach do chóras tacaíochta nua i seomraí ranga le haghaidh leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Tabharfar tacaíocht do leanaí bunaithe ar a gcuid riachtanas aonair iarbhír seachas ar dhiagnóis a míchumais agus, faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, tá sé beartaithe ag an tSlóvaic freisin deireadh a chur le bacainní ailtireachta i 252 mheánscoil mhóra. Sa **Chróit**, faoi chreat a Phlean Náisiúnta um Fhorbairt an Chórais Oideachais 2021- 2027, tá sé beartaithe bearta a bhaineann le forbairt córais tacaíochta le haghaidh leanaí agus le haghaidh mic léinn faoi mhíchumas, chomh maith le mic léinn ó ghrúpaí leochaileacha, a chur chun feidhme. I gcomhar leis an nGníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta Oideachais agus um Oideachas Ionchuimsitheach, tá pleananna curtha i láthair ag an **bPolainn** chun athchóiriú a dhéanamh chun cuimsitheacht a córais oideachais le haghaidh mic léinn faoi mhíchumas a mhéadú. Is é is aidhm don dréachtdlí maidir le hoideachas cuimsitheach córas tacaíochta trasdisciplíneach le haghaidh leanaí, scoláirí agus teaghlaigh, córas nua thrí leibhéal de thacaíocht luathfhorbartha, agus córas nua diagnóisice riachtanas speisialta a fhorbairt, lena n-áirítear faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bhearta tacaíochta aonair. Leathnófar ról na n-institiúidí oideachais speisialta chun tacú le hoideachas cuimsitheach príomhshrutha. Tá bearta nua maoirseachta beartaithe chun cáilíocht agus tacaíocht d'fhorbairt scileanna na mball foirne teagaisc san oideachas ionchuimsitheach a áirithiú. Sa **Spáinn**, tá iarracht déanta le leasú mar chuid den PTA cuimsiú na scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu i ngnáthscoileanna a threisiú, agus ag an am céanna gealltanas a thabhairt chun ionaid oideachais speisialta a choinneáil ar bun le haghaidh na scoláirí sin ar féidir freastal níos fearr ar a gcuid riachtanas iontu agus chun tacú le gnáthionaid sa scoil i dtaca lena n-iarrachtaí cuimsithe. Le tacaíocht ón RRF, cuirfidh **an Ghréig** cláir speisialta idirghabhála luathóige i bhfeidhm ar bhonn píolótach ar níos mó ná 1 400 leanbh atá faoi mhíchumas agus a bhfuil neamhoird forbartha acu idir 0- 6 bliana d'aois.

**Is dúshlán do roinnt Ballstát líon mór leanaí easáitithe ón Úcráin a imeascadh i gcórais náisiúnta oideachais.** Meastar gur tháinig beagnach dhá mhilliún leanbh isteach san Aontas tar éis ionsaí na Rúise in aghaidh na hÚcráine. Mar sin féin, le héagsúlacht mhór i measc na mBallstát, níl ach mionlach acu cláraithe i gcórais oideachais náisiúnta le linn na scoilbhliana 2021- 22. Is féidir é sin a mhíniú go páirteach le leibhéil arda neamhchinnteachta maidir le fad ionchasach na fanachta sna tíortha aíochta. Dá bhrí sin, roghnaíonn mórán acu oideachas ar líne a thairgeann scoileanna Úcránacha a leanúint. Mar thoradh ar fhadú ionsaí na Rúise, beidh cuimsiú leanaí ón Úcráin in oideachas príomhshrutha na dtíortha aíochta ón scoilbhliain 2022- 23 ina thosaíocht. Ag an am céanna, cuidíonn gníomhaíochtaí chun ligean

do leanaí nasc láidir a choinneáil leis an Úcráin chun leanaí a ullmhú le haghaidh gach forbairt a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, lena n-áirítear filleadh ar a dtír dhúchais nuair is féidir sin. Chun dul i ngleic leis na dúshláin atá ann cheana féin, tá bearta déanta cheana féin ag formhór na mBallstát chun tacú le hoideachas leanaí san Úcráin, amhail ranganna teanga a thairiscint, tacaíocht shíceasóisialta, agus treoraíocht. Bhí údaráis náisiúnta gníomhach ag forbairt treorach do scoileanna, do mhúinteoirí agus do theaghlaigh. Mar shampla, sa **Chróit**, d'fhorbair Cumann na múinteoirí oideachais agus cúraim luathóige leabhar cumarsáide ina bhfuil siombailí le haistriúcháin go hÚcráinis agus Cróitis, chun tacú le himeascadh leanaí easáitithe ón Úcráin san oideachais agus cúram luathóige. Ina theannta sin, fostaíonn an- chuid scoileanna ar fud na mBallstát múinteoirí ón Úcráin chun an bhacainn teanga a shárú agus chun cabhrú le dul i ngleic leis an nganntanas múinteoirí ag an am céanna.

**Éascaíonn na Ballstáit riachtanais iontrála agus cuireann siad maoiniú ar fáil chun scoláirí easáitithe ón Úcráin a imeascadh san oideachas meánscoile agus tríú leibhéal.** Ceadaíonn roinnt Ballstát rochtain ar mheánscoileanna uachtaracha agus gairmscoileanna gan doiciméid ar bith a chruthaíonn gur críochnaíodh na timthriallta oideachais roimhe sin, mar shampla **an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Eastóin, an Spáinn, an Liotuáin, an Laitvia**. Tá solúbthacht ag baint le go leor Ballstáit eile freisin maidir leis na doiciméid agus na scileanna is gá. Sa **tSeicia** féadfar cead a thabhairt do scoláirí ráiteas faoi mhionn a chur in ionad cáipéis atá in easnamh maidir le cáilíochtaí oideachais (*mionnscríbhinn*), agus san **Iodáil,** cuireann an stát nós imeachta measúnaithe eile ar fáil. Ar choinníoll go n-éireoidh leo na hábhair go léir seachas trí cinn a chríochnú ag deireadh na scoilbhliana, cuireann **an Bhulgáir** bealach eile ar fáil do dhaltaí lena ligean isteach sa chéad bhliain eile. Sa **Rómáin**, tá sé de cheart ag daltaí ón Úcráin atá cláraithe i gcóras oideachais na Rómáine clárú sa naoú grád, gan an scrúdú deiridh náisiúnta a dhéanamh. Chun an bhearna idir meánoideachas réimse- shonrach a ghlacadh san Úcráin agus ardoideachas san Aontas a dhruidim, cuireann **Lucsamburg** cúrsaí idirlinne ar leith ar fáil a ligeann do scoláirí creidiúnú ar fud an Aontais a fháil i dtaca leis an oideachas sin atá acu cheana. Cé gurb iad na hinstitiúidí ardoideachais féin a shocraíonn na coinníollacha iontrála de ghnáth agus gur féidir leo a bheith éagsúil sna Ballstáit agus ó Bhallstát go chéile, rinneadh roinnt beart chun ligean do dhaoine easáitithe an t-ardoideachas a shaothrú. Mar shampla, **san Ostair, sa Chróit, sa tSeicia, san Eastóin, san Fhionlainn** agus i **Málta** , déantar táillí teagaisc nó táillí mac léinn idirnáisiúnta a tharscaoileadh go sealadach chun rochtain éasca ar oideachas treasach a cheadú. Cuireann Ballstáit eile, mar shampla, **an Chipir**, **, an Iodáil,** agus an **Liotuáin** maoiniú ar fáil do mhic léinn chun leanúint lena n-ardoideachas.

**Leanann na Ballstáit de bhearta a dhéanamh chun gairm na múinteoireachta a neartú agus chun dul i ngleic le ganntanais múinteoirí, ar ganntanas é atá ag dul in olcas.** Tá na Ballstáit ag tabhairt aghaidh ar ghanntanais múinteoirí, ar ganntanas é atá ag teacht chun cinn de réir a chéile, go príomha toisc go bhfuil múinteoirí ag dul in aois agus gur beag í mealltacht na gairme. Is iondúil go mbíonn na dúshláin níos déine in ábhair áirithe amhail ábhair ETIM agus TFC agus i limistéir iargúlta nó mhídheisiúla. Fiú i dtíortha a bhfuil dea- fheidhmíocht fhoriomlán acu, mar shampla san **Eastóin**, **sa Danmhairg,** nó **sa tSualainn,** cuireann ganntanais múinteoirí cáilíocht an oideachais sa mheántéarma i mbaol. Le blianta beaga anuas, chun feabhas a chur ar tharraingteacht na gairme, ardaíodh tuarastail go suntasach i roinnt tíortha. Mar shampla, i Meán Fómhair 2022, chinn rialtas na **hEastóine** méadú breise 24 % a dhéanamh ar thuarastail na múinteoirí in 2023 (ar feitheamh ghlacadh an bhuiséid). Tá sé mar aidhm ag na Ballstáit níos mó iarrthóirí a mhealladh chuig oiliúint tosaigh múinteoirí, tacú le múinteoirí núíosacha, feabhas a chur ar dhálaí oibre agus conairí malartacha a thairiscint isteach sa ghairm. Mar shampla, tá an **Liotuáin** ag tairiscint scoláireachtaí do scoláirí sa bhliain dheireanach a shíníonn conarthaí fostaíochta 3 bliana le

scoil nó le bardas. San **Ísiltír**, is féidir le múinteoirí neamhcháilithe iarratas a dhéanamh ar chlár Scoláireachta do Mhúinteoirí chun céim bhaitsiléara nó mháistreachta a fháil agus tá reachtaíocht rite ag an **Spáinn** ó mhí Iúil 2021, a bhfuil sé mar aidhm aici, i measc rudaí eile, líon na gconarthaí sealadacha do mhúinteoirí san earnáil phoiblí a laghdú. Ghlac roinnt tíortha leasuithe níos cuimsithí, lenar bhain athruithe i gcláir oideachais tosaigh agus leanúnacha le haghaidh múinteoirí. Mar shampla, ghlac an **Eastóin** le 'Plean Gníomhaíochta do Ghlúin Nua Múinteoirí' lena ndírítear ar cháilíocht na bainistíochta agus an chultúir eagrúcháin i scoileanna; oiliúint tosaigh agus inseirbhíse do mhúinteoirí; deiseanna gairmréime agus forbartha; tacú le go ceann thimthriall na gairmréime agus tarraingteacht ghairm na múinteoireachta. Mar gheall ar leasú a rinneadh le déanaí sa **Fhrainc** cuirtear de cheangal ar gach múinteoir páirt a ghlacadh in oiliúint leanúnach agus ó mhí Eanáir 2022, osclaíodh ionaid oiliúna nua do bhaill foirne san oideachas. Tá an **Chipir**, mar chuid dá PTA, agus an **Pholainn** i mbun forbartha ar chórais mheastóireachta múinteoirí agus ag tabhairt isteach caighdeáin cháilíochta teagaisc. Ar an gcaoi céanna, tá creat meastóireachta do mhúinteoirí tugtha isteach ag an **nGréig** le déanaí agus, le tacaíocht ón RRF, déanfaidh sí tuilleadh infheistíochta chun a n-inniúlachtaí a neartú. Sa **Bheilg** (Flóndras), is féidir le hiontrálaithe cliathánacha i ngairm na múinteoireachta leas a bhaint as 10 mbliana d'aitheantas ar thaithí oibre roimhe seo, rud atá ábhartha chun a luach saothair a chinneadh.

**Tar éis an cur isteach a tharla de bharr na paindéime, tá tús curtha le hiarrachtaí nuachóirithe dírithe ar bhunscileanna a fheabhsú agus na hinniúlachtaí is gá sa 21ú haois a thabhairt do dhaoine óga,** i gcomhréir le prionsabal 1 den Cholún (maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil). Tá leasuithe cuimsitheacha curaclaim á rolladh amach mar shampla **sa Bheilg, sa tSlóvaic, sa tSeicia**, **sa Spáinn**, **sa Ghréig**, agus sa **Rómáin** chun sealbhú príomhinniúlachtaí a threisiú, ag díriú go minic ar scileanna digiteacha agus scileanna ETIM chomh maith le hinniúlachtaí maidir le hinbhuanaitheacht comhshaoil. Sa **tSlóvaic**, beidh cruthú 40 ionad réigiúnach mar bhonn taca faoin leasú a chuideoidh le scoileanna i ngníomhaíochtaí meantóireachta, comhairleoireachta agus comhairliúcháin a fhaigheann tacaíocht faoin PTA. Sa **tSlóivéin**, san **Ísiltír**, **san Ungáir,** agus **i Lucsamburg** tá scileanna digiteacha á dtreisiú sna curaclaim ar fud na leibhéal oideachais. Sa **Bhulgáir**, seoladh ardán náisiúnta nua do ríomhcheachtanna le tacaíocht ó CSE in 2022 agus beidh sé i bhfeidhm don scoilbhliain 2022/2023. Cuirfidh an t-ardán ar chumas múinteoirí ábhar foghlama digiteach a chruthú, mar shampla ceachtanna, cleachtaí, nó trialacha, trí úsáid a bhaint as acmhainní leictreonacha éagsúla. Sa **Rómáin**, tá trialacha caighdeánaithe á dtabhairt isteach chun faireachán ar thorthaí oideachais a fheabhsú. Sa **Ghréig** den chéad uair tá clár meastóireachta ar leibhéal an chórais eagraithe le haghaidh 12 000 dalta sa Ghréigis agus sa mhatamaitic. Is é is aidhm don chlár sin measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcuraclam nua agus ar thorthaí foghlama na ndaltaí ar leibhéil éagsúla. Ina theannta sin, áirítear sa phlean gníomhaíochta um oideachas digiteach i Straitéis um Chlaochlú Digiteach **na Gréige** don tréimhse 2020- 2025 athbhreithniú ar churaclaim, tabhairt isteach teastais do bhunscileanna TF atá dírithe ar leanaí 15 bliana d'aois, agus soláthar acmhainní digiteacha oideachais don bhunoideachas agus do mheánoideachas. Sa **Phortaingéil**, is é is aidhm don líonra scoile '*Ciência Viva'*, le tacaíocht ón PTA, teagasc turgnamhach na n-eolaíochtaí a threisiú agus an cultúr eolaíoch sa bhunoideachas agus sa mheánoideachas a neartú.

**Cuirfidh An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta borradh suntasach faoi chlaochlú digiteach an oideachais agus na hoiliúna.** Déanfaidh na Ballstáit leasuithe agus infheistíochtaí móra san oideachas digiteach, agus breis agus EUR 28 mbilliún le hinfheistiú

in oideachas agus san oiliúint dhigiteach[137] Infheisteoidh formhór na dtíortha sa bhonneagar digiteach agus sa nascacht dhigiteach agus béim acu go minic ar an deighilt dhigiteach a dhúnadh. Rachaidh na hinfheistíochtaí sin le chéile le bearta chun inniúlachtaí digiteacha na scoláirí agus na múinteoirí a fhorbairt. Mar shampla, mar chuid dá PTA, tá sé beartaithe ag an **nGearmáin** ionaid inniúlachta a bhunú don oideachas digiteach bunaithe ar chóras comhoibrithe idir institiúidí oideachais múinteoirí agus oiliúna inseirbhíse, ollscoileanna, agus institiúidí taighde. Déanfaidh **an Bhulgáir** , faoina PTA, infheistíocht i saotharlanna ETIM i scoileanna, lena n-áirítear seomraí ranga ardteicneolaíochta, a bhfuil sé mar aidhm acu litearthacht dhigiteach a chur chun cinn agus modhanna teagaisc na n-ábhar ETIM a fheabhsú. Bunófar ionad náisiúnta ETIM amháin agus trí ionad réigiúnacha ETIM a eagróidh oiliúint do mhúinteoirí agus a fhorbróidh ábhair theagaisc. Le tacaíocht ón RRF, tá **an Ghréig** ag beartú go ndéanfaidh sí infheistíocht i mbonneagar digiteach agus saotharlainne a córais oideachais níos leithne, agus tá trealamh digiteach (lena n-áirítear ríomhairí glúine agus ríomhairí táibléid) curtha ar fáil aici cheana féin do níos mó ná leathmhilliún dalta agus scoláire i dteaghlaigh ar ioncam íseal agus do bhreis agus 150 000 múinteoir bunscoile agus meánscoile. Faoi dheireadh na bliana 2024, tá sé mar aidhm ag an **Spáinn** tacú le claochlú digiteach na gairmoiliúna trí infheistíocht a dhéanamh in oiliúint dhigiteach agus ghlas do mhúinteoirí gairmoiliúna, trí sheomraí ranga a thiontú ina spásanna teicneolaíochta feidhmeacha, seomraí ranga 'fiontraíochta' a chruthú, agus líonra de 50 ionad barr feabhais a chruthú chun taighde agus nuálaíocht a spreagadh. Tar éis bearta nua a glacadh i mí Iúil 2021 faoina PTA, cuirfidh an Spáinn gléasanna iniompartha ar fáil do 300 000 scoláire ar a laghad ó ghrúpaí leochaileacha i scoileanna poiblí nó scoileanna a fhaigheann fóirdheontas poiblí faoi 2025. Déanfaidh sí córais dhigiteacha idirghníomhacha (IDS) a shuiteáil, a nuashonrú agus a chothabháil freisin i 240 000 seomra ranga ar a laghad i scoileanna poiblí chun foghlaim chumaisc a chumasú agus cuirfidh sí oiliúint dhigiteach ar fáil do 700 000 múinteoir. I mí Eanáir 2022, shínigh **an Phortaingéil** conarthaí chun 600 000 ríomhaire glúine nua a cheannach chun iasachtaí a thabhairt do mhúinteoirí agus do dhaltaí arna gcistiú faoin RRF. Mar chuid dá plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, tá sé beartaithe ag **Éirinn** idirlíon leathanbhanda a thabhairt isteach i dtuairim is 1 100 bunscoil, agus cistiú le haghaidh bhonneagar TFC, lena n-áirítear gléasanna agus bogearraí, a sholáthar do níos mó ná 3 100 bunscoil agus iar- bhunscoil.

**Cé gur dúshlán fós é an rochtain ar oideachas tríú leibhéal, go háirithe do dhaoine óga leochaileacha, tá fócas beartais i roinnt Ballstát ag aistriú chuig an ardoideachas 'a sheasfaidh an aimsir' i bhfianaise an dá aistriú.**. Díríonn formhór na mBallstát ar cháilíocht na tairisceana acadúla, ag tabhairt aghaidh ar neamhréireanna scileanna agus rochtain céimithe ar an margadh saothair chomh maith le hiomaíochas idirnáisiúnta na n-institiúidí ardoideachais. Tá leasuithe móra rialachais á ndéanamh ag roinnt tíortha freisin, lena n-áirítear maoiniú bunaithe ar fheidhmíocht a threisiú. Sa **Chipir**, bunaíodh meitheal náisiúnta chun leas a bhaint as deiseanna nua thionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha, a chuireann feabhas ar an gcomhoibriú i measc institiúidí ardoideachais san Eoraip. Sa **Bhulgáir,** tá pacáiste beart dírithe ar riachtanais na foirne teagaisc a ardú, an córas creidiúnaithe a fheabhsú, fianú na foirne teagaisc a athrú, agus bearta a thabhairt isteach i

[137] Tá an fíor bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin le haghaidh an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta. Comhfhreagraíonn sé do chostas measta na mbeart a leithdháiltear ar '*Caipiteal daonna i ndigitiú*' mar réimse beartais príomha nó tánaisteach. Tá an ríomh bunaithe ar na 26 phlean téarnaimh agus athléimneachta arna bhformhuiniú ag an gCoimisiún agus ag an gComhairle faoi Mheán Fómhair 2022 (gach Ballstát seachas an Ungáir). Seo a leanas na costais mheasta; beidh cistiú iarbhír bunaithe ar na garspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh. Rinne an Coimisiún measúnú ar na meastacháin chostais nuair a cuireadh na pleananna tosaigh isteach agus nuair a formheasadh iad. Ní cheanglaítear ar na Ballstáit admhálacha caiteachais a chur isteach ná ní fhíoróidh an Coimisiún costais iarbhír na mbeart a dtacaítear leo le RRF.

gcoinne na bradaíola. Chun freastal ar na riachtanais scileanna in earnálacha atá ag fás go tapa, i roinnt Ballstát, mar shampla sa **tSeicia**, sa **tSualainn,** agus, **san Fhionlainn**, cruthófar cláir staidéir agus ionaid nua faoin RRF. San **Fhionlainn**, méadóidh institiúidí ardoideachais a n-iontráil le 600 ionad staidéir ar a laghad in 2022 ar na cláir chéime 1ú timthrialla. San **Iodáil,** tá sé beartaithe trí Mhol Oideachais Dhigitigh (DEH) a chruthú lena ndíreofar ar chlaochlú digiteach an ardoideachais. Sa **tSlóvaic** , tabharfar isteach conarthaí feidhmíochta idir scoileanna agus an rialtas chun tacú le próifíliú agus éagsúlú ollscoileanna bunaithe ar a láidreachtaí sonracha agus ar a gcumas forbartha. Níl ach dornán tíortha ag a bhfuil straitéisí spriocdhírithe chun cuimsitheacht agus inrochtaineacht an ardoideachais a fheabhsú. In **Éirinn**, leis an gcreat 'Maoiniú na Todhchaí' cuirtear leis an maoiniú don thacaíocht le mhic léinn, leagtar amach roghanna do mhaoiniú ardoideachais inbhuanaithe agus pleananna chun cáilíocht an ardoideachais a fheabhsú. Tugtar aghaidh ann ar bhearnaí scileanna agus cothaítear rannpháirtíocht grúpaí faoi ghannionadaíocht, agus táillí mac léinn á laghdú de réir a chéile agus deontais mac léinn á méadú, agus deireadh á chur le hiasachtaí mac léinn de réir a chéile. Ar an gcaoi chéanna, tá **an Spáinn** agus **an Iodáil** ag méadú líon na scoláireachtaí agus ag infheistiú i gcóiríocht mac léinn.

**Tá leasuithe cuimsitheacha tugtha isteach ag roinnt Ballstát ar a gcóras gairmoideachais agus gairmoiliúna.** Sa **Phortaingéil**, i gcomhréir leis an leasú a chuimsítear ina PTA, chuir an rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta comhaontú tríthaobhach i gcrích maidir le gairmoiliúint agus cáilíochtaí i mí Iúil 2021. Is é is aidhm don chomhaontú córas rialachais níos freagrúla agus níos solúbtha a chruthú ina leagtar béim ar fhoghlaim dhigiteach agus ar leibhéil iar- mheánscoile agus idirmheánacha an ghairmoideachais na gairmoiliúna a fhorbairt. I mí an Mhárta 2022, faoina PTA, thug **an Spáinn** dlí isteach ina n-ionchorpraítear dhá chóras gairmoideachais agus gairmoiliúna a bhí ann cheana (ceann acu nasctha le hoideachas, an ceann eile leis an margadh saothair) i gcreat amháin, atá dírithe ar pheirspictíocht foghlama ar feadh an tsaoil a chur i bhfeidhm. Leanadh an dlí le comhaontú a chlúdaíonn an nuálaíocht, idirnáisiúnú i ngairmoideachas agus gairmoiliúint, chomh maith leis an aistriú digiteach agus an aistriú glas. Sa **Bhulgáir,** déanfar nuashonrú ar na liostaí gairmeacha agus píolótú maidir le caighdeáin ghairmoideachais agus ghairmoiliúna faoi oibríocht straitéiseach CSE+ arna glacadh in 2022. Mar chuid den PTA, beartaítear leasuithe nua ar an gcreat rialála le haghaidh gairmoideachais agus gairmoiliúna, lena dtabharfar isteach athruithe ar liosta na ngairmeacha le haghaidh gairmoideachais agus gairmoiliúna agus a gcuid clár, i gcomhréir le riachtanais an mhargaidh saothair. Ina theannta sin, déanfar 24 Lárionad Sármhaitheasa Gairmoideachais agus Gairmoiliúna a athchóiriú leis an PTA, agus cuirfidh CSE+ tacaíocht ar fáil dá ngníomhaíochtaí.. Sa **Laitvia,** rinneadh leasuithe ar an Dlí um Oideachas Gairmiúil a thabhairt isteach i mí an Mhárta 2022, rud a leathnaigh na féidearthachtaí chun cáilíochtaí a bhaint amach lasmuigh de scoil ar leith, e.g. i soghluaisteacht, in institiúidí oideachais eile, nó i dtimpeallachtaí oibre, chomh maith le foghlaim neamhfhoirmiúil agus lena ndearnadh chur chuige modúlach a thabhairt isteach. Soiléirítear leis an leasú freisin na coinníollacha a bhaineann le printíseachtaí agus le foghlaim obair- bhunaithe, tugtar isteach árachas tionóisce le haghaidh mic léinn, feabhsaítear rianú céimithe, agus déantar scoileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna áirithe a chatagóiriú mar ionaid sármhaitheasa. Sa bhliain 2022**,** tugadh isteach nó tabharfar isteach sraith leasuithe a bhaineann le gairmoideachas agus gairmoiliúint sa **Liotuáin** lena gcumhdaítear printíseachtaí, measúnuithe ar inniúlachtaí, comhdhlúthú an líonra gairmoideachais agus gairmoiliúna agus Ionaid Sármhaitheasa Gairmoideachais, mar leanúint ar na gealltanais sa PTA náisiúnta.

**Chuir na Ballstáit leis na roghanna do chéimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna iar- mheánscoile agus thríú leibhéal rochtain a fháil ar oideachas thríú leibhéil,** de réir phrionsabal 1 den Cholún (maidir le hoideachas, oiliúint, agus foghlaim ar feadh an tsaoil).

Mar shampla, rinne **an Ungáir** a córas scórála iontrála ardoideachais a leasú chun go bhféadfaí pointí iontrála a ríomh bunaithe ar thorthaí gairmoideachais agus gairmoiliúna ag tosú sa bhliain acadúil 2021/2022. Sa **tSualainn,** leasaíodh riachtanais do chláir ghairmoideachais náisiúnta san oideachas meánscoile uachtaraí chun ligean do scoláirí buncháilitheacht a bhaint amach don ardoideachas, mar shampla maidir le riachtanais teanga na Sualainnise agus an Bhéarla. Tá**an Iodáil** ag cur le líon na gcomhlachtaí gairmoiliúna treasach trí líonraí a chruthú a bheidh comhdhéanta de chuideachtaí, ollscoileanna agus ionaid taighde, údaráis áitiúla, agus córais oideachais/oiliúna. Trí réimeas na 'gcúrsaí speisialtóireachta teicneolaíochta' a mhodhnú, threisigh **an Phortaingéil** ról cúrsaí den sórt sin mar oiliúint dhé- dheimhnithe iar- mheánscoile neamhthreasach a sholáthraíonn cáilíocht atá bunaithe ar shainoiliúint theicniúil. Tá **an Rómáin** i mbun forbartha**,** faoina PTA, ar chonair iomlán ghairmiúil don ardoideachas teicniúil, trí chonair iomlán oideachais a chinntiú do mhic léinn atá cláraithe in oideachas dé- mheánscoile, ionas gur féidir leo dul suas go dtí cláir oideachais threasaigh. Is é is aidhm don leasú seo, in éineacht le roinnt infheistíochtaí arna dtacú ag an PTA, cáilíocht, tarraingteacht agus ábharthacht an oideachais dhéach don mhargadh saothair a mhéadú, agus táthar ag súil le méadú ar ráta na ndaltaí ardscoile ar an mbealach sin ó 17% go 40% faoi 2026.

**Tá scileanna le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh go mór chun tosaigh i straitéisí scileanna níos leithne nó i mbearta fostaíochta roinnt Ballstát.** Faoina PTA agus mar chomhlánú ar Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) atá le teacht, tá sé beartaithe ag **an Spáinn** athoiliúint na n-oibrithe atá i mbaol díláithrithe a mhaoiniú chun scileanna nua a fháil le haghaidh na n-athruithe digiteacha, glasa agus táirgiúla. Ina theannta sin, déanfar suirbhé chun na riachtanais scileanna faoi seach i 23 earnáil tháirgiúla ar a laghad a bhrath. Faoi **PTA na** Liotuáine**,** seoladh clár píolótach chun scóip agus éagsúlacht a bheart fostaíochta a mhéadú. Ba é ab aidhm don chlár sin rannchuidiú le spriocanna an chlaochlaithe dhigitigh agus an chlaochlaithe ghlais agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn. Agus béim ar leith á cur ar scileanna digiteacha agus glasa, tá an **Ghréig** tar éis a córas náisiúnta um fhoghlaim ar feadh an tsaoil a athchóiriú, agus ó dheireadh na bliana 2022 ar aghaidh, tairgfidh sé sainchláir oiliúna do thart ar leathmhilliún duine chun a scileanna digiteacha agus glasa a fheabhsú. Sa **Chipir,** cuimsítear leis an Straitéis Náisiúnta um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil 2021- 2027 colún sonrach maidir le haistriú glas agus inbhuanaitheacht. Chun freastal ar an éileamh ar scileanna a bhíonn de shíor ag athrú, déanann roinnt Ballstát riachtanais scileanna a thomhas agus a thuar chun beartais a threorú. Mar shampla, tá **an Eastóin** agus **Éire** ag aithint ganntanas scileanna amach anseo trí phróiseas rannpháirtíochta, lena n-áirítear de ghnáth ionadaithe na n-údarás poiblí, na seirbhísí fostaíochta poiblí, fostóirí, comhpháirtithe sóisialta, ollscoileanna, agus saineolaithe éagsúla.

**I bhfianaise an chlaochlaithe dhigitigh, tá go leor Ballstát ag leanúint le straitéisí cuimsitheacha chun scileanna digiteacha a ndaonra fhásta a fheabhsú.** Is minic a dhírítear le bearta beartais ar oiliúint dhíreach agus uas- sciliú i scileanna digiteacha a chur ar fáil. Mar shampla, i gcomhthéacs a PTA, tá sé mar aidhm ag **an Spáinn** leibhéal scileanna digiteacha an daonra a fheabhsú. Beartaítear le beart amháin líonra d'ionaid tacaíochta d'oiliúint i scileanna bunúsacha agus ardscileanna digiteacha lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun daoine scothaosta a chumhachtú nó chun oiliúint a éascú do leanaí leochaileacha agus feachtais éagsúla chun feasacht a mhúscailt. Beartaítear ann freisin gníomhaíochtaí chun cumais dhigiteacha an phobail i gcoitinne a mhéadú trí chomhoibriú leis an earnáil phríobháideach, amhail an t-ardán oiliúna saor- rochtana '*Digitalizate Plus*', chomh maith le hacmhainní digiteacha a fhorbairt chun an Spáinnis a scaipeadh agus a theagasc faoi dheireadh na bliana 2025. Tá roinnt Ballstát, mar shampla **an tSeicia** agus **an Eastóin,** ag déanamh infheistíochtaí suntasacha i gcláir uasoiliúna dhigiteacha dhíreacha atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne. Áirítear orthu sin freisin cláir oiliúna do scileanna digiteacha atá dírithe ar

spriocghrúpaí sonracha amhail cuardaitheoirí poist, príomhspeisialtóirí, agus fostóirí, go háirithe FBManna. I mí Mheán Fómhair 2021**,** ghlac Rialtas na Vallúine **sa Bheilg** dréacht- fhoraithne nua maidir le scileanna bunúsacha digiteacha a neartú i mí Mheán Fómhair 2021. Tá sé beartaithe leis an bhforaithne sin méadú a dhéanamh ar na huaireanta oiliúna, oideolaíocht chaighdeánaithe, comhordú leis na seirbhísí fostaíochta agus maoiniú níos cobhsaí agus níos fearr do na struchtúir a sholáthraíonn an oiliúint sin. I **Lucsamburg,** glacadh Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Chuimsiú Digiteach ina raibh cuid shuntasach a bhain le scileanna digiteacha i mí Dheireadh Fómhair 2021. Cuireann an plean litearthacht dhigiteach ar fáil san oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil do gach leibhéal agus do gach aoisghrúpa, le tionscnaimh thiomanta chun cur ar chumas na saoránach neamhspleáchas digiteach a fháil. Chun oideachas digiteach a fhorbairt agus inniúlachtaí digiteacha na saoránach agus na bhfostaithe in earnálacha éagsúla a chur chun cinn, d'fhorbair **an Pholainn**, faoina PTA, Plean Forbartha Inniúlachtaí Digiteacha 2023- 2030. Tá **Málta** i mbun 'Móráireamh ar Scileanna Digiteacha' a fhorbairt dá lucht oibre agus ba cheart go mbeadh torthaí an áirimh sin ar fáil faoi dheireadh 2022. San **Fhionlainn**, mar chuid den athchóiriú mór ar an bhfoghlaim leanúnach atá le feiceáil sa PTA, foilsíodh an chéad ghlao ar iarratais chun oiliúint a sholáthar le scileanna digiteacha agus/nó scileanna glasa a neartú in earrach na bliana 2022. Tá**an Bhulgáir** ag infheistiú i mbunú ardán don fhoghlaim aosach faoina PTA, dírithe ar oiliúint a chur ar 500 000 duine i scileanna digiteacha. Faoi infheistíocht PTA, tá sé beartaithe ag an **Rómáin** roinnt leabharlann a thiontú ina moil scileanna digiteacha ina bhfaighidh 100 000 duine ó phobail faoi mhíbhuntáiste oiliúint i mbunscileanna digiteacha. Soláthraíonn straitéis litearthachta, uimhearthachta agus litearthachta d'aosaigh **na hÉireann** tacaíocht shaor in aisce do dhaoine fásta chun na bunscileanna digiteacha a shealbhú is gá le bheith rannpháirteach sa tsochaí. Mar chuid dá PTA, ghlac an Chipir lena Plean Gníomhaíochta Náisiúnta r- scileanna lena neartaítear scileanna digiteacha ar fud na sochaí.

**Féadfaidh ról lárnach a bheith ag gairmoideachas agus gairmoiliúint i gcur chun cinn scileanna digiteacha.** Tá **an Spáinn** ag infheistiú i gclaochlú digiteach gairmoideachais agus gairmoiliúna faoina PTA ina bhfuil príomhghníomhaíochtaí maidir le hoiliúint dhigiteach agus ghlas do mhúinteoirí gairmoiliúna agus tiontú seomraí ranga ina spásanna feidhmeacha chun timpeallachtaí oibre teicneolaíochta a athchruthú. Sa **Liotuáin**, tá sprioc shonrach ar an gclaochlú digiteach sa reachtaíocht a bhaineann leis an PTA maidir leis an scéim printíseachta, ina maítear go ndíreofar ar a laghad 40% de phrintíseachtaí ar scileanna digiteacha. Chun freastal ar an ngá méadaitheach le scileanna digiteacha, tá an **Phortaingéil** ag déanamh athbhreithniú ar an ábhar gairmoiliúna agus oideachais atá ar áireamh i gCatalóg Náisiúnta na gCáilíochtaí sa réimse sin. Áirítear leis sin go háirithe modúil oiliúna a bhaineann le teicneolaíochtaí agus uirlisí, chun na scileanna is mó a theastaíonn sa chomhthéacs gairmiúil a fhorbairt bunaithe ar dhiagnóisiú oirchill scileanna.

**I gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an ghá atá le haistriú luathaithe chuig fuinneamh glan i bhfianaise chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá bearta éagsúla á gcur chun feidhme ag na Ballstáit chun scileanna don aistriú glas a chothú agus a fhorbairt.** Mar shampla, san **Eastóin,** cuimsíonn an PTA infheistíochtaí i scileanna glasa, atá dírithe ar uasoiliúint agus athoiliúint chun lucht saothair a ullmhú a bhfuil eolas agus scileanna níos leithne acu sa gheilleagar glas. Spreagtar leis an mbeart glacadh le teicneolaíochtaí glasa trí eolas a aistriú, an t-ábhar a nuachóiriú agus cláir oiliúna inniúlachta a eagrú san ardoideachas agus gairmoideachas agus gairmoiliúint, chomh maith le huasoiliúint agus athoiliúint a chur ar fáil. Déanfar caighdeáin ghairmiúla nua a nuashonrú agus, i gcás inarb iomchuí, a fhorbairt, ina sonrófar na torthaí foghlama a bhaineann le scileanna glasa, agus ina roghnófar réimsí agus scileanna sonracha a mbeidh an tionchar is mó acu ar an aistriú glas. Ina theannta sin, áirítear sa Phlean Críochach um Aistriú

Cóir le haghaidh réigiún Ida- Viru na hEastóine atá ag brath ar sceall ola bearta a dhíríonn ar uasoiliúint agus athoiliúint oibrithe agus cuardaitheoirí poist chomh maith le cúnamh cuardaigh poist a thairiscint agus cuimsiú gníomhach a dhéanamh ar chuardaitheoirí poist. Sa **tSualainn**, mhol an rialtas SEK 100 milliún a infheistiú in 2022 chun scileanna don aeráid a threisiú (*kompetenslyft för klimatet*). Tá Gníomhaireacht Nuálaíochta na Sualainne, Vinnova, ag obair faoi láthair ar thogra maidir leis an gcaoi ar cheart an ghníomhaíocht sin a dhearadh, e.g. na cláir a mheastar a bheith incháilithe, conas a dhéanfar cistí a dháileadh agus an t-údarás a bheidh freagrach as an riarachán. Sa **Danmhairg**, glacadh le pacáiste DKK 100 milliún le haghaidh oiliúint ghlas agus uasoiliúna i mí Aibreáin 2022. Úsáidfear an maoiniú, i measc nithe eile, le haghaidh infheistíochtaí i bhforbairt trealaimh agus scileanna d'oiliúnóirí, go príomha i réimsí na talmhaíochta, an bhia, na teicneolaíochta, na foirgníochta agus an iompair. Ar bhonn níos ginearálta, is féidir le gach soláthraí oiliúna gnó agus mhargadh saothair iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú chun conairí oideachais a fhorbairt agus a thástáil maidir le hoiriúnú aeráide agus trasdul glas sa tréimhse 2022- 2025.

**Is réimse tábhachtach beartais é soláthar oiliúna chun freastal ar riachtanais scileanna an aistrithe ghlais.** I roinnt Ballstát, mar shampla, **Éire, agus an Spáinn,** cuirtear cláir oiliúna ar leith ar fáil do speisialtóirí le haghaidh earnálacha agus gairmeacha ina bhfuil an- éileamh ar phoist ghlasa. Mar chuid dá PTA, tá sé beartaithe ag **Málta** clár oiliúna agus deimhniúcháin a thabhairt isteach sa tionscal foirgníochta agus tógála agus an bhéim á leagan ar an athchóiriú. San **Ostair**, *klimaaktiv*, tugann tionscnamh um chosaint aeráide na hAireachta Cónaidhme um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaoil, Fuinneamh, Soghluaisteacht, Nuálaíocht agus Teicneolaíocht ábhar nuálach isteach i gcláir oideachais atá ann cheana, agus cuireann sé cáilíochtaí ar fáil faoi láthair do speisialtóirí i réimsí na tógála agus an athchóirithe, teicneolaíocht fuinnimh agus tógála, TF ghlas, coigilt cumhachta, bainistíocht fuinnimh, comhairle fuinnimh agus soghluaisteacht. Tá tionscnaimh ann freisin chun spreagadh a thabhairt do dhaoine dífhostaithe glacadh le hoiliúint scileanna glasa. Sa **Danmhairg**, bronntar an ceart ar shochair dhífhostaíochta níos airde (110 % den bhonnleibhéal) ar oibrithe neamhoilte agus ar oibrithe a bhfuil scileanna as dáta acu má thosaíonn siad ar an ngairmoideachas i ngairm a bhfuil ganntanais roimpi, lena n-áirítear oiliúint maidir le poist ghlasa.

**Chun rannpháirtíocht san fhoghlaim aosach a mhéadú, go háirithe i measc oibrithe ar bheagán cáilíochtaí, tugann na Ballstáit isteach bearta le haghaidh for-rochtain níos éifeachtaí** i gcomhréir le prionsabail 1 agus 4 den Cholún (oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht, faoi seach). Mar shampla, sa **Bheilg**, arna cistiú go páirteach faoin RRF, sheol an Comhphobal Pléimeannach straitéis atá bunaithe ar spriocdhíriú ar chodanna sonracha den daonra aosach, arna comhordú le forbairt scéime cuntais foghlama aonair agus bearta a thacaíonn le soláthraithe na foghlama aosaigh agus a fheabhsaíonn comhpháirtíochtaí maidir leis an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil. Comhlánaíonn sé sin an ceart aonair ar 5 lá oiliúna in aghaidh an fhostaí agus na bliana (i gcoibhéisí lánaimseartha) a chuirtear chun feidhme in 2024 ag an leibhéal feidearálach i gcomhthéacs an PTA. Sa **Ghréig**, tá cuntais foghlama aonair ag croílár athchóiriú suntasach ar an soláthar foghlama aosaí a achtaítear i gcomhthéacs PTA na tíre, atá dírithe ar fhreagairt níos fearr do riachtanais an mhargaidh saothair trí shásra oirchill scileanna feabhsaithe. Déantar tagairt do chur chun feidhme na gcuntas foghlama aonair, arna dtacú tríd an CSE+, i straitéis chuimsitheach foghlama ar feadh an tsaoil **na Cipire** 2021- 2027. Féachann an Straitéis lena chinntiú, i measc nithe eile, go bhfuil foghlaim ar feadh an tsaoil inrochtana agus ábhartha do gach duine fásta. Faoina PTA, sa **Liotuáin**, forbrófar córas TF nua a bheidh bunaithe ar mhúnla na gcuntas foghlama aonair do dhaoine fásta ar mian leo leanúint ar aghaidh leis an bhfoghlaim, agus rochtain a thabhairt freisin ar sheirbhísí gaolmhara, amhail treoraíocht ghairmiúil agus aithint scileanna agus inniúlachtaí. Chun feabhas a chur ar

mheaitseáil na gclár foghlama aosaí agus riachtanais an mhargaidh saothair, rinne **an Chróit** cláir foghlama aosaí a ailíniú le Creat Cáilíochtaí na Cróite (CROQF) agus feabhas a chur ar aithint na foghlama neamhfhoirmiúla agus seachfhoirmiúla. Sa **Danmhairg**, tá tionscnamh uainíochta post dírithe ar ligean d'oibrithe dul i mbun foghlama agus leas a bhaint as foghlaim leanúnach trí scéimeanna athsholáthair a sholáthar dóibh siúd a bhfuil srianta ama orthu. I mí Mheán Fómhair 2021, thug **an Ungáir** clár (dar luach EUR 175 milliún) isteach chun uasoiliúint a chur ar 70 míle fostaí go dtí 2025, le dreasachtaí chun baint a bheith ag grúpaí faoi mhíbhuntáiste amhail oibrithe ar bheagán oiliúna, daoine óga, fostaithe os cionn 50 bliain d'aois nó daoine atá faoi mhíchumas.

**Féachann na Ballstáit le cáilíocht, aitheantas agus tuiscint a chinntiú do mhicri- dhintiúir atá á n-úsáid níos mó de réir a chéile i gcórais oideachais, oiliúna agus mhargadh saothair** i gcomhréir le prionsabail 1 agus 4 den Cholún (na prionsabail maidir le hoideachas, oiliúint agus ar feadh an tsaoil agus tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht, faoi seach). Mar ionstraim a bhfuil acmhainneacht shuntasach aici maidir le huasoiliúint agus athoiliúint thapa spriocdhírithe a thairiscint d'oibrithe, d'fhoghlaimeoirí agus do chuardaitheoirí poist i bhfianaise an dá aistriú , déanann roinnt Ballstát úsáid agus aitheantas micri- dhintiúr a institiúidiú. In **Éirinn**, tá teastais um micri- dhintiúir san áireamh i gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann ó bunaíodh thuar in 2003 é. In 2022, bronnann soláthraithe éagsúla iad, lena n-áirítear institiúidí ardoideachais, institiúidí gairmoideachas agus gairmoiliúna agus soláthraithe neamhfhoirmiúla. Tá níos mó measa ag gníomhaithe sa mhargadh saothair orthu, toisc go soláthraíonn siad deiseanna uasoiliúna spriocdhírithe, solúbtha agus infhíoraithe. San **Ísiltír**, is féidir micridhintiúir (*edubadges*) a eisiúint ar líne, agus is féidir lena bhfaighteoirí iad a stóráil agus a roinnt le fostóirí nó le soláthraithe oideachais chun an fhoghlaim aosach a dhéanamh níos solúbtha agus níos inrochtana. Tar éis ghlacadh an Ghnímh nua um Oideachas Aosach nua faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, tá 'micreacháilíochtaí' anois ina gcuid den oideachas foirmiúil aosach sa **Chróit** in 2021. Áireofar i gcreat cáilíochta náisiúnta na Cróite aonaid de thorthaí foghlama a bhaineann le gearrchúrsaí oiliúna, lenar féidir cáilíochtaí páirteacha nó cáilíochtaí iomlána a bhaint amach. Sa **Spáinn** le déanaí, rinne an Dlí Gairmoideachais agus Gairmoiliúna nua (Dlí Orgánach 3/2022) micridhintiúir a chomhtháthú sa Ghairmoideachais agus sa Ghairmoiliúint fhoirmiúil le conair chun dintiúir aonair a charnadh agus a chomhiomlánú chuig teastas foirmiúil gairmoideachais agus gairmoiliúna. Cosúil leis sin, sa **Laitvia**, ceadaíonn an dlí Gairmoideachais agus Gairmoiliúna nua ó mhí an Mhárta 2022 micri- dhintiúir a charnadh i dtreo cáilíocht iomlán nó iad a úsáid mar cháilíochtaí neamhspleácha faoi seach. Agus athbhreithniú á dhéanamh aici (faoi láthair) ar a Gníomh um Oideachas Aosach, tá sé mar aidhm ag **an Eastóin** ábhar, soláthar, cáilíocht agus fad na n-eispéireas foghlama as a n-eascraíonn bronnadh micri- dhintiúr a rialú. I roinnt Ballstát eile, mar shampla **an Pholainn, an tSlóivéin** agus **an Fhionlainn**, tá comhairliúcháin, agus pléití ar thionscnaimh dhlí maidir le micri- dhintiúir ar siúl. Sa Pholainn, tacóidh CSE+ le cur chun feidhme na micri- dhintiúr.

**Tá an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg fós mar bhunchloch den bheartais chun athchóirithe struchtúracha agus bearta a chothú a thacaíonn le hinfhostaitheacht na hóige.** Faoin Ráthaíocht threisithe don Aos Óg, i gcomhréir le prionsabal 4 den Cholún (maidir le tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht) agus i gcomhthéacs na mbeart a fhaigheann tacaíocht ó chistí an Aontais (CSE+, RRF), tá roinnt Ballstát tar éis tionscnaimh nua a sheoladh chun an Ráthaíocht threisithe don Aos Óg a chur chun feidhme. Go déanach in 2021, ghlac **an Phortaingéil** 'Plean Náisiúnta Treisithe chun an Ráthaíocht don Aos Óg a Chur chun Feidhme', agus i mí an Mheithimh 2021, thug an **Spáinn** 'Plean Ráthaíochta Plus na hÓige 2021- 2027' isteach mar chuid den 'Straitéis i leith na hÓige 2030'. Ghlac**an Liotuáin**, **an tSualainn**, agus **an Eastóin** (an tríú ceann mar chuid dá PTA) le déanaí

pleananna forfheidhmithe na Ráthaíochta don Aos Óg. Tá Ballstáit eile, mar shampla **an Chróit agus an Ghréig**, ag nuashonrú a bpleananna um chur chun feidhme na Ráthaíochta don Aos Óg, agus tá **an Bhulgáir** ag obair ar chreat- chomhaontú náisiúnta chun an Ráthaíocht don Aos Óg a chur chun feidhme.

**Leanann líon suntasach Ballstát, a fhaigheann tacaíocht ó mhaoiniú RRF freisin, le hathchóirithe agus le cláir nua, lena n-áirítear dreasachtaí fostaíochta agus scéimeanna lena ngabhann atá dírithe ar dhaoine óga.** Tá sé d'aidhm leo feachtas a chur ar infhostaitheacht na hóige, i gcomhréir le prionsabail 1 agus 3 den Cholún (na prionsabail maidir le hoideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil, agus comhdheiseanna, faoi seach). San**Eastóin,** clúdaíonn PTA roinnt beart chun tacú le daoine óga, mar athchóiriú scileanna chun tacú leis an aistriú digiteach, lena n-áirítear deiseanna gairmréime nua le haghaidh daoine fostaithe agus dífhostaithe trí uasoiliúint agus athoiliúint in TFC. Is é is aidhm do bheart eile, ar a dtugtar 'An chéad phost seo agamsa', dífhostaíocht i measc na hóige a laghdú trí earcú daoine óga ar bheagán taithí oibre a spreagadh trí fhóirdheontais phá agus deiseanna oiliúna. Sa **Ghréig,** éascaítear leis an gclár '*Proto Ensimo*' (An Chéad Stampa) daoine óga den chéad uair isteach sa mhargadh saothair agus chun poist nua a chruthú san earnáil phríobháideach trí fhóirdheontais dar luach EUR 600 (nó EUR 300 ar bhonn páirtaimseartha) a sholáthar do na fostaithe óga agus do na fostóirí araon. Chuir **an Spáinn** an*'Infheistíocht ar Dhífhostaíocht an Aosa Óig'* ina PTA, ina bhfuil trí chlár. Is é is aidhm don chlár '*Tandem'* inniúlacht ghairmiúil a bhaint amach trí oiliúint i gcomhar le fostaíocht, le 25 % ar a laghad den chlár dírithe ar scileanna a bhaineann leis an aeráid agus 25 % dírithe ar scileanna digiteacha. Is é an dara ceann an clár '*First Experience'* lena n-éascaítear an chéad taithí oibre, le 20 % ar a laghad den chlár tiomnaithe do scileanna a bhaineann leis an aeráid agus 20 % do scileanna digiteacha; agus ar deireadh, an clár '*Investigo'* a sholáthraíonn obair atá nasctha le forbairt tionscadail taighde. Sa **Chipir**, mar chuid den PTA, tá sé beartaithe aonaid shoghluaiste SPF a bhunú chun for- rochtain a fheabhsú do dhaoine óga nach bhfuil san oideachas, fostaíocht ná oiliúint (NEETanna). Ina theannta sin, clúdaíonn PTA na Cipire scéim freisin a sholáthraíonn fóirdheontais d'fhostóirí san earnáil phríobháideach mar dhreasacht chun daoine óga atá dífhostaithe agus NEET (15- 29 mbliana d'aois) a fhostú agus 2 mhí oiliúna a chur ar fáil. Tá sé beartaithe freisin ag an gCipir aghaidh a thabhairt ar neamhréireanna scileanna idir oideachas agus an margadh saothair trína sásra píolótach rianaithe céimithe a leathnú chuig gach institiúid ardoideachais faoi 2023. Ar deireadh, faoi mhaoiniú CSE+, tá sé beartaithe ag an gCipir freisin an tionscnamh '*Aim- Learn- Master- Achieve*' (ALMA) a chur chun feidhme, a dhíríonn ar NEETanna, agus go háirithe ar dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste. Cuirfear ALMA chun cinn trí chomhoibriú/comhpháirtíocht idir SPF, fostóirí/gnóthais chomh maith le heagraíochtaí comhpháirtíochta ionchasacha eile. Tá sé beartaithe ag **an tSlóvaic** an 'Cleachtadh iarchéime' a nuashonrú, a bhfuil sé mar aidhm aige infhostaitheacht lucht cuardaigh fostaíochta faoi mhíbhuntáiste a mhéadú (e.g. NEETanna, fágálaithe scoile) trí scileanna oibre a shealbhú agus a neartú trí thaithí phraiticiúil a fháil i gcuideachta.

**Tá tionscnaimh seolta ag roinnt Ballstát chun feabhas a chur ar lánpháirtiú oibrithe scothaosta i margaí saothair agus ar a n-infhostaitheacht, rud a chuideoidh freisin le dul i ngleic le dúshlán an athraithe dhéimeagrafaigh,** i gcomhréir le prionsabail 3 agus 4 den Cholún (na prionsabail maidir le comhdheiseanna agus maidir le tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht, faoi seach). I gcomhthéacs na paindéime, rinne **Lucsamburg** na rialacha a mhaolú go sealadach lena gcuirtear srian ar fhostaíocht ar íocaíocht do dhaoine a chuaigh ar luathscor chun an gá atá le foireann in earnálacha éagsúla, go háirithe san earnáil cúraim sláinte, a chlúdach.

**Tá na Ballstáit ag glacadh níos mó agus níos mó beart lena ndeonaítear saoire bhuan teaghlaigh agus saoire neamhláithreachta speisialta do dhaoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu chun tacú le rannpháirtíocht níos airde ban sa mhargadh saothair** i gcomhréir le prionsabail 2 agus 9 den Cholún (maidir le comhionannas inscne agus maidir le cothromaíocht oibre- saoil, faoi seach). Sa **Bheilg**, amhail an 1 Meán Fómhair 2021, méadaíodh uastréimhse na saoire do chúram neamhfhoirmiúil le haghaidh duine ag a bhfuil gá le cúram go 3 mhí lánaimseartha nó 6 mhí de $1/5^{ú}$ nó laghdú leath- ama sna obair lánaimseartha. Sa **Danmhairg,** amhail i mí Lúnasa 2022, tháinig bearta nua i bhfeidhm, trína ndéanfar an liúntas iarbhreithe a roinnt go cothrom idir na tuismitheoirí arb ionann é agus 24 seachtaine de phá máithreachais/atharthachta tar éis bhreith an linbh. Is féidir cuid den tsaoire a aistriú ó thuismitheoir amháin go dtí an tuismitheoir eile. I mí Lúnasa 2022, cheadaigh rialtas na **hÉireann** Scéim Ghinearálta an Bhille um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha a bhfuil sé mar aidhm aige ceart 5 lá saoire in aghaidh na bliana a thabhairt isteach do chúram leighis a bhaineann le tinneas tromchúiseach agus síneadh a chur leis an . teidlíocht atá ann faoi láthair ar shosanna um beathú cíche faoi na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais ó 6 mhí go dtí 2 bhliain. Ina theannta sin, rinneadh an tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí 2019 in Éirinn a nuashonrú i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus síneadh curtha leis an saoire thuismitheoireachta ar íocaíocht ó 5 go 7 seachtaine le húsáid go solúbtha go dtí go mbeidh dhá bhliain slánaithe ag an leanbh. San **Iodáil**, tá sé mar aidhm ag leasú ó mhí an Mheithimh 2022 cothromaíocht oibre- saoil na n-oibrithe a bhfuil dualgais chúraim orthu mar thuismitheoirí agus/nó mar chúramóirí a chur chun cinn, chun comhroinnt níos cothroime ar fhreagrachtaí cúraim idir fir agus mná a bhaint amach agus comhionannas inscne a chur chun cinn san ionad oibre agus sa teaghlach araon. Amhail 2022, tugadh an reachtaíocht cothrom le dáta chun saoire atharthachta éigeantach agus roghnach 10 lá agus 1 lá amháin a bhunú (má aistrítear an tsaoire sin ón máthair), faoi seach. Ina theannta sin, is é is aidhm do dhlí a glacadh i mí Aibreáin 2022 tacú le teaghlaigh ag a bhfuil leanaí agus réiteach idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a spreagadh, trí liúntas uilíoch míosúil a bhunú le haghaidh gach leanbh cleithiúnach, leasú a dhéanamh ar chineálacha éagsúla saoirí teaghlaigh, dreasachtaí a thabhairt isteach do mhná a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu dul isteach sa lucht saothair, agus beartais a fhorbairt chun tacú le teaghlaigh maidir le costais oideachais agus scoile. I mí na Samhna 2021, thug **an Chipir** leasú isteach lena méadaítear an tsaoire mháithreachais ó 18 go 22 seachtaine i gcás an dara leanbh nó an dara leanbh trí uchtú nó máthair ionaid, agus go 26 seachtaine i gcás an tríú leanbh. Coicís a mhairfidh an tsaoire atharthachta, agus ní mór í a theachtadh laistigh de 16 seachtaine ó bhreith nó uchtú an linbh. Faoi dheireadh 2022, tá sé beartaithe ag an gCipir freisin an ceart chun saoire thuismitheoireachta ar íocaíocht, an ceart chun saoire thuismitheoireachta a ghlacadh ar bhealach solúbtha agus an ceart chun saoire cúramóirí a thabhairt isteach. In 2022, rinne **an Liotuáin** bearta chun laethanta saoire breise a thabhairt isteach do thuismitheoirí, ag cur líon na leanaí chomh maith le stádas míchumais na leanaí san áireamh (féach Roinn 2.3.2). Bhí sé beartaithe ag **an bhFionlainn**, amhail ón 4 Meán Fómhair 2022, faoin leasú ar shaoire teaghlaigh, an comhionannas idir saol oibre na dtuismitheoirí a mhéadú agus, agus cineálacha éagsúla teaghlaigh á n-urramú, gheobhaidh an bheirt tuismitheoirí cuóta de 160 lá liúntais tuismitheora. Den mhéid sin, is féidir uasmhéid de 63 lá liúntais tuismitheoireachta a aistriú chuig tuismitheoir nó caomhnóir eile, céile, nó céile an tuismitheora eile. Tá an chuid eile den toircheas faoi chosaint ag tréimhse liúntais toirchis 40 lá de liúntas laethúil. Is féidir an tsaoire a úsáid i mórán tréimhsí go dtí go mbainfidh an leanbh 2 bhliain d'aois amach. Amhail an 2 Lúnasa 2022, thug **an Ísiltír** isteach ceart ar shaoire thuismitheoireachta ar íocaíocht 9 seachtaine ag ráta 70 % den phá laethúil. I mí na Samhna 2021, mhéadaigh **an Fhrainc** líon na laethanta saoire (310 lá le tógáil thar 3 bliana, a bheidh in- athnuaite uair amháin), agus tacaíocht airgeadais a bhfuil tuismitheoirí ina dteideal i gcás bhreoiteacht thromchúiseach linbh. Ina theannta sin, tá

tuismitheoirí i dteideal 2 lá saoire má dhéantar diagnóisiú go bhfuil galar ainsealach ar a leanbh. In 2022, i **Málta**, leathnaíodh seirbhísí cúraim leanaí saor in aisce chuig fostaithe a bhíonn ag obair sa tráthnóna, ag an deireadh seachtaine, nó ar shealanna. Ina theannta sin, le dlí nua ó mhí Iúil 2022 tugtar isteach agus cuirtear síneadh leis an tsaoire atharthachta ar íocaíocht 10 lá ag an mbreith nó ag an uchtú d'aithreacha agus don dara tuismitheoir. Ina theannta sin, deonaítear an ceart 4 mhí de shaoire thuismitheoireachta ar íocaíocht do gach tuismitheoir linbh faoi bhun 8 mbliana d'aois, an ceart chun saoire cúramóirí gan phá de 5 lá oibre in aghaidh na bliana, agus an ceart chun socruithe solúbtha oibre d'oibrithe le leanaí faoi bhun 8 mbliana d'aois agus do chúramóirí. Amhail mí Lúnasa 2022, sa **Bhulgáir,** tá an ceart ag an athair nó ag an gcaomhnóir dlíthiúil fireann 2 mhí de shaoire chúraim ar íocaíocht (BGN 710, thart ar EUR 363) do leanaí suas go dtí 8 mbliana d'aois ar an gcoinníoll nach bhfuil siad tar éis leas a bhaint as scéimeanna comhchosúla.

**Tá bearta á dtabhairt isteach ag na Ballstáit maidir le socruithe oibre comhroinnte agus solúbtha le haghaidh teaghlaigh agus daoine a bhfuil freagrachtaí cúraim orthu** i gcomhréir le prionsabail 2 agus 9 den Cholún (maidir le comhionannas inscne agus maidir le cothromaíocht oibre is saoil, faoi seach). I mí Eanáir 2021, thug **an tSeicia** isteach leasú ar an dlí lena gceadaítear d'fhostaithe atá ag obair go páirtaimseartha post amháin a roinnt. Is é is aidhm don bheart sin socruithe oibre solúbtha a leathnú agus tá sé comhchistithe ag CSE le dreasachtaí airgeadais a chumhdaíonn cuid den tuarastal, tacú le comhordaitheoirí beartais teaghlaigh sna réigiúin, chomh maith le treoracha modheolaíochta, anailís ar bheartais agus dea- chleachtais. In **Éirinn**, is é is aidhm don Bhille atá beartaithe um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha ceart a thabhairt isteach do chúramóirí socruithe solúbtha oibre a iarraidh, lena n-áirítear uaireanta oibre comhbhrúite nó laghdaithe. Faoi dheireadh 2022, tá sé beartaithe ag **an gCipir** an ceart a thabhairt do thuismitheoirí atá ag obair agus ag a bhfuil leanaí suas le 8 mbliana d'aois agus do chúramóirí socruithe solúbtha oibre a iarraidh. In 2022, rinneadh bearta sa **Liotuáin** an fhéidearthacht a thabhairt isteach chun oibriú níos lú ná lá iomlán agus chun teilea- obair agus sceideal oibre solúbtha a shocrú do mhná torracha nó ag beathú cíche nó do thuismitheoirí aonair a thógann leanaí suas le 14 bliana d'aois (nó suas le 18 mbliana d'aois, i gcás leanaí faoi mhíchumas), agus do thuismitheoirí ag a bhfuil leanaí suas le 8 mbliana d'aois á dtógáil acu.

**Rinne roinnt Ballstát beart chun gníomhachtú a chur chun cinn, chun tacú le fostaíocht ban agus chun dul i ngleic leis an mbearna pá idir na hinscní,** i gcomhréir le prionsabail Cholún 2 agus 4 (maidir le comhionannas inscne agus maidir le tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht, faoi seach). In **Éirinn,** rinneadh an tAcht um Fhaisnéis faoin Difríocht Pá idir na hInscní a thabhairt cothrom le dáta i mí Iúil 2021 agus cuirtear de cheangal leis ar eagraíochtaí tuairisc a thabhairt ar na difreálacha pá idir na hinscní ina leagtar amach na difríochtaí pá idir fostaithe baineanna agus fostaithe fireanna, lena n-áirítear bónais. Beidh feidhm ag an gceanglas ar dtús maidir le heagraíochtaí ag a bhfuil 250 fostaí nó níos mó ach leathnófar le himeacht ama é chuig eagraíochtaí ag a bhfuil 50 fostaí nó níos mó. Ceanglaítear leis an Acht freisin ar fhostóirí na cúiseanna atá leis na difríochtaí agus na bearta chun deireadh a chur leo a leagan amach, a chaithfear (a bheartú, ach ní go gurb éigeantach iad). San **Iodáil**, samhlaítear le Dlí Buiséid 2022 méadú EUR 50 milliún in aghaidh na bliana ag tosú in 2023 don chiste a thacaíonn le cothromas pá idir na hinscní. Tá na hacmhainní beartaithe le haghaidh idirghabhálacha atá dírithe ar thacú agus aitheantas a thabhairt don luach sóisialta ar fhorbairt eacnamaíoch an chomhionannais pá idir na hinscní agus na gcomhdheiseanna san ionad oibre. Ina theannta sin, is é is aidhm don Phlean Straitéiseach Náisiúnta a glacadh dea- chleachtais a shainaithint chun steiréitíopaí inscne a chomhrac, an bhearna fostaíochta idir na hinscní a dhúnadh, comhionannas a bhaint amach i rannpháirtíocht in earnálacha eacnamaíocha éagsúla, aghaidh a thabhairt ar an mbearna pá agus pinsin agus cothromaíocht idir na hinscní a bhaint amach sa chinnteoireacht. Ina

theannta sin, samhlaítear le plean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile infheistíochtaí lena gcuirtear fiontraíocht ban chun cinn, tacú le cur chun feidhme tionscadal gnó nuálach do chuideachtaí arna mbunú agus arna reáchtáil ag mná nó ag mná go príomha, agus infheistíochtaí i gcóras deimhniúcháin le haghaidh gnólachtaí a thacaíonn le comhionannas inscne ina gcleachtais. Sa **Fhrainc**, tugadh isteach le dlí mhí na Nollag 2021 roinnt beart atá dírithe ar chomhionannas eacnamaíoch agus gairmiúil a chothú idir fir agus mná. Ón 1 Márta 2022, éilítear ar fhostóirí ag a bhfuil ar a laghad 1 000 fostaí aon bhearna san ionadaíocht idir mná agus fir i measc feidhmeannaigh shinsearacha agus comhaltaí de chomhlachtaí rialaithe a fhoilsiú go bliantúil. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil don phobal ar shuíomh gréasáin na hAireachta Saothair, ón 1 Márta 2023 ar aghaidh. Áiríonn sé freisin cruthú cuóta 30 % i bpoist bhainistíochta gnólachtaí ó 1 Márta 2026, le méaduithe breise amach ansin (40 % ó 1 Márta 2029). I mí Dheireadh Fómhair 2021, ghlac **an Ghréig** an creat chun seirbhísí cúraim leanaí a sholáthar do leanaí idir 2 mhí agus 2 bhliain go leith d'aois agus do chur chun feidhme 'Feighlithe Leanaí Comharsanachta' a thacaíonn le rochtain ban ar an margadh saothair agus lena gcuirtear cothromaíocht oibre is saoil chun cinn. Sula gcuirfear chun feidhme ar fud na tíre é beidh céim phíolótach ann in 33 bhardas.

**Thug na Ballstáit tionscnaimh nua isteach agus achtaíodh athchóirithe chun feabhas a chur ar earcaíocht agus infhostaitheacht daoine faoi mhíchumas** i gcomhréir le prionsabal 17 den Cholún (maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas). Sa **Bheilg**, tá an leasú Tallanna- Spreagadh- Slógadh ar SPF na Vallúine á mhaoiniú faoi PTA na Beilge agus tá sé d'aidhm aige seirbhísí níos pearsantaithe agus conairí aonair a sholáthar do chuardaitheoirí poist leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Tá sé beartaithe ag an **mBulgáir** clár a rolladh amach a thacaíonn le fostaíocht inbhuanaithe grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, le buiséad dar luach EUR 51.1 milliún arna mhaoiniú ag CSE+. Díreofar leis an oibríocht ar 3 600 ball de ghrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, tacú leo le fostaíocht fhóirdheonaithe, meantóireacht, agus an timpeallacht oibre agus iompar a oiriúnú. I mí Dheireadh Fómhair 2022, chuir an **tSeicia** leis na dreasachtaí fostaithe chun daoine faoi mhíchumas a fhostú. Chun na seirbhísí fostaíochta a chuireann SPF ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú, i mí Iúil 2021, ghlac **Éire** cur chuige luath- rannpháirtíochta. Leis an gcur chuige sin, a bhfuiltear ag súil go mbainfear úsáid iomlán as faoi dheireadh 2022, beidh SPF na hÉireann ag tairiscint agus ag soláthar seirbhísí fostaíochta agus tacaíochta do chuardaitheoirí poist faoi mhíchumas a luaithe is féidir. Beidh an rannpháirtíocht deonach agus díreofar ar riachtanais an duine agus tabharfar aghaidh ar na bacainní atá os comhair daoine faoi mhíchumas. I mí Feabhra 2022, ghlac **an Chróit** an Dlí maidir le Leasuithe ar Dhlí an Mhargaidh Saothair, agus feabhas á chur ar na coinníollacha chun cúnamh airgeadais a dhámhachtain do dhaoine dífhostaithe faoi mhíchumas agus lena gcinntear cúnamh airgid a bheith cothrom le 10 % den tuarastal íosta sa ghlanmhéid. Mar chuid dá PTA a chur chun feidhme, ghlac **an Laitvia** plean chun comhdheiseanna do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn i mí Lúnasa 2021. Leis an bplean déantar na rialacha lena gcinntear stádas míchumais a choigeartú, déantar bearta le haghaidh cuimsiú sa mhargadh saothair agus inrochtaineacht bonneagair don timpeallacht thógtha a thabhairt isteach. Sa **Liotuáin**, glacadh leasú lena leathnaítear infheidhmeacht na mbeartas gníomhach maidir leis an margadh saothair (ALMPanna) do dhaoine faoi mhíchumas. Tá an tionscnamh nua dírithe ar dhul daoine faoi mhíchumas isteach sa mhargadh saothair oscailte a éascú mar ar féidir leo cur isteach ar a rogha post seachas ar a bhfostaíocht i bhfiontair shóisialta speisialta ina bhfuil teorainn leis an rogha sin. In 2022, thug **an Phortaingéil** clár isteach lena dtacaítear le próiseas earcaithe agus infhostaitheachta daoine faoi mhíchumas, trí thacú le conraitheoireacht, cur isteach, lánpháirtiú agus fiontraíocht, lena n-áirítear na nithe sin a bhaineann le hathshlánú gairmiúil. Chun cobhsú agus lánpháirtiú sa mhargadh saothair a threisiú, is é is aidhm don chlár dreasachtaí

infhostaitheachta de chineál ranníocach, agus dreasachtaí a bhaineann leis an gclár beartais fostaíochta, a choigeartú, a neartú agus a athbheochan. San **Fhionlainn**, faoin PTA, cuirfidh oibreoir margaidh saothair idirmheánach nua faoi úinéireacht an stáit tús le hoibríochtaí in 2022 chun oiriúnú agus socrúchán daoine a bhfuil baol suntasach ann go ndéanfaí iad a eisiamh go buan ón margadh saothair a chur chun cinn, lena n-áirítear daoine a bhfuil cumas lagaithe acu chun oibre. Tar éis na hoibríochtaí a bheith bunaithe, tá sé mar aidhm ag an gcuideachta tuairim is 1 000 duine a bheith i gcaidreamh fostaíochta.

**Rinne na Ballstáit beart chun tacú le lánpháirtiú náisiúnach tríú tíortha sa mhargadh saothair agus chun é a éascú.** In 2022, rinne **an Eastóin** leasú ar an gclár *'Settle in Estonia'*, clár de chuid rialtas na hEastóine ina bhfuil cúrsa oiriúnaithe agus teagasc teanga d'imircigh nuathionscanta, chun freastal níos fearr ar riachtanais na rannpháirtithe tríd an modúl Oibre agus Fiontraíochta a cónascadh roimhe seo a roinnt ina dhá mhodúl ar leith. Ina theannta sin, taobh le hoiliúint ar leibhéal A1, tá cúrsaí teanga ar leibhéal A2 san áireamh sa chlár, agus cuireadh modheolaíocht an teagaisc in oiriúint. Ina theannta sin, tá an Coinbhinsiún Domhanda um Aitheantas Cáilíochtaí a bhaineann le hArdoideachas UNESCO (Coinbhinsiún Domhanda) ceadaithe ag an Eastóin lena mbunaítear cearta daoine aonair chun measúnú a dhéanamh ar a gcáilíochtaí eachtracha ar bhealach trédhearcach agus neamh- idirdhealaitheach. Tá ról suntasach ag cúrsaí teanga i measc na mballstát. San **Fionlainn**, mar shampla, leithdháileadh cistí breise chun an Fhionlainnis/an tSualainnis a mhúineadh mar dhara teanga, litearthacht agus oiliúint imeasctha san oideachas neamhfhoirmiúil. Go sonrach, molann rialtas na Fionlainne méadú EUR 5.5 milliún do bhuiséad 2023 le haghaidh speansais oibriúcháin an Ionaid Seirbhíse um Fhoghlaim Leanúnach agus Fostaíocht a bheidh le húsáid le haghaidh oideachais agus oiliúna atá deartha le haghaidh Úcránach. Sa **Ghearmáin**, i mí na Samhna 2021, thug an Aireacht Saothair agus Gnóthaí Sóisialacha rochtain luath d'iarrthóirí tearmainn ón Afganastáin ar bhearta um lánpháirtiú sa mhargadh saothair, amhail gairmchúrsaí teanga. I mí na Nollag 2021, d'fhoilsigh **Éire** treoirlínte agus sraith uirlisí nua chun cabhrú le foghlaimeoirí imirceacha a gcuid scileanna Béarla a fheabhsú agus dul chun cinn trí bhreisoideachas faoina straitéis Litearthacht Aosach don Saol (ALL). I mí an Mhárta 2022, chuir **an Fhrainc** a clár tacaíochta cuimsitheach agus aonair chun feidhme maidir le lánpháirtiú dídeanaithe ('AGIR'). Leis an gclár tairgfear, i measc nithe eile, scéim tacaíochta shaincheaptha a éascaíonn aithint eispéiris roimhe seo na náisiúnach eachtrach nuathagtha, a shimplíonn a n-imeascadh gairme, agus a fheabhsaíonn rochtain ar obair dóibh siúd is faide ón bhfostaíocht de réir a saintréithe. San **Iodáil**, shínigh údaráis na hIodáile agus Ard- Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe meabhrán tuisceana chun lánpháirtiú dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn sa mhargadh saothair a chur chun cinn trí shraith gníomhaíochtaí comhpháirteacha. Is é is aidhm don chomhaontú rannpháirtíocht na hearnála príobháidí a mhéadú, faisnéis agus uirlisí a sholáthar do chuideachtaí chun dídeanaithe a fháil agus feabhas a chur ar scileanna líonra na seirbhísí fostaíochta agus gníomhaithe na sochaí sibhialta a thacaíonn le próisis chuimsithe. I mí an Mhárta 2022, ghlac an **tSlóvaic** dlí, arna maoiniú faoina PTA, chun lánpháirtiú oibrithe imirceacha a fheabhsú lena n-áirítear fillithe, fostaithe ardcháilithe ó thríú tíortha agus baill dá dteaghlach, agus mic léinn ollscoile eachtracha atá ag déanamh staidéir sa tSlóvaic. Tá sé mar aidhm aige creat dlíthiúil a chruthú le haghaidh 'ionad ilfhreastail' a sholáthraíonn comhairleoireacht agus seirbhísí cuimsitheacha.

**Tá bearta glactha ag na Ballstáit chun aitheantas do cháilíochtaí daoine easáitithe ón Úcráin a luathú.** Ag comhoibriú dóibh i líonra ENIC- NARIC, téann **an Ostair**, **an Eastóin**, **an Fhrainc**, agus **an tSlóivéin**, mar shampla, i gcomhar lena chéile chun comhairle agus caighdeáin choiteanna a sholáthar le dioplómaí a aithint. Sa **Portaingéil** agus san **Ostair**, tugtar tosaíocht d'iarratais ar aitheantas dioplómaí ó dhaoine easáitithe ón Úcráin.

Rinne roinnt Ballstát ar a seal féin na nósanna imeachta aitheantais a éascú agus a ghiorrú. Mar shampla, tá **an Ghearmáin**, **an Liotuáin**, **an Phortaingéil**, agus **an Laitvia**, ag glacadh le cóipeanna digiteacha de dhoiciméid agus tarscaoileann siad an ceanglas maidir le haistriúchán deimhnithe. San **Iodáil**, chuir na húdaráis bunachar sonraí ar fáil le liosta fairsing agus mínithe ar cháilíochtaí na hÚcráine d'institiúidí ardoideachais agus is féidir daoine easáitithe sna hearnálacha sóisialta agus cúraim sláinte a earcú ar thíolacadh an Phas Eorpaigh um Cháilíochtaí do Dhídeanaithe. Ar an gcaoi chéanna, sa **tSeicia**, d'eisigh údaráis lámhleabhar chun aitheantas a chomhchuibhiú agus a luathú. San **Fhionlainn**, fuair oifigigh atá freagrach as cáilíochtaí foirmiúla a aithint oiliúint shonrach chun tuiscint níos fearr a fháil ar chóras oideachais na hÚcráine. Tríd an ceanglas apastaile i dtaca le deimhniú doiciméad poiblí coigríche a chur ar fionraí, éascaíonn **an tSlóvaic** aithint scileanna roimhe seo.

**Tá bearta déanta ag roinnt Ballstát chun lánpháirtiú mhargadh saothair daoine easáitithe ón Úcráin a éascú trí oiliúint agus bearta chun constaicí iontrála a éascú.** Ba iad sainchúrsaí teanga do dhaoine easáitithe ón Úcráin an cineál cláir ba mhó a d'fhorbair na Ballstáit le déanaí. Mar shampla, sa **Ghearmáin** ghlac níos mó ná leath de líon iomlán na ndaoine easáitithe ón Úcráin páirt i gcúrsaí teanga. D'fhorbair **an tSlóvaic** tionscadal oideachais a thugann eolas teoiriciúil agus praiticiúil do dhaoine easáitithe mar aon le liúntas airgeadais, a fhaightear tar éis chríochnú an chúrsa, a chlúdaíonn táille an chúrsa agus cuid de na speansais ghaolmhara. Sa **tSeicia**, faigheann oibrithe sláinte easáitithe ón Úcráin cead sealadach cleachtais ghairmiúil (go ceann thréimhse shocraithe 12 mhí) a ligeann dóibh a scileanna teanga a fheabhsú agus eolas a chur ar an gcóras náisiúnta cúraim sláinte. Cuireann an córas intéirneachtaí sin ar a gcumas an t-eolas is gá a fháil chun pas a fháil sa scrúdú aitheantais. Sa **tSlóvaic**, ní mór do na hoibrithe easáitithe pas a fháil i scrúdú forlíontach ag ollscoil nó meánscoil agus teastas aitheanta oideachais a sholáthar le cead a bheith acu oibriú san earnáil cúraim sláinte. San **Ungáir**, féadfaidh Úcránaigh easáitithe ag a bhfuil cáilíocht Úcránach lena mbaineann aitheantas ón stát i gcúram sláinte tosú ag obair ina ngairm go comhthreomhar leis an nós imeachta um aithint cáilíochtaí.

## 2.3 Treoirlíne 7: Feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta

Sa roinn seo, breathnaítear ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta uimh. 7, ina moltar do Bhallstáit feabhas a chur ar fheidhmiú mhargaí an tsaothair agus ar éifeachtacht an idirphlé shóisialta. Cumhdaítear inti, i measc nithe eile, cothromaíocht a bhaint amach idir solúbthacht agus slándáil i mbeartais an mhargaidh saothair, cosc a chur ar dheighilt sa mhargadh saothair agus an t-aistriú chuig conarthaí neamhiata a chothú, agus éifeachtacht na mbeartas gníomhach sa mhargadh saothair a áirithiú. Tá na spriocanna sin i gcomhréir le prionsabail 4 (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht), 5 (fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe), 7 (eolas faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostuithe), 8 (idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht oibrithe), 10 (timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte atá curtha in oiriúint i gceart don oibrí) agus 13 (sochair dhífhostaíochta) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Pléitear tógáil ar chleachtais náisiúnta atá ann, idirphlé sóisialta a chur chun cinn agus caidreamh le heagraíochtaí na sochaí sibhialta freisin. Tuairiscítear i Roinn 2.3.2 ar bhearta beartais arna ndéanamh ag na Ballstáit sna réimsí beartais sin.

### 2.3.1 Príomhtháscairí

**Is príomhbheart é aghaidh a thabhairt ar dheighilt an mhargaidh saothair chun feabhas a chur ar fheidhmiú na margaí saothair**, agus rannchuidíonn sé le prionsabail 5 (maidir le fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe) agus 7 (maidir le faisnéis faoi choinníollacha

fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostuithe) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme. Tugann deighilt an mhargaidh saothair le tuiscint go bhfuil difríochtaí leanúnacha i ndálaí oibre daoine aonair sa mhargadh saothair nach féidir a chur i leith difríochtaí ina scileanna, ina ngairm bheatha agus ina dtaithí.[138]. Léiriú láidir ar dheighilt an mhargaidh saothair is ea an teaglaim de sciar ard de chonarthaí sealadacha do ghrúpaí sonracha oibrithe agus rátaí ísle aistrithe i dtreo poist bhuana. D'fhéadfadh baint a bheith ag sciartha arda den fhéinfhostaíocht 'bhréagach' leis freisin.

**Níor tháinig ach méadú beag ar an sciar den fhostaíocht shealadach as an bhfostaíocht iomlán in 2021 i bhformhór na mBallstát, mar gheall ar dhálaí eacnamaíocha níos fabhraí.** Mhéadaigh sciar na ndaoine ar chonarthaí sealadacha[139] i measc na bhfostaithe go léir (idir 20- 64 bliana d'aois) beagán ar an meán san Aontas ó 10.9 % in 2020 go 11.2 % in 2021, 0.8 pc fós faoin leibhéal réamhphaindéime. Ag breathnú ar shonraí ráithiúla, maidir le sciar na bhfostaithe sealadacha (20 64 bliana; a bhfuil coigeartú de réir séasúir déanta air) ba é 13.1 % an sciar sin i R2- 2021, méadú 1.1 pc ón leibhéal íseal in R2- 2020. Tá éagsúlacht nach beag ann ar fud na mBallstát. Cé go raibh figiúirí os cionn 15 % ag an Spáinn, an Ísiltír, an Phortaingéil agus an Iodáil, tá an sciar faoi bhun 4 % san Eastóin, sa Liotuáin, sa Rómáin, sa Laitvia agus sa Bhulgáir – féach Fíor 2.3.1. Ar an iomlán, tháinig na laghduithe is mó ar na Ballstáit sin a raibh na sciartha is mó de chonarthaí sealadacha acu roimh phaindéim COVID, agus is beag méaduithe ó shin i leith a chonacthas sna Ballstáit a raibh leibhéil ísle acu.[140]. Bhí laghduithe suntasacha sa Pholainn (6.8 pc), sa Chróit (4.5 pc), sa Phortaingéil (3.6 pc), sa tSlóivéin (3.4 pc) agus sa Ghréig (2.7 pc) idir 2019 agus 2021, agus tá arduithe tugtha faoi deara sa Rómáin (0.9 pc), an Liotuáin agus an Danmhairg (0.6 pc) agus Lucsamburg (0.2 pc).

[138] Féach An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus Eurofound. I dtéarmaí praiticiúla, ciallaíonn sé seo go bhfuil an margadh saothair scartha ina fho- mhargaí nó ina dheighleoga, a bhfuil tréithe agus rialacha iompair éagsúla mar shaintréithe acu, amhail socruithe conarthacha (i.e. conarthaí neamhiata i gcomparáid le conarthaí ar théarma seasta), cineál agus éagsúlacht na reachtaíochta cosanta fostaíochta sna Ballstáit (i.e. rialacha lena rialaítear fostú aonair agus comhchoiteann agus dífhostú aonair agus comhchoiteann fostaithe ar chonarthaí ar théarma seasta), cineálacha oibrithe lena mbaineann (e.g. oibrithe sealadacha ainneonacha agus oibrithe páirtaimseartha ainneonacha, i measc oibrithe eile).

[139] Leis an téarma seo táthar ag tagairt do shocruithe oibre neamhchaighdeánacha (amhail conarthaí sealadacha, ar théarma seasta, ar glao- dhualgas agus gan íosmhéid uaireanta) mar aon le conarthaí sealadacha le haghaidh obair ghníomhaireachta, agus obair pháirtaimseartha agus fhéinfhostaithe gan fostaithe á fágáil as an áireamh. Foinse: Táscairí Eurostat [lfsi_pt_a] agus [lfsi_pt_q] le haghaidh sonraí bliantúla agus ráithiúla, faoi seach.

[140] Féach an Coimisiún Eorpach (2021), *Labour Market and Wage Developments in Europe Annual Review 2022* [Forbairtí an Mhargaidh Saothair agus an Phá san Eoraip, Athbhreithniú Bliantúil 2021] (le foilsiú).

**Fíor 2.3.1: Tá an fhostaíocht shealadach fós beagán faoi bhun na leibhéal réamh- ghéarchéime, cé go bhfuil difríochtaí suntasacha le sonrú idir na Ballstáit**

Sciar na bhfostaithe sealadacha i measc na bhfostaithe uile (20- 64 bliana, %, sonraí bliantúla)




*Nóta*: Bhí difríocht idir an sainmhíniú le haghaidh ES agus FR in 2021 (féach na meiteashonraí).
*Foinse*: Eurostat, [lfsi_pt_a], SFS an Aontais.

**Tá sciartha arda de chonarthaí sealadacha le sárú ag roinnt Ballstát mar aon le rátaí ísle aistrithe go fostaíocht bhuan.** Léirítear le Fíor 2.3.2 líon na bhfostaithe sealadacha mar chéatadán den iomlán (aoisghrúpa 20- 64 bliana) arna bhreacadh i gcomparáid le rátaí an aistrithe ó chonarthaí sealadacha chuig conarthaí neamhiata (i.ei. arna meánú ar feadh thréimhse 3 bliana idir 2018 agus 2020). . In 2020, thángthas sa Spáinn, sa Pholainn, sa Fhrainc, san Iodáil, sa Fhrainc, sa Pholainn, sa Fhrainc agus san Iodáil ar an staid ba chriticiúla arbh iad na sainairíonna léi rátaí arda conarthaí sealadacha (os cionn 15 %) mar aon le rátaí aistrithe réasúnta íseal (faoi bhun 30 %). Bhí rátaí fostaíochta sealadaí os cionn mheán an Aontais Eorpaigh ag Ballstáit eile amhail an Ísiltír, an Phortaingéil, an Chróit agus an tSualainn (13.5 % in 2020), ach mar aon le rátaí arda aistrithe (os cionn 35 %). Os a choinne sin, léiríonn an Liotuáin, an Laitvia agus an Bhulgáir scaireanna an- íseal de chonarthaí sealadacha (faoi bhun 4 %), agus rátaí aistrithe ísle go conarthaí buana. Léiríonn an Rómáin, an Ungáir, an tSlóvaic, an tSeicis, Lucsamburg agus an Eastóin rátaí conarthaí sealadacha faoi bhun 8 % agus rátaí aistrithe os cionn 30 %.

**Fíor 2.3.2: Tá sciar na gconarthaí sealadacha agus tiontú na gconarthaí sin ina bpoist bhuana iontach difriúil ar fud na mBallstát**

Céatadán na bhfostaithe sealadacha mar chéatadán de líon iomlán na bhfostaithe (20- 64) in 2020 agus an ráta aistrithe chuig poist bhuana (meánluach le haghaidh 2018, 2019 agus 2020).




*Nóta*: Briseadh san amshraith in 2020 le haghaidh DE. Tagraíonn an ráta aistrithe saothair le haghaidh LV don bhliain 2017; is é an luach SK meánluach na bliana 2019 agus na bliana 2020 amháin.
*Foinse*: Eurostat, [lfsa_etpgan] SFS an Aontais agus [ilc_lvhl32] EU- SILC.

**Tá difríocht shuntasach idir sciar na ndaoine ar fhostaíocht shealadach ainneonach ar fud na mBallstát agus tá dúshláin ar leith os comhair cuid acu.** Ba é 7.8 % san Aontas in 2020 céatadán na bhfostaithe (idir 20- 64 bliana d'aois) a bhí i gconarthaí sealadacha go hainneonach, 1.2 pc níos ísle ná mar a bhí sé in 2021. Mar sin féin, tá an bhearna idir an cion is airde agus an cion is ísle den fhostaíocht shealadach ar fud na mBallstát fós substaintiúil (15.4 pc in 2021), gan aon athrú uirthi ó 2020. Tá dúshlán ar leith le sárú ag Ballstáit amhail an Spáinn (19.5 %), an Iodáil (13.4 %), an Phortaingéil (12.2 %) agus an Chipir (11.9 %) ina leith sin, agus na sciartha is airde d'fhostaithe sealadacha ainneonacha á dtuairisciú acu. Os a choinne sin, tá an céatadán faoi bhun 2 % sa Laitvia, sa Rómáin, sa Liotuáin agus san Eastóin. Go ginearálta, bíonn tionchar níos mó ag fostaíocht shealadach ainneonach ar fhostaithe baineanna ná ar fhir, cé go bhfuil na difríochtaí sin cuibheasach íseal (faoi bhun 1.5 pc, ach amháin sa Chipir (7.5 pc), sa Ghréig (5 pc), sa Chróit (3.3 pc) agus san Fhionlainn (3.2 pc).

**Leanann conarthaí sealadacha de bheith níos forleithne i measc an aosa óig agus na mban.** Bhí sciar na bhfostaithe sealadacha chomh hard le 48.9 % in 2021 san Aontas le haghaidh daoine óga (idir 15- 24 bliana d'aois), rud a chiallaíonn go raibh sé 37 pc níos airde ná iad siúd idir 25- 54 bliana d'aois agus 42.7 pc os cionn na ndaoine idir 55- 64 bliana d'aois. In 2021, bhí an ráta ab airde sa Spáinn (69.1 %), san Ísiltír (68.2 %), sa tSlóivéin (63.5 %), agus san Iodáil (61.7 %), agus chonacthas na rátaí ab ísle san Eastóin (6.8 %), sa Liotuáin (6.7 %) agus sa Laitvia (5.3 %). In 2021, ba é 13.8 % sciar na bhfostaithe baineanna (idir 20- 64 bliana d'aois) i gconarthaí sealadacha san Aontas, 0.4 pc níos airde ná in 2020. Chuaigh an bhearna idir na hinscní san fhostaíocht shealadach beagán i méad ó 1.4 pc ar an meán in 2020 go 1.6 pc in 2021, agus tá difríochtaí suntasacha ar fud na mBallstát – féach Fíor 2.3.3. In 2021, ba sa Chipir (7.8 pc) agus san Fhionlainn (5.1 pc) a bhí na difríochtaí is mó idir na hinscní maidir le leitheadúlacht conarthaí sealadacha. Sa Rómáin, sa Bhulgáir agus

sa Laitvia, bhí níos mó fear ná ban ar chonarthaí sealadacha, rud a d'fhág gur dhifríochtaí aisiompaithe idir na hinscní a bhí ann.

**Fíor 2.3.3: Tá minicíocht conarthaí sealadacha i bhfad níos airde le haghaidh daoine óga (aoisghrúpa 15- 24 bliana) agus le haghaidh ban (le roinnt eisceachtaí)**

Difríocht i sciar na bhfostaithe sealadacha i measc líon iomlán na bhfostaithe idir an aoischohórt 15- 24 bliana agus daoine 25- 54 bliana d'aois – 'aois- bhearna' (pc, 2021, an ais chlé). Difríocht i sciar na bhfostaithe sealadacha i measc an iomláin idir mná agus fir– 'an bhearna idir na hinscní' (pc, 2021, an ais dheas).




Foinse: Eurostat, [lfsi_pt_a], SFS an Aontais.

**Ar an iomlán, d'fhan sciar na fostaíochta páirtaimseartha san Aontas cobhsaí, i roinnt Ballstát tá cuid shuntasach de ainneonach.** Níor tháinig aon athrú ar sciar na ndaoine fostaithe (idir 20- 64 bliana d'aois), 17.2 % in 2021, a bhí ag obair go páirtaimseartha san Aontas i gcomparáid le 2020 agus tá sé fós 1.5 pc níos ísle ná mar a bhí in 2019. Thaifead cúig Bhallstát (an Ísiltír, an Ostair, an Ghearmáin, an Bheilg, agus an Danmhairg) figiúirí os cionn 20 %, agus bhí cúig cinn eile (an Bhulgáir, an tSlóvaic, an Rómáin, an Ungáir agus an Chróit) faoi bhun 5 % – féach Fíor 2.3.4. Bhí laghduithe beaga i roinnt Ballstát (faoi bhun 1 pc) ar líon na ndaoine fostaithe atá ag obair go páirtaimseartha idir 2020 agus 2021 (is é sin Málta, an Pholainn, an Ghréig, an Fhrainc, agus an Bhulgáir). Os a choinne sin, bhí méaduithe ar an líon sin in Éirinn (1.4 pc), san Fhionlainn (1.3 pc), san Ísiltír, sa Danmhairg, agus san Ostair (0.7 pc). B'ionann sciar na n-oibrithe ainneonacha sealadacha 23.9 % in 2021 san Aontas, agus bhí difríochtaí suntasacha idir na Ballstáit arís.[141]. Tuairiscíonn an Rómáin, an Iodáil, an Ghréig, an Spáinn agus an Bhulgáir figiúirí thart ar 50 % nó os a chionn, agus bhí luachanna cothrom le 10 % nó faoina bhun ag an Ísiltír, an Ghearmáin, an Ostair, Lucsamburg agus an tSlóivéin.

[141] Táscaire Eurostat [lfsa_eppgai]. Ní dhéantar comparáid le luachanna roimh 2021 maidir leis an táscaire seo toisc go bhfuil briseadh san amshraith in 2021 do na Ballstáit go léir teacht i bhfeidhm chreat rialála nua i gcomhair Staidreamh Sóisialta Eorpach.

**Fíor 2.3.4: Bhí an sciar fostaíochta páirtaimseartha cuibheasach cobhsaí le bliain anuas, ach tá comhchuid shuntasach ainneonach in an- chuid de na poist sin**

An sciar fostaíochta páirtaimseartha den fhostaíocht iomlán (20- 64 bliana) agus an sciar fostaíochta páirtaimseartha ainneonaí mar chéatadán den fhostaíocht pháirtaimseartha iomlán (20- 64 bliana), (%, sonraí bliantúla).




*Nóta*: Bhí difríocht idir an sainmhíniú le haghaidh ES agus FR in 2021 (féach na meiteashonraí).
Foinse: Eurostat, [lfsi_pt_a] agus [lfsa_eppgai], SFS an Aontais.

**Bíonn an sciar oibrithe féinfhostaithe gan fostaithe ard, ach is ann do dhifríochtaí suntasacha ar fud na mBallstát**. Cé gur gnách go mbíonn an fhéinfhostaíocht deonach agus gur comhartha dearfach de mheon fiontraíochta í, uaireanta ceileann na figiúirí caidreamh fostaíochta spleách nó an fhéinfhostaíocht 'bhréagach' mar a thugtar uirthi. In 2021, b'ionann oibrithe féinfhostaithe gan fostaithe ('oibrithe féinchuntais' mar a thugtar orthu, ar féidir iad a úsáid mar athróg ionadach chun an riosca a bhaineann le fhéinfhostaíocht 'bhréagach' a mheas) agus 9 % den fhostaíocht iomlán san Aontas (aoischohórt 20- 64 bliana)[142]. Bhí na rátaí ab airde ag an nGréig, an Pholainn agus an Iodáil (os cionn 14 %), agus an tSeicia, an Ísiltír agus an tSlóvaic ina dhiaidh sin le figiúirí os cionn 10 %. Os a choinne sin, bhí na sciartha ab ísle, faoi bhun 6 %, sa Ghearmáin, sa Danmhairg, i Lucsamburg, sa tSualainn agus sa Chróit.

**Bosca Cholún 5: Ardáin saothair dhigitigh agus caidreamh fostaíochta**

**Le cosc a chur ar mhí- úsáid caidreamh fostaíochta as a dtagann dálaí oibre neamhbhuana, lena n-áirítear dálaí maidir le hobair ardáin, rannchuidiú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.** Sonraítear i bPrionsabal 5 (maidir le fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe) go bhfuil an ceart ag oibrithe chun cóir chomhionann maidir le dálaí oibre, rochtain ar chosaint shóisialta agus oiliúint, gan beann ar chineál agus fad a gcaidrimh fostaíochta. Is féidir le foirmeacha nuálacha oibre, lena n-áirítear trí fhiontraíocht agus féinfhostaíocht, rannchur go mór le feabhas a chur ar dhálaí oibre. Ag an am céanna, ba cheart foirmeacha neamhbhuana oibre, lena n-áirítear i gcomhthéacs ardáin

[142] Foinse: Eurostat [lfsa_esgais] agus [lfsa_egaps], SFS an Aontais. *Nóta*: Céatadán na ndaoine féinfhostaithe gan fostaithe i measc líon iomlán na ndaoine atá fostaithe. Ní dhéantar comparáid le luachanna roimh 2021 maidir leis an táscaire seo óir tá briseadh san amshraith in 2021 le haghaidh na mBallstát go léir mar gheall ar theacht i bhfeidhm chreat rialála nua i gcomhair Staidreamh Sóisialta Eorpach.

saothair dhigitigh airithe, a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu, agus ba cheart mí- úsáid conarthaí neamhthipiciúla a chosc, chun tacú le fostaíocht ardchaighdeáin.

**Tá ardáin saothair dhigitigh ina gcuid thábhachtach de gheilleagair an Aontais anois, agus tá réimse éagsúil daoine ag obair tríothu.** Tá méadú tagtha ar ardáin saothair dhigitigh, agus meastar gur mhéadaigh ioncam san AE- 27 ó EUR 3 bhilliún in 2016 go dtí thart ar EUR 14 bhilliún in 2020. Tá fás tagtha ar thuilleamh comhiomlán daoine a bhí ag obair trí ardáin a bhí gníomhach san AE- 27, ó EUR 2.6 billiún in 2016 go dtí EUR 6.3 billiún in 2020.[143]. Sa lá atá inniu ann, d'oibrigh breis agus 28 milliún duine, ag pointe éigin ar a laghad ina ngairm bheatha, trí ardáin san Aontas.[144] Is ann d'ardáin saothair dhigitigh in earnálacha eacnamaíocha éagsúla, cuid acu ag tairiscint seirbhísí 'ar an láthair' amhail seirbhísí stoptha síbe, seirbhísí seachadta earraí, seirbhísí glantacháin nó seirbhísí cúraim agus cuid eile ag feidhmiú ar líne amháin, ag soláthar seirbhísí amhail ionchódú sonraí, aistriúchán nó dearthóireacht. (féach Fíor). De ghnáth, is fir óga a bhfuil ardcháilíochtaí acu iad na daoine a oibríonn trí ardáin, cé go mbíonn tionchar láidir ag an gcineál obair ardáin a bhreithnítear ar phróifíl na n-oibrithe[145]. Mar shampla, tá níos mó ionadaíochta ar mhná i seirbhísí pearsanta agus tí, agus san earnáil chúraim.

**D'fhéadfadh bréag- aicmiú *de facto* fostaithe mar fhostaithe féinfhostaithe a bheith mar thoradh ar obair ardáin, agus ceilt fo- chaidrimh oibre, uaireanta i dtaca le húsáid na bainistíochta algartamaí.** Tugann naoi n-ardán as gach deich n-ardán atá gníomhach san Aontas aicmiú féinfhostaithe faoi láthair do na daoine a oibríonn tríothu. Tá formhór na ndaoine sin féinfhostaithe i ndáiríre ina gcuid oibre agus is féidir leo ardáin a úsáid chun a ngníomhaíochtaí fiontraíochta a fhorbairt, rud a chuireann go dearfach le forbairt gnó, nuálaíocht agus digitiú san Aontas. Mar sin féin, meastar go bhfuil suas le 5.5 milliún duine atá ag obair trí ardáin saothair dhigitigh aicmithe go bréagach mar dhaoine féinfhostaithe, agus nach bhfuil siad i dteideal cearta agus cosaintí fostaithe a bhfuil feidhm acu maidir le daoine eile. Sna cásanna sin, is minic a bhíonn drochdhálaí oibre agus/nó rochtain neamhleor ar chosaint shóisialta acu.[143] Tá daoine ann freisin a ndéantar a bheag díobh agus a mbíonn faoi leibhéil éagsúla rialaithe ag na hardáin saothair dhigitigh trína bhfeidhmíonn siad, mar shampla obair, pá nó dálaí oibre a shannadh. D'fhéadfadh baint a bheith aige sin freisin le feidhmiú na bainistíochta algartamaí a úsáideann ardáin chun soláthar agus éileamh ar obair a mheaitseáil, ach freisin chun cúraimí a shannadh, faireachán, meastóireacht agus cinntí a dhéanamh do na daoine atá ag obair trí na hardáin sin[146].

---

[143] De Groen W., Kilhoffer Z., *et al*., *Digital Labour Platforms in the EU:*[Ardáin Saothair Dhigitigh san Aontas Eorpach:]*Mapping and Business Models*[Samhlacha Mapála agus Gnó]. Tuarascáil Chríochnaitheach. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

[144] An Coimisiún Eorpach, Barcevičius, E., Gineikytė- Kanclerė, V., Klimavičiūtė, L., et al., *Study to support the impact assessment of an EU initiative on improving working conditions in platform work*[Staidéar chun tacú le measúnú tionchair ar thionscnamh de chuid an Aontais maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin]. Tuarascáil Chríochnaitheach. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

[145] An Coimisiún Eorpach, *European Centre for Expertise (ECE) in the field of labour law, employment and labour market policy:*[An Lárionad Eorpach um Shaineolas (ECE) i réimse dhlí an tsaothair, na fostaíochta agus bheartas an mhargaidh saothair:] *thematic review 2021 on platform work*,[Athbhreithniú téamach 2021 ar an obair ardáin], Oifig na bhFoilseachán, 2021.

[146] Sainmhínítear bainistíocht algartamach sa litríocht mar thacar cleachtas maoirseachta, rialachais agus rialaithe arna dtiomáint ag algartaim. Cuirtear na cleachtais sin i bhfeidhm freisin trí uirlisí teicneolaíochta agus teicnící lena gcuirtear struchtúr ar dhálaí oibre agus ar chianbhainistíocht oibrithe. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Mateescu A. agus Nguyen A. (2019), *Algorithmic management in the workplace*, Data & Society Research Institute.

**Tá méadú suntasach tagtha ar fhorleithne na n-ardán saothair dhigitigh le blianta beaga anuas agus cumhdaítear raon leathan gníomhaíochtaí leo**

Méid na n-ardán saothair dhigitigh san AE- 27 de réir gníomhaíocht eacnamaíoch (EUR billiún)




Foinse: An Coimisiún Eorpach, Barcevičius, E., Gineikytė- Kanclerė, V., Klimavičiūtė, L., et al., *Study to support the impact assessment of an EU initiative on improving working conditions in platform work*[Staidéar chun tacú le measúnú tionchair ar thionscnamh de chuid an Aontais maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre san obair ardáin]. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021

**Má leagtar síos rialacha faoi chreat dlí an Aontais, is féidir leis na rioscaí a bhaineann le dálaí oibre éagóracha a íoslaghdú.** Ar leibhéal an Aontais, cuidíonnan Treoir um Dhálaí Oibre Trédhearcacha agus Intuartha (TPWCD) lena gcinntiú go gcuirtear faisnéis thrédhearcach ar fáil agus go mbíonn sceidil oibre intuartha ag gach oibrí. Thairis sin, tacaíonn cur chun feidhme Mholadh 2019 ón gComhairle maidir le rochtain ar chosaint shóisialta le cumhdach foirmiúil agus éifeachtach d'oibrithe neamhchaighdeánacha agus d'oibrithe féinfhostaithe mar aon le trédhearcacht agus simpliú na rialacha. Féachtar le pacáiste nua de chuid an Aontais, arna thíolacadh i mí na Nollag 2021, le feabhas a chur ar na dálaí oibre san obair ardáin agus tacú le fás inbhuanaithe na n-ardán saothair digitigh san Aontas[147]. Áirítear sa togra le haghaidh Treorach bearta maidir le bainistiú algartamach, mí- aicmiú ar an stádas fostaíochta agus trédhearcacht trasteorann Áirítear leis an sraith tionscnamh freisin dréacht- treoirlínte maidir le cur i bhfeidhm dhlí iomaíochta an Aontais ar chomhaontuithe comhchoiteanna maidir le dálaí oibre na ndaoine aonair féinfhostaithe (lena n-áirítear iad siúd a oibríonn ar ardáin) agus Teachtaireacht a ghabhann leis an togra reachtach.

**Tar éis don obair ardáin dul i méid, mhol roinnt Ballstát bearta chun dálaí oibre san obair ardáin a fheabhsú.** Rinne Ballstáit áirithe (**an Bheilg** , **an Ghréig**, **an Spáinn**, **an Fhrainc**, agus **an Iodáil**) reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh lena ndírítear ar fheabhas a chur ar dhálaí oibre agus/nó rochtain ar chosaint shóisialta san obair ardáin, agus reachtaíocht earnála roghnaithe acu i bhformhór na gcásanna lena ndírítear go ginearálta ar ardáin iompair agus seachadta. Sa **Bheilg**, d'aontaigh an rialtas i mí an Mheithimh 2022 stádas sóisialta oibrithe ardáin a shainiú, agus ocht gcritéar á leagan síos chun a chinneadh cé acu an féidir nó nach féidir oibrí a mheas mar dhuine féinfhostaithe nó mar fhostaí, lena n-úsáid ag na

[147] Féach: Togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir maidir le feabhas a chur ar dhálaí oibre in obair ardáin COM(2021) 762 final agus Teachtaireacht COM(2021) 323 ón gCoimisiún maidir le leas iomlán a bhaint as tairbhí iomlána an digitithe do thodhchaí na hoibre.

cúirteanna saothair. I mí an Mheithimh 2021, ghlac **an Ghréig** dlí nua maidir le caidreamh saothair lena dtabharfar isteach bearta do dhaoine a oibríonn trí ardáin, lena n-aithneofar conarthaí fostaíochta spléacha nó conarthaí neamhspleácha seirbhísí/oibre. Sa **Spáinn**, le dlí nua na bliana 2021 tugadh isteach an toimhde dhlíthiúil go bhfuil caidreamh fostaíochta leis an gcuideachta acu siúd atá i mbun gníomhaíochtaí dáileacháin chuig tríú páirtithe a úsáideann modhanna teicneolaíochta, agus iarradh ar oibreoirí ardáin a chruthú nach ann don chaidreamh sin. Bunaíodh leis freisin an ceart atá ag ionadaithe oibrithe a bheith ar an eolas faoi pharaiméadair na n-algartam a mbíonn tionchar acu ar dhálaí oibre. In 2021, ghlac **an Fhrainc** ordú lena gceadaítear d'oibrithe neamhspleácha ardáin stoptha síbe agus seachadta a n-ionadaithe a cheapadh in 2022. Leis an bhForaithne bunaíodh an tÚdarás um Chaidreamh Sóisialta Oibrithe Ardáin (ARPE), mar rialtóir poiblí nua ar chomhphlé sóisialta idir ardáin agus oibrithe féinfhostaithe. In 2019, ghlac **an Iodáil** reachtaíocht náisiúnta d'fhonn an chosaint maidir le dálaí oibre gluaisrothaithe seachadta bia féinfhostaithe a mhéadú. Tugtar aghaidh le reachtaíocht réigiúnach i bPíodmant agus Lazio go díreach ar dhálaí oibre agus cosaint shóisialta gach duine a oibríonn trí ardáin. Sa **Danmhairg**, tháinig an Chónaidhm Aontaithe Oibrithe '3F' agus an eagraíocht fostóirí *'Dansk Erhverv'* ar chomhaontú náisiúnta earnálach le haghaidh gluaisrothaithe seachadta in 2021. Ar an gcaoi chéanna, san **Ostair**, tá tugtha i gcrích ag comhpháirtithe sóisialta comhaontú comhchoiteann earnálach le haghaidh cúiréirí rothair fostaithe, a d'fhéadfadh tairbhiú de phá íosta agus saoire le pá ó mhí Eanáir 2020. Sa **tSualainn**, tháinig an t-ardán seachadta '*Foodora*' agus Cumann Oibrithe Iompair na Sualainne ar chomhaontú comhchoiteann le haghaidh marcaigh seachadta in 2021. Mar chuid de phlean téarnaimh agus athléimneachta **na Portaingéile**, ba cheart reachtaíocht nua saothair le haghaidh ardáin dhigiteacha cúiréirí a chur chun feidhme faoi dheireadh mhí an Mhárta 2023.

**Tá príomhról ag cigireachtaí saothair i ndrochdhálaí oibre a bhrath agus a chosc agus obair neamhdhearbhaithe a chomhrac.** De bharr méadú ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFC) agus de bharr fhorbairt gheilleagar na n-ardán (féach Bosca Cholún 5), tá dúshláin nua anois roimh chigireachtaí saothair a gcúraimí a dhéanamh. Is léir ón taithí roimhe seo go bhféadfadh méadú breise ar obair neamhdhearbhaithe teacht as méadú ard marthanach ar phraghsanna fuinnimh agus as brúnna láidre boilscitheacha, óir imríonn siad tionchar ar chumas gnólachtaí agus oibrithe áirithe, lena n-áirítear iad siúd atá féinfhostaithe, ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus cánacha a íoc (féach freisin Roinn 2.1 agus Bosca Cholún 7). Acmhainní iomchuí a sholáthar do chigireachtaí saothair agus straitéisí cuimsitheacha a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt d'obair fhoirmiúil i gcomhthéacs na géarchéime sonraí sin, beidh tábhacht ar leith leo sin chun tacú le margaí saothair atá ionchuimsitheach agus cóir agus le cosaint shóisialta leormhaith do chách. An tArdán Eorpach chun feabhas a chur ar an gcomhar maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, tá tuarascáil á hullmhú aige maidir le dul chun cinn na mBallstát i dtreo chineálacha cuimsitheacha cur chuige chun dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe. Bunaíodh grúpa fócais i mí an Mhárta 2022 freisin chun spreagadh a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír neamhdhearbhaithe lánpháirtiú isteach san fhostaíocht thráthrialta[148].

**I ndiaidh na paindéime, tá an teilea- obair tagtha chun bheith ina cineál bunaithe oibre san Aontas, rud a éilíonn uaireanta go ndéantar oiriúnú ar rialacháin, beartais agus cultúr oibre lena haghaidh.** I staidéar a rinne an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála

[148] Chun mionsonraí a fháil, féach suíomh gréasáin an Údaráis Eorpaigh Saothair (ELA): www.ela.europa.eu

agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound) le déanaí, déantar an teilea- obair a mhapáil i reachtaíocht agus cómhargáil sna 27 mBallstát móide an Iorua, lena n-áirítear athruithe ar chreataí náisiúnta. Tá sainmhínithe reachtúla agus reachtaíocht shonrach maidir le teilea- obair curtha i bhfeidhm ag 23 thír in 2022.[149]. Sa chuid is mó díobh, déantar reachtaíocht reachtúil a chomhlánú le comhaontuithe cómhargála cuideachta nó trasearnála, cé nach ionann dóibh an leibhéal déine. Sa Chróit, sa Laitvia agus sa Pholainn, agus iontu sin amháin, is í an reachtaíocht reachtúil an t-aon fhoinse amháin rialála atá ann (a forbraíodh go príomha trí bhíthin comhaontuithe aonair idir fostóirí agus fostaithe). Níl ach mionlach Ballstát ann nach bhfuil aon sainmhíniú reachtúil ná aon reachtaíocht shonrach i bhfeidhm acu lena dtugtar aghaidh ar theilea- obair. Sa ghrúpa sin, cumhdaítear socruithe teilea- oibre le dlíthe éagsúla mar sin féin, a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, am oibre, nó dlí ginearálta an tsaothair, mar shampla. Is minic mar sin a dhéantar teilea- obair a rialáil trí chómhargáil earnála (e.g., san Fhionlainn) nó trí chomhaontuithe comhchoiteanna cuideachta agus earnála (e.g., sa Danmhairg agus sa tSualainn). Ag brath ar an ról cómhargála, is féidir braislí Ballstát a shainaithint mar a dhéantar i bhFíor 2.3.5.

**Fíor 2.3.5: Tá difríochtaí suntasacha ann idir na Ballstáit a mhéid a bhaineann leis an rialáil ar theilea- obair**

Rialáil ar theilea- obair in AE- 27 agus san Iorua. (Ciallaíonn an t-acrainm CM cómhargáil.)




*Nóta:* Rannchuidithe náisiúnta ag Líonra Comhfhreagraithe Eurofound.
*Foinse*: Eurofound, *Telework in the EU: Regulatory frameworks and recent updates* [Teilea- obair san Aontas: Creataí rialála agus nuashonruithe le déanaí], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

**Is cosúil go bhfuil roinnt feabhsuithe ag teacht ar an gcothromaíocht oibre is saoil de bharr na teilea- oibre, ach baineann rioscaí léi freisin, rioscaí ar fiú faireachán a dhéanamh orthu; is cosúil go maolaíonn modhanna oibre hibridí, atá tagtha chun cinn, cuid de na rioscaí sin.** I dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022, cuireadh anailís chuimsitheach i láthair ar na rioscaí atá bainteach le teilea- obair (amhail a bheith ag obair lasmuigh d'uaireanta oibre, leithlisiú ag an obair, nó rioscaí síceasóisialta), bunaithe ar

[149] Foinse: Eurofound, Vargas Llave, O., Rodríguez Contreras, R., Sanz de Miguel, P., et al., *Telework in the EU : regulatory frameworks and recent updates*[Teilea- obair san Aontas: creataí rialála agus nuashonruithe le déanaí], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022. Nóta: Is iad na Ballstáit atá sa chéad ghrúpa: AT, BE, BG, CZ, DE, EE, EL, ES, FR, HR, HU, IT, LT, LU, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SI agus SK. Os a choinne sin, tá CY, DK, FI, IE agus SE sa dara catagóir.

thaighde Eurofound. Uaireanta fada an chloig a chaitheamh ag obair, deimhnítear le hanailís níos déanaí (ó Eurofound freisin) go raibh sé sin ina fhadhb go minic ag daoine a rinne teilea- obair lánaimseartha le linn phaindéim COVID- 19, i gcomparáid leo siúd a chuaigh ag obair in áitreabh an fhostóra[150]. Bunaithe ar na torthaí is déanaí, ba lú an seans go dtuairisceodh daoine a bhí ag teilea- obair de réir phatrún oibre hibridí (i.e., ag obair ón mbaile i dteannta a bheith ag obair in áitreabh an fhostóra) gur chaith siad uaireanta fada an chloig ag obair i gcomparáid le socruithe teilea- oibre eile – féach Fíor 2.3.6. Thuairiscigh dhá thrian d'fhostaithe, ar a laghad, gur chaith siad níos mó ná 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine ag obair. San Aontas, is lú an seans go dtuairisceoidh fostaithe a bhíonn ag teilea- obair go bhfuil an chothromaíocht oibre is saoil go dona acu (13 %) i gcomparáid leo siúd a bhíonn ag obair in áitreabh an fhostóra amháin (18 %). Léiríonn figiúirí ar leibhéal tíre freisin gur lú an sciar d'fhostaithe a thuairiscíonn go bhfuil droch- chothromaíocht oibre is saoil acu ina measc siúd a bhíonn ag teilea- obair i gcomparáid leis na meánfhigiúirí náisiúnta (san Fhionlainn, san Eastóin agus sa Bhulgáir, mar shampla.) Sa Rómáin, i Lucsamburg agus san Ísiltír, áfach, is beag na difríochtaí sin, agus sa Phortaingéil agus sa Ghréig tá ag éirí chomh maith céanna le teilea- oibrithe agus atá le hoibrithe eile – féach Fíor 2.3.7.

**Fíor 2.3.6: Fostaithe nach ndéanann ach teilea- obair, is mó an seans go mbeidh uaireanta oibre níos faide acu nó go n-oibreoidh siad lasmuigh de na huaireanta sin, i gcomparáid leo siúd a dhéanann obair hibrideach (2021)**
Céatadán na bhfostaithe a d'oibrigh níos faide ná 40 uair an chloig in aghaidh na seachtaine le linn phaindéim COVID- 19.




*Foinse*: Eurofound, European Working Conditions Telephone Survey (EWCTS) 2021[Suirbhé Teileafóin ar Dhálaí Oibre Eorpacha (EWCTS) 2021].

[150] Eurofound (2022), *Telework during the pandemic: Prevalence, Working Conditions and Regulations* [Teilea- obair le linn na paindéime: Leitheadúlacht, Dálaí Oibre agus Rialacháin], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg (le teacht). Nóta: mar gheall ar an modh bailithe sonraí agus méid an tsampla, d'fhéadfadh sé nach mbeadh difríochtaí beaga suntasach ó thaobh staidrimh de.

**Fíor 2.3.7: Ar an iomlán, thuairiscigh teilea- oibrithe sa chuid is mó de na Ballstáit go bhfuil cothromaíocht oibre is saoil níos fearr acu**

Droch- chothromaíocht oibre agus saoil arna tuairisciú le haghaidh na bhfostaithe agus na dteilea- oibrithe uile sna Ballstáit (%, 2021)




*Nóta:*Na freagraí *'ní réitíonn go han- mhaith'* agus *'ní réitíonn go maith in aon chor'* a thug fostaithe ar an gceist maidir le *'cén chaoi a réitíonn uaireanta oibre le do ghealltanais teaghlaigh nó shóisialta lasmuigh den obair',* áirítear iad sin le droch- chothromaíocht oibre is saoil.

*Foinse*: Eurofound, European Working Conditions Telephone Survey (EWCTS) 2021[Suirbhé Teileafóin ar Dhálaí Oibre Eorpacha (EWCTS) 2021].

**Tá comhairle agus comhar le comhpháirtithe sóisialta ríthábhachtach chun a áirithiú go gcruthóidh rialacháin maidir le teilea- obair agus dálaí oibre torthaí dearfacha le haghaidh fostóirí agus fostaithe araon.** De réir staidéar a rinne Eurofound le déanaí,[151] rinne níos lú ná leath de na Ballstáit athruithe rialála buana maidir le teilea- obair idir 2020 agus 2021 (i.e., ghlac an Ostair, an Ghréig, an Laitvia, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic agus an Spáinn reachtaíocht; agus d'fhorbair an Bheilg, an Fhrainc agus Lucsamburg comhaontuithe comhchoiteanna náisiúnta). Tá billí reachtacha nua á bplé i gceithre thír (i.e., an Ghearmáin, Éire, Lucsamburg agus an Ísiltír). As measc na n-athruithe sin, bhí cuid acu ina rialacháin iomlána maidir le teilea- obair a thugann aghaidh ar gach gné den teilea- obair, nó ar an gcuid is mó dá gnéithe, agus bhí cinn eile dírithe ar réimsí níos cúinge. Sna Ballstáit inar tugadh isteach comhaontuithe comhchoiteanna le linn phaindéim COVID- 19, rinneadh an chuid is mó díobh ar leibhéil na hearnála agus na cuideachta, go háirithe in earnálacha amhail airgeadas, monaraíocht agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Níos déanaí, tugadh comhaontuithe i gcrích freisin in earnálacha an riaracháin phoiblí, an oideachais, agus na hoibre sláinte agus sóisialta. Iarrachtaí na mBallstát agus an Choimisiúin Eorpaigh i réimsí an ama oibre agus na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair (féach Bosca Cholún 6), i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, tá siad ríthábhachtach chun go gcuirfear forbairtí teicneolaíochta a rinneadh le déanaí agus patrúin nua teilea- oibre san áireamh i riar na hoibre chun tairbhe gnólachtaí agus oibrithe araon.

---

[151] Eurofound, *Telework during the pandemic: Prevalence, Working Conditions and Regulations* [Teilea- obair le linn na paindéime: Leitheadúlacht, Dálaí Oibre agus Rialacháin], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022 (le teacht).

**Bosca Cholún 6: Timpeallachtaí oibre sláintiúla sábháilte atá oiriúnaithe go maith don obair**

**Tá dálaí oibre sláintiúla sábháilte ina réamhriachtanas chun go mbeidh an lucht saothair táirgiúil, rud a rannchuidíonn le forbairt Aontas Sláinte na hEorpa agus le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta** (prionsabal 10). Taifeadadh níos mó ná 3,300 tionóisc mharfacha agus 3.1 milliún tionóisc neamh- mharfacha in AE- 27 in 2018. Gach bliain idir 2017 agus 2019, fuair thart ar 200,000 oibrí bás de dheasca galair a bhaineann leis an obair. Ina fhianaise sin, le creat an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair 2021- 2027, leagtar amach na príomhthosaíochtaí agus na príomhghníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar shláinte agus sábháilteacht oibrithe ag an obair, lena n-áirítear trí bheith ag oiriúnú do na riachtanais shonracha atá ag lucht saothair scothaosta agus do na haistrithe glasa agus digiteacha[152].

**Le Creat an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, tugtar isteach cur chuige *'Fís Nialais'* i leith básanna san Aontas a bhaineann leis an obair** ina bhfuil sé beartaithe go malartófar taithí agus dea- chleachtas i meitheal thríthaobhach laistigh den Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair[153]. In éineacht leis an tionscnamh seo beidh feachtais faisnéise spriocdhírithe ann a mhéadóidh feasacht ar na rioscaí a bhaineann le tionóiscí ag an obair. Ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, ar bhearta eile chun sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chur chun cinn tá leasuithe ar an Treoir maidir le Carcanaiginí, Tocsaineacht i ndáil le Síolrú (ó 2022) agus Só- ghineacha, an nuashonrú ar an Treoir maidir le hOibreáin Bhitheolaíocha, an togra chun laghdú suntasach a dhéanamh ar an teorainnluach nochta ceirde d'aispeist agus cur chun cinn aitheantas COVID- 19 mar ghalar ceirde faoi dheireadh 2022.

**Le Creat Straitéiseach AE maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, dírítear go háirithe ar rioscaí síceasóisialta a chosc agus ar shláinte coirp agus meabhairshláinte ag an obair a áirithiú.** Lean an nochtadh do rioscaí fisiceacha de bheith ag déanamh difear do sciar suntasach d'oibrithe san Aontas in 2021. Ba mhó mná ná fir a nochtadh d'ábhair ionfhabhtaíocha (21 % vs 15 %), agus ba mhó fir ná mná a nochtadh don éileamh go n-iompróidís ualaí troma (40 % vs 29 %)[154].A mhéid a bhaineann leis an meabhairshláinte, léiríonn torthaí Eurofound le déanaí go mbíonn dea- bhail mheabhrach san Aontas fós faoi bhun an leibhéil a taifeadadh ag tús na paindéime, d'ainneoin an deireadh a cuireadh le srianta de réir a chéile[155]. Go háirithe, is daoine idir 18- 29 mbliana d'aois a thuairiscíonn na leibhéil is lú dea- bhaile meabhraí ó 2020 i leith, agus tuairiscíonn daoine os cionn 60 bliain d'aois go bhfuil meathlú uirthi. Ar an iomlán, tuairiscíonn 18 % de na freagróirí go bhfuil gá le cúram meabhairshláinte acu nár riaradh, agus is airde na figiúirí sin i gcás freagróirí baineanna (24 %). Léirigh staidéar a rinneadh le déanaí[156] go bhfuil gá le tacaíocht bhreise do

[152] Teachtaireacht ón gCoimisiún, COM(2021) 323. Féach freisin: Togra ón gCoimisiún le haghaidh Threoir 2004/37/CE maidir le tocsaineacht i ndáil le síolrú agus nuashonrú ar Threoir 2000/54/CE maidir le hOibreáin Bhitheolaíocha.

[153] Cinneadh ón gComhairle an 22 Iúil 2003 lena mbunaítear Coiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (2003/C 218/01)

[154] Féach Eurofound, *Working conditions in the time of COVID-19: Implications for the future*[Dálaí oibre in aimsir COVID- 19: Impleachtaí don todhchaí]. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022 (le foilsiú).

[155] Eurofound, *Fifth round of the Living, working and COVID-19 e-survey: Living in a new era of uncertainty* [An cúigiú babhta den ríomhshuirbhé maidir le cónaí, obair agus COVID- 19: Ag maireachtáil i ré nua na héiginnteachta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

[156] Nóta: Anailís eimpíreach ar shonraí Shuirbhé Eorpach na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU- OSHA) ar Fhiontair maidir Rioscaí Nua agus Rioscaí atá ag Teacht chun Cinn (ESENER) 2019. Ar na rioscaí síceasóisialta a breithníodh bhí brú ama, droch- chumarsáid nó droch- chomhar, an faitíos go gcaillfí post, a bheith ag déileáil le custaiméirí, othair nó daltaí deacra, agus a

bhearta a bhainistíonn rioscaí síceasóisialta a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus a choisceann iad chun go mbeifear in ann oibrithe a bhainistiú san áit oibre. Plean gníomhaíochta a bheith ann chun strus a bhaineann leis an obair a chosc nó tionscnaimh múscailte feasachta a bheith ann, féadann siad sin teorainn a chur lena leitheadaí atá rioscaí síceasóisialta agus feabhas suntasach a chur ar shláinte oibrithe san áit oibre.

**Faoi reachtaíocht an Aontais, is féidir cuidiú leis na rioscaí a bhaineann le carcanaiginí san áit oibre a íoslaghdú ach bearta coisctheacha a neartú agus tuilleadh treoirlínte praiticiúla a dhéanamh.** Ailsí a bhaineann leis an obair, is iad sin is cúis leis an gcuid is mó de na blianta saoil a chailltear san Aontas (i.e., meastacháin ar bhlianta saoil a choigeartaítear ó thaobh an mhíchumais de, nó DALYanna) – féach an fíor thíos. De dheasca carcanaiginí, bhí thart ar 100,000 cás mortlaíochta agus galrachta san áit oibre gach bliain, mar a mheastar trí DALYanna, le haghaidh na tréimhse 2015 go 2017[157]. Lena chois sin, tá EUR 119.5 billiún de chostas ann de dheasca ailsí a bhaineann leis an obair. Is príomh- chomhpháirteanna de Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa iad gníomhaíochtaí a laghdóidh ar ábhair chontúirteacha a bheith san áit oibre, agus ar an nochtadh dóibh, lena n-áirítear bearta coisctheacha[158]. Go dtí seo, trí bhíthin cheithre leasú ar an Treoir maidir le carcanaiginí, só- ghineacha agus substaintí atá tocsaineach maidir le síolrú (CMRD), coisceadh rioscaí atá bainteach le 29 n-ábhar, rud a léiríonn níos mó ná 100,000 beatha a shábhálfar in imeacht 50 bliain.

bheith ag obair uaireanta fada an chloig nó uaireanta neamhrialta). Foinse: Urzí Brancati, C., Curtarelli, M., *Digital tools for worker management and psychosocial risks in the workplace: evidence from the ESENER survey* [Uirlisí digiteacha chun oibrithe a bhainistiú agus rioscaí síceasóisialta san áit oibre: fianaise ó shuirbhé ESENER], Sevilla: An Coimisiún Eorpach, 2021, JRC125714.

157 Nóta: Is éard is carcanaigin ann substaint nó meascán lena spreagtar teacht chun cinn ailse, a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Tá an modh bunaithe ar mheastacháin ar bhlianta saoil a choigeartaítear ó thaobh an mhíchumais de (DALYanna), ar féidir gurb éard is cúis leo galair agus gortuithe. Cuirtear sin i gcomparáid leis an gcás idéalach, nach gcaillfeadh tír aon DALY in aon chor, bíodh sé trí neamhláithreachtaí ón obair nó trí thionóiscí nó galair mharfacha. Na figiúirí a fuarthas, tá siad bunaithe ar shonraí atá ar fáil go hidirnáisiúnta ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS), ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus ó Eurostat. Foinse: EU-OSHA, *An international comparison of the cost of work-related accidents and illnesses* [Comparáid idirnáisiúnta maidir le costas tionóiscí agus galar a bhaineann leis an obair], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2017.

158 COM/2021/44 final.

**Is í an ailse an chúis is mó atá le básanna a bhaineann leis an obair san Aontas**
Príomhchúiseanna atá le mortlaíocht agus galracht a bhaineann leis an obair san Aontas, i mblianta saoil a chailltear (%, 2017).




*Nóta*: Áirítear leis an gcatagóir *'cardashoithíoch'* galair na gcóras matánchnámharlaigh agus cardashoithíoch. Leis an gcatagóir *'cinn eile'* déantar na galair atá fágtha, amhail meabhairghalair agus galair theagmhálacha, a ghrúpáil le chéile. Tá AE- 27 agus an Ríocht Aontaithe san áireamh sna figiúirí ó 2017.
*Foinse*: EU- OSHA (2017).

**I ndiaidh Chreat an Aontais maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair a ghlacadh, ghlac mórán Ballstát straitéisí náisiúnta maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair nó doiciméid chomhchosúla lena gcumhdaítear an chuid is mó dá chuspóirí.** Le Plean Gníomhaíochta **na Beilge** 2022- 27, mar shampla, leagtar amach cur chuige *fís nialais* i leith tionóiscí san áit oibre agus áirítear leis bearta chun an nochtadh d'oibreáin cheimiceacha ghuaiseacha a laghdú. Le Plean **na Fraince** um Shláinte Cheirde 2021- 25, dírítear go speisialta ar thionóiscí tromchúiseacha agus marfacha ceirde a chosc. Tugtar tosaíocht freisin do rioscaí síceasóisialta agus don nochtadh ar charcanaiginí. Le Plean Straitéiseach **Mhálta** 2022- 27, sainmhínítear cúig réimse den bheartas sláinte ceirde a bhainfidh cuspóirí Chreat Straitéiseach an Aontais amach. Is é is aidhm do Phlean Náisiúnta **na Cróite** 2021- 27 feasacht a mhúscailt maidir lena thábhachtaí atá sé gortuithe agus galair cheirde a chosc agus básanna agus strus ag an obair a laghdú. Le Straitéis Chomhpháirteach **na Gearmáine** maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair féachtar le nuachóiriú a dhéanamh ar an gcóras maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus dreasachtaí a chruthú ionas go neartóidh cuideachtaí an tsláinte agus an tsábháilteacht san áit oibre. Is samplaí breise d'obair leanúnach iad Plean Cur Chun Feidhme **na Fionlainne** 2022- 23, Ráiteas Straitéise Údarás Sláinte agus Sábháilteachta **na hÉireann** 2022- 24, Treoirlínte **na Laitvia** maidir le Beartas um Chosaint Shóisialta agus an Margadh Saothair 2021- 27, agus Plean Gníomhaíochta **na Liotuáine** um Shláinte agus Sábháilteacht 2022- 27.

**Tá méadú beag tagtha ar an dífhostaíocht fhadtéarmach[159], rud a léiríonn tionchar COVID- 19, ach a bhuí leis an bhfreagairt bheartais thapa níor tháinig patrúin dhiúltacha margaidh saothair chun cinn.** Ba é 2.8 % an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí in 2021, a bhí ina mhéadú beag ó 2020 (ardú 0.3 pc), i ndiaidh nach mór 10 mbliana de threocht laghdaithe. Mar a léirítear i bhFíor 2.3.8, b'airde an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí in 2021 ná in 2020 sna Ballstáit uile, nach mór, ach amháin an Ghréig (-1.3 pc), Málta (-

[159] A shainmhínítear mar an líon daoine atá cláraithe ag na seirbhísí fostaíochta poiblí agus atá ag lorg oibre go gníomhach le níos mó ná 1 bhliain amháin anuas mar sciar den daonra gníomhach.

0.2 pc), an Laitvia agus an Bhulgáir (0.1 pc an ceann). Ar an taobh eile, tháinig an méadú ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí le linn na tréimhse céanna sa Spáinn (1.2 pc), sa Chróit (0.7 pc), sa Phortaingéil (0.6 pc), sa Bheilg agus sa Chipir (0.5 pc an ceann). Tá 'cás criticiúil' luaite de réir phríomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta sa Spáinn agus san Iodáil, ina bhfeictear meascán de leibhéil níos airde ná an meán (6.2 % agus 5.4 % faoi seach in 2021), agus méadú (1.2 pc agus 0.3 pc faoi seach) orthu le bliain anuas. 'Lag ach ag feabhsú' an lipéad a thugtar don Ghréig a bhuí lena feidhmíocht dhearfach (-1.3 pc in 2021 i gcomparáid le 2020), cé gurb í an tír ag a bhfuil an ráta is airde san Aontas go fóill í (9.2 % in 2021). Tá 'faire' ar an tSlóvaic agus ar an gCróit mar gheall ar an meathlú iontu sin i gcaitheamh na bliana roimhe seo. Os a choinne sin, luaitear 'níos fearr ná an meán' leis an tSeicia, an Ghearmáin, an Danmhairg, an Ungáir, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil agus an tSualainn, ag a raibh rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí a bhí íseal agus cuibheasach seasmhach in 2021. Tá éagothromaíochtaí réigiúnacha móra le sonrú sna rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí freisin (féach Iarscríbhinn 3). Faireachán agus measúnú leanúnach ar an dul chun cinn i dtreo mholadh 2016 ón gComhairle maidir le lánpháirtiú daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, is féidir leis sin cuidiú le feabhas a chur ar na sásraí agus na seirbhísí a sholáthraítear agus, dá réir sin, tacú le foirmiú caipitil dhaonna agus fás féideartha san Aontas.[160].

[160] SWD(2019) 154 final, i dtaca leis an meastóireacht ar an Moladh ón gComhairle maidir le lánpháirtiú daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach isteach sa mhargadh saothair.

**Fíor 2.3.8: Tháinig méadú beag ar an ráta dífhostaíochta fadtéarmaí sa chuid is mó de na Ballstáit in 2021 agus is gá dlúthfhaireachán a dhéanamh amach anseo ar an bhforbairt a thiocfaidh air sin**

Ráta dífhostaíochta fadtéarmaí, leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (%, príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn.

*Foinse*: Eurostat [tesem130], SFS an Aontais.

**Tá difríochtaí substaintiúla ann ar fud na mBallstát i dtéarmaí rannpháirtíochta i mbeartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, agus is gá dlúthfhaireachán a dhéanamh orthu i gcásanna áirithe.** An sciar de dhaoine dífhostaithe ar mian leo a bheith ag obair agus a bhí rannpháirteach i gcláir ghníomhacha maidir leis an margadh saothair in 2020, ba lú ná 10 % é i gcúig Bhallstát (an Rómáin, an Chipir, an Laitvia, an Ghréig agus an Chróit), ach ba mhó ná 50 % é i gceithre cinn eile (an Liotuáin, Éire, an Spáinn agus an Bheilg) – féach Fíor 2.3.9[161]. Thuairiscigh sé cinn de Bhallstáit méadú ar rannpháirtíocht idir 2019 agus 2020, agus breathnaíodh laghdú i 16 cinn eile. Cé go léiríonn an staidreamh sin, ar ndóigh, iarrachtaí na mBallstát tacú le rannpháirtíocht i mbearta beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair, imríonn fachtóirí institiúideacha eile, amhail feidhmiú an chórais cosanta sóisialta, tionchar ar chlárú freisin. I dteannta a gcumhdaítear leo, bíonn beartais

[161] Eurostat [lmp_ind_actsup], foinse: AS EMPL. Áirítear ar bhearta beartais maidir leis an margadh saothair (catagóirí 2- 7), i measc nithe eile, soláthar na hoiliúna (2), dreasachtaí fostaíochta (4), fostaíocht agus athshlánú a dtacaítear leo (5), cruthú díreach post (6) agus dreasachtaí le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta (7). Ba cheart go léirmhíneofaí an táscaire sin go cúramach mar sin féin, óir ní thomhaistear leis ach rannpháirtíocht i mbeartais maidir leis an margadh saothair (seachas a n-éifeachtacht). Luachanna measta le haghaidh DK, EL, HR agus SE. Baineann an iontaofacht staidrimh íseal in FR agus LT leis an bpróiseas bailithe sonraí. Níl figiúirí le haghaidh 2020 ar fáil le haghaidh CZ, EL, NL, PL agus SK.

ghníomhacha éifeachtacha maidir leis an margadh saothair, atá oiriúnaithe do riachtanais cuardaitheoirí poist, ina gcuidiú le haistrithe rianúla margaidh saothair agus tacaíonn siad le claochluithe móra i saol na hoibre ionas nach bhfágfar aon duine ar lár.

**Fíor 2.3.9: Tá difríocht shuntasach ann ar fud na mBallstát ó thaobh rannpháirtíochta i mbearta gníomhacha maidir leis an margadh saothair**

Rannpháirtithe in idirghabhálacha tráthrialta i mbeartas maidir leis an margadh saothair (catagóir 2- 7) in aghaidh gach 100 duine dhífhostaithe ar mian leo a bheith ag obair




*Nóta*: Níl amshraith ar fáil le haghaidh CZ. Níl sonraí le haghaidh 2020 ar fáil i gcomhair EL, NL, PL agus SK. Bratacha: Iontaofacht íseal le haghaidh FR agus LT. Léireodh figiúirí os cionn 100 % go gcláraíonn daoine níos mó ná uair amháin sa tacar sonraí Bheartas Gníomhach maidir leis an Margadh Saothair mar chuid dá rannpháirtíocht i gcatagóirí éagsúla beart.
*Foinse*: Eurostat [lmp_ind_actsup], Bunachar sonraí bheartas maidir leis an margadh saothair.

**Tá beartais ghníomhacha éifeachtacha éifeachtúla maidir leis an margadh saothair ríthábhachtach chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an mhargaidh saothair, agus ar thorthaí agus aistrithe ann, i bhfianaise ghanntanais mhéadaithe saothair agus scileanna san Aontas.** Tá an caiteachas in 2021 ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair (catagóirí 2- 7) réasúnta ard i mBallstáit amhail an Spáinn, an tSlóvaic agus an Liotuáin mar chéatadán de OTI, agus tá rátaí dífhostaíochta fadtéarmaí réasúnta ard acu – féach Fíor 2.3.10. I dtíortha eile amhail an Ísiltír, Éire agus an Danmhairg, bhí an caiteachas ar bhearta maidir leis an margadh saothair os cionn 1.3 % de OTI in 2020, agus bhí feidhmíocht réasúnta maith iontu i dtéarmaí sciartha níos lú de dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach. Os a choinne sin, i dtíortha amhail an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil agus an Chróit, is réasúnta íseal (i.e. thart ar 0.3 % de OTI nó faoina bhun) an caiteachas ar thacaíocht a sholáthraítear do chuardaitheoirí poist trí bhearta maidir leis an margadh saothair, agus tá dúshláin dífhostaíochta fadtéarmaí acu atá níos mó ná an meán san Aontas. Sna Ballstáit a bhfuil dúshláin mhóra os a gcomhair ó thaobh lánpháirtiú sa mhargadh saothair, is féidir cuidiú le bacainní roimh an bhfostaíocht a bhaint, go háirithe lena n-aghaidh siúd atá i gcásanna leochaileacha, ach neartú a dhéanamh ar an gcaoi a soláthraítear beartais ghníomhacha dhea- dheartha maidir leis an margadh saothair[162]. I dteannta na tacaíochta a

[162] ECFE (2021), *Building inclusive labour markets: Active labour market policies for the most vulnerable groups OECD Policy Responses to Coronavirus (COVID- 19)*, OECD Publishing.

sholáthraítear le cistiú an bheartais chomhtháthaithe (lena n-áirítear Ciste Sóisialta na hEorpa),[163] cuidíonn cur chun feidhme a bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta le mórán Ballstát a n-iarrachtaí maidir le lánpháirtiú sa mhargadh saothair a neartú. Cuirtear san áireamh sna hiarrachtaí sin an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach agus forbraítear iad i gcomhréir le Moladh ón gCoimisiún maidir le tacaíocht ghníomhach éifeachtach don fhostaíocht.

**Fíor 2.3.10: Ní hionann caiteachas gach Ballstáit ar bhearta beartais ghníomhaigh maidir leis an margadh saothair**

Caiteachas ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair (catagóirí 2- 7, mar chéatadán de OTI, 2020) agus dífhostaíocht fhadtéarmach mar chéatadán den daonra (15- 74 bliana d'aois) sa lucht saothair (%, 2021)




*Foinse*: Eurostat [lmp_expsumm], Bunachar sonraí bheartas maidir leis an margadh saothair agus [une_ltu_a], SFS an Aontais.

**Tá ról lárnach ag Seirbhísí Fostaíochta Poiblí (SPFanna) maidir le hoibrithe a thionlacan agus iad ag dul i ngleic le hathruithe ar an margadh saothair, lena n-áirítear i bhfianaise an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh.** Tá ról lárnach ag SPFanna maidir le daoine a lánpháirtiú sa mhargadh saothair, faisnéis a sholáthar dóibh siúd ar mian leo a bheith ag obair agus feidhmiú mar idirghabhálaithe idir cuardaitheoirí poist agus fostóirí. Tá a bpróisis inmheánacha ghnó á gclaochlú acu agus dul chun cinn á dhéanamh acu i dtreo an digitithe chun a n-acmhainneacht a mhéadú, lena n-áirítear i dtéarmaí shaineolas a

[163] Rinne meitea- anailís i ngach ceann de Bhallstáit an Aontais ar mheastóireachtaí tionchair CSE agus an Tionscnaimh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) lena gcumhdaítear clárthréimhsí 2007- 2013 agus 2014- 2020. Léirigh na torthaí go bhfuil éifeacht dhearfach ag idirghabhálacha CSE, óir bhí an dóchúlacht fostaíochta 7.3 pc níos airde le haghaidh daoine aonair a bhí rannpháirteach sna gníomhaíochtaí. Sainaithníodh san anailís gurb iad fóirdheontais fostaíochta agus intéirneachtaí na catagóirí idirghabhála CSE is mó a d'éirigh leo. Foinse: An Coimisiún Eorpach, *Meta-analysis of the ESF counterfactual impact evaluations (VT/2020/052)* [Meitea- anailís ar mheastóireachtaí tionchair frithfhíorasacha CSE (VT/2020/052)], Tuarascáil Chríochnaitheach, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022 (Uimh. Chatalóige KE-03-22-139-EN-N)

bhfoirne, agus chun seirbhísí níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a sholáthar[164]. I dteannta an mhéadaithe ar sholáthar seirbhísí digiteacha, ar ndóigh, ní mór scileanna digiteacha a bheith á sealbhú go forleathan i measc an daonra. Thuairiscigh 18 gcinn de SPFanna náisiúnta in 2021 go raibh neartú scileanna digiteacha cuardaitheoirí poist ar cheann de na haidhmeanna a bhí acu chun ullmhú le haghaidh na tréimhse i ndiaidh na paindéime.[165] An tráth céanna, tá comhpháirtíochtaí á gcruthú ag SPFanna agus bearta a bhaineann go sonrach leis an earnáil á gcur chun feidhme acu atá dírithe ar réamhaisnéis fheabhsaithe a dhéanamh ar an margadh saothair, faisnéis scileanna a sholáthar, ganntanais saothair agus oibrithe oilte a shainaithint agus a leigheas, go háirithe i ndáil leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach. Cláir athscilithe agus uas- scilithe le haghaidh grúpaí laistigh den fhostaíocht atá i mbaol a bpost a chailleadh, tagann siad chun cinn mar fhreagracht nua agus tá roinnt SPFanna náisiúnta tar éis a soláthar seirbhíse a oiriúnú cheana agus cláir agus straitéisí oiliúna cuimsitheacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna amach anseo. Bonn foirmiúil a chur faoin gcomhar atá ann cheana idir SPFanna agus soláthraithe gairmoideachais agus ardoideachais, i dteannta seirbhísí sóisialta, is rud é a d'fhéadfadh cuidiú le dálaí iomchuí a áirithiú ionas go mbeidh soláthar éifeachtúil scileanna ann (féach Roinn 2.2).

**Tá iarrachtaí chun tacú le lánpháirtiú daoine easáitithe ón Úcráin sa mhargadh saothair tagtha chun bheith ina gcúram tábhachtach ar chlár SPFanna.**[166] I roinnt Ballstát (an Bhulgáir, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin agus an Laitvia), is féidir le daoine easáitithe ón Úcráin tosú ag obair a luaithe a chuirfidh siad isteach a n-iarraidh chun clárú le haghaidh cosaint shealadach, gan bheith orthu fanacht go dtí go bpróiseálfar í[167]. Ba réasúnta beag an líon daoine a cláraíodh le SPFanna, áfach. Mar a thuairiscigh Líonra na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, níor chláraigh ach 150,000 duine easáitithe ón Úcráin san iomlán i measc 26 chomhalta den líonra i mí na Bealtaine 2022. Tuairiscíodh thart ar leath de na clárúcháin sin sa Ghearmáin agus sa Pholainn[168]. Cé nach dtéann freagrachtaí SPFanna níos faide ná na freagrachtaí a ghlacann siad as cuardaitheoirí eile poist sa chuid is mó de na Ballstáit, d'fhorbair roinnt SPFanna bearta atá spriocdhírithe ar dhídeanaithe, a bhfuil daoine easáitithe ón Úcráin ina dteideal (féach freisin Roinn 2.3.2). Tá grúpaí comhordaithe bunaithe ag roinnt Ballstát freisin lena mbaineann SPFanna, aireachtaí náisiúnta agus údaráis imirce chun faisnéis a mhalartú maidir leis na gníomhaíochtaí atá ann faoi láthair agus chun gníomhaíochtaí coiteanna a phleanáil, i gcomhar le fostóirí agus le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha freisin[169]. Leis na leasuithe reachtacha ar Rialachán na bhForálacha Coitianta maidir le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE), soláthraítear rochtain ar mhéideanna nár caitheadh faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil 2014- 20 chun réitigh thapa sholúbtha a mhaoiniú do thíortha an Aontais mar is gá. Le tacaíocht shaincheaptha tríd an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla, dírítear freisin ar

---

[164] Foinsí: An Coimisiún Eorpach (2021). *Líonra Eorpach na Seirbhísí Poiblí Fostaíochta, Clár oibre 2022*. Arna fhoilsiú i mí Eanáir 2022. ECFE (2022), *Harnessing digitalisation in Public Employment Services to connect people with jobs*, *OECD Policy Brief on Active Labour Market Policies*, OECD Publishing.

[165] An Coimisiún Eorpach, Peters, M., *Assessment report on PES capacity: 2021* [Tuarascáil mheasúnachta ar acmhainneacht SPFanna: 2021], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, (lch. 39).

[166] COM(2022) 4050 final maidir le *Treoraíocht um rochtain ar an margadh saothair, ar ghairmoideachas agus gairmoiliúint agus ar oideachas aosach le haghaidh daoine atá ar a dteitheadh ó chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine*.

[167] Nóta: Bhí thart ar 312,000 iarratasóir tearmainn san Aontas idir mí Feabhra agus mí an Mheithimh 2022. Foinse: Eurostat [migr_asyappctzm] agus cáipéisí tíre an Údaráis Eorpaigh Saothair, Meitheamh 2022.

[168] Suirbhé Líonra SPFanna, Meitheamh 2022.

[169] Mar shampla, AT, BE (ar an leibhéal réigiúnach), BG, EE, FI, HR, LT, NO, PL, RO agus SK..

chuidiú a thabhairt do thíortha an Aontais a n-acmhainneacht a fhothú chun fáilte a chur roimh dhídeanaithe agus aghaidh a thabhairt ar a ndúshláin lánpháirtithe.[170]

**Ar an meán, cumhdaítear ceathrar as gach deichniúr atá dífhostaithe go gearrthéarmach[171] le sochair dhífhostaíochta san Aontas** (42.2 % in 2021), ach tá éagothromaíochtaí suntasacha ann ar fud na mBallstát – féach Fíor 2.3.11. Breathnaíodh na rátaí cumhdaigh is mó (os cionn 50 %) in 2021 sa Ghearmáin (89.7 %), san Ostair (54.1 %), san Fhionlainn (53.6 %) agus sa Liotuáin (51.5 %), agus figiúirí os cionn 40 % sa Fhrainc, san Eastóin, sa Bheilg agus sa Danmhairg. Ar an taobh eile, taifeadadh an cumhdach is lú sa Rómáin (10.6 %), sa Chróit (13.9 %), sa Pholainn (15.5 %) agus sa Chipir (19.2 %). D'fhéadfadh difríochtaí i ndearadh na scéimeanna sochar dífhostaíochta, go háirithe a bhfad uasta, a gcoinníollacha incháilitheachta, a ghéire atá a gceanglais maidir le post a chuardach nó sineirgí le scéimeanna cosanta sóisialta eile a bheith ina míniú ar na difríochtaí sin idir tíortha. Na daoine dífhostaithe sin a bhí cláraithe san Aontas ar feadh tréimhse is giorra ná 1 bhliain amháin, ní bhfuair ach 37.8 % díobh sochair ná cúnamh in 2021. Sainaithnítear leis an gcreat tagarmharcála seo maidir le sochair dhífhostaíochta na heiliminti sin uile mar phríomhsheifteanna beartais chun tacaíocht a thabhairt do chuardaitheoirí poist le linn a n-aistrithe sa mhargadh saothair.

**Fíor 2.3.11: Tá éagsúlachtaí suntasacha ann ar fud na mBallstát a mhéid a bhaineann le sciar na ndaoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach a chumhdaítear le sochair dhífhostaíochta**

Cumhdach sochar dífhostaíochta le haghaidh daoine atá dífhostaithe go gearrthéarmach (i.e. níos lú ná 12 mhí), cohórt aoise 15- 64, %, 2021)




*Nóta:* Ní dhéantar comparáid le luachanna roimh 2021 maidir leis an táscaire seo óir tá briseadh san amshraith in 2021 do na Ballstáit go léir mar gheall ar [theacht i bhfeidhm creata rialála nua le haghaidh Staidreamh Sóisialta Eorpach](). Níl sonraí le haghaidh 2021 ar fáil i gcomhair IE agus MT.
*Foinse*: Eurostat, [lfsa_ugadra], SFS an Aontais.

[170] Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach an Rialachán lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE). Féach freisin C(2022) 1379 *maidir le cinntí maoiniúcháin agus cláir oibre bhliantúla na hIonstraime Tacaíochta Teicniúla*.
[171] Iad siúd atá dífhostaithe ar feadh tréimhse is giorra ná 12 mhí. Anailís ar an gcohórt aoise 15- 64.

**D'fhan an fad tréimhse chun cáiliú le haghaidh sochair dhífhostaíochta cuibheasach cobhsaí in 2022, chomh maith leis an uastréimhse éilimh.**[172] D'fhan an tréimhse cháilitheach cobhsaí sna Ballstáit uile, a bhí idir 13 seachtaine de ranníocaíochtaí árachais san Iodáil go dtí 104 seachtaine sa tSlóvaic – féach Fíor 2.3.12. Níl an uastréimhse sochar (le haghaidh oibrí a bhfuil stair oibre 1 bhliana amháin aige) mar an gcéanna ar fud na mBallstát – féach Fíor 2.3.13. Sa Laitvia, laghdaíodh an tréimhse ó 39 seachtaine go 35 seachtaine in 2020, ar ais chuig leibhéal 2015. I gcás na mBallstát uile eile, níor tháinig aon athrú ar an tréimhse le 5 bliana anuas. I 16 Bhallstát, is féidir sochair a éileamh go ceann 6 mhí (24 seachtaine) ar a mhéad le haghaidh daoine dífhostaithe a bhfuil stair oibre 1 bhliana amháin acu. Sa Danmhairg agus sa Bheilg, áfach, tá tréimhse na teidlíochta suas le 2 bhliain nó níos faide. 1 bhliain amháin atá sa tréimhse i Lucsamburg agus sa Ghréig; agus thart ar 8 mí atá sa tréimhse sa Liotuáin, sa Laitvia agus in Éirinn.

**Fíor 2.3.12: Is cobhsaí a d'fhan an tréimhse ranníocaíochtaí chun cáiliú le haghaidh sochair dhífhostaíochta i gcomparáid le 2021 agus bhí difríochtaí suntasacha ann ar fud na mBallstát**

An fad tréimhse cáilithí is gá (líon seachtainí, 2016 agus 2022)




*Nóta*: I Málta (2016 agus 2022), ní mór 50 ranníocaíocht sheachtainiúil ar a laghad a bheith íoctha ó thosaigh an duine ag obair den chéad uair; in Éirinn (2016 agus 2022), ní mór 104 ranníocaíocht sheachtainiúla ar a laghad a bheith íoctha ó thosaigh an duine ag obair den chéad uair; san Ostair (2022), ní mór 52 ranníocaíocht sheachtainiúla ar a laghad a bheith íoctha le haghaidh iarratais chéaduaire, agus ní mór 28 ranníocaíocht sheachtainiúla a bheith íoctha le haghaidh iarratais ina dhiaidh sin.

*Foinse*: Bunachar sonraí MISSOC (Eanáir 2016 agus Eanáir 2022).

[172] San anailís seo, tagraítear do shochair dhífhostaíochta a thugtar go ginearálta do dhaoine aonair a chláraíonn nach dá ndeasca féin a tháinig siad chun bheith dífhostaithe, gan scéimeanna de chineál sealadach a áireamh a d'fhéadfadh a bheith arna nglacadh mar fhreagairt ar an gcás eipidéimeolaíoch nasctha le COVID- 19.

**Fíor 2.3.13: Sa chuid is mó de na Ballstáit, is féidir sochair dhífhostaíochta a éileamh go ceann 6 mhí ar a mhéad agus stair oibre 1 bhliana amháin ann**

An uastréimhse sochar i líon seachtainí agus stair oibre 1 bhliana amháin ann (2022 agus 2016)




*Nóta*: Sa Bheilg, níl aon teorainn le tréimhse na sochar. Sa Chipir, ríomhtar seachtainí ar bhonn 6 lá oibre in aghaidh na seachtaine. In Éirinn, ní íoctar sochar go ceann 39 seachtaine (234 lá) ach amháin le haghaidh daoine a d'íoc 260 ranníocaíocht sheachtainiúil ÁSPC nó níos mó. Sa tSlóvaic, ní féidir le duine a bhfuil taifead 1 bhliana amháin aige cáiliú le haghaidh sochair dhífhostaíochta (éilítear 2 bhliain ar a laghad de ranníocaíochtaí árachais dífhostaíochta le 4 bliana anuas). Sa Pholainn, braitheann an tréimhse ar leibhéal an ráta dífhostaíochta sa réigiún i gcoibhneas leis an meán náisiúnta.

*Foinse*: Bunachar sonraí MISSOC (mí Eanáir 2016 agus mí Eanáir 2022) agus reachtaíocht náisiúnta.

**Braitheann athsholáthar ioncaim le haghaidh daoine dífhostaithe ar a fhad a bhí na sealanna dífhostaíochta.** Le Fíor 2.3.14, cuirtear na glanrátaí athsholáthair i gcomparáid a chéile i gcás oibrithe ar phá íseal (67 % den mheánioncam náisiúnta) a bhfuil stair oibre ghairid acu (12 mhí de ranníocaíochtaí slándála sóisialta) ar fud an Aontais, ag an dara mí agus an dóú mí dhéag den seal dífhostaíochta. Na glanrátaí athsholáthair sa dara mí den dífhostaíocht, tá siad idir 10.8 % den (ghlan)tuilleamh roimhe seo sa tSlóvaic agus níos mó ná 90 % i Lucsamburg nó sa Bheilg. San Ostair nó sa Bheilg, mar shampla, fanann an ráta athsholáthair mar an gcéanna ag an dóú mí dhéag den seal dífhostaíochta. Laghdaíonn na rátaí athsholáthair sa chuid is mó de na Ballstáit eile, áfach, mar gheall ar dhul in éag na sochar nó laghdú ar mhéid na sochar le himeacht ama. I roinnt tíortha, féadann daoine dífhostaithe a bhfuil a sochair dhífhostaíochta ídithe acu tairbhiú de scéimeanna malartacha, amhail cúnamh sóisialta, a sholáthraíonn leibhéil sochar níos ísle de ghnáth – féach Roinn 2.4.1 chun sonraí a fháil maidir le cuimsiú gníomhach, lena n-áirítear an togra ón gCoimisiún maidir le moladh ón gComhairle i ndáil le hioncam íosta oiriúnach a nglactar cur chuige cuimsithe ghníomhaigh ina leith.

**Fíor 2.3.14: Tá rátaí athsholáthair sochar dífhostaíochta éagsúla ann ar fud an Aontais**
Glanráta athsholáthair sochar dífhostaíochta ar 67 % den mheánphá, ag an dara mí agus an dóú mí dhéag den dífhostaíocht (2021)




*Nóta*: Ríomhtar an táscaire i gcás duine aonair gan leanaí a bhfuil stair oibre ghairid aige (1 bhliain amháin) agus atá 20 bliain d'aois. Áirítear leis comhpháirteanna difriúla ioncaim, sochar dífhostaíochta agus sochar eile (amhail cúnamh sóisialta agus sochair thithíochta).
*Foinse*: Ríomhanna an Choimisiúin Eorpaigh, bunaithe ar Shamhail Cánach Sochair ECFE.

**Ba ríthábhachtach é an t-idirphlé sóisialta éifeachtach ar ardchaighdeán chun bainistiú fónta a dhéanamh ar dhálaí casta socheacnamaíocha le blianta anuas.** Iarrtar ar Bhallstáit le Treoirlíne Fostaíochta 7 agus le prionsabal 8 (idirphlé sóisialta agus rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta) de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, rannpháirtíocht thráthúil fhiúntach na gcomhpháirtithe sóisialta a áirithiú i ndearadh agus i gcur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí fostaíochta, sóisialta agus eacnamaíocha, i gcás inarb ábhartha, lena n-áirítear trí thacaíocht a thabhairt dá n-acmhainneacht mhéadaithe. Le linn ghéarchéim COVID- 19, bhí eagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta earnálacha thar a bheith réamhghníomhach agus d'oibrigh siad go tapa chun a ndearcthaí a leagan amach maidir le straitéisí féideartha um an téarnamh. Ar an leibhéal náisiúnta, d'iarr roinnt Ballstát ar chomhpháirtithe sóisialta, i gcomhréir lena gcleachtais agus a gcreataí náisiúnta, bearta a phlé, a chaibidliú agus/nó a chur chun feidhme chun tacú le dálaí oibre, feidhmiú an mhargaidh saothair, comhdheiseanna, sláinte agus sábháilteacht san áit oibre, cianobair agus an ceart chun dícheangail. Níos déanaí, rannchuidigh comhpháirtithe sóisialta Eorpacha go suntasach i roinnt cásanna le tionscnaimh ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta chun tuilleadh oibrithe nua a mhealladh i dtreo earnálacha ina bhfuiltear ag dul i ngleic le ganntanais saothair, lena n-áirítear iad siúd a thacaíonn leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach, trína bheith ag obair ar chomhpháirtíochtaí tallainne agus ag cur comhpháirtíochtaí Eorpacha um lánpháirtiú ina bhfuil iliomad páirtithe leasmhara chun feidhme[173].

**Tá ról tábhachtach ag rannpháirtíocht intuartha fhiúntach thráthúil na gcomhpháirtithe sóisialta chun a áirithiú go ndéanfar athchóirithe a dhearadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach.** Tá an úinéireacht náisiúnta ag croílár an tSeimeastair Eorpaigh agus chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Bunú

[173] Féach athnuachan na Comhpháirtíochta Eorpaí um Lánpháirtiú i ndiaidh ghéarchéim COVID- 19. Foinse: An Suíomh Gréasáin Eorpach maidir le Lánpháirtiú (europa.eu)

comhlachtaí nua tríthaobhacha (e.g. sa Pholainn, sa Rómáin agus sa tSlóvaic, i measc tíortha eile) chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, is forbairt dhearfach é a d'fhéadfadh rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta agus an chuntasacht phoiblí a fheabhsú má bhainistítear ar bhealach ionchuimsitheach é[174]. Tá dlúthchomhar le comhpháirtithe sóisialta, lena n-áirítear ar fud thimthriall an tSeimeastair Eorpaigh, fíor- riachtanach chun a áirithiú go gcuirfear a ndearcthaí san áireamh agus go gcuirfidh siad bonn eolais faoin bpróiseas cinnteoireachta; lena n-áirítear le linn plé ar bheartais tacaíochta iomchuí i bhfabhar lánpháirtiú shaoránaigh na hÚcráine agus daoine easáitithe eile isteach i margaí saothair Eorpacha. Ó bhí 2016 ann agus ar bhonn bliantúil, bíonn an Coiste Fostaíochta (EMCO) ag gabháil d'athbhreithnithe faireachais iltaobhacha ar rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta náisiúnta sa Seimeastar Eorpach chun measúnú a dhéanamh ar na dúshláin agus na dea- chleachtais sin agus ar chinn eile. Breathnaítear go fóill go mbíonn difríochtaí ar fud na mBallstát i ndáil le leibhéal cáilíochta agus rannpháirtíocht fhóinteach na gcomhpháirtithe sóisialta.

**Ba phríomhghné d'earnáil sláinte láidir é an t-idirphlé sóisialta chun aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID- 19 agus chun rannchuidiú le feabhas a chur ar ullmhacht an Aontais i gcomhair géarchéimeanna sláinte féideartha amach anseo**. Ba ghá do gach tír méadú a dhéanamh ar acmhainneacht córas sláinte, go háirithe in ospidéil, chun freastal ar an éileamh méadaithe ar sheirbhísí cúraim sláinte laistigh d'achar ama an- ghearr mar gheall ar phaindéim COVID- 19. Tá brú á chur ar chórais cúraim sláinte i gcomhthéacs dúshláin eile atá ann le fada, amhail ganntanais oibrithe sláinte. Bhí ról suntasach ag an idirphlé sóisialta in aghaidh a thabhairt ar chuid de na dúshláin sin i mBallstáit ag a bhfuil institiúidí seanbhunaithe agus traidisiúin sheanbhunaithe comhair idir comhpháirtithe sóisialta (e.g., an Danmhairg, an Ghearmáin, an Fhionlainn agus an tSualainn) agus sna tíortha sin ina bhfuil braislí láidre comhpháirtíochta sóisialta (e.g., an Ostair, an Bheilg, Lucsamburg agus an Ísiltír). An tráth céanna, cuireadh borradh faoin idirphlé sóisialta mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID- 19 sna tíortha sin nach bhfuil an t-idirphlé sóisialta agus an chómhargáil chomh láidir céanna san earnáil cúraim sláinte iontu (e.g., an Bhulgáir, an tSeicia, Málta agus an Eastóin)[175].

**Tá rannpháirtíocht eagraíochtaí sochaí sibhialta i ngach céim den Seimeastar Eorpach ríthábhachtach chun athchóirithe agus beartais ardchaighdeáin a bhaint amach sna Ballstáit.** Tá curtha i dtábhacht ag an gCoimisiún Eorpach i dTuarascálacha Comhpháirteacha ar Fhostaíocht roimhe seo a thábhachtaí atá comhairliúcháin thráthúla fhiúntacha le heagraíochtaí sochaí shibhialta. Agus na cleachtais náisiúnta atá ann cheana á bhforbairt aige, chuir sé i bhfios go láidir freisin an tábhacht a bhaineann le heagraíochtaí sochaí sibhialta a bheith rannpháirteach ina chruinnithe agus ina mhalartuithe tráthrialta leis na Ballstáit. Deis chun feabhas breise a chur ar cháilíocht, trédhearcacht, tráthrialtacht agus intuarthacht na malartuithe is ea sainaithint na ndúshlán atá ann cheana – ar cuireadh cuid díobh i dtábhacht i rún le déanaí ó Choiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa[176]. As seo

---

[174] Foinse: Eurofound (2022), Rodríguez Contreras, R., Sanz, P., *Involvement of social partners in the national recovery and resilience plans* [Rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh. Nóta: Chun sonraí a fháil maidir le cómhargáil, féach Roinn 2.1 den tuarascáil seo agus an Coimisiún Eorpach, *Employment and social developments in Europe 2022* [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2022], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022.

[175] Féach Eurofound (2022), *Social dialogue and collective bargaining in the hospital sector during the COVID-19 pandemic* [Idirphlé sóisialta agus cómhargáil in earnáil na n-ospidéal le linn phaindéim COVID- 19]. Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (le foilsiú).

[176] Coiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa (2022), *Involvement of Organised Civil Society in the National Recovery and Resilience Plans – What works and what does not?* [Rannpháirtíocht na Sochaí

amach, beidh rannpháirtíocht eagraíochtaí sochaí sibhialta sa réimse fostaíochta agus sóisialta ag rannchuidiú le neartú ghráinneacht agus éifeachtúlacht na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí is gá a dhéanamh chun na dúshláin shocheacnamaíocha atá ann cheana a shárú agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach.

### 2.3.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

**Táthar ag leanúint d'iarrachtaí i roinnt Ballstát aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna atá le deighilt an mhargaidh saothair,** i gcomhréir le prionsabal 5 den Cholún (maidir le fostaíocht sheasmhach inoiriúnaithe). Rinne **an Spáinn** leasú i mí Iúil 2021 (laistigh dá plean téarnaimh agus athléimneachta) ar an reacht um an bhfostaí poiblí chun laghdú a dhéanamh ar an bhfostaíocht shealadach san earnáil phoiblí agus chun mí- úsáidí a chosc agus phionósú, lena n-áirítear an oibleagáid go bhfoilseofaí faoin 31 Nollaig 2022 gach glao ar nósanna imeachta cobhsúcháin foirne sealadaí. Glacadh leasuithe freisin maidir leis na rialacha is infheidhme i leith fostaithe poiblí a oibríonn sna hearnálacha sláinte agus oideachais. Ghlac **an Spáinn** (laistigh dá plean téarnaimh agus athléimneachta arís) pacáiste um athchóiriú an mhargaidh saothair i mí na Nollag 2021 arb é is aidhm dó an sciar mór de chonarthaí sealadacha san earnáil phríobháideach a laghdú, feabhas a chur ar dhálaí oibre le haghaidh fostaithe áirithe, agus aistrithe i dtreo na fostaíochta neamhiata a chothú. Leis an athchóiriú, rinneadh an clár conarthaí fostaíochta a ath- shainiú trí ról lárnach conarthaí buana a chur i dtábhacht agus srian breise a chur le húsáid conarthaí ar théarma seasta (e.g., uastréimhse conarthaí ar théarma seasta a laghdú agus smachtbhannaí mar gheall ar a n-úsáid chalaoiseach a mhéadú). Mar chuid d'athchóiriú níos leithne faoin gClár Oibre um Obair Chuibhiúil, beartaíonn **an Phortaingéil** an líon uasta athnuachaintí ar chonarthaí sealadacha a laghdú ó 6 go 4; cúiteamh as dífhostú oibrithe sealadacha a ardú agus obair neamhdhearbhaithe a choiriúlú, as a ngearrfar téarma príosúnachta suas le 3 bliana. I gcás ina nglacfar iad, tá coinne leis go laghdóidh na bearta sin an sciar de chonarthaí sealadacha agus go gcothóidh siad aistrithe i dtreo na fostaíochta neamhiata foirmiúla. Tá roinnt athchóirithe ar an margadh saothair i bplean téarnaimh agus athléimneachta **na hÍsiltíre** arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le deighilt an mhargaidh saothair. Áirítear leo sin laghdú a dhéanamh de réir a chéile ar an asbhaint cánach le haghaidh daoine féinfhostaithe, árachas míchumais éigeantach a thabhairt isteach le haghaidh daoine féinfhostaithe agus bearta a dhéanamh chun dul i ngleic leis an bhféinfhostaíocht bhréagach, lena n-áirítear modhnú ar an sainmhíniú ar chaidreamh fostaíochta agus méadú ar an bhforfheidhmiú poiblí, agus iad sin uile faoi 2026. Ina theannta sin, i mí Iúil 2022 d'fhógair **an Ísiltír** freisin pleananna chun dreasachtaí a laghdú maidir le húsáid conarthaí solúbtha nó sealadacha agus córas deimhniúcháin a thabhairt isteach le haghaidh gníomhaireachtaí oibre sealadaí.

**Tá roinnt Ballstát ag moladh rialacháin nua nó leasaithe maidir le reachtaíocht cosanta fostaíochta a fheidhmiú chun freagairt do dhúshláin shainaitheanta sa mhargadh saothair,** i gcomhréir le prionsabal 7 den Cholún (maidir le heolas faoi choinníollacha fostaíochta agus cosaint i gcás dífhostuithe). Thug **an Eastóin** an fhéidearthacht isteach i mí na Samhna 2021 go dtabharfadh fostóirí agus fostaithe san earnáil miondíola conarthaí fostaíochta níos solúbtha i gcrích faoi choinníollacha áirithe. D'fhéadfadh tuilleadh oibrithe a bheith rannpháirteach de bharr na gcomhaontuithe sin, rud a chruthódh níos mó deiseanna

---

Sibhialta Eagraithe sna Pleananna Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta – Céard a oibríonn agus céard nach n-oibríonn?], Rún [ECO/592], Bealtaine 2022.

fostaíochta agus a d'áiritheodh leibhéal cosanta níos fearr dá réir. Comhlánaíodh an beart sin le leasuithe nua ar an acht um iompar ar bóthar a glacadh i mí na Nollag 2021. Tá coinne ag **an Eastóin** leis go n-úsáidfear an beart sin chun tacú le dálaí oibre cuibhiúla le haghaidh tiománaithe san earnáil iompair ar bóthar. Rith **an Fhrainc** dlí nua i mí Feabhra 2022 lena gcruthaítear stádas uathúil le haghaidh daoine féinfhostaithe agus lena gcosnaítear a sócmhainní pearsanta (go dtí seo, níor cosnaíodh ach a bpríomháit chónaithe). Lena chois sin, cuireann an dlí síneadh leis na coinníollacha chun tiontú oibrithe féinfhostaithe an athuair a éascú. Trí liúntas ar fiú EUR 800 in aghaidh na míosa é, féachann an Rialtas le tacú leo siúd a scoir go buan den ghníomhaíocht sin acu a tháinig chun bheith neamh- inbhuanaithe. Ghlac **an Iodáil** forálacha nua i mí an Mheithimh 2022 chun a áirithiú go dtairbheoidh gach oibrí, lena n-áirítear iad siúd faoi chonarthaí neamhchaighdeánacha, de thrédhearcacht níos fearr i dtaobh an chaidrimh fostaíochta, go háirithe íoscheanglais faisnéise ag fostóirí maidir le promhadh agus oiliúint (más infheidhme). Mar chuid d'athchóiriú leathan, beartaíonn **an tSualainn** bearta a ghlacadh sa dara seimeastar de 2022 i dtaobh rialacha maidir le dífhostú ar chúiseanna oibiachtúla agus chun intuarthacht dálaí oibre a mhéadú agus díospóidí saothair a chosc.

**Mar chomhlánú ar an anailís a chuirtear i láthair i mBosca 5 den Cholún, thug roinnt Ballstát bearta isteach chun sláinte agus sábháilteacht cheirde ag an obair a neartú**, i gcomhréir le prionsabal 10 den Cholún (maidir le timpeallacht oibre shláintiúil shábháilte atá curtha in oiriúint i gceart). Mar chuid d'athchóiriú níos leithne, ghlac **an Fhrainc** (ina plean téarnaimh agus athléimneachta) tacar beart i mí Iúil 2021 lena dtreisítear sláinte agus sábháilteacht ag an obair. Ar na bearta is ábhartha i dtéarmaí an tionchair a bhfuil coinne leis, tá an fhéidearthacht go leathnóidh gnólachtaí an réimse seirbhísí sláinte a sholáthraíonn siad ag an obair agus go gcruthófar pas coiscthe. Ina theannta sin, leathnaigh an Fhrainc an sainmhíniú ar chiapadh gnéasach ag an obair agus i mí na Samhna 2021 dhaingnigh sí Coinbhinsiún EIS maidir le foréigean agus ciapadh a dhíothú i saol na hoibre. I mí na Nollag 2021 ghlac **an Chróit** an plean náisiúnta um obair, sábháilteacht ag an obair agus fostaíocht le haghaidh 2021- 2027. Tá an plean sin i gcomhréir le Straitéis Forbartha Náisiúnta 2030 agus is éard atá ann leanúnachas agus feabhas ar bheartais margaidh saothair a thacóidh le hobair chuibhiúil a sholáthar do chách agus riachtanais speisialta daoine leochaileacha á gcur san áireamh. Ghlac **an Bhulgáir** oibríocht CSE+ i mí Iúil 2022 chun tacú le dea- bhail oibrithe agus leis an tsábháilteacht san áit oibre, ag a bhfuil buiséad iomlán EUR 51.1 milliún. Ar chuid de na bearta is ábhartha tá tacaíocht airgeadais do ghnólachtaí chun traochadh a chosc, an mheabhairshláinte a chaomhnú, éadaí agus trealamh a cheannach le haghaidh sábháilteacht ag an obair, áiteanna corparáideacha a fheistiú le limistéir spóirt agus scíthe agus cineálacha cur chuige glasa a thabhairt isteach i leith iompraíocht eagraíochtúil. Mairfidh an beart go dtí deireadh 2024 agus tá coinne leis go dtairbheoidh suas le 91,000 fostaí de. Beartaíonn **an Iodáil** freisin bearta beartais spriocdhírithe a ghlacadh i gcaitheamh 2022 agus 2023 chun sláinte agus sábháilteacht ag an obair a fheabhsú.

**Tá rialacháin á dtabhairt isteach nó á leasú ag roinnt Ballstát chun sainmhíniú níos fearr a dhéanamh ar na coinníollacha a bhaineann le hobair sholúbtha agus le heagrú ama oibre**, i gcomhréir le prionsabal 9 den Cholún (maidir le cothromaíocht oibre is saoil). D'fhormheas **an Spáinn** forálacha dlí i mí Iúil 2021 chun an teilea- obair agus an chianobair a rialáil sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí. Go háirithe, ráthaítear leis na leasuithe reachtacha go mbeidh na dálaí oibre céanna ag daoine a bhíonn ag obair go cianda agus ar an láthair, chomh maith le cineál deonach na teilea- oibre le haghaidh an oibrí agus an fhostóra araon. D'fhéadfadh sé go dtaobhódh an creat nua sin leis an obair hibrideach, ina bhfuil meascán den obair chianda agus obair ar an láthair. Ghlac **an Bheilg** bearta nua i mí an Mheithimh 2022 chun feabhas a chur ar sholúbthacht uaireanta oibre agus chun tacú le cothromaíocht fheabhsaithe oibre is saoil san earnáil phríobháideach. Áirítear leis na

príomhbhearta an ceart chun seachtain oibre 4 lá (tríd an líon uaireanta oibre in aghaidh an lae a mhéadú) nó chun an córas oibre a athrú (i.e., uaireanta oibre a chothromú idir seachtainí). An tráth céanna, ghlac **an Bheilg** an 'ceart chun dícheangail' le haghaidh gnólachtaí a bhfuil níos mó ná 20 fostaí acu, nach féidir coinne a bheith acu anois leis go bhfreagróidh fostaithe iarrataí gnó i ndiaidh gnáthuaireanta oibre. Is cuid de chomhaontú feidearálach maidir le hathchóirithe ar an margadh saothair iad an dá bheart, ina n-áirítear freisin tuilleadh solúbthachta a mhéid a bhaineann leis na rialacha maidir le hobair oíche sa ríomhthráchtáil. Ina theannta sin, beartaítear tionscadail phíolótacha chun obair thráthnóna agus oíche a cheadú ar bhonn deonach gan comhaontú ó cheardchumann roimh ré. Mar chuid d'athchóiriú níos leithne, beartaíonn **an Pholainn** (ina plean téarnaimh agus athléimneachta) forálacha maidir le dlí an tsaothair a thabhairt isteach chun cothromaíocht fheabhsaithe oibre is saoil agus dálaí oibre níos intuartha a chothú. Go háirithe, soláthrófar leis rialacha maidir le socruithe solúbtha oibre, lena n-áirítear sosanna agus/nó oiliúint le linn uaireanta oibre, toiliú an fhostaí ragobair nó obair oíche a dhéanamh, nó obair eadrannach a dhéanamh. Tá pleananna ann freisin leasú a dhéanamh ar na forálacha maidir le cosaint caidrimh fostaíochta fostaithe le linn toirchis agus saoire mháithreachais nó atharthachta. Rinne **an Eastóin** nuashonrú freisin i mí Aibreáin 2022 ar an gcreat dlíthiúil a bhí ann cheana chun dálaí oibre níos solúbtha a áirithiú (e.g., obair pháirtaimseartha, teilea- obair nó am solúbtha oibre) le haghaidh oibrithe nó státseirbhísigh a mbíonn freagrachtaí cúraim orthu, agus cosaint éifeachtach mionaoiseach (i.e. faoi bhun 14 bliana d'aois) á cothú leis.Beartaíonn **Lucsamburg** forálacha a ghlacadh chun ciapadh morálta a rialáil. Tá coinne leis go mbeidh feidhm ag an ngníomhaíocht maidir le fostaithe agus, chomh maith leo sin, maidir le printísigh, daoine faoi oiliúint agus conarthaí sealadacha speisialta a fhéadfar a thabhairt i gcrích le mic léinn.

**Leasaigh roinnt Ballstát a reachtaíocht freisin, nó tá siad ag beartú déanamh amhlaidh, chun socruithe oibre níos solúbtha a sholáthar d'oibrithe**, i gcomhréir le prionsabal 9 den Cholún (maidir le cothromaíocht oibre is saoil). Chuir **an Spáinn** síneadh go dtí mí an Mheithimh 2022 leis an bplean maidir le modhnuithe ama oibre (*'Plan Mecuida'*) a glacadh i mí an Mhárta 2020 chun solúbthacht fostaithe a threisiú ó thaobh freagrachtaí teaghlaigh a bhaineann go díreach le géarchéim COVID- 19. De réir na bhforálacha sin, d'fhéadfadh an fostóir agus an fostaí teacht ar athruithe réasúnta comhréireacha eile ar dhálaí oibre an fhostaí (e.g., teilea- obair, athruithe sceidil, suíomh áite oibre a athrú nó sannadh feidhmeanna éagsúla, i measc nithe eile). Rinne **an Spáinn** nuashonrú i mí Eanáir 2022 ar a creat dlíthiúil maidir le ham oibre chun leathnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí i ndáil le cúram a thabhairt i gcás tuismitheoirí a bhfuil ailse nó galar tromchúiseach ar a leanaí. Rinneadh teorainn aoise an sprioc- shliochtaigh a bhfuil cúram de dhíth air a mhéadú ó 18 go 23 bliana. Beartaíonn **an Chipir** mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta staidéar a dhéanamh maidir le socruithe solúbtha oibre san earnáil phoiblí. Tá coinne leis go mbeidh moltaí le soláthar ag an staidéar faoi 2023 a fhéachfaidh le feabhas a chur ar éifeachtacht na seirbhíse poiblí. Nuair a bheidh moltaí an staidéir ar fáil, déanfar cinneadh maidir lena gcur chun feidhme. De thairbhe thacaíocht na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta freisin, beartaíonn **an Chipir** dlí nua a ghlacadh faoi 2023 lena rialálfar socruithe solúbtha oibre, go háirithe an teilea- obair. Leasaigh **an Liotuáin** a creat dlíthiúil i mí Lúnasa 2022 chun níos mó solúbthachta a sholáthar do theaghlaigh áirithe a mhéid a bhaineann lena socruithe oibre. I measc nithe eile, cumhdaítear leis na leasuithe sin laethanta breise saoire le haghaidh tuismitheoirí atá ag tógáil leanaí, chomh maith leis an bhféidearthacht go n-oibreofaí níos lú ná lá iomlán agus go gcomhcheanglófaí an teilea- obair agus sceidil sholúbtha oibre i gcás mná atá torrach nó ag cothú linbh ar an gcíoch, tuismitheoirí atá ag tógáil leanaí suas le 8 mbliana d'aois nó tuismitheoirí aonair atá ag tógáil leanaí suas le 14 bliana d'aois (nó suas le 18 mbliana d'aois i gcás leanaí faoi mhíchumas) (féach Roinn 2.2.2)

**Bhain roinnt Ballstát leas as acmhainní breise chun a n-iarrachtaí dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe a neartú, lena n-áirítear acmhainneacht na gcigireachtaí saothair a mhéadú.** Mar chuid de chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, tá coinne leis go nglacfaidh **an Iodáil** faoi dheireadh 2022 (ina plean téarnaimh agus athléimneachta) Plean Náisiúnta agus treochlár um obair neamhdhearbhaithe a chomhrac i ngach earnáil eacnamaíoch, arb é is aidhm dó go dtiocfaidh méadú buan ar an líon cigireachtaí saothair faoi 2025 agus laghdú ar an líon cásanna den obair neamhdhearbhaithe faoi 2026. Chuige sin, bunaíodh meitheal idirinstitiúideach i mí Feabhra 2022. Rinne **an Rómáin** smachtbhannaí riaracháin nua a fhormheas i mí Dheireadh Fómhair 2021 chun teorainn a chur le hobair neamhdhearbhaithe agus thearcdhearbhaithe, chomh maith leis an gcleachtas ina n-íoctar 'pánna cumhdaigh'. Áirítear ar an ngníomhaíocht sin rialáil ar an gcoincheap 'obair thearcdhearbhaithe'. Níos déanaí i mí Aibreáin 2022 sheol **an Rómáin** córas dearbhán seirbhíse freisin (a mbeidh éifeacht aige ón 1 Eanáir 2024) chun oibrithe tí a thabhairt isteach sa gheilleagar foirmiúil. Cumhdófar oibrithe tí leis an gcóras slándála sóisialta agus árachais sláinte i ndiaidh dóibh 85 dhearbhán a mhalartú. Mar chuid d'athchóiriú níos leithne, sheol **an tSualainn** próiseas i mí Feabhra 2022 chun lárionaid réigiúnacha in aghaidh coireacht a bhaineann leis an obair a bhunú (a dhéileálann freisin le hobair neamhdhearbhaithe). Feidhmeoidh na lárionaid sin mar mhol le haghaidh obair na n-údarás maidir le rialuithe rialtais comhpháirteacha a phleanáil, a chur chun feidhme agus bearta leantacha a dhéanamh ina leith, i gcomhairle le comhpháirtithe sóisialta agus comhlachtaí náisiúnta agus réigiúnacha. Ghlac **an Bheilg** (Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile) beart spriocdhírithe i mí an Mhárta 2022 chun an líon cigireachtaí a dhéantar in aon ghnólacht earnála ar leith a mhéadú, bunaithe ar amhras réasúnta go bhfuil idirdhealú á dhéanamh. Thairis sin, féadann cigirí saothair cuairt a thabhairt ar ghnólacht agus ainm bréige orthu chun difríochtaí córa a bhrath. Rinne **an Spáinn** glao nua ar 90 cigire poiblí nua saothair agus slándála sóisialta a fhormheas i mí na Bealtaine 2022, líon atá dhá oiread níos mó ná an líon a formheasadh in 2021. Thug **an Chróit** acht nua maidir le sceithirí eolais isteach i mí Aibreáin 2022, lena leasaítear forálacha roimhe sin ó 2019. Is é is cuspóir don acht sin feabhas a chur ar chosaint oibrithe a thuairiscíonn sáruithe ar an dlí a bhíonn á ndéanamh ag gnólachtaí, lena n-áirítear smachtbhannaí ar fhostóirí a thionscnaíonn imeachtaí in aghaidh sceithirí eolais. Mar chuid d'athchóiriú níos leithne faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, tá **an Chróit** ag beartú dlí nua a ghlacadh freisin i mí na Nollag 2022 maidir le dul i ngleic le hobair neamhdhearbhaithe, lena ndéanfaí obair neamhdhearbhaithe a shainmhíniú, cigireachtaí saothair a neartú agus aistriú oibrithe ó obair neamhdhearbhaithe go hobair dhearbhaithe a rialáil a thuilleadh.

**Ghlac Ballstáit éagsúla bearta spriocdhírithe chun feabhas a chur ar staid mhargadh saothair na ndaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach**, i gcomhréir le prionsabal 4 den Cholún. Ghlac **an Ghréig** dlí nua i mí Dheireadh Fómhair 2021 lena n-athchóirítear eagrú agus feidhmiú na seirbhíse poiblí fostaíochta (*'OAED'*). Ar na forálacha nua tá earcú comhairleoirí fostaíochta nua (540 díobh go ceann tréimhse 2 bhliain) agus fócas níos láidre ar an idirghabháil idir soláthar agus éileamh saothair. Thug **an Ghréig** liúntas oibre isteach in 2021 freisin do dhaoine a fhaigheann fóirdheontais dífhostaíochta ach a aimsíonn post, agus bónas EUR 300 le haghaidh daoine dífhostaithe go fadtéarmach (go ceann níos mó ná 5 bliana, mar a shainmhínítear) a tharraingíonn suas plean gníomhaíochta aonair. Tá critéir ioncaim tugtha isteach chun dul i ngleic le mí- úsáid sochar, agus dá ndiúltódh duine trí huaire do phoist oiriúnacha nó do rannpháirtíocht in oiliúint bhainfí den chlár dífhostaíochta é. Mar chuid d'athchóiriú leathan in **Éirinn**, tháinig an tSeirbhís Fostaíochta Limistéir Áitiúil (*'LAES'*) i bhfeidhm i mí Eanáir 2022. Is é is aidhm don tseirbhís seirbhísí fostaíochta ardchaighdeáin intomhaiste a sholáthar do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do ghrúpaí leochaileacha eile. Oibríonn an tseirbhís nua ar bhonn chóras íocaíochtaí a bhaineann

le feidhmíocht, ina bhfaigheann gach cliaint teidlíochtaí aonair bunaithe ar rannpháirtíocht i bplean pearsanta maidir le dul chun cinn agus ar a thabhairt i gcrích. Rinne **an tSualainn** a seirbhís phoiblí fostaíochta a choimisiúnú i mí Feabhra 2022 chun tacaíocht do dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach a neartú, go háirithe ar chríocha a bhfuil dúshláin mhóra shocheacnamaíocha rompu. Tá sé beartaithe freisin go neartóidh gníomhaíochtaí an comhar straitéiseach agus oibríochtúil idir na seirbhísí poiblí fostaíochta agus na húdaráis áitiúla maidir le cuardaitheoirí poist leochaileacha.

**Leasaigh roinnt Ballstát na creataí a bhí acu cheana um beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair ionas go mbeidís níos éifeachtaí le linn an téarnaimh ó COVID- 19**, i gcomhréir le Prionsabal 4 den Cholún (tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht). Ghlac **an tSeicia** in 2021 an creat straitéiseach maidir le Fostaíocht 2030+. Leis an straitéis, rannchuidítear le comhlíonadh na gcoinníollacha cumasúcháin faoin mbeartas comhtháthaithe agus sainítear réimsí tosaíochta le haghaidh na 10 mbliana seo chugainn. Leagtar amach bearta nithiúla sna pleananna gníomhaíochta ina dtugtar mionsonraí maidir leis an gcreat sin. Mar chuid de chur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, ghlac **an Ghréig** bearta in 2021 agus 2022 chun uirlisí digiteacha nua a fhorbairt le haghaidh seirbhísí poiblí fostaíochta, lena n-áirítear cárta digiteach, an fhéidearthacht go gclárófaí plean gníomhaíochta aonair, chomh maith leis na socruithe chun cuntais foghlama aonair a sholáthar. Tá bearta curtha ar aghaidh ag**an gCróit**, mar chuid d’athchóiriú níos leithne faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, chun feabhas a chur ar cháilíocht na tacaíochta a sholáthraítear do ghrúpaí leochaileacha, go háirithe próisis a bhaineann le próifíliú, deighilt, lánpháirtiú agus gníomhachtú grúpaí leochaileacha sna seirbhísí poiblí fostaíochta. Lena chois sin, leantar d’iarrachtaí uirlisí a fhorbairt chun daoine dífhostaithe a chomhoiriúnú d’fholúntais agus chun an córas faireacháin agus meastóireachta ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a oibríochtú níos fearr. De bharr na mbeart sin, in éineacht le gníomhaíochtaí for- rochtana beartaithe, tá coinne leis go gcuirfear 5,000 úsáideoir nua i dteagmháil leis na seirbhísí poiblí fostaíochta. Cuireadh córas dearbhán i bhfeidhm i mí Aibreáin 2022 chun aosaigh a uasoiliúint agus a athoiliúint, mar bhonn ar a bhféadfaí cuntais foghlama aonair a thabhairt isteach faoi CSE+. D’fhormheas **an Iodáil** infheistíocht struchtúrach nua i mí na Nollag 2021 chun go gcuirfí chun cinn forbairt faireachlann réigiúnach um an margadh saothair agus an tacaíocht chun idir- inoibritheacht córas faisnéise réigiúnach agus náisiúnta a neartú, agus feabhas a chur dá réir ar acmhainneacht seirbhísí poiblí fostaíochta tacú leis an gcomhoiriúnú sa mhargadh saothair. Mar chomhlánú ar an mbeart sin tá leithdháileadh EUR 4.4 billiún breise chun an Clár Náisiúnta um Ráthaíocht Fostaithe (‘GOL’) a chur chun feidhme le linn thréimhse 2021- 2023. Ghlac **an Liotuáin** córas nua gairmthreorach faoina plean téarnaimh agus athléimneachta i mí Lúnasa 2022 lena leagtar síos creat, buncheanglais inniúlachta, bainistiú agus dearbhú cáilíochta na gairmthreorach ó thús na comhairleoireachta gairme ag duine go dtí a deireadh, ag tosú sa chéad rang ar scoil (féach freisin Roinn 2.2.2). Agus comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach ann, leagfar amach leis freisin próiseas rialachais na n-institiúidí lena mbaineann.Ghlac **Lucsamburg** beart nua spriocdhírithe sealadach chun sannacháin oibre shealadacha a sholáthar le linn thréimhse 6 mhí do dhaoine dífhostaithe faoi bhun 50 bliain d’aois. Cuireadh an dlí i bhfeidhm go cúlghabhálach ó mhí Dheireadh Fómhair 2021, agus ní raibh sé i bhfeidhm a thuilleadh an 30 Meitheamh 2022. Faoi dheireadh 2022 tá coinne leis go nglacfaidh **an Pholainn** (ina plean téarnaimh agus athléimneachta) dhá phríomhghníomh dhlíthiúla chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn. Ar an gcéad dul síos, leis an Acht maidir le náisiúnaigh tríú tír a fhostú, tá coinne leis go laghdófar ar na bacainní riaracháin a bhíonn roimh náisiúnaigh tríú tír fostaíocht a fháil agus go simpleofar an próiseas chun conarthaí poist áirithe a thabhairt i gcrích. Ar an dara dul síos, leis an Acht nua um

Ghníomhaíocht Saothair, déanfar bearta a fhágfaidh go mbeidh sé níos fusa do thuismitheoirí filleadh ar an margadh saothair i ndiaidh saoire, i measc nithe eile.

**Ina theannta sin, tá samplaí ann de bhearta spriocdhírithe a chuir na Ballstáit ar aghaidh chun aistrithe saothair a éascú agus a gcomhpháirt ghníomhachtúcháin a threisiú**, i gcomhréir le prionsabal 4 den Cholún (maidir le tacaíocht ghníomhach don fhostaíocht). Thug **an Bheilg** próiseas isteach i mí an Mheithimh 2022 dá ngairtear 'conairí aistrithe' a cheadaíonn d'fhostaithe a bhfuil fógra foirceanta faighte acu dul ag obair le fostóir eile chun go mbeidh an t-aistriú níos rianúla. Is í an tseirbhís réigiúnach fostaíochta a chomhordaíonn sin agus tá sé bunaithe ar chomhaontú idir dhá ghnólacht mar úsáideoirí aici. Le linn an aistrithe, cuirtear an costas saothair ar aghaidh (go hiomlán nó go páirteach) chuig an bhfostóir nua agus, ag deireadh an phróisis, ní mór an fostaí a earcú faoi chonradh neamhiata. Ghlac **an Bheilg** bearta freisin chun tacú le fostaithe a dífhostaíodh agus tréimhse fógra 30 seachtaine ar a laghad acu. Na fostaithe dífhostaithe a chomhlíonann na critéir, tá an ceart acu aon trian den tréimhse fógra (i.e., 10 seachtaine) a chaitheamh ag déanamh gníomhaíochtaí a chuireann lena n-infhostaitheacht. Tá an beart sin i dteannta an phá téarfa a bhfuil fostaithe ina theideal.

**Na córais beartas gníomhach atá ann cheana maidir leis an margadh saothair nó atá nuafhorbartha, rannchuidíonn siad freisin le tacaíocht chun daoine easáitithe ón Úcráin a lánpháirtiú sa mhargadh saothair.** Chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine ar a dteitheadh ón gcogadh san Úcráin, bíonn an chuid is mó de na Ballstáit ag brath ar bheartais ghníomhacha atá ann cheana maidir leis an margadh saothair agus atá ar fáil do náisiúnaigh na dtíortha sin, nó ar chláir a forbraíodh i ndiaidh na géarchéime imirce agus dídeanaithe (2015- 2016). Mar chuid de na córais beartas gníomhach atá ann cheana maidir leis an margadh saothair, tá gairmthreoir curtha ar fáil ag tromlach mór na mBallstát agus tá dreasachtaí airgeadais curtha i bhfeidhm ag roinnt díobh i dteannta na ngníomhaíochtaí sin chun go bhfostóidh fostóirí daoine easáitithe, go soláthróidh siad oiliúint le linn na hoibre nó go seolfaidh siad tionscadail a chothaíonn an fhiontraíocht (féach freisin Roinn 2.1.2)[177]. Is beag an líon daoine easáitithe ón Úcráin a bhí rannpháirteach in oiliúint (seachas oiliúint teanga), áfach. Is é an líon beag clárúchán leis na seirbhísí poiblí fostaíochta a mhíníonn an méid sin. **San Ostair** agus**sa Fhrainc**, mar shampla, as 6,300 agus 3,200 Úcránach, faoi seach, a chláraigh leis na seirbhísí poiblí fostaíochta, ní raibh ach 1 216 agus 1 700 díobh rannpháirteach in oiliúint (féach freisin Roinn 2.3.1). Samplaí eile de bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a bhí spriocdhírithe ar dhaoine easáitithe ón Úcráin, bhí siad le sonrú **san Eastóin**, a chuir seirbhísí speisialta gairmthreorach ar fáil do dhaoine easáitithe ón Úcráin, agus **sa Pholainn**, a thug tacaíocht shonrach isteach trí shochair chomhchineáil agus airgeadais le haghaidh ealaíontóirí agus údair ón Úcráin atá ag saothrú a ngníomhaíochtaí **sa Pholainn** (féach Roinn 2.2.2)[178].

**Rinne na Ballstáit creat rialála seirbhísí poiblí fostaíochta a nuashonrú chun a n-acmhainneacht agus a n-éifeachtacht a áirithiú, lena n-áirítear ina gcomhar le seirbhísí sóisialta agus páirtithe leasmhara.** Sheol an **Bheilg** (réigiún Fhlóndras) plean gníomhaíochta i mí Iúil 2021 chun feabhas a chur ar an gcomhar idir seirbhísí poiblí

[177] An tÚdarás Eorpach Saothair (2022), *Overview of national measures adopted to respond to the Ukrainian crisis with regard to employment and social security having a potential impact on the EU labour mobility*[Forbhreathnú ar bhearta náisiúnta arna nglacadh mar fhreagairt don ghéarchéim san Úcráin maidir le fostaíocht agus slándáil shóisialta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shoghluaisteacht an lucht saothair san Aontas], Cáipéisí Tíre. ELA/2022/RS/047/ELA.323/Meitheamh 2022

[178] Eurofound (2022): *In-kind support and financial support for Ukrainian artists, measure PL-2022-9/2327 (measures in Poland),* [Tacaíocht chomhchineáil agus tacaíocht airgeadais d'ealaíontóirí ón Úcráin, beart PL-2022-9/2327 (bearta sa Pholainn)], EU PolicyWatch, Baile Átha Cliath.

fostaíochta réigiúnacha agus comhpháirtithe príobháideacha. Is é is aidhm don phlean trédhearcacht a neartú a mhéid a bhaineann le seachfhoinsiú, feabhas a chur ar phleanáil agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraítear trí mheastóireachtaí agus cleachtais bhainistíochta sonraí fheabhsaithe. I mí Iúil 2021 rinne **Éire** nuashonrú ar a straitéis Bealaí chun Oibre 2021- 2025. Leis an gcreat nua, féachtar le Seirbhísí Poiblí Fostaíochta na hÉireann (*Intreo*) a fheabhsú ach forbairt a dhéanamh ar a bhuiséad, a acmhainneacht agus a chur chuige dírithe ar an gcustaiméir. Áirítear clár socrúchán oibre leis de thairbhe tacaíochta ón bplean téarnaimh agus athléimneachta, agus tacaíonn CSE le liúntas *Jobsplus* agus leis an liúntas um fhilleadh ar obair. Ghlac **an Bheilg** (réigiún na Vallúine) athchóiriú nua ar na seirbhísí poiblí fostaíochta (*TIM*) i mí na Samhna 2021 chun tacaíocht níos pearsantaithe agus níos comhtháite a sholáthar do chuardaitheoirí poist leochaileacha agus bealaí sonracha chun fostaíochta a fhorbairt le haghaidh daoine faoi mhíchumas nó daoine i gcásanna leochaileacha (ina plean téarnaimh agus athléimneachta). Is éard atá san athchóiriú nua freisin ullmhúchán le haghaidh bharrfheabhsú an chomhair idir seirbhís phoiblí fostaíochta na Vallúine (*Forem*) agus comhpháirtithe tacaíochta. I mí na Nollag 2021 ghlac **an Spáinn** (mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta) an Straitéis um Ghníomhachtú Fostaíochta 2021- 2024. Is é is aidhm don chreat nua sin nuachóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a soláthraíonn SPFanna beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, lena n-áirítear bealaí aonair a fhorbairt, ionad ilfhreastail le haghaidh daoine óga a bhunú agus comhordú feabhsaithe idir an fhostaíocht, seirbhísí sóisialta, riaracháin réigiúnacha agus an earnáil phríobháideach. An tráth céanna, mar chuid dá plean téarnaimh agus athléimneachta, beartaíonn **an Spáinn** athchóiriú a dhéanamh roimh dheireadh 2022 ar an dlí fostaíochta chun na beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair a nuashonrú, lena n-áirítear a struchtúr rialachais agus a sásraí comhordaithe ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Ghlac **an tSualainn** beart nua i mí na Nollag 2021 arb é is aidhm dó neartú a dhéanamh ar sholáthar na mbeartas gníomhachtúcháin i réimse na scileanna ag seirbhísí poiblí fostaíochta (féach freisin Roinn 2.2.2) agus riachtanais inniúlachta a mhapáil i dtaca leis an earnáil phríobháideach. Ghlac **an Bheilg** (réigiún Fhlóndras) beart nua i mí Aibreáin 2022 chun ról comhordaithe na n-údarás áitiúil maidir le gníomhachtú cuardaitheoirí poist agus daoine neamhghníomhacha a neartú, lena n-áirítear sa gheilleagar sóisialta (féach Roinn 2.1.2). Ghlac **an Ghréig** dlí nua i mí Aibreáin 2022 chun an tseirbhís phoiblí fostaíochta a athstruchtúrú (ó *OAED* go *DYPA*), lena n-áirítear Comhairle comhpháirtithe sóisialta a chruthú agus cuntas gairmoiliúna arna chur ar bun ag na comhpháirtithe sóisialta agus arna bhainistiú ag eintiteas dlítheanach. Tá coinne leis go mbeidh tacaíocht ghníomhachtúcháin á soláthar níos tapa agus níos solúbtha de bharr na socruithe nua. Mar chuid dá gealltanas i dtaobh an phlean téarnaimh agus athléimneachta, ghlac **an Liotuáin** bearta nua i mí na Bealtaine 2022 chun na seirbhísí fostaíochta atá ann cheana a oibríochtú níos fearr trí bhíthin uirlisí digiteacha agus chun treoshuíomh níos córasaí a áirithiú do chustaiméirí. Áirítear sa bheart sin athbhreithniú ar mhodhanna oibre agus uathoibriú príomhphróiseas chun tacú le seirbhísí níos pearsantaithe agus níos comhtháite do chuardaitheoirí poist. An dlí maidir le fostaíocht phoiblí agus seirbhísí gnó lena rialáiltear an tsamhail Nordach de sheirbhís fostaíochta le haghaidh cuardaitheoirí poist, tháinig sé i bhfeidhm **san Fhionlainn** i mí na Bealtaine 2022. Is é is cuspóir dó feabhas a chur ar an gcaoi a soláthraítear seirbhísí níos pearsantaithe agus níos comhtháite do chuardaitheoirí poist. De bharr an athchóirithe, tá coinne leis go dtacófar le thart ar 10,000 duine fostaíocht a fháil. Tá coinne le réadú iomlán na n-éifeachtaí fostaíochta i ndiaidh 2025.

**Chuir roinnt Ballstát le méid a sochar dífhostaíochta, mar fhreagairt freisin ar na brúnna boilscitheacha atá ann faoi láthair.** D'fhonn teorainn a chur le drochthionchar an ardaithe praghsanna, féachann **an Ostair** lena sochair dhífhostaíochta a oiriúnú ar bhonn

bliantúil. **San Eastóin**, méadaíodh ar na sochair árachais dífhostaíochta agus an liúntas dífhostaíochta araon in 2022. Ar an gcaoi chéanna, chuir **an Iodáil** le méid na sochar dífhostaíochta agus síneadh le tréimhse ama chóras na sochar sin. **Sa Spáinn**, tá athchóiriú dlite faoi dheireadh 2022, faoina plean téarnaimh agus athléimneachta, chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí cumhdaigh sa chosaint in aghaidh na dífhostaíochta agus ar ilroinnt na cosanta sin. Ina theannta sin, éascaíodh an t-aistriú chuig an gcosaint shóisialta do thairbhithe nach bhfilleann ar an obair agus atá i gcás leochaileach. **Sa Danmhairg**, cuireadh le méid na sochar dífhostaíochta agus lena gceanglais incháilitheachta araon, ní a fhágann go bhfuil na sochair dhífhostaíochta níos airde le linn na chéad 3 mhí den dífhostaíocht. An tráth céanna, i gcás daoine a bhain céim amach le déanaí, tá na ceanglais maidir le sochar a fháil tagtha chun bheith níos doichte dóibh. Sa chás sin, laghdófar an uastréimhse sochar ó 2 bhliain go 1 bhliain amháin agus i gcás nach bhfaighidh siad post laistigh de 3 mhí ón gcéim a bhaint amach, laghdófar a sochair a thuilleadh. Ghlac **an Fhrainc** beart sealadach i mí Iúil 2021 chun fad a chur leis an gceart chun sochair dífhostaíochta ag oibrithe sealadacha i réimse an chultúir (i.e., iad siúd ag a bhfuil an stádas dlíthiúil *'intermittents du spectacle'*) agus a bhfuil difear ar leith déanta ag géarchéim COVID- 19 dóibh. Bhí an beart bailí go dtí mí na Nollag 2021. Áirítear i bplean téarnaimh agus athléimneachta **Mhálta** staidéar lena ndéantar measúnú ar oiriúnacht agus cumhdach sochar dífhostaíochta agus lena moltar roghanna beartais chun oiriúnacht agus cumhdach sochar níos fearr a bhaint amach, i dtéarmaí fhad a dtréimhse agus rochtain éifeachtach orthu, agus lena gcuirtear feabhas an tráth céanna ar dhreasachtaí chun fostaíocht a fháil. Thug **an Ghréig** ceanglais nua isteach i mí Aibreáin 2022 maidir le post a chuardach lena spreagtar do dhaoine dífhostaithe post a chuardach go gníomhach agus tairiscintí poist a ghlacadh má dhéantar dóibh iad.

**Ghlac roinnt Ballstát bearta chun an t-idirphlé sóisialta a neartú agus chun tacú le rannpháirtíocht comhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas,** i gcomhréir le prionsabal 8 den Cholún. Shínigh comhpháirtithe sóisialta agus an Rialtas **sa Phortaingéil** comhaontú tríthaobhach i mí Iúil 2021, mar shampla, chun feabhas a chur ar na córais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, lena n-áirítear rialachán maidir le rialachas (féach freisin Roinn 2.2.2). **Sa Spáinn**, bhí comhpháirtithe sóisialta rannpháirteach i ndearadh na n-athchóirithe móra a rinneadh ar an margadh saothair ó 2020 i leith. Shínigh na comhpháirtithe sóisialta agus an Rialtas **san Eastóin** comhaontú cáilmheasa i mí na Bealtaine 2022 chun pinsin fabhracha a athchóiriú. Ar an mbonn sin, tá rialachán nua maidir le pinsin seanaoise agus scoir á ullmhú. Mar chuid de chur chun feidhme a plean téarnaimh agus athléimneachta, beartaíonn **an Rómáin** dlí nua a ghlacadh faoi dheireadh 2022 maidir le hidirphlé sóisialta, arna phlé agus arna chomhaontú le comhpháirtithe sóisialta.

## 2.4 Treoirlíne 8: Comhionannas deiseanna do chách a chur chun cinn, cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac

Féachtar sa roinn seo ar chur chun feidhme threoirlíne fostaíochta uimh. 8, ina moltar do Bhallstáit comhdheiseanna do chách a chur chun cinn, an cuimsiú sóisialta a chothú agus an bhochtaineacht a chomhrac, i gcomhréir le Prionsabail 2 (maidir le comhionannas inscne), 3 (maidir le comhdheiseanna), 11 (maidir le cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí), 12 (maidir le cosaint shóisialta), 14 (maidir le hioncam íosta), 15 (maidir le hioncam seanaoise agus pinsin), 16 (maidir le cúram sláinte), 17 (maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas), 18 (maidir le cúram fadtéarmach), 19 (maidir le tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean) agus 20 (maidir le rochtain ar sheirbhísí fíor- riachtanacha) den Cholún. Soláthraítear anailís ar phríomhtháscairí i Roinn 2.4.1, agus tuairiscítear i roinn 2.4.2 ar bhearta beartais arna ndéanamh ag na Ballstáit

### 2.4.1 Príomhtháscairí

**Tháinig méadú foriomlán ar an ollioncam indiúscartha teaghlaigh *per capita* ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus sa chuid is mó de na Ballstáit in 2021 de dhroim an téarnaimh iar- COVID- 19.** Breathnaíodh an méadú ba mhó sa Laitvia agus san Ungáir, agus cinn níos lú i Málta, sa tSeicia, san Eastóin agus sa tSlóivéin. Tharla an laghdú ba mhó sa Danmhairg, agus sa Ghearmáin agus sa Liotuáin ina dhiaidh sin. Mar a pléadh i Roinn 1.2 agus 2.1.1, tugann na hathruithe sin léiriú ar an éifeacht chomhcheangailte a bhí ag fás pá agus comhpháirteanna eile den ollioncam indiúscartha teaghlaigh, amhail an deireadh a cuireadh de réir a chéile le bearta tacaíochta ioncaim sealadacha i ndiaidh na paindéime agus le linn an téarnaimh. Ar bhonn na feidhmíochta in 2020 agus 2019, luaitear 'cásanna criticiúla' leis an nGréig, an Iodáil, an Spáinn, an Ostair agus leis an gCipir[179]. Bhí méadú imeallach ann sa Bheilg, ar fhan a luach táscaire gar dá leibhéil in 2008 agus tá 'faire' luaite leis an tír dá thoradh.

**Fíor 2.4.1: D'fhan ollioncaim indiúscartha teaghlaigh *per capita* cuibheasach cobhsaí ar fud na mBallstát in 2021 [Ionadchoinneálaí go dtí go mbeidh sonraí nua ann ina n-iomláine]**

Fás san ollioncam indiúscartha teaghlaigh réadach *per capita* (2008=100), leibhéil 2020 agus athruithe ón mbliain roimhe seo (príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Ar an scoithdháta, bhí sonraí le haghaidh 14 Bhallstát in easnamh, dá bhrí sin léiríonn an chairt na leibhéil in 2020 agus athruithe ó 2019 go 2020.
*Foinse*: Eurostat [tepsr_wc310].

179 Ar an scoithdháta sonraí, ní raibh sonraí ar fáil ach le haghaidh 13 Bhallstát agus bheadh sé míthreorach modh na Tuarascála Comhpháirtí ar Fhostaíocht a chur i bhfeidhm maidir leo. Go dtí go dtabharfar na sonraí cothrom le dáta arís, úsáidtear an catagóiriú ón mbliain roimhe seo.

**D’fhan sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (AROPE) cuibheasach seasmhach nó tháinig laghdú air sa chuid is mó de na Ballstáit in 2021, ach tá difríochtaí móra ann idir tíortha**. Bhí na rátaí AROPE ab airde sa Rómáin, sa Bhulgáir, sa Ghréig, sa Spáinn agus sa Laitvia in 2021 (ag 34.4 %, 31.7 %, 28.3 %, 27.8 % agus 26.1 % faoi seach). Luaitear ‘criticiúil’ leis an nGréig, an Spáinn agus an Laitvia’, mar a dtiocfaidh méadú faoi 2021 atá níos mó ná meán an Aontais anuas ar na luachanna réasúnta ard atá acu cheana (méadú faoi 0.9, 0.8 agus 1 pc, faoi seach) - féach Fíor 2.4.2. I measc na mBallstát a bhfuil leibhéil níos airde acu, tháinig laghdú sa Rómáin agus sa Bhulgáir (1.2 agus 1.9 pc, faoi seach). Luaitear ‘faire’ leis an bPortaingéil, Lucsamburg agus an Iodáil mar gheall ar an táscaire a bheith ag dul chun donais go cuibheasach substaintiúil (faoi 2.4, 1.8 agus 1.2 pc, faoi seach), d’ainneoin go bhfuil na leibhéil thart ar mheán an Aontais nó gar dó[180]. I measc na mBallstát a bhfuil na rátaí AROPE is ísle acu, tá leibhéal réasúnta íseal ag an tSlóvaic ach tháinig méadú réasúnta mór air in 2021, agus luaitear dá thoradh sin í mar thír atá ‘go maith ach a bhfuil faire le déanamh uirthi’. Tá na leibhéil is ísle sa tSeicia, sa tSlóivéin agus san Fhionlainn a lean orthu ag feabhsú, rud a fhágann gurb iad sin ‘na gníomhaithe is fearr’. Is mór iad na difríochtaí sna rátaí AROPE idir na réigiúin Eorpacha, le raon níos leithne iontu ná mar atá idir Ballstáit. D’fhéadfadh éagothromaíochtaí den sórt sin teacht aníos laistigh de Bhallstát amháin, amhail an Iodáil, an Ungáir nó an Pholainn – féach Fíor 8 in Iarscríbhinn 3. Ar an iomlán, ní dhealraíonn sé go bhfuil patrúin chóineasaithe ná dibhéirseachta le sonrú sna hathruithe sin ar rátaí AROPE. Beidh sé ríthábhachtach measúnú leanúnach a dhéanamh as seo amach ar thionchar dáileach athchóirithe beartais chun a áirithiú go gcuideoidh bearta agus athchóirithe nua leis an mbochtaineacht a laghdú a thuilleadh, agus go rannchuideoidh siad dá réir sin le príomhsprioc an Aontais a bhaint amach 15 mhilliún duine a tharraingt as an mbochtaineacht faoi 2030[181].

[180] Tá briseadh in amshraith an táscaire sin le haghaidh Lucsamburg in 2021.

[181] Chuige sin, d’eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchar dáileach bheartais na mBallstát (COM(2022)494 final).

**Fíor 2.4.2: D'fhan sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta seasmhach ar an iomlán in 2021 nó tháinig laghdú air, fiú, i roinnt Ballstát, ach tá difríochtaí tábhachtacha fós ann**

Sciar den daonra atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (%), leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe seo (príomhtháscaire an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PL. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU.
*Foinse*: Eurostat [ilc_peps01n], EU- SILC.

**D'ainneoin an struis atá curtha ag géarchéim COVID- 19 ar an- chuid daoine ar fud an Aontais, bhíothas in ann, de bharr gníomhaíocht éifeachtach ar leibhéal na mBallstát agus an Aontais, agus le tacaíocht ó uirlisí cistiúcháin an Aontais, cosc a chur le méadú foriomlán a bheith ag teacht ar an mbochtaineacht, ar ghéardhíothacht ábhartha agus shóisialta agus ar sciar na ndaoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar- dhífhostaithe).** D'fhan sciar na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta (AROP) cuibheasach seasmhach nó tháinig laghdú air sa chuid is mó de na Ballstáit in 2021 (tagairt á déanamh do thorthaí 2020). Bhí an ráta ab ísle ag an tSeicia, agus an Fhionlainn agus an tSlóivéin á leanúint, a raibh laghduithe ar an táscaire iontu uile (faoi 0.9, 1.4 agus 0.7 pc in 2021, faoi seach) - féach an painéal ar bharr Fhíor 2.4.3. Bhí na rátaí ab airde sa Laitvia, sa Rómáin agus sa Bhulgáir (23.4 %, 22.6 % agus 22.1 % in 2021, faoi seach). De réir thobmheastacháin Eurostat a thagraíonn d'ioncaim 2021, d'fhan ráta AROP cobhsaí le haghaidh an chuid is mó de na Ballstáit i gcomparáid le 2020. I gcomparáid le bliain ioncaim 2020, léiríodh go raibh méaduithe ann i gcás na Seicia, na Slóivéine agus na Cróite, ach measadh gur tháinig laghdú ar an táscaire sa Spáinn, sa tSualainn agus san Ostair agus, go

pointe níos mó, sa Ghréig agus sa Bhulgáir chomh maith[182]. An sciar den daonra i ngéardhíothacht ábhartha agus shóisialta ar fud an Aontais in 2021, bhí éagsúlacht mhór ann ó 1.1 % san Fhionlainn go 23.1 % sa Rómáin. Tháinig laghdú ar luachanna táscaire ón mbliain roimhe seo sna Ballstáit uile seachas cúig cinn díobh (an tSlóvaic, Lucsamburg, an Phortaingéil, Málta agus an Pholainn, ina raibh méaduithe faoi 1.2 pc, 0.7 pc, 0.6 pc agus 0.3 pc sa dá cheann dheireanacha). D'ainneoin laghduithe móra, breathnaítear luachanna arda i gcás na Rómáine, na Bulgáire, na Gréige agus na hUngáire (ag 23.1 %, 19.1 %, 13.9 % agus 10.2 %) - féach an painéal láir i bhFíor 2.4.3. An sciar de dhaoine a chónaíonn i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar- dhífhostaithe) in 2021 (ag tagairt don chás sa bhliain féilire roimhe seo), tháinig méadú 1 pc ar a laghad air i seacht gcinn de Bhallstáit (an Spáinn, Éire, an Ostair, an tSeicia, an Ghearmáin, an Fhrainc agus an tSualainn), rud a léirigh go páirteach éifeacht ghéarchéim COVID- 19 ar an bhfostaíocht – féach an painéal ag bun Fhíor 2.4.3. Ar na Ballstáit a bhfuil dúshláin shuntasacha rompu (rátaí os cionn 10 %) tá Éire, an Ghréig, an Bheilg, an Spáinn, an Iodáil agus an Fhrainc. Mar sin féin, d'fhan luachanna an chuid is mó de na Ballstáit cobhsaí nó tháinig laghdú orthu fiú, rud a léiríonn na hiarrachtaí beartais a rinneadh chun caillteanais phoist a chosc i gcomhthéacs na paindéime. Breathnaíodh forbairtí dearfacha suntasacha go háirithe san Fhionlainn, i Lucsamburg[183] agus sa Rómáin (ina raibh laghdú faoi 1.7, 1.6 agus 1.2 pc, faoi seach), rud ba chúis le leibhéil atá thart ar mheán an Aontais nó faoin bhun.

**Fíor 2.4.3: Feabhsuithe ar chomhpháirteanna AROPE ó 2015, mhair siad freisin le linn ghéarchéim COVID- 19 i gcás beagnach gach Ballstáit**

Comhpháirteanna de phríomhtháscaire an ráta riosca bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta (%, 2015, 2020, 2021)




*Nóta*: Tabhair do d'aire go rangaítear táscairí de réir rátaí AROPE in 2021. Is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PL. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU.

---

[182] Foilsíodh tobmheastacháin i mí Lúnasa 2022, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin Eurostat. Arna rochtain an 29 Lúnasa 2022. Ní phléitear ach athruithe atá suntasach ó thaobh an staidrimh de. Níl meastacháin ar fáil le haghaidh na Beilge, na Fraince, na hÉireann ná na Portaingéile, agus tá miondealuithe de réir aoisghrúpa in easnamh le haghaidh raon níos leithne tíortha.

[183] Tá briseadh san amshraith i gcás sonraí 2021 le haghaidh Lucsamburg.

*Foinse*: Eurostat [tessi010], [tepsr_lm420], [tepsr_lm430], EU- SILC.

**D'fhan an ráta riosca bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta do leanaí cuibheasach cobhsaí in 2021, ach bhí éagsúlachtaí móra agus comharthaí dibhéirseachta fós ann ar fud na mBallstát.**Faoi 2021, níor tháinig ach méadú imeallach ar mheán an Aontais (0.4 pc go 24.4 %). Bhí na rátaí ab ísle ag an tSlóivéin, an Fhionlainn, an tSeicia, an Danmhairg agus an Ísiltír, tar éis laghdú nó méadú beag i gcomparáid le 2020. Ar an taobh eile, bhí na rátaí ab airde riosca na bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta do leanaí ag an Rómáin, an Spáinn, an Bhulgáir, an Ghréig, an Iodáil agus Lucsamburg in 2021, agus iad ar fad (ach an Bhulgáir, a bhuí leis an bhfeabhas mór a taifeadadh) á lua mar i 'gcásanna criticiúla' le luachanna ag dul in olcas[184]. Cláraíodh méaduithe measartha móra, d'ainneoin leibhéil measartha níos ísle in 2020, san Ungáir, sa tSlóvaic, sa Ghearmáin agus sa Phortaingéil (1.5 pc, 1.3 pc, 1.2 pc, agus 1 pc faoi seach). Taifeadadh na laghduithe ba mhó ar ráta AROP do leanaí idir 2020 agus 2021 (ag tagairt d'ioncaim 2019 agus 2020 faoi seach) sa Bhulgáir, sa Liotuáin agus san Fhionlainn (4.1, 2.8 agus 2.5 pc faoi seach), agus ar an taobh eile den speictream, taifeadadh méadú 4.7 pc i Lucsamburg[185], agus an Ghréig (2.8 pc) agus an Ungáir (2.4 pc) ina dhiaidh sin[186]. Léiríonn tobmheastacháin Eurostat (a thagraíonn d'ioncaim 2021) cobhsaíocht fhoriomlán an táscaire i gcomparáid le 2020 d'fhormhór na dtíortha agus laghdú don Ghréig, don Spáinn agus don Iodáil, agus, go pointe níos mó, don Laitvia agus don tSualainn[187]. Laghdaigh sciar na leanaí atá i ngéardhíothacht ábhartha agus sóisialta i 19 mBallstát, níos géire i sé cinn acu, agus go háirithe sa Bhulgáir (4.8 pc), atá fós ina measc siúd a bhfuil na rátaí is airde acu, áfach, mar aon leis an Rómáin (20 % agus 28.2 % faoi seach)[188]. Mhéadaigh sciar na leanaí atá ina gcónaí i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar- dhífhostaithe) de bhreis is leath (2.3 pc ó 4.1 %) sa tSeicia, agus tháinig laghdú beagnach faoina leath (2.5 pc ó 5.7 %) sa Rómáin, agus an dá thír fós faoi bhun mheán an Aontais[189]. Bhí na rátaí ab airde ag Éirinn, an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Bhulgáir (os cionn 10 %), agus léirigh gach ceann acu (seachas an Bhulgáir) méadú beag freisin.

**Is lú an seans go n-éireoidh go maith le leanaí, a fhásann aníos leis an mbochtaineacht nó eisiamh sóisialta, ar scoil, go mbeidh sláinte mhaith acu agus go mbainfidh siad lán a gcumais amach níos deireanaí sa saol, lena n-áirítear rannpháirtíocht i margaí saothair agus sa tsochaí.** Braitheann an creat tagarmharcála do chúram leanaí agus tacaíocht do leanaí ar roinnt táscairí chun staid leanaí ar fud na mBallstát a mheasúnú[190]. In 2021, d'fhan an ráta marthanach bochtaineachta cobhsaí go foriomlán agus níos airde i measc leanaí ná an chuid eile den daonra (ag 11.9 % vs 10.7 %)[191]. De réir sonraí 2021 (ag tagairt do leibhéil ioncaim 2020), d'fhan tionchar na n-aistrithe sóisialta ar bhochtaineacht leanaí i bhfad níos ísle ná meán an Aontais i roinnt Ballstát, amhail an Ghréig, an Phortaingéil, an Spáinn, Málta, an Bhulgáir, an Rómáin, agus an Ungáir, le linn na chéad bhliana den phaindéim[192].

[184] Tá briseadh san amshraith i gcás sonraí 2021 le haghaidh Lucsamburg.
[185] Tá briseadh san amshraith i gcás sonraí 2021 le haghaidh Lucsamburg.
[186] Féach an tábla Eurostat [ilc_li02].
[187] Féach na ríomhaireachtaí Eurostat atá ar fáil ar líne.
[188] Féach an tábla Eurostat [ilc_mdsd11].
[189] Féach an tábla Eurostat [ilc_lvh11n].
[190] Tá an nóta faisnéise gaolmhar d'Fhoghrúpa Táscairí an Choiste um Chosaint Shóisialta ar fáil ag an nasc seo.
[191] Eurostat [ilc_li21], EU- SILC.
[192] Níl sé ar fáil mar tháscaire oifigiúil Eurostat, ach is féidir é a ríomh ó ráta AROP do leanaí i ndiaidh aistrithe agus rompu. Ní bhreithnítear aistrithe sóisialta comhchineáil, lena n-áirítear, i measc nithe eile, oideachas agus cúram luath- óige saor in aisce, oideachas, agus cúram sláinte san anailís seo.

**Fíor 2.4.4: Bhí sciar na ndaoine a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta cobhsaí go foriomlán in ainneoin na géarchéime COVID- 19, le roinnt difríochta idir na Ballstáit**

Sciar na leanaí (daoine atá 17 mbliana d'aois nó níos lú) atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta (%), leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe sin (táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PL. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU.
*Foinse*: Eurostat [tepsr_lm412]. EU- SILC.

**D'fhan doimhneacht na bochtaineachta[193] seasmhach go foriomlán nó laghdaigh sí i bhformhór mór na mBallstát in 2021, don daonra iomlán agus do leanaí.** Bhí an bhearna choibhneasta maidir le ráta riosca na bochtaineachta in 2021 (ag tagairt d'ioncaim 2020) ag 24.4 % ar an meán san Aontas. Bhí an bhearna níos leithne sa Spáinn, san Ungáir, san Iodáil, sa Laitvia, sa Chróit, sa Ghréig (i.e., sna Ballstáit inar fhan sí cuibheasach cobhsaí nó inar laghdaigh sí beagán), sa Phortaingéil (inar mhéadaigh sí beagán), agus sa Bhulgáir (arb ionann í agus an Ballstát a bhfuil an laghdú is mó ag gabháil leis - 3.1 pc) - féach Fíor 2.4.5. Bhí an bhearna ba mhó sa Rómáin (37.7 %), agus is é sin an t-aon Bhallstát freisin a chláraigh méadú mór (de 5.8 pc) le linn na ráige COVID- 19. Tá an staid ar fud na mBallstát mórán mar a chéile nuair a fhéachtar ar leanaí amháin, cé go raibh roinnt difríochtaí agus éagsúlachtaí foriomlána níos mó ar fud na mBallstát idir 2020 agus 2021. Mar shampla, d'fhan an bhearna bhochtaineachta do leanaí cuibheasach cobhsaí sa Rómáin, cé go bhfuil sí

[193] Ríomhtar an táscaire seo, ar a dtugtar freisin bearna choibhneasta airmheánach riosca na bochtaineachta, mar an difríocht idir ioncam indiúscartha coibhéisithe airmheánach daoine atá faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta agus thairseach riosca na bochtaineachta, arna shloinneadh mar chéatadán de thairseach riosca na bochtaineachta (scoithphointe: 60 % den ioncam indiúscartha coibhéisithe airmheánach náisiúnta). Foinse: Gluais: Bearna choibhneasta airmheánach riosca na bochtaineachta.

fós ar an leibhéal is airde san Aontas ag 39.3 %, ach mhéadaigh sí go suntasach san Ísiltír (8.3 pc) agus laghdaigh sí go substaintiúil san Ungáir (11.6 pc). Tá an bhochtaineacht níos doimhne i measc daoine atá ina gcónaí i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar- dhífhostaithe)[194], ag thart ar 36 % san Aontas de réir sonraí 2021 (a thagraíonn d'ioncaim 2020) don daonra 18- 64 bliana d'aois, cé go bhfuil sí ag laghdú beagán (thart ar 1 pc) ón mbliain roimhe sin (sonraí 2020 a thagraíonn d'ioncaim 2019). Don ghrúpa sin, tá na bearnaí bochtaineachta is leithne ag an Rómáin, an Iodáil agus an Laitvia (ar fad os cionn 50 %), cé go bhfuil siad ag laghdú, agus an Liotuáin agus an Bhulgáir, ar tháinig laghdú mór orthu áfach (thart ar 12 pc), go dlúth ina dhiaidh sin. Ba é an bhearna bhochtaineachta don ghrúpa seo a léirigh an méadú is mó i Málta (7.5 pc), cé gur fhan sé thart ar mheán an Aontais. Tugann na rátaí arda le fios gurb ann do dhúshláin le leordhóthanacht agus cumhdach na sochar. Tá an táscaire níos ísle ná 20 % san Fhionlainn, san Ísiltír agus sa Bheilg.

**Fíor 2.4.5: D'fhan doimhneacht na bochtaineachta cobhsaí go foriomlán nó laghdaigh sí ar fud na mBallstát, ach bhí éagsúlachtaí níos mó ann i gcás leanaí**

Bearna choibhneasta airmheánach riosca na bochtaineachta don daonra foriomlán agus do leanaí (%, 2020, 2021)




*Nóta*: Rangaítear táscairí de réir leibhéal in 2021. Is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PL agus níl siad ar fáil le haghaidh SK i gcomhair 2021 (leibhéal 2020 tuairiscithe i gcomhair 2020 agus 2021 araon). Briseadh sa tsraith le haghaidh LU.

*Foinse*: Eurostat, [], ilc_li11], EU- SILC.

**D'ainneoin na bhfeabhsuithe, ba mhó fós an dóchúlacht go mbeadh daoine faoi mhíchumas, go háirithe mná agus daoine in aois oibre, i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta ná an chuid eile den daonra in 2021 i ngach Ballstát**[195]. I bhformhór na mBallstát laghdaigh sciar na ndaoine faoi mhíchumas atá i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta i gcomparáid le 2020. Chonacthas an feabhas ba shubstaintiúla sa Bhulgáir, áit a raibh an ráta fós mar an ráta ab airde san Aontas (44.1 %, tar éis laghdú 8.2 pc ó 2020). Lean

194 Ríomhann Eurostat (neamhfhoilsithe) an táscaire mar an fad idir glanioncam airmheánach coibhéisithe daoine – a bhfuil a n-ioncam indiúscartha coibhéisithe faoi bhun thairseach riosca na bochtaineachta agus atá ina gcónaí i dteaghlach gan duine fostaithe (nó i dteaghlach gar- dhífhostaithe) – agus tairseach riosca na bochtaineachta í féin, arna shloinneadh mar chéatadán de thairseach riosca na bochtaineachta. Tá an tairseach seo socraithe ag 60 % d'ioncam indiúscartha coibhéiseach airmheánach náisiúnta gach duine i dtír agus ní don Aontas ina iomláine.

195 Eurostat [hlth_dpe010], EU- SILC, a chumhdaíonn daoine in aois 16 bliana agus níos sine. Bunaithe ar choincheap táscaire sriain le gníomhaíocht iomlán domhanda (GALI), meastar go bhfuil daoine faoi mhíchumas má tá roinnt srianta, nó srianta diana, gníomhaíochta acu. Níl sonraí le haghaidh SK ar fáil.

an Laitvia, an Liotuáin agus Éire le rátaí chomh hard le 40.8 %, 39.6 %, agus 38.9 % faoi seach, agus méadú éigin á chlárú acu fiú (suas le 4.9 pc in Éirinn). Cláraíodh na rátaí ab ísle in 2021 sa tSeicia (18.3 %, tar éis laghdú de 5.1 pc), san Fhionlainn (20.7 %) agus sa Danmhairg (21.9 %). I measc daoine faoi mhíchumas, i mbeagnach gach Ballstát, bhí riosca níos mó ag baint le mná ná le fir (le meán an Aontais ag 29.6 % agus 28.1 % faoi seach), agus mar an gcéanna i gcás daoine idir 16- 64 bliana d'aois (le meán an Aontais ag 34.6 % vs 28.9 % don daonra foriomlán atá níos sine ná 16 bliana d'aois). Roimh ghéarchéim COVID, bhí an- chuid daoine faoi mhíchumas i staid eacnamaíoch leochaileach. I roinnt tíortha, amhail an Chróit agus an Rómáin, tá riosca na bochtaineachta níos measa de bharr na paindéime. Tá imní ann freisin go bhfuil an bhochtaineacht agus an neamhionannas a bhaineann le míchumas á dhaingniú agus á dhoimhniú mar gheall ar dhrochthorthaí eacnamaíocha na paindéime, mar shampla sa Phortaingéil agus sa Chróit[196].

**D'fhan sciar na ndaoine ó chúlra imirceach agus sciar na Romaigh a bhí i mbaol bochtaineachta nó eisiamh sóisialta níos airde ná mar a bhí i gcás náisiúnaigh na tíre in 2021.** D'fhan rátaí AROPE le haghaidh daoine nár rugadh san Aontas i bhfad níos airde (i bhformhór na gcásanna níos mó ná dhá oiread níos airde) i gcomparáid leo siúd le haghaidh daoine dúchasacha a rugadh i mBallstáit áirithe (56.4 % vs 22.2 % sa Spáinn, 51.1 % vs 31.3 % sa Bhulgáir, 51 % vs 25.9 % sa Ghréig, 44.7 % vs 21.9 % san Iodáil, 39.7 % vs 11.3 % sa tSualainn, agus 39.1 % vs 15.4 % sa Bheilg)[197]**.** I measc na dtíortha sin leis na rátaí is airde, níor tháinig laghdú ar rátaí AROPE le haghaidh daoine a rugadh san Aontas ach sa Bheilg (7.4 pc) i gcomparáid le 2020. Cláraíodh an méadú is mó (11.2 pc) sa Bhulgáir. Tugadh faoi deara na rátaí is ísle in 2021 sa tSeicia (11.2 %) agus san Ungáir (13.2 %), áit a bhfuil an difríocht leis na rátaí le haghaidh daoine dúchasacha i bhfad níos lú freisin (i.e. níos lú ná 10 pc). Níor tháinig aon athrú ar riosca na bochtaineachta airgeadaíochta do na Romaigh in 2021, agus bhí riosca na bochtaineachta ag oiread agus ceathrar as gach cúigear Romach (80 %) san Aontas ina iomláine[198]**.** Bhí cion níos lú ach fós an- suntasach de na Romaigh ina gcónaí i ngéardhíothacht ábhartha in 2021 (48 %). Bhí an staid níos measa fós le haghaidh leanaí Romacha, le thart ar 83 % díobh i mbaol bochtaineachta agus 54 % i ngéardhíothacht ábhartha. Chuir dúshláin a bhí ann roimhe seo, go háirithe i dtéarmaí rochtain ar chúram sláinte, oideachas, cosaint shóisialta, agus seirbhísí fíor- riachtanacha, le leochaileacht na Romach imeallaithe le linn na ráige COVID- 19 agus na géarchéime eacnamaíche ina dhiaidh sin[199]**.**

---

[196] De bharr moille i bhforáil sonraí mionsonraithe, níl sonraí den sórt sin lánchinnte fós. Féach: *COVID- 19 and people with disabilities in Europe: Assessing the impact of the crisis and informing disability- inclusive next steps [COVID- 19 agus daoine faoi mhíchumas san Eoraip: Tionchar na géarchéime a mheas agus ag fáil réidh le haghaidh na chéad chéimeanna eile a chuimsíonn míchumas]*, Saineolas Eorpach um Míchumas, mí Mheán Fómhair 2021.

[197] Mar a léiríonn táscaire Eurostat [ilc_peps06n], agus comparáid á déanamh idir iad siúd a rugadh i dtíortha neamh- AE- 27 agus iad siúd a rugadh sa tír thuairiscithe; daoine atá 18 mbliana d'aois nó os a chionn. Níl sonraí ar fáil i gcomhair 2021 le haghaidh na Fraince, na Liotuáine, na Polainne, na Rómáine ná na Slóvaice. Briseadh i sraith maidir le sonraí i gcomhair 2021 le haghaidh Lucsamburg agus na Portaingéile.

[198] Tagann na sonraí a bhaineann leis na Romaigh ó Shuirbhé FRA Romach 2021.

[199] Féach forbhreathnú an Choimisiúin agus *FRA Bulletin on Covid- 19 impact on Roma* [Feasachán FRA ar thionchar Covid- 19 ar na Romaigh].

**Bosca Cholún 7: Tionchar na méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus rioscaí bochtaineachta fuinnimh**

**Mar thoradh ar phraghsanna arda agus méadaitheacha fuinnimh, mar a tugadh faoi deara ó 2021 le linn an téarnaimh ó ghéarchéim COVID- 19 agus níos mó fós tar éis chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, tá an baol ann go gcruthófar arduithe i mbochtaineacht fuinnimh, rud a dhéanann difear diúltach do chumhacht ceannaigh, go háirithe i gcás teaghlaigh leochaileacha.** Tugann costais foriomlána fuinnimh chónaithe níos airde, a bhaineann go príomha le téamh agus fuarú, agus costais iompair, le tuiscint go bhfuil baol méadaithe ann do theaghlaigh go dtitfidh siad i mbochtaineacht fuinnimh nó go bhfulaingeoidh siad leibhéil níos airde de. Agus brúnna praghais ag leathnú níos faide ná fuinneamh, tá sé ag éirí níos tábhachtaí go spriocdhírítear bearta sealadacha tacaíochta go maith ar theaghlaigh leochaileacha. Tá bearta curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit a bhfuil sé d’aidhm acu tacú le rochtain ar fhuinneamh do theaghlaigh ar ioncam íseal, chun na rioscaí sin a chosc agus a mhaolú agus chun rochtain ar sheirbhísí fuinnimh inacmhainne a chothú mar a shonraítear níos faide síos sa bhosca seo (agus ar an gcaoi sin ag rannchuidiú le tacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme an phrionsabail 20 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir le rochtain ar sheirbhísí riachtanacha).

**Déanann bochtaineacht fuinnimh difear diúltach go háirithe do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta, cé gur leanadh de threocht an mheathlaithe ar bhochtaineacht fuinnimh in 2021.** Tháinig laghdú 0.6 pc ar an sciar díobh siúd nach bhfuil in ann an baile a théamh go leormhaith, agus shroich sé 6.9 % in 2021 san Aontas Eorpach[200]. Mhéadaigh sé go mór in 2021 sa Spáinn agus san Ungáir (3.3 pc agus 1.2 pc faoi seach), agus tháinig laghdú substaintiúil air, 3.8 pc, sa Ghearmáin agus sa Bhulgáir, agus d’fhan an dara ceann mar an Ballstát leis an sciar is airde (23.7 %) - féach an fíor thíos. Taifeadadh na sciartha is airde don daonra foriomlán (thart ar an gcúigiú cuid) sa Bhulgáir, sa Liotuáin, sa Chipir, agus sa Ghréig (23.7 %, 22.5 %, 19.4 % agus 17.5 % faoi seach), agus cláraíodh luachanna faoi bhun an deichiú cuid le haghaidh na Fionlainne, na Sualainne, na Slóivéine, agus na hOstaire (1.3 % le haghaidh na Fionlainne agus 1.7 % le haghaidh na gceann deiridh). Cé go raibh an laghdú níos láidre freisin, bhí an sciar seo níos mó ná dhá oiread níos airde do dhaoine i mbaol bochtaineachta (AROP, faoi bhun 60 % den ioncam airmheánach) ná don daonra foriomlán, ag 16.4 % in 2021[201]. I gcás daoine i mbaol bochtaineachta, tuairiscíodh na sciartha ab airde le haghaidh na Cipire agus na Bulgáire (50 % agus 42.6 % faoi seach), agus an Ghréig agus an Liotuáin ina ndiaidh sin (36.8 % agus 30.9 % faoi seach). Tá na sciartha is ísle sa daonra AROP ag an Eastóin, an tSualainn, an Fhionlainn agus an Ostair (3.2 %, 3.3 %, 4.1 % agus 4.6 % faoi seach).

---

[200] Níl aon táscaire oifigiúil amháin san Aontas maidir le bochtaineacht fuinnimh. Tá an táscaire sin bunaithe ar staid na neamhábaltachta éigeantaí agus sonraí a bailíodh ar dhíothacht ábhartha, ar brú eacnamaíoch ar leith í. Tagraíonn an cheist ghaolmhar i suirbhé EU- SILC do cheann de na míreanna a áiríodh chun táscaire na Géardhíothachta Ábhartha agus Sóisialta a chur le chéile, a pléadh cheana i measc chomhpháirteanna AROPE. Féach tuilleadh mionsonraí maidir leis an táscaire sin ag an leathanach gréasáin a bhaineann le Gluais Eurostat. Féach freisin an Nóta maidir leis an bhFoghrúpa Táscairí: Comhad um na táscairí bochtaineachta fuinnimh atá ar fáil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh le haghaidh tuilleadh sonraí.

[201] Táscaire Eurostat [ilc_mdes01]. I láthair na huaire, níl aon táscaire oifigiúil AE aonair ann maidir le bochtaineacht fuinnimh. Táscaire breise bunaithe ar EU- SILC is ea an sciar den daonra a bhfuil riaráistí acu ar bhillí fóntais, táscaire Eurostat [ilc_mdes07]. Tabhair faoi deara, don bhliain 2021, go mbíonn conclúidí comhchosúla ar bhonn cáilíochtúil mar thoradh ar na táscairí seo ar ardleibhéal, agus mar sin ní phléitear ach ceann amháin díobh. Ina theannta sin, molann an Fhaireachlann Eorpach um Bochtaineacht Fuinnimh dhá phríomhtháscaire bhreise bunaithe ar chaiteachas sa tacar molta atá aici.

**Bhí bochtaineacht fuinnimh cobhsaí go foriomlán nó laghdaigh sí roimh an ngéarchéim fuinnimh, ach bhí sí ní b'airde i gcás daoine a bhí i mbaol na bochtaineachta**

Neamhábaltacht an théamh go leormhaith don daonra foriomlán agus don daonra AROP (%, 2020, 2021)




*Nóta*: Rangaítear táscairí de réir leibhéal in 2021 don daonra AROP. Is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PL. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU agus PT.
*Foinse*: Eurostat [ilc_mdes01], EU- SILC.

**An tráth céanna, tá nochtadh na dteaghlach ar an ardú praghais le déanaí, atá den chuid is mó mar gheall ar an ardú ar phraghsanna fuinnimh, ag creimeadh a gcumhachta ceannaigh, agus an tionchar á bhrath go háirithe ag teaghlaigh ar ioncam íseal agus roinnt teaghlach meánioncaim freisin.** As an méadú suntasach ar chostais mhaireachtála a taifeadadh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh idir mí na Bealtaine 2021 agus mí Mheán Fómhair 2022 (11.7 %), bhí beagnach a leath de bharr méaduithe ar phraghsanna fuinnimh (4.9 %).[202] Is gnách go mbaineann sé sin le Ballstáit aonair freisin, ach tá difríochtaí suntasacha ann - féach an fíor thíos. Cé gurb ionann rannchuidiú na méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus thart ar dhá thrian le haghaidh na hÍsiltíre agus na Beilge, tá sé thart ar leath de sin le haghaidh na Danmhairge, na hIodáile, na Gréige, na hÉireann, na Laitvia agus na hEastóine, agus thart ar an tríú cuid nó níos lú ná an tríú cuid le haghaidh na Fionlainne, na Rómáine, na Bulgáire, na Fraince, na Spáinne agus na hUngáire[203]. Thar an tréimhse chéanna, chuir méaduithe i bpraghsanna fuinnimh a bhaineann le tithíocht leis an méadú ar chostais mhaireachtála beagnach trí oiread níos mó ná iad siúd a bhaineann le

[202] Ríomhaireachtaí bunaithe ar Eurostat [prc_hicp_manr] agus sonraí caiteachais ar leibhéal an teaghlaigh. Le haghaidh mionsonraí agus modhanna, féach Menyhért, Bálint, *The effect of rising energy and consumer prices on household finances, poverty and social exclusion in the EU - A preliminary empirical analysis* [An éifeacht atá ag ardú praghsanna fuinnimh agus tomhaltóirí ar airgeadas teaghlaigh, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta san Aontas Eorpach - Réamhanailís eimpíreach], Tuarascáil eolaíocht don bheartas de chuid an Airmheáin Chomhphháirtigh Taighde (ART), 2022. Tabhair faoi deara go mbraitheann an anailís ar struchtúir tomhaltais nach gcoigeartaítear ach amháin trí arduithe praghais, go n-eisiatar oiriúnú iomlán na dteaghlach dóibh agus go n-áirítear i bpraghsanna éifeacht na mbeartas um chaidhpeanna praghais. Tabhair faoi deara freisin go bhfuil an miondealú ar fhuinneamh le comhpháirteanna a bhaineann le tithíocht agus iompar comhréireach le rannchuidiú choibhneasta na bhfo- chomhpháirteanna sin le coigeartuithe costais maireachtála nuair a dhéantar é a ríomh ar leithligh ag baint úsáide as na sciartha caiteachais ábhartha bunaithe ar shuirbhé ar bhuiséad teaghlaigh agus sonraí ICPT dí- chomhiomlánaithe de chuid Eurostat. Dá bhrí sin, is meastacháin iad na torthaí a chuirtear i láthair.

[203] Ag an scoithdháta sonraí, níl aon athrú tagtha ar phraghsanna fuinnimh fós i Málta i gcomparáid le mí na Bealtaine 2022. Cúis thábhachtach taobh thiar de thionchar pléite na n-athruithe praghais is ea na sciartha arda agus difriúla fuinnimh i gcaiteachas na dteaghlach. Ar an meán, caitheann teaghlaigh Eorpacha 13.0 % dá gcaiteachas iomlán ar fhuinneamh.

hiompar (3.6 pc agus 1.3 pc faoi seach). Bhí rannchuidiú na méaduithe praghais fuinnimh a bhaineann le tithíocht níos mó i ngach Ballstát, ach amháin sa Ghearmáin, agus shroich sé 90 % nó os cionn san Ísiltír, san Ungáir, sa Liotuáin agus san Eastóin. Ar an meán d'éirigh mar an gcéanna le teaghlaigh ar ioncam íseal agus teaghlaigh mheánioncaim (an chéad agus an tríú cúigiú den daonra, nuair a ordaítear de réir ioncaim iad) ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus bhí méadú thart ar 12 % ar a gcostais mhaireachtála.[204] Tá an bhearna idir méaduithe ar chostais mhaireachtála a bhíonn le sárú ag teaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam sna Ballstáit idir 2.5 pc agus 1.6 pc le haghaidh na hEastóine agus na Laitvia, áit a n-éiríonn níos measa le teaghlaigh ar ioncam íseal, go -1.5 agus -0.9 sa tSualainn agus san Ísiltír faoi seach, áit a n-éiríonn níos measa le teaghlaigh mheánioncaim ná iad siúd ar ioncam íseal.

**Tá ról mór ag an méadú ar phraghsanna fuinnimh, go háirithe i ndáil le tithíocht, sna hathruithe ar na costais mhaireachtála foriomlána a bhíonn ag teaghlaigh ar ioncam íseal agus ar mheánioncam i leath de na Ballstáit.**

Ranníocaíocht cineálacha caiteachais le méaduithe ar chostais mhaireachtála don chéad chúigiú agus don tríú cúigiú den daonra (an chéad bharra agus an dara barra de réir Ballstáit, faoi seach), nuair a ordaítear de réir ioncaim iad (an chéad chúigil agus an tríú cúigil, %)




*Nóta*: Ríomhtar méaduithe ar chostais mhaireachtála do sciartha caiteachais ag an meán laistigh den chéad agus den tríú cúigil den dáileadh ioncaim indiúscartha teaghlaigh coibhéisithe. Na Ballstáit arna gcur in eagar de réir rannchuidiú na n-athruithe ar phraghsanna fuinnimh a bhaineann le tithíocht don chéad chúigil.
*Foinse*: Ríomhaireachtaí ART bunaithe ar shonraí ICPT maidir le boilsciú ó tháscaire Eurostat [prc_hicp_manr] ó mhí na Bealtaine 2022 agus micreashonraí ó thonn 2015 den suirbhé ar bhuiséad teaghlaigh de chuid AE- HBS. Tá sonraí le haghaidh AT ar iarraidh.

**D'fhéadfadh méaduithe praghais ar fhuinneamh a bhaineann le tithíocht agus iompar tionchar diúltach láidir a ghiniúint ar an margadh saothair agus ar thorthaí sóisialta go háirithe do theaghlaigh leochaileacha, mura ndéantar iad a mhaolú go leormhaith, agus iad ag forleathadh tríd an ngeilleagar.** Léiríonn ionsamhlúcháin, in éagmais cosanta do theaghlaigh agus coigeartuithe iompraíochta, gur féidir leis na héifeachtaí a spreagann méaduithe praghais idir mí an Mheithimh 2021 agus mí an Mheithimh 2022 a bheith substaintiúil[205]. [206] I measc daoine aonair a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh a bhfuil ioncam ar

[204] Féach go háirithe an plé ar leathanach 196 san fhoilseachán de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, *Employment and social developments in Europe 2019 [Fostaíocht agus forbairtí sóisialta san Eoraip 2019]*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019.

[205] Cé nach gcuirtear bearta tacaíochta spriocdhírithe san áireamh, breithnítear sna ríomhaireachtaí sin idirghabhálacha ginearálta margaidh a dhéanann difear don úsáideoir deiridh (amhail caidhpeanna praghsanna agus laghduithe CBL).

[206] Déantar éifeachtaí leasa a thomhas trí athruithe a tugadh faoi deara i bpraghsanna a chur i bhfeidhm ar phatrúin tomhaltais teaghlaigh ón Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlaigh, rud a cheadaíonn athruithe teoiriciúla ar chostais earraí agus sciartha buiséid a ríomh. Ríomhaireachtaí bunaithe ar thionscadal GD- AMEDI ó

a mhéad chomh hard leis an ioncam airmheánach ina dtír, d'fhéadfadh an codán ag a bhfuil sciar den bhuiséad fuinnimh chónaithe 10 % ar a laghad dá gcaiteachas foriomlán teaghlaigh (mura dtiocfadh athrú ar chúrsaí) - a bheith thart ar 21 pc, mar thoradh ar fhorbairtí praghsanna. Tugann sé sin le tuiscint go bhfuil méadú ag teacht ar líon na ndaoine atá buailte ó thart ar 83.1 milliún go timpeall 126.6 milliún[207]. [208] I measc na ndaoine sin a bhfuil ioncam de 60 % ar a mhéad den ioncam airmheánach á dtuilleamh acu (i.e., atá i mbaol bochtaineachta), meastar go mbeidh an méadú thart ar 19 pc san Aontas. Is ionann é sin agus breis is 10 milliún duine, rud a ardaíonn líon na ndaoine atá buailte ó thart ar 31.7 milliún roimh an athrú praghais go dtí thart ar 43.4 milliún ina dhiaidh sin. Meastar gurb é 7.4 pc na héifeachtaí díreacha agus indíreacha a bheidh ag méaduithe ar phraghsanna fuinnimh ar dhaoine aonair a chónaíonn i dteaghlaigh a bhfuil ioncam níos lú ná an t-ioncam airmheánach á dtuilleamh acu agus a bhfuil sciar buiséid acu le haghaidh breosla do threalamh iompair phearsanta níos mó ná 6 %. Mhéadódh a líon ó thart ar 79.8 milliún roimh an athrú praghais go dtí thart ar 95.2 milliún ina dhiaidh sin. Ar deireadh, i gcás daoine aonair a bhfuil cónaí orthu i dteaghlaigh a bhfuil ioncam chomh hard le 60 % ar a mhéad den ioncam airmheánach, tá an méadú ar an gcodán - dóibh siúd a bhfuil a sciar buiséid le haghaidh breosla do threalamh iompair phearsanta 6 % ar a laghad, os cionn 4 pc san Aontas. Mhéadódh a líon ó thart ar 20.7 milliún roimh an athrú praghais go dtí thart ar 23.3 milliún ina dhiaidh sin. Taobh amuigh de na hionsamhlúcháin a phléitear anseo, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag méaduithe ar phraghsanna gáis agus leictreachais ar chumas fostóirí dul i mbun earcaíochta, fostaíocht a choinneáil ar bun agus leibhéil pá a mhéadú nó a choinneáil ar bun, taobh amuigh den tionchar díreach ar chumhacht ceannaigh na dteaghlach.

**Ní mór faireachán cúramach a dhéanamh ar éabhlóid na bpraghsanna fuinnimh agus ar a n-éifeachtaí dáileacháin.** Tá tábhacht ag baint go háirithe le tacaíocht shealadach agus spriocdhírithe do theaghlaigh leochaileacha chun cuidiú leo déileáil leis an tionchar a bhíonn ag praghsanna fuinnimh méadaitheacha sa chomhthéacs atá ann faoi láthair. Cuidíonn an spriocdhíriú le méadú ar dhoimhneacht na bochtaineachta fuinnimh a chosc, agus cuidíonn sé le dreasachtaí a choimeád chun ídiú fuinnimh a laghdú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn. I mí Dheireadh Fómhair 2021, thíolaic an Coimisiún Teachtaireacht maidir le praghsanna fuinnimh, lena n-áirítear bosca uirlisí, inar leagadh amach an méid is féidir le Ballstáit a dhéanamh de réir rialacha an Aontais atá ann cheana chun cuidiú le tomhaltóirí agus gnólachtaí leochaileacha aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda.[209]. Rud atá tábhachtach, le Rialachán ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2022 maidir le

---

EMPL- ART. Le tabhairt faoi deara go ndéanann torthaí tagairt do 23 thír de chuid an Aontais, rud a fhágann ar lár sonraí le haghaidh na hOstaire, Mhálta, na Portaingéile agus na Slóivéine.

[207] Agus na hathruithe praghais a tugadh faoi deara i leith sonraí maidir leis an suirbhé ar bhuiséad teaghlaigh 2015 ar phatrúin caiteachais á gcur i bhfeidhm. Is é an critéar, go foirmiúil, ná an méadú ar líon na ndaoine a bhfuil sciar den bhuiséad fuinnimh chónaithe (REBS) os cionn 10 % acu. Áirítear ar REBS costais téimh agus fuaraithe faoi aicmiú ECOICOP leictreachais (CP0451), gáis (CP0452), agus breoslaí leachtacha/ola (théite) (CP0453). Roghnaíodh an athróg ionadach sin do bhochtaineacht fuinnimh chun críche an bhunstaidéir. Ní léiríonn sé an sainmhíniú a mhol an Coimisiún faoin athmhúnlú ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus níor cheart go dtiocfadh sé roimh chaibidlíocht leanúnach maidir le sainmhíniú den sórt sin, go háirithe faoin athmhúnlú TEF.

[208] Léiríonn cur chuige eile atá bunaithe ar an táscaire maidir le neamhábaltacht an baile a théamh go leormhaith, arna úsáid san Athbhreithniú Ráithiúil ar Fhostaíocht agus ar Fhorbairtí Sóisialta san Eoraip (ESDE), mí Dheireadh Fómhair 2022, éifeachtaí a léiríonn an treo céanna, ach atá níos lú. Meastar gur tháinig méadú 1.8 pc ar an táscaire san Aontas idir mí Eanáir 2022 agus mí Lúnasa 2022. Athraíonn an tionchar measta ar fud na dtíortha agus tá sé i bhfad níos airde do theaghlaigh AROP (6.9 pc), tionóntaí (3.7 pc), teaghlaigh aontuismitheora (4.0 pc) agus teaghlaigh aon duine (3.8 pc). Dá réir sin, braitheann na meastacháin go mór ar an táscaire a úsáidtear chun bochtaineacht fuinnimh a thomhas.

[209] Féach ar líne.

hidirghabháil éigeandála chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh, leathnaíodh an bosca uirlisí agus tá coinne leis freisin go bhfaighfear fáltais phoiblí bhreise as na brabúis gan choinne ó theicneolaíochtaí infrimeallacha. Tá coinne leis go gcabhróidh na fáltais sin ó na ranníocaíochtaí dlúthpháirtíochta ar chuideachtaí breosla iontaisí, atá le dáileadh ar theaghlaigh agus ar ghnólachtaí ina bhfuil baol méadaitheach ina leith nach mbeidh siad in ann a gcuid billí fuinnimh a íoc, chun méadú ar riosca na bochtaineachta a chosc, lena n-áirítear bochtaineacht fuinnimh agus neamhionannas[210]. Le comhaontú ar **chur chuige comhchoiteann chun bearta praghsála a bhfuil bonn leathan acu a ionadú le córas praghsála fuinnimh dhá leibhéal atá calabraithe agus spriocdhírithe go hiomchuí**, le praghas níos ísle curtha i bhfeidhm ar thomhaltas réamhshainithe, chuirfí feabhas ar chosaint na dteaghlach agus na gcuideachtaí leochaileacha; chaomhnófaí dreasachtaí chun ídiú fuinnimh a laghdú agus bheifí níos inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de. Féadfaidh tacaíocht ioncaim spriocdhírithe agus tacaíocht chun gníomhaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh agus fuinneamh in- athnuaite a mhéadú fós cur le córas praghsála fuinnimh den sórt sin.

**Tá bearta tacaíochta poiblí sealadacha glactha ag na Ballstáit chun déileáil leis an ngéarchéim leanúnach fuinnimh**, cé nach bhfuil an chuid is mó de na bearta éigeandála sin dírithe ar dhaoine ar ioncam íseal ach go bhfuil sé mar aidhm acu na costais a laghdú do gach úsáideoir deiridh sa gheilleagar. Mar chuid díobh sin, tugadh isteach bearta laghdaithe CBL ar leictreachas nó breoslaí do théamh baile sa **Bheilg, sa Chipir, sa tSlóivéin, sa Pholainn,** agus **sa Liotuáin**. Tuairiscíodh laghduithe cánach eile (dleachtanna máil, rannchuidithe leis an aistriú glas agus cánacha/dleachtanna/tobhaigh shonracha eile) **san Ostair, sa Chipir, sa Ghearmáin, san Iodáil, san Ísiltír, sa Pholainn, sa tSlóivéin,** agus **sa Spáinn**. Cuireadh scéimeanna tacaíochta ioncaim sealadacha nua i bhfeidhm **sa Bheilg, sa Bhulgáir, i Lucsamburg, sa Pholainn, sa Fhrainc, sa Danmhairg**, **sa tSualainn**, **sa Laitvia, in Éirinn, sa Rómáin, sa Ghearmáin, sa tSlóivéin, san Ostair,** agus **san Eastóin**, agus cuireadh síneadh leis an gcumhdach agus/nó méid na gceann a bhí ann cheana **sa Liotuáin, sa Ghréig, sa tSeicia, san Ísiltír,** agus **san Iodáil**. Neartaíodh an fhaisnéis agus an chomhairle atá ar fáil do thomhaltóirí **sa Rómáin, sa Ghearmáin, sa Ghréig,** agus **sa Chróit**. Tugadh isteach uasteorainneacha praghsanna **sa Bhulgáir, sa Ghréig, sa tSeicia agus sa tSlóivéin** agus tabharfar isteach caidhp shealadach **san Ísiltír** ón 1 Eanáir 2023[211]. Laghdaíodh costais líonra agus dáileacháin i **Lucsamburg, sa Pholainn, san Eastóin, sa tSlóivéin,** agus **sa Laitvia**. Rinneadh bearta chun soláthar bunúsach gan bhriseadh a dhaingniú sa **Rómáin** agus **sa Phortaingéil**. In 2022, chuir roinnt Ballstát laghduithe ar phraghas úsáid iompair phoiblí chun feidhme, uaireanta dírithe go sonrach ar chostais chomaitéireachta a laghdú (e.g., an Spáinn) nó níos ginearálta (e.g., Éire)[212].

**Tá bearta déanta ag na Ballstáit chun caiteachas teaghlaigh ar fhuinneamh a laghdú, lena n-áirítear trí infheistíochtaí a úsáid in éifeachtúlacht fuinnimh agus i bhfuinneamh in- athnuaite, rud a chuidíonn freisin le cumhacht ceannaigh na dteaghlach a chosaint i**

---

210 Féach Bearta éigeandála glactha go foirmiúil ag an gComhairle chun praghsanna fuinnimh a laghdú - Consilium (europa.eu). Tabhair faoi deara go n-áirítear le teicneolaíochtaí infrimeallacha an chuid is mó d'fhoinsí fuinnimh in- athnuaite ach nach bhfuil siad teoranta dóibh.

211 Bhí caidhp praghsanna i bhfeidhm cheana féin ag an mBeilg, an Rómáin, an Iodáil, an Spáinn, an Fhrainc, an Liotuáin, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóvaic agus an Ungáir ar phraghsanna fuinnimh don daonra roimh an ngéarchéim, agus tá síneadh curtha léi.

212 Is toradh iad na bearta a léirítear sa mhír seo ar mhapáil a rinne Eurofound don Choimisiún Eorpach agus cumhdaítear leo an tréimhse 2021 - deireadh an earraigh 2022. Is féidir tuilleadh eolais a fháil in Eurofound, *Access to essential services for people on low incomes: Energy, public transport and digital communications* [Rochtain ar sheirbhísí fíor- riachtanacha do dhaoine ar ioncam íseal: Fuinneamh, iompar poiblí agus cumarsáid dhigiteach], Eurofound, Baile Átha Cliath, 2022.

**bhfianaise praghsanna fuinnimh atá ag ardú.** I dteannta le comhairle do thomhaltóirí fuinnimh, tá feachtais faisnéise seolta ag Ballstáit chun caomhnú deonach fuinnimh a spreagadh, agus chuir roinnt acu ceanglais chaomhnaithe fuinnimh i bhfeidhm le haghaidh gníomhaíochtaí sonracha. Chomh maith leis sin, chun an t-aistriú glas a éascú, tugadh isteach scéimeanna chun éifeachtúlacht fuinnimh na dtithe atá ann faoi láthair a fheabhsú in **Éirinn, sa Fhrainc, san Ostair, sa Phortaingéil, sa Chipir, san Eastóin,** agus **sa Liotuáin**. Ina theannta sin, thug **an tSlóvaic, an Phortaingéil, an Chróit, an Liotuáin, an Chipir, an Rómáin,** agus **an Ísiltír** isteach bearta a raibh sé d'aidhm leo éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú, agus cuireadh cineálacha éagsúla eile dreasachtaí agus tacaíochtaí, lena n-áirítear ciorruithe cánach, i bhfeidhm **sa tSualainn** agus **sa Danmhairg**. Le maoiniú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), infheistíonn na Ballstáit (le haghaidh na 26 phlean náisiúnta a glacadh ó mhí na Samhna 2022) thart ar EUR 72 bhilliún go foriomlán chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú[213], mar shampla trí infheistíochtaí in éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh príobháideach agus poiblí **sa Bheilg**, agus athchóiriú agus athshlánú ar thithíocht phríobháideach agus shóisialta **sa Ghréig** agus **sa Fhrainc**[214]. San fhadtéarma, is iad infheistíochtaí den sórt sin an réiteach is fearr chun aghaidh a thabhairt ar mhéaduithe i bpraghsanna fuinnimh trí ídiú fuinnimh a laghdú, ar mhaithe le teaghlaigh agus leis an gcomhshaol.

**D'fhan neamhionannas ioncaim cuibheasach cobhsaí i ndiaidh na géarchéime COVID- 19 ach le comharthaí éagsúlachta idir na Ballstáit.** Níor tháinig ach méadú beag (ó 4.89 go 4.97) ar chóimheas idir cúigilí meánioncaim san Aontas in 2021 (bliain ioncaim 2020). Tháinig laghdú measartha láidir ar neamhionannas ioncaim sa Bhulgáir agus i Lucsamburg (-0.5 pc agus -0.4 pc), ach freisin san Ísiltír, sa Bheilg, in Éirinn, a chláraíonn go hiondúil leibhéil níos ísle neamhionannas ioncaim - féach Fíor 2.4.6. Tugadh faoi deara méaduithe substaintiúla (os cionn 0.2 pc) sa Phortaingéil, sa Ghréig, sa Rómáin, sa Spáinn, sa Laitvia agus i Málta, a léiríonn leibhéil níos airde ná an meánleibhéal de ghnáth. Tá an Laitvia, an Liotuáin, an Rómáin, agus an Spáinn i 'gcásanna criticiúla' toisc gur chláraigh siad leibhéil arda agus méaduithe nó laghduithe sách beag, mar atá i gcás na Liotuáine. Bhí cobhsaíocht fhoriomlán an neamhionannais ioncaim mar thoradh ar fheidhmiú na gcobhsaitheoirí uathoibríocha chomh maith leis na bearta éigeandála a rinneadh mar fhreagairt ar ghéarchéim COVID- 19, go háirithe obair ghearr- ama agus scéimeanna eile coinneála post. De réir thobmheastacháin Eurostat, meastar gur fhan neamhionannas ioncaim cuibheasach cobhsaí sa chuid is mó de na tíortha freisin in 2021 (ach amháin an feabhas a tharla i gcás na hIodáile), rud a léiríonn tionchar fhíor- ioncam méadaithe na dteaghlach, arna chothromú feadh an dáilte ioncaim.

[213] Tá an fíor bunaithe ar an modheolaíocht clibeála colúin le haghaidh an Scórchláir Téarnaimh agus Athléimneachta. Comhfhreagraíonn sé do chostas measta na mbeart a leithdháiltear ar 'Éifeachtúlacht fuinnimh' mar phríomhréimse beartais nó mar réimse beartais tánaisteach. Tá an ríomhaireacht bunaithe ar na 26 phlean téarnaimh agus athléimneachta arna bhformhuiniú ag an gCoimisiún agus ag an gComhairle roimh mhí na Samhna 2022. Seo a leanas na costais mheasta; beidh cistiú iarbhír bunaithe ar na garspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh. Rinne an Coimisiún measúnú ar na meastacháin chostais nuair a cuireadh na pleananna tosaigh isteach agus nuair a formheasadh iad. Ní cheanglaítear ar na Ballstáit admhálacha caiteachais a chur isteach ná ní fhíoróidh an Coimisiún costais iarbhír na mbeart a dtacaítear leo le RRF.

[214] Tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, COM(2022) 383 final.

**Fíor 2.4.6: Tháinig laghdú ar neamhionannas ioncaim nó d'fhan sé cobhsaí go foriomlán san Aontas le linn na paindéime COVID- 19 cé go raibh roinnt comharthaí éagsúlachta idir na Ballstáit**

Cóimheas idir cúigilí ioncaim (S80/S20), leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe (táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)




Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PL. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU.
Foinse: Eurostat [tessi180], EU- SILC.

**Tá cruth an neamhionannais ioncaim thar an dáileadh ioncaim an- éagsúil ar fud Bhallstáit an Aontais.** Le 10 mbliana anuas, ba le méaduithe ag ceann íochtair an dáilte ioncaim a spreagadh bunús na méadúithe sa neamhionannas (féach an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2021). Bhí neamhionannas ioncaim níos airde ag ceann íochtair agus ceann uachtair an dáilte ioncaim araon de ghnáth i mBallstáit ina bhfacthas neamhionannas ioncaim níos airde (S80/S20) ná meán an Aontais trí chéile, mar a thugtar le fios sna cóimheasa idir cúigilí ioncaim faoi seach (S50/S20 agus S80/S50) – féach Fíor 2.4.7. Tá sé seo níos soiléire ag an gceann íochtair (S50/S20), áfach, mar atá i gcás na Rómáine, na Spáinne, na Gréige, agus na hEastóine. Spreagann neamhionannas níos airde ag an gceann íochtar neamhionannas foriomlán i dtíortha faoi mheán an Aontais chomh maith, amhail an Chróit, an tSlóvaic, agus an tSualainn. I mBallstáit eile (an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Fhionlainn, an Fhrainc, Éire, agus an Liotuáin), d'eascair an neamhionannas foriomlán níos mó as neamhionannas níos airde ag an gceann uachtair (S80/S50).

**Fíor 2.4.7. Tá cruth an neamhionannais ioncaim thar an dáileadh ioncaim an- éagsúil ar fud na mBallstát**

Cóimheasa idir cúigilí S80/S20, S80/S50 agus S50/S20 (2021)




*Nóta*: Níl sonraí i gcomhair 2021 ar fáil le haghaidh SK, dá n-úsáidtear luachanna 2020.
Foinse: Eurostat [tessi180], [ilc_di11d], [ilc_di11e], EU- SILC.

**Léiríonn meastacháin luatha ar leibhéil chaiteachais ar shochar cosanta sóisialta in 2021 cobhsaíocht i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.** I gcás 24 Bhallstát, níor tháinig ach laghdú beag ar sciar an chaiteachais sin in OTI i gcomparáid le 2020 (ó 30.7 % go 29.2 %), cé go bhfanann siad os cionn an leibhéil réamh- ghéarchéime (27.1 % in 2019)[215]. Mhéadaigh caiteachais EUR 124 bhilliún (nó +3.1 %) idir 2020- 21, i bhfad níos lú ná in 2020 (EUR 304 bhilliún nó +8.3 %) ach in 2021, bhí an claonadh leo méadú níos tapúla i mBallstáit ag a raibh leibhéil níos ísle ná an meánleibhéal[216]. Ar fud an Aontais, tugadh faoi deara na méaduithe is láidre i gcúram sláinte agus breoiteacht[217] (EUR 91 bhilliún nó +8 %), agus sochair sheanaoise agus mharthanóra ina dhiaidh sin (EUR 51 bhilliún nó +3 %), sochair mhíchumais (EUR 12 bhilliún nó + 4 %), eisiamh sóisialta[218] (EUR 9.5 billiún nó + 4 %) agus sochair theaghlaigh (EUR 7.5 billiún nó + 2 %). Os a choinne sin, d'fhan na caiteachais ar shochair thithíochta cuibheasach cobhsaí (+0.7 %), agus tháinig laghdú géar ar na caiteachais ar shochair[219] dhífhostaíochta (EUR 47 mbilliún nó - 16 % ar fud an Aontais). Go foriomlán, bhí sochair sheanaoise agus mharthanóra fós ar an bpríomhchatagóir caiteachais ar shochair in 2021 (43.8 %). Mhéadaigh sciar na sochar cúraim sláinte agus breoiteachta i mbeagnach gach Ballstát (22 as 24) idir 2020- 21, agus shroich sé 30.5 % de chaiteachais an Aontais ina iomláine (i gcomparáid le 29.2 % in 2020). I gcodarsnacht leis sin, tháinig laghdú ar sciar na sochar dífhostaíochta i gcaiteachais foriomlána ar shochair i

[215] *Eurostat, Meastacháin luatha - Cosaint shóisialta (*nuashonrú deireanach ar 27/10/2022)*, a chumhdaíonn gach Ballstát seachas EL, RO agus SK. San iomlán b'ionann na 24 Bhallstát sin agus thart ar 97 % d'OTI AE- 27 in 2020 (agus 96 % de chaiteachais ar chosaint shóisialta).*

[216] Tháinig méadú thart ar 6 % nó níos mó ar chaiteachais i seacht mBallstát: LV, BG, HU, SI, HR, PL, agus CZ.

[217] I ngeall ar ardú níos mó ná 10 % i naoi mBallstát: LV, HR, SI, CY, BG, FR, HU, PT, agus EE.

[218] Tharla méaduithe níos mó ná 20 % in IT, LV, BG, AD agus ES.

[219] I ngeall ar laghdú níos mó ná 10 % i 14 Bhallstát: HU, DK, AT, BG, MT, FR, NL, BE, ES, IT, HR, PL, LU, agus EE.

mbeagnach gach Ballstát (21 as 24), síos ó 7.4 % in 2020 go 6 % in 2021 don Aontas ina iomláine, ag fanacht os cionn leibhéal na réamh- géarchéime, áfach (4.5 % in 2019).

**Bhí méadú ar thionchar na n-aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) ar laghdú na bochtaineachta san Aontas in 2021 go foriomlán, ach tá difríochtaí suntasacha fós ann ar fud na mBallstát**. In 2021 (ag tagairt d'ioncaim 2020), bhí an táscaire sa raon ó 18.1 % sa Rómáin go dtí níos mó ná trí oiread níos airde in Éirinn (60.7 %). Ba iad na Ballstáit eile a raibh leibhéil measartha ard acu iad an Fhionlainn (57.7 %), an Danmhairg (53.9 %) agus an Bheilg (53.3 %), áit ar laghdaigh riosca na bochtaineachta níos mó ná a leath de thoradh thionchar aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) le linn bhliain ráige na paindéime. Sainaithnítear na tíortha sin go léir, mar aon le hÉirinn, mar 'na gníomhaithe is fearr' - féach Fíor 2.4.8. Cláraíodh an méadú ab airde sa Bhulgáir (9.4 pc) agus san Iodáil (8.5 pc), a d'fhan, áfach, ag leibhéal faoi bhun mheán an Aontais. Luaitear an Phortaingéil, an Ghréig agus an Chróit (thart ar 20 % ar fad) mar a bheith i 'gcásanna criticiúla', do leibhéil ísle agus do leibhéil atá ag dul in olcas (- 6 pc le haghaidh na Portaingéile), mar aon leis an Laitvia ag a bhfuil leibhéil ísle freisin, cé go bhfuil siad cobhsaí, agus an Rómáin, atá fós ag an leibhéal is ísle san Aontas tar éis roinnt feabhsúcháin. Tá 'faire' curtha leis an Eastóin agus le Málta. Mhéadaigh tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta i bhformhór na mBallstát eile, ach chuig méideanna éagsúla. Feictear difríochtaí móra thar réigiúin san Aontas freisin, agus taifeadadh luachanna an- íseal sa Phortaingéil, i roinnt réigiún sa Rómáin agus sa Ghréig, chomh maith le roinnt réigiún san Iodáil - féach Fíor 9 in Iarscríbhinn 3.

**Fíor 2.4.8: Le linn na géarchéime COVID- 19, mhéadaigh tionchar laghdaithe bochtaineachta na n-aistrithe sóisialta go foriomlán, ach ar luas difriúil ar fud na mBallstát, le difríochtaí suntasacha leanúnacha**

Tionchar na n-aistrithe sóisialta (seachas pinsin) ar laghdú na bochtaineachta, leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe (táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*: Tá na haiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PL agus níl siad ar fáil le haghaidh SK. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU.

Foinse: Eurostat, [tespm050].

**Tá ról tábhachtach ag cosaint shóisialta do dhaoine i gcineálacha fostaíochta neamhchaighdeánacha cé go bhfuil éagsúlacht leathan sa chumhdach ar fud na mBallstát agus na gcatagóirí, agus ní chuirtear cosc ar an mbochtaineacht i gcás roinnt daoine.** San Aontas, bhí tionchar na n-aistrithe sóisialta ar laghdú na bochtaineachta in 2021 (bunaithe ar EU- SILC) i bhfad níos airde do dhaoine i bhfostaíocht neamhchaighdeánach[220] (26.5 %) ná iad siúd a bhí i bhfostaíocht chaighdeánach (10.1 %), rud a chuireann i dtábhacht an ról suntasach atá ag cosaint shóisialta maidir le hioncam na ngrúpaí sin. Ní chuireann sé sin cosc ar leibhéil níos airde de bhochtaineacht airgeadaíochta i measc oibrithe ar chonradh sealadach, oibrithe páirtaimseartha, oibrithe féinfhostaithe agus oibrithe teaghlaigh i bhformhór na mBallstát, áfach. Go foriomlán, bhí daoine i bhfostaíocht neamhchaighdeánach níos mó ná trí huaire níos dóchúla a bheith i mbaol bochtaineachta (ag 16.6 %) ná iad siúd a bhí i bhfostaíocht chaighdeánach (5 %). Sáraíonn an bhearna sin 15 pc i gcúig Bhallstát, go príomha mar gheall ar rátaí arda AROP i measc daoine féinfhostaithe (an Eastóin, an Phortaingéil agus an Rómáin) agus/nó i measc oibrithe ar chonradh sealadach (an Laitvia

[220] Sainmhínítear fostaíocht neamhchaighdeánach mar gach fostaí gan conradh buan lánaimseartha chomh maith le gach duine féinfhostaithe - féach freisin roinn 2.3.1.

agus an Spáinn). Is é an fáth atá leis sin go mbíonn éagsúlacht mhór ann maidir le cumhdach ar shochair shóisialta ar fud an stádais gníomhaíochta agus na mBallstát. Ar an meán san Aontas ina iomláine, ní raibh sciar na ndaoine in aois oibre (16- 64 bliana) i mbaol bochtaineachta a fuair sochair shóisialta (ar leibhéal an duine aonair) ach beagán níos airde in 2021 i measc oibrithe neamhchaighdeánacha (39.5 %) ná mar a bhí d'oibrithe caighdeánacha (37.9 %)[221]. I 14 Bhallstát, áfach, bhí sciar na ndaoine a fuair sochair níos airde i measc oibrithe caighdeánacha (ná mar a bhí d'oibrithe neamhchaighdeánacha) agus níos mó ná 10 pc i gceithre Bhallstát (an Bhulgáir, an Liotuáin, an Laitvia agus an tSlóivéin). Mar sin féin tuairiscítear méadú láidir i gcomparáid le blianta roimhe sin ar sciar na ndaoine in aois oibre atá i mbaol bochtaineachta a fhaigheann sochair shóisialta, le haghaidh gach catagóir de stádas gníomhaíochta - rud a léiríonn na bearta eisceachtúla tacaíochta ioncaim a rinneadh mar fhreagra ar phaindéim COVID- 19. Tharla an méadú is mó i measc na ndaoine féinfhostaithe, le 32.5 % díobh siúd atá i mbaol bochtaineachta ag fáil roinnt sochar sóisialta (i gcomparáid le thart ar 10.8 % sa bhliain roimhe[222]), cé go bhfuil sé fós níos ísle ná 41.8 % i measc na bhfostaithe go léir. Ar deireadh, cé go bhfuair thart ar leath (52.7 %) de na daoine dífhostaithe a bhí i mbaol bochtaineachta sochair shóisialta san Aontas in 2021, bhí an sciar sin i bhfad níos ísle, faoi bhun 20 %, sa Rómáin, sa Pholainn, sa Chróit agus sa Ghréig.

**Tháinig laghdú ar leordhóthanacht na scéimeanna íosioncaim i bhformhór na mBallstát sa bhliain ioncaim 2020, i gcomparáid le 2019.** Déantar faireachán ar leordhóthanacht na sochar íosioncaim trí ioncam na dtairbhithe a chur i gcomparáid leis an tairseach náisiúnta bochtaineachta agus le hioncam oibrí ar phá íseal[223]. Soláthraíonn na tagairtí sin tásca ar an tionchar a bhíonn ag maolú na bochtaineachta, chomh maith le gné gníomhachtaithe agus éifeachtaí dreasachta na scéimeanna. Cé nár tháinig aon athrú go foriomlán le 10 mbliana anuas (féach Bosca Cholún 8, ina bpléitear athruithe thar 2009- 2019), sa bhliain ioncaim is déanaí atá ar fáil (2020), tháinig meath beag ar leordhóthanacht na scéimeanna íosioncaim san Aontas go foriomlán. Bhí sé seo níos substaintiúla (níos mó ná 2 pc) i roinnt tíortha, i gcomparáid le tairseach na bochtaineachta (an Pholainn -4.4 pc, Lucsamburg -3.4 pc, an tSeicia -2.8 pc, an Chróit -2.5 pc, an Ungáir - 2.4 pc agus an Ísiltír - 2.3 pc) agus le hioncam oibrí ar phá íseal (an Liotuáin -6.6 pc agus an Pholainn -2.2 pc). Os a choinne sin, tháinig méadú suntasach ar leordhóthanacht an dá bheart sa Ghréig (15.4 pc agus 7 pc) agus sa Chipir (5.1 pc agus 5.7 pc). Tá leordhóthanacht íosioncaim os cionn 80 % de thairseach na bochtaineachta san Ísiltír, in Éirinn, i Lucsamburg, sa Danmhairg, san Iodáil, agus sa Chipir freisin, agus tá sé fós faoi bhun aon trian de thairseach na bochtaineachta sa Rómáin, sa Bhulgáir, san Ungáir agus sa tSlóvaic. I dtéarmaí cumhdaigh, arna chur in iúl ag an ráta faighteora sochair, níor tháinig aon athrú suntasach ar an staid in 2020 i gcomparáid le 2019, le roinnt feabhsuithe (méadú níos mó ná 5 pc) san Iodáil, sa Liotuáin agus i Lucsamburg ach roinnt laghduithe freisin (níos mó ná 5 pc) sa Chróit, sa Chipir agus sa Pholainn, áit a bhfuil an ráta faighteora sochair faoi bhun 80 % - féach Fíor 2.4.9. Ag an taobh eile den speictream, sroicheann rátaí faighteora sochair beagnach 100 % den daonra atá i mbaol bochtaineachta, atá ina gcónaí i dteaghlaigh ghar- dhífhostaithe sa Danmhairg, in Éirinn, san Fhionlainn agus sa Fhrainc. Taobh amuigh de na gnéithe leordhóthanachta agus cumhdaigh sin, leagtar amach sa togra ón gCoimisiún le haghaidh mholadh ón gComhairle maidir le

[221] De réir an táscaire ar 'rochtain éifeachtach' a d'fhormhuinigh an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) in 2020 i gcomhthéacs an chreata faireacháin um rochtain ar chosaint shóisialta. Is ionann an spriocdhaonra iad siúd atá i mbaol bochtaineachta roimh aistrithe sóisialta. Is ionann sochair shóisialta a chumhdaítear sa táscaire agus iad siúd a fhaightear ag leibhéal an duine aonair, gan pinsin seanaoise agus mharthanóra a áireamh.

[222] Comparáid bunaithe ar bhliain tagartha 2021 (bliain ioncaim 2020) go 2020 (bliain ioncaim 2019).

[223] De réir na modheolaíochta a socraíodh sa chreat tagarmharcála ar íosioncam, féach na Tuarascálacha Comhpháirteacha ar Fhostaíocht ó 2019 agus Bosca Cholún 8.

híosioncam leordhóthanach lena n-áiritheofar cuimsiú gníomhach réimsí le haghaidh nuachóiriú breise a dhéanamh ar scéimeanna íosioncaim feadh an chur chuige um chuimsiú gníomhach.

**Fíor 2.4.9: Níor tháinig aon athrú ar sciar na ndaoine i mbaol bochtaineachta i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar- dhífhostaithe) ar shochair shóisialta idir 2019 agus 2020, d'ainneoin roinnt athruithe i roinnt Ballstát**

Ráta faighteora sochair do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta idir 18- 64 bliana d'aois agus atá ina gcónaí i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar- dhífhostaithe) (%, bliain ioncaim 2019 agus 2020 faoi seach)




*Nóta*: Is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PT. Is sonraí sealadacha freisin iad na sonraí le haghaidh HU agus SK. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU. Úsáidtear sonraí do bhlianta suirbhé 2021 agus 2020 le haghaidh bhlianta ioncaim 2020 agus 2019, faoi seach.
*Foinse*: Ríomhaireachtaí neamhfhoilsithe Eurostat bunaithe ar EU- SILC 2020 agus 2021.

**Bosca Cholún 8: Tagarmharcáil íosioncaim**

**Tá ról lárnach ag neartú na cosanta íosioncaim, mar aon leis an gcur chuige um chuimsiú gníomhach, maidir le riosca na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta a chosc agus a mhaolú**, rud a rannchuidíonn le prionsabal 14 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta (ar íosioncam) a chur chun feidhme. In 2018, bhunaigh an Coiste um Chosaint Shóisialta (SPC) creat tagarmharcála le haghaidh íosioncaim chun an anailís ar dhúshláin ghaolmhara a fheabhsú agus chun tacú le forbairtí beartais sna Ballstáit, rud a chuimsíonn roghnú táscairí ábhartha toraidh, feidhmíochta agus luamhánaithe beartais.[224] Sainaithníodh trí príomhsheifteanna beartais ar dóichí go mbeidh tionchar acu ar fheidhmíocht na cosanta

[224] Is iad seo na táscairí toraidh: bearna choibhneasta riosca na bochtaineachta den daonra in aois oibre, ráta díothachta ábhartha agus sóisialta an daonra in aois oibre agus ráta riosca na bochtaineachta den daonra atá ina gcónaí i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar- dhífhostaithe). Is iad seo a leanas na táscairí feidhmíochta: tionchar na n-aistrithe sóisialta (gan pinsin a áireamh) ar bhochtaineacht an daonra in aois oibre, ráta marthanach riosca bochtaineachta an daonra in aois oibre, an ráta faighteora sochair do dhaoine atá i mbaol bochtaineachta i dteaghlaigh gan duine fostaithe (nó i dteaghlaigh ghar- dhífhostaithe), bearna maidir leis an ngá le scrúdú leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, bearna sa ráta ró- ualaigh maidir le costas tithíochta agus bearna maidir le neamh- rannpháirtíocht in oiliúint a bhaineann le gníomhaíocht ghairmiúil. Maidir le táscairí luamhánaithe beartais, roghnaíodh an táscaire leordhóthanachta a bhfuil dhá ghné leis (ioncam tairbhí íosioncaim mar sciar de a) tairseach riosca na bochtaineachta agus b) ioncam oibrí ar phá íseal). Féach mionsonraí breise sa nóta faisnéise gaolmhar d'Fhoghrúpa Táscairí an Choiste um Chosaint Shóisialta (SPC ISG).

íosioncaim: (1) leordhóthanacht na sochar, (2) rialacha incháilitheachta agus glacadh sochar, agus (3) gníomhachtú agus rochtain ar sheirbhísí.[225]

**I mí Mheán Fómhair 2022**, **comhaontaíodh an chéad tuarascáil chomhpháirteach ón gCoiste um Chosaint Shóisialta agus ón gCoimisiún ar íosioncam, bunaithe ar an gcreat tagarmharcála íosioncaim**, arna comhlánú le sonraí breise agus faisnéis cháilíochtúil, roimh an togra ón gCoimisiún le haghaidh mholadh ón gComhairle maidir le híosioncam leordhóthanach an 28 Meán Fómhair 2022. Leanann an tuarascáil ar chonclúidí 2020 ón gComhairle, inar iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar an gCoiste um Chosaint Shóisialta (SPC) tuarascáil chomhpháirteach den sórt sin a ullmhú ar bhonn tréimhsiúil chun anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn a baineadh amach i bhforbairt na cosanta íosioncaim sna Ballstáit. Sainaithníodh sa tuarascáil dúshláin maidir le táscairí an chreata tagarmharcála[226]. Baineadh de thátal as an tuarascáil gur chuir an creat uirlis luachmhar anailíse ar fáil agus moladh é a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, chomh maith le gnéithe féideartha dá leathnú amach anseo a mheas, go háirithe i réimsí na gcritéar incháilitheachta, na rochtana ar sheirbhísí chomh maith le haistrithe agus dreasachtaí sa mhargadh saothair.

**Níor tháinig aon athrú ar leordhóthanacht na sochar íosioncaim ar leibhéal an Aontais- 27 le 10 mbliana anuas, ach le héagsúlacht shubstaintiúil ar fud na mBallstát, agus meath beag a tugadh faoi deara in 2020 mar an bhliain ioncaim dheireanach**[227]. Idir 2009 agus 2019 (blianta ioncaim), d'fhan leordhóthanacht na forála íosioncam cuibheasach cobhsaí ag thart ar 60 % san Aontas i gcomparáid le tairseach na bochtaineachta agus ag thart ar 46 % i gcomparáid le hioncam oibrí ar phá íseal faoi 2019, agus tugadh faoi deara meath beag ar leibhéal an Aontais Eorpaigh in 2020 (féach anailís níos mionsonraithe sa phríomhthéacs don bhliain seo caite). Go foriomlán, idir 2009- 19, tugadh faoi deara feabhsuithe ar leordhóthanacht i dtíortha inar tugadh isteach scéimeanna nua, amhail an Iodáil agus an Ghréig agus rinneadh feabhsuithe freisin sa tSlóivéin agus sa Liotuáin (gar do nó os cionn 10 pc - féach an fíor thíos). I gcás na Laitvia, na hEastóine, agus Lucsamburg, is léir ó chomparáidí le hioncam oibrí ar phá íseal gur tháinig meath air idir 2009- 2019. Tháinig meath suntasach ar leordhóthanacht idir 2009- 19 (de bhreis ar 10 pc) san Ungáir, sa Rómáin, agus sa tSlóvaic, áit a raibh leordhóthanacht in 2009 faoi bhun an mheáin, ach freisin in Éirinn agus i Málta agus, go pointe níos lú, san Ísiltír, fiú má tá a leordhóthanacht fós i bhfad níos airde ná meán an Aontais.

[225] Féach achoimre agus téacs iomlán na gconclúidí ón gComhairle ar líne.
[226] Féach roinn 2.4.1 ar fhorbairtí idir na blianta ioncaim 2019 agus 2020 maidir le leordhóthanacht agus cumhdach na tacaíochta íosioncaim chun an anailís fadtreochta anseo a chomhlánú.
[227] Féach an tuarascáil chomhpháirteach SPC- Coimisiún ar íosioncam.

**Bhí an leordhóthanacht cobhsaí idir 2009- 2019, le héagsúlacht mhór ar fud na mBallstát**

Athruithe ar leordhóthanacht arna tomhas in aghaidh thairseach AROP smúdáilte agus ioncam oibrí ar phá íseal idir 2009- 2019 (pc)




*Nóta*: AE arna ríomh mar mheán neamhualaithe. Is ionann tairseacha AROP smúdáilte agus meánmhéid 2007, 2008 agus 2009 le haghaidh luach 2009 agus meánmhéid 2018 agus 2019 le haghaidh luach 2019. Níl luachanna le haghaidh CY agus HR ar fáil agus mar sin ní áirítear iad i meán an Aontais do bhliain ioncaim 2009. Tá athruithe le haghaidh CY i gcoibhneas le 2011, nuair atá siad ar fáil. Tá athruithe le haghaidh HR i gcoibhneas le 2013. Glactar leis gurb ionann costais tithíochta agus 11 % den mheánphá.
*Foinse*: Ríomh AS EMPL bunaithe ar shonraí Eurostat agus samhail cánach sochair ECFE.

**Tháinig feabhas idir 2015 agus 2020 i dtéarmaí cumhdaigh, rud a d'fhéadfadh cur le harduithe ar dhoimhneacht na bochtaineachta agus ar an díothacht ábhartha a chosc, ach tá dúshláin fós ann ó thaobh éifeachtachta de.** Ó 2015 go 2020, méadaíodh cumhdach na tacaíochta ioncaim san Aontas ar an meán ó 73 % go 78 % (arna thomhas ag an ráta faighteora sochair[228]). Ach tháinig méadú ar riosca na bochtaineachta i measc teaghlaigh ghar- dhífhostaithe (ó 61.2 % in 2015 go 64 % in 2019) agus bhí sé cuibheasach cobhsaí ag 61.6 % in 2020, le méadú foriomlán i mbeagnach dhá thrian de na Ballstáit. Cé gur tháinig laghdú beag ar thionchar na n-aistrithe (gan pinsin a áireamh) ar laghdú na bochtaineachta le 10 mbliana anuas (ó 37 % go 36 %), d'fhan doimhneacht na bochtaineachta, arna tomhas ag an mbearna riosca na bochtaineachta, cuibheasach cobhsaí ag thart ar 27 %. Tá an bhearna sin i bhfad níos leithne, áfach, i measc daoine atá ina gcónaí i dteaghlaigh ghar- dhífhostaithe ag thart ar 37 %. Tá laghdú tagtha ar dhíothacht ábhartha agus shóisialta ó 2015 go 2020 (ó 18 % go 13 %) agus tháinig laghdú ar na bearnaí i ngá le scrúdú leighis nár riaradh agus ró- ualach costais tithíochta freisin. Tharla an laghdú ar an ráta díothachta ábhartha agus sóisialta do theaghlaigh ghar- dhífhostaithe (ó 51 % go 44 % idir 2015 agus 2020) ag luas níos moille, áfach, agus tá sé i bhfad níos airde fós in 2020 ná don daonra in aois oibre.

**Thug roinnt Ballstát scéimeanna íosioncaim isteach le déanaí.** Idir 2009 agus 2019, tugadh isteach athchóirithe móra i roinnt Ballstát nach raibh scéimeanna íosioncaim náisiúnta iontu cheana. In 2017, seoladh scéim Íosioncam Ráthaithe **sa Ghréig**, agus 'ioncam saoránachta' nua **san Iodáil** in 2019, agus thug **an Spáinn** a céad scéim náisiúnta isteach in

[228] Sainmhínítear an ráta faighteora sochair mar an sciar de dhaoine aonair idir 18- 59 mbliana d'aois a fhaigheann sochair shóisialta ar bith (seachas sochar seanaoise) i measc an daonra atá i mbaol bochtaineachta. Déanann AS EMPL an táscaire sin a ríomh ó shonraí EU- SILC.

2020. Go ginearálta leanann na scéimeanna nua seo an cur chuige um chuimsiú gníomhach, mar chomhlánú don tacaíocht ioncaim le bearta gníomhachtaithe agus rochtain á tabhairt ar sheirbhísí do na tairbhithe. Ós rud é nár tugadh isteach na hathchóirithe réamhluaite ach le cúpla bliain anuas, tá a gcur chun feidhme fós á mionchoigeartú agus tá gá le dlúthfhaireachán. Is féidir go mbeadh gá le coigeartuithe breise maidir leis na snáitheanna eile den chuimsiú gníomhach, is é sin rochtain ar sheirbhísí sóisialta agus ar chláir ghníomhacha mhargadh saothair. Rinneadh coigeartuithe níos lú ar na scéimeanna a bhí ann cheana i roinnt Ballstát eile ach bhí siad fós suntasach. Mar shampla, in 2018, thug **Lucsamburg** an tIoncam um Chuimsiú Sóisialta isteach, a dhíríonn níos géire ar thairbhithe a lánpháirtiú sa mhargadh saothair, lena n-áirítear trí scagadh éigeantach agus próifíliú scileanna na n-iarratasóirí agus a dteaghlach, mar aon le coinníollacha agus smachtbhannaí níos déine a bhaineann le gníomhachtú.

**D'fhan an ráta ró- ualaigh maidir le costas tithíochta cuibheasach cobhsaí le linn na géarchéime COVID- 19, gan athruithe suntasacha le himeacht ama ach amháin i roinnt Ballstát.** In 2021, léirigh an táscaire go raibh 8.3 % de dhaonra an Aontais ina gcónaí i dteaghlaigh a chaith 40 % nó níos mó dá n-ioncam indiúscartha (coibhéisithe) ar thithíocht, méadú 0.5 pc ó 2020. Chláraigh an Ghréig an ráta is airde (28.8 %), ach an laghdú is mó (4.5 pc) i gcomparáid le 2020 freisin. Ba iad na Ballstáit eile a raibh rátaí measartha níos airde acu ná an Danmhairg (15.5 %), an t-aon cheann amháin a luadh mar 'chás criticiúil', an Ísiltír (12.5 %), an Bhulgáir (11.6 %), agus an Ghearmáin (10.7 %). Chonacthas an méadú is mó san Ísiltír (4.2 pc) agus tá sí luaite mar 'faire', mar aon leis an nGearmáin, an Spáinn, agus an Phortaingéil (le méaduithe 1.8, 1.7, agus 1.7 pc, faoi seach). Tugadh faoi deara na rátaí is ísle in 2021 sa Chipir, san Ungáir, in Éirinn (2.5 % an ceann), sa Liotuáin, agus i Málta (2.7 % an ceann) - féach Fíor 2.4.10. I gcás daoine atá i mbaol bochtaineachta, bhí an ráta ró- ualaigh maidir le costas tithíochta i bhfad níos airde ná don chuid eile den daonra, cé go raibh éagothromaíochtaí suntasacha ann i measc na mBallstát[229]. Sa Ghréig, bhí 76.7 % den daonra i mbaol bochtaineachta ró- ualaithe ag costais tithíochta, cé gur tháinig feabhas air (3.7 pc) i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Sa Danmhairg, b'ionann an sciar sin agus 72.1 %, tar éis mhéadú beag (1.9 pc). Bhí rátaí thart ar 40 % agus 30 % ag grúpa mór Ballstát, agus in Éirinn agus sa Chipir bhí an sciar faoi bhun 10 % (8.8 % agus 9.3 % faoi seach). Go ginearálta, ar fud na mBallstát, bhí claonadh i bhfad níos mó ag tionóntaí sa mhargadh cíosa príobháideach a bheith buailte ag dúshláin inacmhainneachta tithíochta ná úinéirí, a raibh nó nach raibh morgáiste acu, agus tionóntaí a fuair praghas laghdaithe nó a raibh cíos saor in aisce acu[230].

[229] Táscaire Eurostat [ilc_lvho07a], EU- SILC.
[230] Táscaire Eurostat [ilc_lvho07c], EU- SILC.

**Fíor 2.4.10: Bhí an ráta ró- ualaigh maidir le costas tithíochta cobhsaí ar an meán le linn na géarchéime COVID, ach bhí difríochtaí substaintiúla ann idir Ballstáit**

Sciar na ndaoine atá ina gcónaí i dteaghlaigh ag a bhfuil ró- ualach maidir le costas tithíochta (%), leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe (táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)




*Nóta*: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PL, agus níl siad ar fáil le haghaidh FR agus SK. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU.

*Foinse*: Eurostat, [tespm140], EU- SILC.

**Bhí níos mó deacrachtaí tithíochta ag teaghlaigh ina raibh leanaí agus teaghlaigh aontuismitheora.** Bhí 7.6 % de theaghlaigh aontuismitheora ag a raibh leanaí cleithiúnacha faoi dhiandíothacht tithíochta in 2020 (méadú ó 6.5 % in 2019), i gcodarsnacht le 4.3 % den daonra foriomlán[231]. In dhá Bhallstát bhí níos mó ná duine amháin as gach deichniúr faoi dhiandíothacht tithíochta in 2020: An Laitvia ag a raibh ráta de 11.5 % agus an Rómáin ag a raibh ráta 14.3 %. Bhí rátaí diandíothachta tithíochta, idir 5 % agus 10 %, ag an gCróit, an Liotuáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ungáir, an Pholainn agus an Bhulgáir. Bhí 14.9 % de leanaí san Aontas ina iomláine buailte ag díothacht tithíochta in 2020, ráta atá beagán níos airde ná an ráta don daonra foriomlán agus a mhéadaigh (1 pc) ó 2019[232]. Bhí rátaí i bhfad níos airde ná meán an Aontais (thart ar 10 pc nó níos mó) ag an bPortaingéil (26.2 %), an Chipir (35.8 %), agus an Spáinn (24.4 %). Mhéadaigh nó d'fhan an ráta díothachta tithíochta do leanaí mar a chéile, a bheag nó a mhór, i ngach Ballstát ach amháin san Eastóin, sa Laitvia agus sa Liotuáin, áit ar laghdaigh sé.

---

[231] Táscaire Eurostat [ilc_mdho06a] agus [ilc_mdho06b], EU- SILC.

[232] Táscaire Eurostat [ilc_mddd044b], EU- SILC. Níl sonraí ar fáil le haghaidh DE agus PL. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU, FR, agus IE.

**Le 10 mbliana anuas, is beag dul chun cinn atá déanta maidir le líon na ndaoine gan dídean ar fud Bhallstáit an Aontais a laghdú.** Toisc nach bhfuil sainiú agus modheolaíocht choiteann staitistiúil ann chun daoine atá gan dídean a chomhaireamh, níl na sonraí inchomparáide ar fud na mBallstát, agus is deacair an feiniméan a chainníochtú go beacht ar leibhéal an Aontais. In 2019, áfach, mheas FEANTSA agus Fondúireacht Abbé Pierre gur 700 000 ar a laghad san Aontas é líon na ndaoine gan dídean a chodlaíonn amuigh nó i gcóiríocht shealadach/éigeandála aon oíche ar leith, tar éis mhéadú 70 % a bheith air thar thréimhse 10 mbliana[233]. Ó 2019 i leith, tháinig laghdú ar an easpa dídine i roinnt Ballstát de bharr idirghabhálacha beartais nua i gcomhthéacs na paindéime. Cuireadh deireadh, i bpáirt ar a laghad, le cuid mhór de na bearta sin, áfach, go háirithe rochtain níos éasca ar dhídean réasúnta, moratóirí ar dhíshealbhuithe agus tacaíocht dhíreach do theaghlaigh, sa dara bliain de ghéarchéim COVID- 19. Mar thoradh air sin tá méadú breise ar an easpa dídine i roinnt Ballstát i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann roimh an bpaindéim.

**Bhí an ráta AROPE i measc daoine 65 bliana d'aois nó os a chionn cuibheasach cobhsaí san Aontas idir 2020- 2021.** Bhí an ráta ag 19.6 % in 2021 san Aontas, ar laghdú beag i gcomparáid le 2020 é. Mar sin féin, tá an bhearna idir rátaí AROPE do mhná agus d'fhir fós ann (22.1 % agus 16.3 % faoi seach). Ba é 16.8 % ráta riosca na bochtaineachta (AROP) i measc daoine os cionn 65 bliana d'aois in 2021 san Aontas, beagán níos airde ná i measc daoine idir 18- 64 bliana d'aois (15.9 %). I bhformhór na dtíortha tá an sciar níos airde ná an sciar den daonra in aois oibre (18- 64 bliana), cé go bhfuil éagsúlacht shuntasach ann maidir leis an difríocht idir an dá ghrúpa - féach an painéal ar bharr Fhíor 2.4.10. Lean an ráta géardhíothachta ábhartha nó sóisialta ag laghdú (ó 7.4 % in 2015 go 5.3 % in 2021) agus tá sé níos ísle ná i measc an daonra in aois oibre ar leibhéal an Aontais (6.3 % in 2021) agus i bhformhór na mBallstát - féach an painéal ag bun Fhíor 2.4.12. Tugtar faoi deara luachanna an- mhór, chomh maith le bearnaí maidir leis an daonra in aois oibre, le haghaidh na Rómáine agus na Bulgáire.

**Fíor 2.4.11: Bíonn riosca na bochtaineachta níos airde ag daoine atá 65 bliana d'aois nó níos sine ná an daonra in aois oibre, ach ní bhuailtear chomh minic sin leis an ngéardhíothacht ábhartha agus shóisialta iad**

Rátaí riosca na bochtaineachta (painéal ar bharr) agus ráta géardhíothachta ábhartha agus sóisialta (painéal ag bun) de réir aoisghrúpaí (%, 2021)




---

[233] Féach: *6th Overview of Housing Exclusion in Europe 2021.*

*Nóta*: Ar thaobh na láimhe clé, tá an barra 18- 64 bliana ann sa bhreis ar an mbarra 65 bliana+; ar thaobh na láimhe deise, tá an barra 65 bliana+ ann sa bhreis ar an mbarra 18- 64 bliana. Is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PL. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU.
*Foinse*: Eurostat [ilc_li02] agus [ilc_mdsd11], EU- SILC.

**Is ionann pinsin agus breis agus leath d'ioncam gairmréime deiridh san Aontas, ar an meán.** B'ionann meánphinsean na ndaoine idir 65- 74 bliana d'aois agus 58 % d'ioncam oibre na ndaoine idir 50- 59 mbliana d'aois in 2021[234]. Tá an 'cóimheas comhiomlán athsholáthair' sin ag méadú ó 2012 i leith, nuair a bhí sé ag 54 %. I roinnt tíortha (amhail Lucsamburg, an Ghréig, an Iodáil agus an Spáinn), tá sé i bhfad os cionn 70 %. Tá sé seo amhlaidh freisin ar fud na mBallstát, ina bhfuil rátaí bochtaineachta seanaoise níos ísle ná bochtaineacht in aois oibre. Ar an taobh eile, i 12 Bhallstát tá an cóimheas athsholáthair faoi bhun 50 % agus i gcúig cinn díobh faoi bhun 40 % (Éire, an Chróit, an Liotuáin, an Rómáin agus an Bhulgáir). Sa chuid is mó acu, tá an cóimheas sin níos ísle i measc na mban, ach in ocht gcinn, tá cóimheasa athsholáthair níos airde do mhná (Lucsamburg, an Laitvia, an Ghearmáin, an tSeicia, an Danmhairg, an Eastóin, an Ísiltír, an Ungáir, agus an tSlóivéin).

**Le linn 2021, an dara bliain de phaindéim COVID- 19, tháinig laghdú ar an meán ar an ngá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, agus tháinig laghdú ar an éagsúlacht ar fud na mBallstát freisin, a d'fhan mór mar sin féin** - féach Fíor 2.4.12. Chláraigh an tSlóivéin, Lucsamburg agus an Pholainn na méaduithe is mó (2.1 pc, 0.9 pc, agus 0.8 pc, faoi seach). Ina measc, luaitear an tSlóivéin, mar aon leis an nGréig, an Rómáin, agus an Fhionlainn, mar 'chásanna criticiúla', mar gheall ar na leibhéil arda gá nár riaradh arna thuairisciú in 2021 (4.8 %, 6.4 %, 4.4 % don dá cheann deiridh, faoi seach). An tráth céanna, chláraigh an Fhionlainn laghdú measartha mór (1 pc), mar aon leis an Eastóin agus an Laitvia (4.9 pc agus 1.3 pc), a d'fhan mar sin féin ag leibhéil arda freisin in 2021 (8.1 % agus 4 %). Mar a tharla in 2020, d'fhan sciar na ndaoine a thuairiscigh gá le cúram leighis nár riaradh an- íseal (faoi bhun 1 %) sa Ghearmáin, sa Chipir, agus i Málta (0.1 %), chomh maithe leis an Ísiltír, sa tSeicia agus san Ostair chomh maith (0.2 %, 0.3 % sa dá cheann deiridh). Is dóichí go dtuairisceoidh daoine i dteaghlaigh ar ioncam íseal gá nár riaradh, cé go bhfuil difríocht idir méid na bearna leis an daonra foriomlán ar fud na mBallstát[235]. [236] Maidir le gá nár riaradh arna fhéintuairisciú, taifeadadh roinnt éagsúlachtaí réigiúnacha laistigh den Pholainn agus den Rómáin - féach Fíor 10 in Iarscríbhinn 3.

---

[234] Féach: *Pension Adequacy Report 2021* [Tuarascáil Leordhóthanacht na bPinsean, 2021], leathanach 40. Mar a léirítear i dtáscaire Eurostat [ilc_pnp3], a shainítear mar an cóimheas idir ollphinsean airmheánach an duine aonair san aoisghrúpa 65- 74 bliana i gcoibhneas le holltuilleamh airmheánach an duine aonair san aoisghrúpa 50- 59 mbliana, gan sochair shóisialta eile a áireamh.

[235] Eurostat [hlth_silc_29], EU- SILC.

[236] In 2021 bhraith níos mó Romach go ndearnadh leithcheal orthu le 12 mhí anuas agus iad ag teacht ar sheirbhísí sláinte (14 %) ná in 2016 (8 %), leis an sciar is airde tugtha faoi deara sa Phortaingéil (32 %). Le linn na paindéime COVID- 19 bhí sé dodhéanta fiú rochtain bhunúsach ar chúram sláinte príomhúil, bearta bunúsacha coiscthe agus scartha shóisialta a chur i bhfeidhm i bpobail Romacha chianda agus imeallaithe (níl rochtain ar uisce buacaire ag 20 % de na Romaigh, agus tá cónaí ag 78 % díobh i dteaghlaigh phlódaithe). Foinse: FRA, Tuarascáil um Chearta Bunúsacha 2022).

**Fíor 2.4.12: Taifeadadh éagsúlachtaí móra agus méaduithe ar ghá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú ar fud na mBallstát sa dara bliain de ghéarchéim COVID- 19**

Gá le cúram leighis nár riaradh arna fhéintuairisciú, leibhéil 2021 agus athruithe ón mbliain roimhe (%, táscaire ceannlíne an Scórchláir Shóisialta)




Nóta: Tá lár na n-aiseanna dírithe ar mheán neamhualaithe an Aontais. Cuirtear an eochair eolais i láthair san Iarscríbhinn. Níl sonraí le haghaidh SK ar fáil agus is sonraí sealadacha iad na sonraí le haghaidh IT agus PL. Briseadh sa tsraith le haghaidh LU.
Foinse: Eurostat, [tespm_110], EU- SILC.

**Tá forbairtí déimeagrafacha, go háirithe rátaí breithe atá íseal go comhsheasmhach agus ionchas saoil níos airde, ag cur méadú ar an ngá féideartha le cúram fadtéarmach** (LTC). Meastar go dtiocfaidh méadú suntasach ar an gcóimheas cleithiúnais seanaoise san Aontas, ó 32.5 % in 2021 go 52.0 % in 2050. D'ainneoin dul chun cinn i mblianta dea- shláinte, chomh maith le cineálacha cuir chuige coisctheacha agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha, tiocfaidh méadú ar an ngá atá le cúram fadtéarmach as seo amach[237]. Meastar go n-ardóidh líon na ndaoine a bhféadfadh cúram fadtéarmach a bheith ag teastáil uathu ó 30.8 milliún in 2019 go 33.7 milliún in 2030 san Aontas agus go dtí 38.1 milliún in 2050[238].

[237] Is é atá i gceist leis sin ná poitéinseal suntasach cruthaithe post in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh, le fianaise go gcaithfí 1.6 milliún oibrí cúraim fhadtéarmaigh a chur leis faoi 2050 chun cumhdach cúraim fhadtéarmaigh a choimeád ar an leibhéal céanna - féach *staff working document accompanying the document 'Commission proposal for a Council Recommendation on access to affordable high- quality long- term care'*, [doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a ghabhann leis an doiciméad 'Togra ón gCoimisiún le haghaidh Mholadh ón gComhairle maidir le rochtain ar an gcúram fadtéarmach inacmhainne ar ardchaighdeán] SWD(2022)441 final.

[238] An Coimisiún Eorpach agus an Coiste um Beartas Eacnamaíoch, *The 2021 Ageing Report - Economic and budgetary projections for the EU Member States (2019- 2070)* [An Tuarascáil um Aosú 2021 -

Ar an meán, de réir sonraí 2019 le haghaidh AE- 27, bhí cúram fadtéarmach de dhíth ar 26.6 % de dhaoine a bhí 65 bliana d'aois nó níos sine (32.1 % de mhná vs 19.2 % d'fhir) agus 39.4 % de dhaoine a bhí 75 bliana d'aois nó níos sine a bhí ina gcónaí i dteaghlaigh phríobháideacha.[239] Sa chúigil ioncaim is ísle, bhí cúram fadtéarmach de dhíth ar 35.9 %, i gcomparáid le 17.2 % sa chúigil ioncaim is airde[240].

**Is fachtóir tábhachtach é cumhdach cosanta sóisialta chun rochtain ar sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh a chinneadh, chomh maith le hinfhaighteacht seirbhísí ardchaighdeáin.** Cé go dtugann na Ballstáit go léir cumhdach áirithe cosanta sóisialta, cibé acu comhchineáil agus/nó trí mheán shochair airgid thirim, thuairiscigh 35.7 % de dhaoine san Aontas nach n-úsáideann siad (níos mó) seirbhísí cúraim baile ar chúiseanna airgeadais, luaigh 9.7 % de dhaoine ganntanas soláthair agus luaigh 2.1 % imní cáilíochta[241]. Chun doimhneacht na cosanta sóisialta do chúram fadtéarmach sa tseanaois a thomhas agus é a chur i gcomparáid ar fud na mBallstát, d'fhorbair ECFE, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach, sraith de chásanna tipiciúla de riachtanais chúraim fhadtéarmaigh[242]. Tugtar le fios ó anailís, fiú tar éis cosaint shóisialta, gur féidir leis na costais neamh- in- aisíoctha do chúram a bheith an- ard, go háirithe do dhaoine scothaosta a bhfuil riachtanais chúraim fhadtéarmaigh tromchúiseacha acu a fhaigheann cúram baile - féach Fíor 2.4.13[243].

Réamh- mheastacháin eacnamaíocha agus bhuiséadacha do Bhallstáit an Aontais (2019- 2070)], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

[239] Eurostat [hlth_ehis_tadle], EHIS. Tá sciar na ndaoine atá i ngátar ceann amháin níos lú ná sciar na ndaoine nach bhfuil aon deacracht thromchúiseach acu. Ní áiríonn an beart seo atá bunaithe ar shuirbhé ach daoine i dteaghlaigh phríobháideacha ach ní chuimsítear iad siúd atá i gcúram cónaitheach.

[240] Eurostat [hlth_ehis_tadle], EHIS.

[241] Eurostat [ilc_ats15], Modúl *ad hoc* EU- SILC 2016.

[242] Cravo Oliveira Hashiguchi, T. agus Llena- Nozal, A., 2021, *The Effectiveness of Social Protection for Long- Term Care in Old Age: Is social protection reducing the risk of poverty associated with care needs?* OECD Health Working Papers No 117, OECD Publishing, Paris.

[243] ECFE, le foilsiú, 2023,*Measuring social protection for long- term care in old age*, OECD Health Working Papers, OECD Publishing, Paris.

**Fíor 2.4.13: Is féidir le costais neamh- in- aisíoctha cúraim a bheith an- ard go háirithe do dhaoine scothaosta a bhfuil riachtanais chúraim fhadtéarmaigh tromchúiseacha acu a fhaigheann cúram baile**

Costais neamh- in- aisíoctha a bhaineann le cúram baile mar sciar d'ioncam seanaoise (tar éis tacaíocht phoiblí), le haghaidh faighteoirí cúraim a bhfuil ioncam airmheánach á dtuilleamh acu agus gan aon ghlanrachmas acu, de réir leibhéal déine




*Nóta:* Tagraíonn EE do Thaillinn san Eastóin, tagraíonn IT do Alto Adige (an Tioróil Theas) san Iodáil, tagraíonn AT do Vín san Ostair, tagraíonn BE do Fhlóndras sa Bheilg.
Foinse: Anailísí ECFE bunaithe ar cheistneoir cosanta sóisialta ECFE um chúram fadtéarmach, Bunachar Sonraí Dáilte Ioncaim ECFE agus Bunachar Sonraí Dáilte Saibhris ECFE

### 2.4.2 Bearta arna ndéanamh ag na Ballstáit

**In 2021 agus 2022, chuir na Ballstáit deireadh de réir a chéile le bearta sealadacha tacaíochta ioncaim a tugadh isteach le linn na paindéime COVID- 19**. Sheol roinnt Ballstát bearta buana chun cosaint shóisialta níos fearr a áirithiú do chách, lena n-áirítear feabhas a chur ar leordhóthanacht agus ar chumhdach na sochar éagsúil. Bhí sé d'aidhm leis na bearta sin bearnaí a líonadh i gcórais cosanta sóisialta a dhéanann difear do dhaoine i gcásanna leochaileacha go háirithe (amhail teaghlaigh ar ioncam íseal gan ioncam a bhaineann leis an obair, daoine ag a bhfuil poist forbhásacha nó imircigh agus dídeanaithe). Tar éis chogadh foghach na Rúise san Úcráin agus na hiarmhairtí socheacnamaíocha a ghabhann leis san Eoraip, thug roinnt Ballstát bearta spriocdhírithe isteach chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta na mbrúnna boilscitheacha, go háirithe ar sheirbhísí fíor- riachtanacha fuinnimh. Níor díríodh an chuid is mó de na bearta sin orthu siúd is mó atá buailte le praghsanna arda fuinnimh agus orthu siúd is leochailí, áfach (féach Bosca Cholún 7). Thairis sin, de réir na Treorach um Chosaint Shealadach, tá rochtain ag daoine easáitithe atá ag teitheadh ón Úcráin agus ar tairbhithe den chosaint shealadach iad ar chúram sláinte, ar thithíocht agus ar leas sóisialach, chomh maith le hoideachas, oiliúint agus margadh saothair. Soláthraítear forbhreathnú sa chuid seo ar an gcur chuige a ghlac na Ballstáit chun aghaidh a thabhairt ar na himthosca atá ann faoi láthair, anuas ar bhearta eile lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin níos struchtúraí ina gcórais cosanta sóisialta.

**Coinníodh ar bun cuid de na bearta sealadacha a tugadh isteach le linn na paindéime do dhaoine leochaileacha agus dá dteaghlaigh agus tugadh isteach bearta breise chun dul i ngleic le héifeacht praghsanna ardaithe.** Le linn na paindéime, fuair faighteoirí cúnaimh shóisialta sa **Bheilg** biseach sealadach míosúil dar luach EUR 50 ó mhí Iúil 2020 go mí Mheán Fómhair 2021 agus EUR 25 idir mí Dheireadh Fómhair 2021 agus mí an Mhárta 2022. Cuireadh síneadh freisin le fóirdheontais agus bearta eile, lena n-áirítear an liúntas COVID, an liúntas le haghaidh folláine shíceolaíoch agus an liúntas don aos óg agus do mhic léinn atá i riocht leochaileach, go dtí an 31 Márta 2022. Sa **Bhulgáir**, mar bheart aonuaire, mhéadaigh na húdaráis an tairseach don liúntas téimh (le BGN 30, thart ar EUR 15.3) do dhaoine nach ndearna iarratas ar an sochar faoi mhí Dheireadh Fómhair 2021. Mar gheall ar an ngéarchéim fuinnimh, áfach, méadaíodh an sochar freisin le BGN 100 (thart ar EUR 51, timpeall ar 20 %) chun BGN 624 (thart ar EUR 319) a bhaint amach in 2022. I **Málta**, i bhfianaise brúnna boilscitheacha go háirithe ar bhia agus freisin chun tacú leis an téarnamh eacnamaíoch a thuilleadh, d'fhormheas an rialtas i mí Feabhra 2022 eisíocaíocht deontas airgid thirim aonuaire. Ó mhí an Mhárta 2022, faigheann oibrithe faoi leibhéal áirithe ioncaim agus mic léinn seiceanna dar luach EUR 100, agus faigheann pinsinéirí agus daoine ar shochair shóisialta seiceanna dar luach suas le EUR 200. Sa **Spáinn**, rinneadh roinnt beart sealadach chun an t-íosioncam agus na pinsin neamh- ranníocacha a mhéadú mar chúiteamh ar an ard- bhoilsciú, agus é d'aidhm acu tacú le suas le 800 000 teaghlach leochaileach. De réir mapála ar fhreagraí beartais náisiúnta chun tionchar an bhoilscithe ardaithe do shaoránaigh a mhaolú, arna thuairisciú go dtí mí an Mheithimh 2022 i mbunachar sonraí *EU PolicyWatch* de chuid Eurofound, ba bhearta sealadacha agus *ad hoc* an chuid is mó de na bearta a tuairiscíodh[244]. Bhí íocaíochtaí aonuaire, cnapshuime níos coitianta ná tacaíocht mhíosúil agus níor bhearta spriocdhírithe iad formhór na mbeart. Ba mhó an seans go mbeadh bearta spriocdhírithe ann i bhfoirm tacaíocht airgeadais, agus bhí bearta neamh- spriocdhírithe teoranta den chuid ba mhó do bhillí fuinnimh agus praghsanna breosla (féach thíos agus Bosca Cholún 7 le haghaidh tuilleadh sonraí).

**Glacadh nó cuireadh i bhfeidhm athruithe buana ar scéimeanna a bhí ann cheana chun athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch a neartú tuilleadh,** i gcomhréir le prionsabal 12 (maidir le cosaint shóisialta) agus 14 (maidir le híosioncam) den Cholún, **i measc nithe eile, le cuidiú ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF).** Sa **Spáinn**, tacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le suas le 34 threoirthionscadal a chruthaíonn bealaí lánpháirtithe d'fhaighteoirí íosioncaim. Is iad na cuspóirí atá acu ná fáil agus éifeachtacht na scéime íosioncaim a fheabhsú trí lánpháirtiú socheacnamaíoch agus cuimsiú oideachasúil chomh maith le cuimsiú digiteach. Ina theannta sin, tá athchóiriú nua beartaithe laistigh den phlean téarnaimh agus athléimneachta (PTA) chun sochair neamh- ranníocacha a chumasc, faoi dheireadh 2023, thart ar an scéim íosioncaim chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht acmhainní poiblí a fheabhsú agus iad a dhíriú ar chumhdach iomchuí daoine i gcásanna leochaileacha chomh maith le leordhóthanacht na tacaíochta ioncaim. Chuige sin, cuirfear san áireamh le comhdhlúthú na sochar, ar thaobh amháin, riachtanais struchtúracha na dteaghlach ag a bhfuil leanaí agus daoine faoi mhíchumas agus, ar an taobh eile, nascfar tacaíocht ioncaim le cuardach gníomhach poist le haghaidh cuimsiú agus seachnófar 'sáinneacha na bochtaineachta'. Sa **Laitvia**, i gcomhréir leis an PTA, tá sé d'aidhm ag athchóiriú faoi thús na bliana 2023 modheolaíocht aontaithe agus fianaise- bhunaithe a thabhairt isteach le haghaidh ríomha agus córas innéacsaithe bliantúil den Íosioncam Ráthaithe (GMI) chun an tairseach ag 20 % d'ioncam airmheánach a bhaint amach. Sa **Rómáin**, leasaigh an rialtas dlí chun an Táscaire Tagartha Sóisialta a mhéadú, an

[244] Eurofound, Aumayr- Pintar, C. agus Cantero Guerrero, M., [First responses to cushion the impact of inflation on citizens](), Alt, 12 Meán Fómhair 2022.

bonn chun méideanna na sochar éagsúil a chinneadh, lena n-áirítear sochair dhífhostaíochta agus cúnamh sóisialta, agus a innéacsú tráthrialta leis an meánráta boilscithe bliantúil a thosaigh i mí an Mhárta 2022. Sa **Bhulgáir**, mar athchóiriú sealadach, go dtí go gcuirfear an t-ollchóiriú iomlán ar íosioncam dá bhforáiltear sa PTA chun feidhme, achtaíodh leasú dlíthiúil chun leordhóthanacht agus cumhdach na scéime íosioncaim a mhéadú de réir a chéile trí arduithe sainordaithe ar na comhéifeachtaí DMI (Íosioncam Difreáilte) le haghaidh gach spriocghrúpa. Mhéadaigh **an Chróit** méid bunúsach an Íos- sochair Ráthaithe go HRK 1 000 agus feabhsaíodh cumhdach freisin, go háirithe le haghaidh teaghlaigh ag a bhfuil leanaí, mar a bhí beartaithe faoin PTA. Sa **Liotuáin**, achtaíodh roinnt feabhsúchán ar leordhóthanacht an bhunsochair shóisialta mar aon le hinrochtaineacht mhéadaithe ar chúitimh chostais téimh de réir tástála acmhainne, mar aon le leasú PTA ar an dlí maidir le seirbhísí sóisialta chun cáilíocht an chúraim shóisialta a mhéadú trí scéim nua chreidiúnaithe. I **Málta**, faigheann tairbhithe cúnaimh shóisialta an Coigeartú Costais Maireachtála iomlán, in ionad an dá thrian den chúiteamh mar a bhí amhlaidh roimhe seo. Ina theannta sin, tabharfar isteach nós imeachta nua chun cúnamh a thabhairt do dhaoine gan seoladh seasta cúnamh sóisialta a fháil. San **Ísiltír**, d'fhéadfadh beart lena n-ardófaí an teorainn aoise go 27 mbliana d'aois cuidiú le baol méadaitheach na bochtaineachta do thuismitheoirí nuair a chónaíonn a bpáistí atá níos sine ná 21 bhliain d'aois leo a mhaolú agus chun an easpa dídine i measc daoine óga a chosc. Chuir **an Ghréig** méaduithe i bhfeidhm ar bhearta buana tacaíochta ioncaim a dhíríonn ar theaghlaigh ar ioncam íseal, lena n-áirítear an liúntas téimh agus an sochar tithíochta do mhic léinn ollscoile atá ag staidéar i bhfad óna gcathair dhúchais. Thairis sin, as seo amach, tacóidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, i measc nithe eile, le lánpháirtiú sa mhargadh saothair thairbhithe an Íosioncam Ráthaithe (GMI), dhaoine faoi mhíchumas, Romaigh agus dhídeanaithe sa Ghréig.

**Sholáthair formhór na mBallstát tacaíocht airgeadais do dhaoine easáitithe ón Úcráin** trí rochtain a thabhairt dóibh ar phacáistí bunúsacha leasa shóisialta atá i bhfeidhm do náisiúnaigh na tíre nó d'imircigh a bhfuil cónaí orthu ann go dleathach. I gcásanna áirithe soláthraíodh rochtain ar scéimeanna íosioncam, mar shampla sa **Ghearmáin, san Eastóin, sa Liotuáin, san Ungáir, sa Phortaingéil,** agus sa **tSlóvaic**. Tá rochtain tugtha ag roinnt Ballstát do dhaoine easáitithe ón Úcráin ar liúntais d'iarrthóirí tearmainn, mar shampla **an Ostair, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ísiltír,** agus **an tSualainn**, agus cuireadh sochair a dhírítear orthu go sonrach i bhfeidhm i mBallstáit eile, mar **an Bhulgáir, an tSeicia, an Iodáil, agus Lucsamburg**. Sholáthair **an Pholainn** na trí chineál tacaíochta. De réir mhapáil Eurofound ar bheartais a bhaineann le dídeanaithe ón Úcráin, ó cuireadh tús leis an gcogadh agus faoi lár mhí an Mheithimh, tuairiscíodh 144 bheartas go foriomlán, a bhain go príomha le rochtain ar thithíocht (19 %), oideachas (13 %), cúram sláinte (8 %) agus cosaint shóisialta (6 %), chomh maith le rochtain ar mhargaí saothair agus ar bheartais ghníomhacha an mhargaidh saothair (22 %).

**Léirigh an phaindéim an gá atá le seirbhísí sóisialta a nuachóiriú.** Is iad na príomhdhúshláin punann na seirbhísí a chaighdeánú nó a leathnú agus cáilíocht na seirbhísí sóisialta a fheabhsú chomh maith le feabhas a chur ar fhoráil chomhtháite seirbhísí agus sochar. Cuireadh tús le cuid de na hathchóirithe a bhaineann leis na réimsí sin le linn na gcéad tonnta den phaindéim COVID- 19 nó ina ndiaidh, agus tacaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta le cuid acu. Mar shampla, ghlac **an Bhulgáir** reacht nua maidir le cáilíocht na seirbhísí sóisialta (cuid den PTA freisin), lena n-áirítear cáilíochtaí an lucht saothair. Lean **an Spáinn** ag ullmhú an athchóirithe a bhfuil sé d'aidhm aige punann íos- seirbhísí sóisialta comónta ráthaithe a shainiú ar an leibhéal náisiúnta agus caighdeáin cháilíochta chun éagothromaíochtaí maidir le cineál, leibhéal agus cáilíocht na seirbhísí a sholáthraítear a laghdú. Tá **an Chróit** agus **an Liotuáin** ag leathnú phunann na seirbhísí sóisialta, lena n-áirítear sa chéad tír feabhsuithe ar rochtain agus ar chomhordú i measc na

seirbhísí sóisialta, agus ráthaíocht maidir le punann íos- seirbhísí sóisialta comónta agus comhchaighdeáin do sholáthar seirbhísí sóisialta ar fud na tíre. Díríonn **an Chipir** agus **an Chróit** ar fheabhas a chur ar sholáthar comhtháite seirbhísí trí chur chuige ildisciplíneach agus soláthar comhtháite seirbhísí agus sochar a neartú faoi seach. Thug **an Liotuáin** isteach cineál nua seirbhíse sóisialta for- rochtana coiscthí agus onnghníomhaí chun teaghlaigh a d'fhéadfadh a bheith leochaileach go sóisialta agus daoine aonair a bheadh i mbaol a dtitime san eisiamh sóisialta a shainaithint.

**Cuireadh feabhas ar an rochtain ar chosaint shóisialta i roinnt Ballstát, lena n-áirítear i gcás oibrithe neamhchaighdeánacha agus daoine féinfhostaithe,** i gcomhréir leis na pleananna náisiúnta (a cuireadh isteach in 2021) chun moladh ón gComhairle thiar in 2019 maidir leis an rochtain ar chosaint shóisialta.[245] Cé gur céimníodh amach i go leor Ballstát ag deireadh 2021 nó ag tús 2022 an tacaíocht ioncaim eisceachtúil nó maolú sealadach (ar rialacha incháilitheachta caighdeánacha (nó méadú i méideanna na sochar) a tugadh isteach le linn na paindéime, táthar tar éis athchóirithe struchtúracha trína gcuirtear síneadh leis an gcosaint shóisialta a thabhairt isteach. Áirítear ar PTA **na Cipire** athchóiriú ar an gcóras árachais shóisialta, a bhí dírithe ar chumhdach a shíneadh chuig daoine féinfhostaithe agus cineálacha fostaíochta neamhchaighdeánacha (amhail daoine ag obair trí mheán ardán), agus tá **an Pholainn** ag beartú, mar chuid dá PTA, síneadh a chur leis na hárachais shóisialta éigeantacha dá bhfuil ann agus feabhas a chur ar an gcumhdach, go háirithe i gcás conarthaí an dlí shibhialta, ag árachas pinsin chomh maith leis an árachas tionóisce. Tá aghaidh á tabhairt ag roinnt Ballstát ar leorgacht na bpinsean do dhaoine féinfhostaithe trí rátaí ranníocaíochta a mhéadú, amhail **an Laitvia** (agus bonn ranníocaíochta íosta á thabhairt isteach freisin) agus an Spáinn, a ghlac in 2022 an t-athchóiriú ar an gcóras ranníocaíochtaí do dhaoine féinfhostaithe faoin PTA. Ghlac **an Fhrainc** dlí (ag deireadh 2021) ina raibh bearta a bhí dírithe ar leibhéal na bpinsean do chúntóirí feirmeoirí a mhéadú, agus chuir **an Fhionlainn** togra síos i Meitheamh 2022 maidir le forbairt an árachais pinsin do dhaoine féinfhostaithe, a bheidh le plé agus le formheas ag an bParlaimint ag an gcéim seo.

**Tugtar aghaidh le roinnt beart ar an rochtain ar shochair dhífhostaíochta, go háirithe ag oibrithe neamhchaighdeánacha**. Áirítear ar PTA **na Spáinne** athchóiriú ar an gcóras cúnaimh dífhostaíochta (faoi dheireadh 2022) le roinnt de na bearnaí cumhdaigh a líonadh, le síneadh a chur leis an uasfhad, agus leis an gcóras a shimpliú. Chuir an Spáinn rochtain ar fáil freisin ar fhóirdheontais dífhostaíochta neamh- ranníocacha d'fhostaithe seasta/neamhleanúnacha níos sine ná 52 bliana d'aois ó mhí an Mhárta 2022 ar aghaidh. Ar deireadh, deonaíodh rochtain ar shochair dhífhostaíochta ranníocacha (ó mhí Dheireadh Fómhair 2022) d'oibrithe tí tar éis dhaingniú Choinbhinsiún EIS maidir le hoibrithe tí agus bearta cur chun feidhme. Chuir **an Iodáil** feabhas ar an rochtain ar shochair dhífhostaíochta d'oibrithe neamhchaighdeánacha go háirithe trí shíneadh a chur le huastréimhse an tsochair airgid thirim i gcás iomarcaíocht ainneonach d'oibrithe ag a bhfuil conradh fostaíochta neamhthipiciúil (DIS- COLL) chuig 12 mhí. Chun na críche sin freisin, cuireadh bonn níos fiaile agus níos inrochtana leis na scéimeanna gnácha (CIGO agus FIS) agus urghnácha (CIGS) chun printísigh agus oibrithe amuigh a áireamh leo.

Rinneadh **roinnt beart chun tacú le daoine féinfhostaithe i bhfoirm scéimeanna sonracha tacaíochta nó athsholáthair ioncaim, i gcás saoirí máithreachais nó atharthachta mar shampla nó tréimhsí sealadacha eile asláithreachta ón obair**. I ndiaidh dhul in éag a córais tacaíochta sealadaí ioncaim (TOZO 5), is féidir le daoine féinfhostaithe a bheith incháilithe don tacaíocht ioncaim san **Ísiltír** faoin gcóras níos buaine (Bbz). Chuir **an Ostair** síneadh (go

[245] Féach Bosca 5 den Cholún: Rochtain ar chosaint shóisialta leordhóthanach i dTuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2022 agus sna Pleananna Náisiúnta a luaitear ansin.

dtí mí an Mhárta 2022) ar a scéim athsholáthair ioncaim freisin chuig daoine aonair féinfhostaithe a scoir dá ngníomhaíochtaí de bharr COVID- 19, agus chuir sí a Ciste Cruatain sonrach ar fáil go hinrochtana do dhaoine aonair nach ndearna na bearta a bhí ann tacaíocht dóibh (go háirithe daoine nua féinfhostaithe, saoroibrithe, oibrithe cultúir, daoine ag a bhfuil ilchonarthaí páirtaimseartha). Rinne **an Fhrainc** maolú in 2022 ar na coinníollacha le haghaidh daoine féinfhostaithe chun tairbhiú den liúntas ioncaim i gcás scor ó ghníomhaíocht (atá i bhfeidhm ó 2019 i leith). Ar deireadh, mar chuid den fhoraithne um chothromaíocht oibre is saoil (Meitheamh 2022), áirítear ar na rialacháin nua maidir le saoire mháithreachais, atharthachta agus thuismitheoireachta **san Iodáil** an ceart chun liúntais laethúil do mhná féinfhostaithe go ceann tréimhsí roimh bhreith (i gcás castachta); áirítear leis freisin an ceart chun saoire atharthachta d'aithreacha féinfhostaithe. I **Lucsamburg**, ghlac an rialtais dréachtdhlí (Meitheamh 2022) agus cuireadh faoi bhráid na parlaiminte é arb éard is aidhm dó sochair atharthachta a thabhairt isteach do dhaoine féinfhostaithe.

**Rinneadh bearta nua i roinnt tíortha chun feabhas a chur ar an gcosaint shóisialta do ghairmithe atá gníomhach in earnáil an chultúir.** Bhí na gairmithe den sórt sin i measc na ngrúpaí nach raibh cumhdach leormhaith acu faoin gcosaint shóisialta le linn COVID- 19, de bharr na teaglama den stádas oibre sonrach agus féidearthachtaí oibre laghdaithe. Cuireadh síneadh lena dteidlíochtaí ar shochair dhífhostaíochta nó tacaíocht ioncaim shealadach le linn 2021- 22 **san Eastóin**, **i Lucsamburg**, **sa Spáinn,** agus **sa Fhrainc** agus rinne **an Ghearmáin** bearta chun cumhdach árachais na n-ealaíontóirí féinfhostaithe a choinneáil ar bun trí fhóirdheontas a thabhairt dá ranníocaíochtaí. Beart tábhachtach a rinne **an Phortaingéil** ab ea stádas nua do ghairmithe in earnáil an chultúir agus ciste speisialta slándála sóisialta a fhormheas dóibh.

**Tá bearta tugtha isteach ag roinnt tíortha chun tacú leis an rochtain ar an gcúram sláinte do gach oibrí.** I **Lucsamburg**, rinne an rialtas togra faoi Chumhdach Uilíoch Cúraim Sláinte i mí Dheireadh Fómhair 2021 chun rochtain ar an gcúram sláinte a thairiscint trí chleamhnú an árachais sláinte le haon duine leochaileach a chónaíonn sa tír ach nach bhfuil cleamhnaithe. Tá an togra curtha faoi bhráid na Parlaiminte i láthair na huaire. Ó thús na bliana 2022, ní foláir d'fhostóirí sa **Ghearmáin** tuairisciú mura bhfuil fostaithe ar chonradh gearrthéarmach cumhdaithe leis an árachas sláinte. A mhéid a bhaineann le sochair bhreoiteachta, d'fhormheas **Éire** bille (atá fós le glacadh sa Pharlaimint) lena dtugtar íosleibhéal cosanta d'fhostaithe ar íocaíocht íseal, nach bhféadfadh aon teidlíocht a bheith acu ar scéim sochair breoiteachta. Chuir **an Eastóin** agus **an Laitvia** síneadh le cumhdach an tsochair breoiteachta do gach fostaí.

**Tá bearta struchtúracha spriocdhírithe curtha ar bun ag Ballstáit le haghaidh teaghlaigh ar ioncam íseal nó teaghlaigh bhochta chun tacú leo rochtain a fháil ar sheirbhísí fíor- riachtanacha,** i gcomhréir le prionsabal 20 den Cholún. Chun tacú leis an rochtain ar sheirbhísí fuinnimh fíor- riachtanacha, áirítear go sonrach leis na bearta struchtúracha is coitianta sochair ioncaim, taraifí laghdaithe, fóirdheontais agus cosaint in aghaidh toirmeasc agus díscoir, agus is féidir leo rannchuidiú le maolú ar éifeachtaí na méaduithe ar phraghas. Ina dteannta sin, glacadh bearta éigeandála chun freagairt do bhuaic i bpraghsanna fuinnimh áfach, mar a phléitear i mBosca 7 den Cholún.

**I gcomhthéacs na méaduithe atá ann faoi láthair ar an gcostas maireachtála, billí fóntais san áireamh, tá roinnt Ballstát ag cur beart coisctheach i bhfeidhm, chun cosaint a thabhairt do thionóntachtaí agus chun praghsanna fuinnimh a laghdú, cé nach bhfuiltear ag spriocdhíriú go leormhaith ar thromlach mór.** Mar shampla, is amhlaidh sa **Spáinn**, atá díshealbhuithe a dhéanann difear do thionóntaí leochaileacha curtha ar fionraí go dtí 31 Nollaig 2022 agus go bhfuil an méadú bliantúil ar chíos teoranta do 2 %. Thairis sin, cuireadh síneadh leis an ráthaíocht le haghaidh soláthairtí bunúsacha (uisce, gás, leictreachas,

agus teileachumarsáid) a cuireadh i bhfeidhm ar son teaghlaigh leochaileacha go dtí 31 Nollaig 2022. Ar deireadh, tá roinnt beart déanta ag an rialtas chun srian a chur le costais fuinnimh agus chun cosaint a thabhairt don soláthar fuinnimh, lena n-áirítear dearbhán sóisialta leictreachais le haghaidh tomhaltóirí leochaileacha agus toirmeasc ar bhriseadh sa soláthar leictreachais le haghaidh daoine atá i mbaol an eisiaimh shóisialta. Thug **an Laitvia** isteach méaduithe sealadacha sa sochar tithíochta a dhírítear ar an daonra ísealioncaim mar chúiteamh ar mhéaduithe i gcostas fuinnimh sa séasúr téimh 2022- 2023, in éineacht le páirtchúiteamh ar bhillí fuinnimh le haghaidh na dtomhaltóirí uile. Is amhlaidh **sa Liotuáin** a aisíocann an stát cuid de na costais fuinnimh le haghaidh gach teaghlach, agus cuireann **an Rómáin** uasteorainn ar phraghsanna leictreachais agus gáis nádúrtha. Soláthraíonn **Éire** creidmheas dar luach EUR 600 freisin i dtrí thráthchuid le haghaidh na dtomhaltóirí leictreachais tí uile. Sa bhreis air sin, gheobhaidh na daoine úd a fhaigheann an Liúntas Breosla (téimh) íocaíocht aonuaire dar luach EUR 400 i mí na Samhna, agus cáileoidh níos mó daoine don sochar sin ó mhí Eanáir 2023 ar aghaidh. Sa **Ghréig**, áirítear ar bhearta sealadach a cuireadh i bhfeidhm mar fhritháireamh ar bhrúnna boilscithe liúntas dar luach EUR 250 le pinsinéirí atá ioncam íseal, daoine níos sine neamhárachaithe, agus tairbhithe na sochar míchumais, chomh maith le tráthchuid bhreise den Íos- Ioncam Ráthaithe agus den sochar linbh (cuireadh na bearta sin i bhfeidhm i mí Aibreáin 2022, agus táthar ag beartú iad a chur i bhfeidhm freisin i mí na Nollag 2022).

**Cuireadh athchóirithe ar bun chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht leanaí i roinnt Ballstát freisin,** lena n-áirítear i réimse na saoire tuismitheoireachta agus an oideachais agus an chúraim luathóige, i gcomhréir le prionsabal 11 den Cholún (Cúram leanaí agus tacaíocht do leanaí), agus an Moladh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Ba é formhéadú an oideachais agus an chúraim luathóige an cineál athchóirithe ba choitianta. Tuartar in PTA **na Spáinne** cruthú ar a laghad 60 míle ionad oideachais agus cúraim luathóige faoi úinéireacht phoiblí do leanaí atá faoi bhun 3 bliana d'aois faoi dheireadh na bliana 2024. Tá **an Ghréig**, **an Iodáil**, **an tSlóvaic,** and **an Chipir** chun soláthar an chúraim leanaí a mhéadú freisin. D'áirithigh **an tSeicia** maoiniú cobhsaí do ghrúpaí leanaí tar éis deireadh a bheith tagtha leis an tacaíocht CSE, chuir **Málta** agus **an tSlóivéin** síneadh leis na teidlíochtaí chun cúram leanaí saor in aisce a úsáid. I gcomhréir lena PTA, sheol **an Liotuáin** staidéar maidir leis an bhféidearthacht bonneagar an oideachais luathóige a fhorbairt i mbardasachtaí. Sa **Danmhairg,** thug an rialtas formheas do thabhairt isteach norm íosta nua sa chúram leanaí, amhail ó 2024. Leis an PTA, cuirfidh **an Rómáin** ar bun, feisteoidh agus oibríochtóidh sí 412 seirbhís chomhlántach chun acmhainneacht agus cáilíochta a chórais oideachais luathóige a mhéadú faoi 2024, a bhfuil coinne leis go bhfreastalóidh sé ar thuairim is 20 000 leanbh ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

**Mhéadaigh roinnt Ballstát na sochair linbh agus teaghlaigh.** Féadfaidh na bearta sin, cé gur athruithe struchtúracha ar na scéimeanna atá i bhfeidhm faoi láthair iad, rannchuidiú le teaghlaigh éifeacht na n-arduithe praghsanna agus na mbrúnna boilscithe sa chás atá ann faoi láthair a mhaolú. D'ardaigh **an Ostair**, **an Laitvia**, **an Liotuáin**, **an Rómáin,** agus **an tSlóvaic** méideanna na liúntas uilíoch leanaí atá i bhfeidhm faoi láthair, mhéadaigh **an Bhulgáir** an faoiseamh cánach do leanaí, agus thug **an Iodáil** isteach liúntas míosúil uilíoch le haghaidh gach linbh chleithiúnaigh. Méadaíodh leibhéil na sochar spriocdhírithe **san Ostair**, **sa Bhulgáir**, agus **sa Spáinn**, agus méadaíodh leibhéil an bhónais breithe clainne agus uchtaithe i **Málta**. Tabharfar íocaíocht dhúbailte den Liúntas Leanaí (EUR 140 sa bhreis in aghaidh an linbh) in Éirinn, agus gheobhaidh daoine a fhaigheann an Íocaíocht do Theaghlach i bhFostaíocht íocaíocht aonuaire dar luach EUR 500 i mí na Samhna 2022.

**Rinneadh plé i roinnt Ballstát ar thacaíocht ioncaim bhreise a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus dá dteaghlaigh**, i gcomhréir le prionsabal 17 den Cholún (Cuimsiú daoine

faoi mhíchumas). Thug **an Chróit** leasú isteach ar dhlí an mhargaidh saothair leis na coinníollacha a chinneadh chun cúnamh airgeadais a bhronnadh ar dhaoine faoi mhíchumas atá dífhostaithe. Thug **an Liotuáin** formheas do mhéadú ar mhéid an tsochair linbh bhreise, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas, agus ghlac sí dlí nua i mí Iúil 2021 freisin lena ndeonaítear sochair bhreise ar dhaoine scothaosta aonair agus ar dhaoine faoi mhíchumas. Ghlac **Málta** sraith beart chun feabhas a chur ar rochtain ar shochair shóisialta le haghaidh daoine faoi mhíchumas, agus chun na méideanna incháilithe a mhéadú, lena n-áirítear le haghaidh cúramóirí daoine atá faoi mhíchumas géar. Tá sochair mhíchumais ar fáil freisin do dhaoine easáitithe ón Úcráin i roinnt Ballstát freisin, lena n-áirítear mar shampla **an Chróit, an Chipir, an Eastóin, an Fhrainc, Éire, an Liotuáin, an Spáinn,** agus **an Pholainn.**

**Ghlac go leor Ballstát bearta chun na seirbhísí pobalbhunaithe a fhorbairt is gá chun tacú leis an maireachtáil neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas.** Déantar bearta den sórt sin i gcomhthéacs an dí- institiúidithe agus i gcomhréir leis na gealltanais a tugadh de réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UN CPRD). Tá treoirthionscadal á chur chun feidhme ag **an mBulgáir** a dhírítear ar chóras an chúraim altramais agus na seirbhísí pobalbhunaithe a fhorbairt le haghaidh dhí- institiúidiú leanaí, lena n-áirítear leanaí atá faoi mhíchumas agus i gcomhar le UNICEF. Ina theannta sin, tá EUR 41.6 milliún curtha in áirithe aici de réir CSE+ go dtí an bhliain 2026 chun seirbhísí sóisialta a fhorbairt a dhírítear ar leanaí ó ghrúpaí leochaileacha agus ar leanaí faoi mhíchumas, idir cúram luathóige agus comhairleoireacht agus idirghabháil don margadh saothair. Tá coinne leis go dtairbheoidh timpeall 40 000 leanbh faoi bhun 18 mbliana d’aois den infheistíocht sin. I gcomhthéacs an PTA, ghlac **an Ghréig** bearta chun scéimeanna cúnaimh phearsanta a fhorbairt, a ndéanfaidh treoirthionscadail ina leith i réigiún na hAtaice i gcaitheamh 2 bhliain. Ghlac **an Chróit** Plean Náisiúnta chun Comhionannas a Ghnóthú sna Deiseanna do Dhaoine faoi Mhíchumas do na blianta 2021- 2027, arb éard is aidhm dó líon na ndaoine faoi mhíchumas a laghdú sa chóiríocht fhadtéarmach trí sheirbhísí pobalbhunaithe a fhorbairt. Ghlac **an Bheilg** (an Vallúin) straitéis dí- institiúidithe i gcomhthéacs an PTA. Ar an gcaoi chéanna, thug **an Rómáin** gealltanas sa PTA faoi athchóiriú arb éard is aidhm dó an próiseas dí- institiúidithe a chur ar aghaidh le haghaidh daoine faoi mhíchumas.

**Tá infheistíochtaí beartaithe ag roinnt Ballstát, agus bearta nua tugtha isteach acu chun feabhas a chur ar an rochtain ar thithíocht inacmhainne agus shóisialta, go háirithe do ghrúpaí leochaileacha, d’fhonn an easpa dídine a chosc agus a chomhrac,** i gcomhréir le prionsabal 19 den Cholún (maidir le tithíocht agus cúnamh do dhaoine gan dídean). Sa **Bheilg**, thug rialtas na Vallúine gealltanas sa PTA chun 700 aonad tithíochta poiblí ar a laghad a thógáil ag a mbeidh ardfheidhmíocht comhshaoil, tithíocht ionchuimsitheach a thógáil agus a oiriúnú do dhaoine faoi mhíchumas agus do sheanóirí, agus ionaid fáilte nua a chruthú do ghrúpaí leochaileacha. Ina PTA, tá **an Spáinn** ag beartú 20 000 teaghais nua ar a laghad a thógáil chun cuspóirí cíosa shóisialta nó ag praghsanna inacmhainne atá comhlíontach le critéir na héifeachtúlachta fuinnimh. Tá **an Laitvia** ag forbairt straitéise, laistigh dá PTA, chun tionscadal tithíochta ar chíos íseal a ullmhú sna réigiúin. Tá **an Phortaingéil** ag úsáid cistiúcháin ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta chun soláthar na tithíochta inacmhainne agus sóisialta a neartú. Cuid de na gealltanais PTA, i mí an Mheithimh 2022, ghlac **an Rómáin** an Straitéis Tithíochta Náisiúnta a bheidh i bhfeidhm go dtí 2050, agus ceann amháin de na ceithre cholún á thiomnú don tithíocht ionchuimsitheach d’fhonn feabhas a chur ar dhálaí maireachtála na ngrúpaí leochaileacha, lena n-áirítear lonnaíochtaí neamhfhoirmiúla. Beidh infheistíochtaí chun aonaid tithíochta a thógáil do dhaoine óga leochaileacha mar chomhlánú dó sin. Ghlac **an Fhrainc** dlí lena dtugtar isteach oibleagáid nua do thiarnaí talún maidir le hathchóiriú tithíochta, agus lena dtugtar tacaíocht bhreise do na teaghlaigh is boichte, agus thug **Málta** fóirdheontais isteach le haghaidh oiriúnuithe struchtúracha don tithíocht chontúirteach. Ghlac **an Liotuáin** leasuithe reachtacha

chun inrochtaineachta na tithíochta sóisialta a mhéadú agus chun tacú le teaghlaigh ag a bhfuil 3 leanaí nó níos mó, le tuismitheoirí aonair, le daoine faoi mhíchumas. Thug **an Spáinn, an Iodáil,** agus **Málta** isteach cáin tithíochta agus/nó beart sochair tithíochta, chun tacú le daoine óga a chónaíonn go neamhspleách, agus chuir an Spáinn sochar míosúil EUR 250 ar bun le haghaidh daoine óga idir ísealioncaim agus meánioncaim go ceann fhad 2 bhliain. Tá **Lucsamburg** ag tabhairt isteach athchóirithe reachtacha chun roinnt cabhrach tithíochta aonair a leasú agus chun an chabhair aonair sin a shimpliú agus a chur ar fáil ar bhealach níos trédhearcaí agus inrochtana, in éineacht le hathchóiriú chun cruthú tithíochta inacmhainne faoi úinéireacht phoiblí a spreagadh. Ar deireadh, rinne an rialtas **sa tSualainn** cinneadh faoi straitéis náisiúnta easpa dídine ag a bhfuil tionscnaimh fhorleathana chun gníomhú in aghaidh na heaspa dídine le linn thréimhse na straitéise, 2022- 2026. Táthar tar éis roinnt sochar airgid thirim atá sonrach don tithíocht a thabhairt isteach i roinnt Ballstát, mar shampla **sa Ghearmáin, san Eastóin, in Éirinn, sa Liotuáin, san Ísiltír**, **sa Spáinn, sa Pholainn, sa tSlóivéin** agus **sa tSlóvaic**, le haghaidh daoine easáitithe ón Úcráin a thairbhíonn den chosaint shealadach (agus b'fhéidir d'úinéirí tí a chuireann a dteach ar fáil do dhaoine easáitithe), agus tá Ballstáit eile, amhail **Éire** agus **an Laitvia** mar shampla, tar éis síneadh chur leis na sochair airgid thirim don tithíocht dá bhfuil ar fáil cheana chuig daoine easáitithe ón Úcráin.

**Tá bearta breise chun feabhas a chur ar an rochtain ar an tithíocht, go háirithe le do dhaoine faoi mhíchumas, déanta ag roinnt Ballstát, rud a thacaíonn lena maireachtáil neamhspleách.** Mar shampla, thug **an Liotuáin** isteach leasuithe ina dlí náisiúnta chun feabhas a chur ar an rochtain ar an tithíocht shóisialta do ghrúpaí leochaileacha sonracha, lena n-áirítear do dhaoine faoi mhíchumas. Rinne **Lucsamburg** leasú ar na caighdeáin don inrochtaineacht sa tithíocht chónaitheach, chun méadú de réir a chéile a bhaint amach sa tithíocht atá curtha in oiriúint d'éilimh dhaoine faoi mhíchumas. Leis na bearta nua, a bheidh infheidhme ó mhí Iúil 2023 ar aghaidh, tuartar Comhairle Chomhairleach um Inrochtaineacht a chruthú, rud a chumasóidh páirtíocht ghníomhach na ndaoine lena mbaineann. Tá malairt ar pholasaí árachais saoil á tairiscint ag Údarás Tithíochta **Mhálta** do dhaoine, de bharr riochtaí sláinte roimhe seo nó míchumais, nach bhféadfadh polasaí den sórt sin a fháil, agus nárbh fhéidir leo dá réir a bheith ina n-úinéirí tí.

**Chonacthas leis an gcuid ba mhó de na bearta beartais pinsin a glacadh le bliain anuas cosaint a thabhairt do leorgacht na bpinsean,** i gcomhréir le prionsabal 15 den Cholún (maidir leis an tseanaois agus pinsin). Os coinne chúlra na méaduithe ar an gcostas maireachtála, rinne roinnt Ballstát (**an Spáinn** agus **an Liotuáin** ina gcuid PTAnna, chomh maith leis **an mBulgáir, Málta, an Rómáin,** agus **an tSlóivéin**) chun luach na sochar pinsin a choigeartú trí rialacha innéacsaithe a thabhairt isteach nó a choigeartú agus/nó trí mhéaduithe *ad hoc* a thabhairt isteach. Ghníomhaigh **an Ghearmáin** agus **an Eastóin** chun cosaint a thabhairt do phinsinéirí ísealioncaim trí phinsin bhunúsacha nó íosta a neartú, agus thug **an Laitvia, Málta** agus **an Rómáin** isteach forlíontaí a díríodh ar phinsinéirí ísealioncaim. Threisigh **Málta** pinsin mharthanóra le haghaidh baintreach. Thug **an Eastóin**, **an Laitvia,** agus **Málta** athruithe isteach ar an gcánachas pinsin, go háirithe trí liúntais chánach le haghaidh shochair phinsin a mhéadú. Lena gcuid córas pinsin a dhéanamh níos ionchuimsithí, thosaigh **Málta** ar aitheantas a thabhairt do ranníocaíochtaí pinsin a íoctar ag aois níos óige. I gcomparáid le blianta roimhe seo, ba lú athchóirithe pinsin a díríodh ar an aois scoir. Ghlac **an Spáinn,** mar chuid dá PTA, athchóiriú lena modhnaítear na pionóis don luathscor agus lena méadaítear na dreasachtaí chun moill a chur ar an scor, agus chinn **an Iodáil** síneadh a chur le bealaí luathscoir le haghaidh roinnt catagóirí.

**Fad a bhí paindéim COVID- 19 ag brú ar aghaidh in 2021 agus go luath in 2022, chuaigh roinnt Ballstát i mbun athchóirithe chun córais sláinte níos athléimní a chothú,**

i gcomhréir le prionsabal 16 den Cholún (rochtain ar an gcúram sláinte), mar chuid dá PTA[246]. Tugtar aghaidh sna hathchóirithe sláinte le déanaí ar dhúshláin a cruthaíodh leis an bpaindéim, amhail feabhas a chur ar acmhainneachtaí na sláinte poiblí. Choinnigh **an Ghearmáin** uirthi ag neartú inniúlachtaí digiteacha na bhfeidhmeanna sláinte poiblí de réir a chéile ina córas sláinte. Tá **an Chipir** ag beartú réiteach chomhchosúil a chur chun feidhme faoi mhí an Mhárta 2023. Ghlac **an Spáinn** i mí an Mheithimh 2022 straitéis nua sláinte poiblí, lena n-athshainítear an creat beartais agus institiúideach le haghaidh na freagartha ar ghéarchéim. Rinne **an Danmhairg** bearta chun an leibhéal ceart thoilleadh stórais a áirithiú le haghaidh chógais leighis chriticiúla. Tá claochlú i dtreo an choiscthe tar éis teacht ón bpaindéim freisin. Mar shampla, thosaigh **an Ghréig** ar chur chun feidhme a Cláir Náisiúnta Sláinte Poiblí um Chosc *Spiros Doxiadis*. Chuaigh **an Spáinn** ar aghaidh le feachtais choisc, agus threisigh na beartais um chosc de réir na Straitéis Sláinte Poiblí a glacadh le déanaí. Áiríodh le tionscnaimh eile le haghaidh a thabhairt ar níos mó dúshlán sláinte domhanda glacadh Chlár Oinceolaíochta Náisiúnta **na Seicia** 2022- 2030 agus tabhairt isteach dhlí foraithne um Meabhairshláinte **na Portaingéile** i mí na Nollag 2021. Ar aon dul leis sin, tá **an Ghréig** ag oibriú i dtreo athchóirithe i réimse na meabhairshláinte, agus tá coinne leis na chéad torthaí faoi dheireadh 2022. Dhírigh Ballstáit áirithe ar chlaochlú cuimsitheach ar a straitéisí sláinte náisiúnta. Le mapáil náisiúnta bheartaithe **na Bulgáire** ar éilimh chúraim sláinte, múnlófar leasú a creata straitéisigh don earnáil sláinte, rud a thosaigh le glacadh na Straitéise um Chúram Síciatrach 2021- 2030, thosaigh **an Fhrainc** ar chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta um Chlaochlú an Chórais Sláinte. Cuirfidh **an Laitvia** chun feidhme faoi lár na bliana 2023 athchóiriú fairsing chun an bealach a réiteach le haghaidh cúram comhtháite agus chúram sláinte atá sábháilte go heipidéimeolaíoch, le hinfheistíochtaí iomchuí sa bhonneagar sláinte mar bhonn taca faoi. Tá **an Fhionlainn**, **an Iodáil** agus **an Liotuáin** ag atheagrú a gcóras cúraim sláinte chun feabhas a chur ar an rochtain ar an gcúram sláinte ar leibhéal áitiúil. Le leithdháileadh suntasach acmhainní sa PTA agus clár sláinte saintiomanta do na blianta 2021- 2027, gheall **an Rómáin** chun athléimneacht an chórais sláinte a neartú trí infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar ospidéil nuachóirithe chun sábháilteacht othar a áirithiú, i dteannta le hilbhearta chun feabhas a chur ar an rochtain ar an gcúram sláinte.

**I roinnt cásanna, díríodh iarrachtaí beartais ar an gcúram sláinte príomhúil, lena n-áirítear mar chuid de PTAnna.** Ghlac **an Eastóin**, **an Spáinn,** agus **an Phortaingéil** athchóirithe sa chúram sláinte príomhúil, d'fhonn an earnáil a nuachóiriú trí mheán an digitiúcháin, feabhas a chur ar an rochtain i gceantair nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu agus ról méadaithe don chúram sláinte príomhúil. Thosaigh **Éire** ar chur chun feidhme na nGréasán Sláinte Pobail, a bheidh i bhfeidhm ag deireadh 2022, agus chuir síneadh le seirbhísí liachleachtóirí saor in aisce do leanaí suas le 7 mbliana d'aois. Ghlac **an tSlóvaic** reachtaíocht nua chun líonra náisiúnta de sholáthróirí cúraim sláinte phríomhúil a chur ar bun. Féachann Ballstáit freisin le lucht saothair na sláinte a neartú. Glacfaidh **an Eastóin**, **an Laitvia**, agus **an Rómáin** straitéisí saintiomanta le haghaidh acmhainní daonna don tsláinte. Díríonn tíortha eile go sonrach ar níos mó gairmithe sláinte a oiliúint agus a sholáthar trína gcórais oideachais. I mí Dheireadh Fómhair 2021, thug **Lucsamburg** isteach clár baitsiléara nua sa mhíochaine ghinearálta agus rinne **an Pholainn** bearta reachtacha chun níos mó mac léinn a mhealladh chuig dámha míochaine. Áirítear ar PTA na mBallstát amhail i **Lucsamburg** agus i **Málta** bearta freisin chun uirlisí a chur i dtoll a chéile chun feabhas a chur ar phleanáil don lucht saothair. Cuimsítear le gníomhaíochtaí freisin gnéithe eagraíochtúla sláinte níos forleithne. Tá **an Ostair** ag cur líonra altraí pobail le chéile,

[246] Sa mhír seo agus sa dá mhír a leanas, beidh gach beart i ndáil leis an tsláinte mar chuid de PTA Ballstáit ar leith, seachas le haghaidh chlár baitsiléara Lucsamburg.

grmachun méadú a chur lena róil mar chomhordaitheoirí cúraim agus sa chosc. Tá **Málta** ag obair chun oibrithe sláinte eachtracha a lánpháirtiú níos fearr. Tá **an Ísiltír** ag obair chun cúltaca struchtúrach don lucht saothair sláinte a chur le chéile.

**Féachann Ballstáit le tairbhiú den digitiúchán, le cúram comhtháite a chothú, go minic mar chuid d'athchóirithe níos forleithne, lena n-áirítear mar chuid de na hathchóirithe sa chúram sláinte príomhúil, agus freisin i gcomhthéacs a gcuid PTAnna.** Tá claochlú digiteach an chórais sláinte ar bun sa **Ghearmáin**, tar éis theacht i bhfeidhm chreat dlíthiúil saintiomanta faoi lár na bliana 2021, agus sa **Phortaingéil**, lena n-áirítear uasghrádú na líonraí teicneolaíochta faisnéise agus cur chun feidhme na bhfeidhmiúlachtaí nua don teileashláinte agus don teileamhonatóireacht faoi dheireadh 2022. Áiríodh ar réitigh níos spriocdhírithe modúl teilimhíochaine á fhorbairt ag **Lucsamburg**, a bheidh ar a bhoinn faoi mhí an Mhárta 2023. I mí na Nollag 2021, ghlac **an Liotuáin** dlí maidir le húsáid thánaisteach na sonraí sláinte, agus tá **an Chróit** ag beartú lárchóras faisnéise sláinte a rolladh amach chun leas a bhaint as acmhainneacht na sonraí sláinte. Le córas r- Chógaslainne nua na **hÉireann**, le tacaíocht ón PTA freisin, soláthrófar infheictheacht níos fearr ar úsáid agus costais na gcógas leighis, agus is féidir go gcumasófar leis úsáid uirlisí r- Oideasaithe sna hospidéil, agus an rochtain ar an gcúram sláinte a éascú leis an méid sin.

**Tá roinnt Ballstát ag saothrú athchóirithe agus infheistíochtaí sa chúram fadtéarmach (CFT) chun seirbhísí cúraim baile agus pobalbhunaithe a fhormhéadú, chun feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim, chomh maith leis na dálaí oibre san earnáil,** i gcomhréir le prionsabal 18 den Cholún (cúram fadtéarmach). Tá roinnt de na bearta sin nasctha le hathchóirithe agus infheistíochtaí a dhéantar de réir na bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta**.** Tá **an Rómáin** agus **an Bhulgáir** ag beartú athchóirithe chun seirbhísí pobalbhunaithe a fhorbairt nó chun seirbhísí cúraim baile a fhormhéadú, mar shampla trí oiliúint a chur ar fhoireann agus seirbhísí soghluaiste cúraim baile a fhormhéadú. Mar chuid dá PTA, tá feabhas á chur ag **an Liotuáin** ar an rochtain ar chúram fadtéarmach trí ionaid cúraim lae fhadtéarmaigh agus foirne soghluaiste a chur ar bun. Tá **an Bhulgáir**, **an Phortaingéil,** agus **an Spáinn** ag infheistiú ina gcórais CFT mar chuid dá PTAnna chun bonneagar agus seirbhísí CFT a nuachóiriú agus lena gcuir in oiriúint don tsamhail nua cúraim fhadtéarmaigh atá dírithe níos mó ar an gcúram pobalbhunaithe. Mar chuid dá PTA, thug **an Eastóin** isteach sainmhíniú foirmiúil ar an gcúram fadtéarmach. Ina theannta sin, rinne an Eastóin méadú substaintiúil ar phá na n-oibrithe cúraim, arna mhaoiniú le méadú ar phraghas na seirbhísí cúraim. Le feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim, ghníomhaigh **an tSualainn** ionad náisiúnta inniúlachta a chur ar bun don chúram do dhaoine scothaosta agus tá athchóiriú á chur chun feidhme ag **an Spáinn**, lena ndírítear, i measc nithe eile, ar cháilíocht na seirbhísí cúraim a neartú.